Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# CUNTAS BUISÉADACHTA 2021

# DRAFT BUDGET 2021

***CONTENTS*** ***PAGE***


| | |
|---|---|
| Chief Executive Report | 1 |
| Divisional Reports including Annual Progress Report on the Galway County Council Corporate Plan 2020 - 2024 | 12 |
| Housing Services Unit | 13 |
| Infrastructure and Operations Unit | 33 |
| Finance and ICT Unit | 50 |
| Economic, Rural and Community Development and Corporate Services Unit | 57 |
| Planning, Environment and Emergency Services Unit | 103 |
| 3 Year Capital Programme 2020 – 2022 | 136 |
| Statutory Tables (A to F) | 150 |
| **Appendix 1 - Summary of Central Management Charge** | **184** |
| **Appendix 2 - Summary of Local Property Tax Allocation** | **185** |
| Certificate of Adoption | 186 |

**CHUIG GACH BALL DEN CHOMHAIRLE DRÉACHTBHUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

**Chuig:** **Cathaoirleach agus Comhaltaí uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

**Maidir le:** **Dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021**

**Arna chur faoi bhráid i gcomhréir le hAlt 103, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú)**

A Chomhalta, a chara,

Cuirtear chugat faoi iamh, le tabhairt faoi do mheas, an Dréachtbhuiséad don bhliain 2021, mar aon le tuarascáil ina dtugtar tuairisc mhion ar na príomhfhorálacha a leagtar amach sa dréacht den bhuiséad agus tuairisc achoimre ó Stiúrthóirí na Seirbhíse i ndáil le bearta ina réimsí feidhme féin a chuirtear faoi bhráid mar thuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáide.

Ag teacht lena n-éilítear faoin reachtaíocht, rinneadh ceisteanna maidir le hullmhú an Dréachtbhuiséid a mheas ag cruinnithe de chuid an Ghrúpa Beartais Corparáide a tionóladh an 2 Meán Fómhair 2020, an 18 Meán Fómhair 2020, an 6 Deireadh Fómhair 2020, an 9 Samhain 2020 agus an 16
Samhain 2020.

Rinne an Chomhairle an cheist maidir le coigeartú i ndáil le Cáin Mhaoine Áitiúil a mheas ag cruinniú an 24 Meán Fómhair 2020, chomh maith le cinneadh a dhéanamh ina leith, agus rinneadh an Plean Buiséid maidir le gach ceann de na Limistéir Bhardasacha a phlé ag cruinnithe de chuid na Limistéir Bhardasacha éagsúla a tionóladh idir an 20 Deireadh Fómhair 2020 agus an 23 Deireadh Fómhair 2020.

Féadfaidh an Chomhairle, trí rún, an Dréachtbhuiséad a leasú, ach glacfar leis an Dréachtbhuiséad, le leasú nó gan leasú, agus cinnfear, de réir an Bhuiséid a nglactar leis, an ráta bliantúil ar an luacháil atá le tobhach.

Tá ceangailte ar an gComhairle an próiseas reachtúil a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse 14 lá. Is féidir, dá réir sin, an cruinniú reachtúil atá leagtha amach a thionól ar an 27 Samhain 2020 a chur ar atráth más gá ar chuntar go dtugtar an próiseas chun críche faoin 11 Nollaig 2020.

**Ginearálta**

Beidh na Comhaltaí ar an eolas go gcuimsíonn formhór an bhuiséid i mbliain ar bith costais lánroghnacha ar nós, muirir iasachta, párolla, éilimh reachtúla, árachas, pinsin srl. nó go gcuimsítear caiteachas ann, sé sin, a fuarthas ar bhonn a bheith sannta i leith seirbhísí áirithe a sheachadadh.

Tá na Comhaltaí ar an eolas ó dhíospóireacht le cúpla mí anuas maidir leis na brúnna áirithe atá tagtha chun cinn agus an buiséad don bhliain 2021 á ullmhú. Ag tógáil an maoiniú atá ar fáil san áireamh, agus an méid éilimh atá i gceist, d'fhéadfaí maoiniú breise a úsáid go héifeachtach faoi gach ceannteideal buiséid ach bhí an leithdháileadh acmhainní breise a tharla dosheachanta agus bhí laghdú sa soláthar a bhrath i roinnt réimsí mar gheall air sin, cé go bhfuil gach iarracht déanta é seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Tá roinnt gnéithe i mBuiséad 2021 atá cosúil leo sin a tugadh ar aird i mblianta eile agus áirítear orthu

- Costais bhreise a eascraíonn ón gComhaontú Náisiúnta Pá
- Aisghabháil costais pá breise i páirt
- Soláthar níos mó le haghaidh aiscí/pinsean
- Deontais Rialtais níos mó do Bhóithre
- Ioncam méadaithe ó chíos tithíochta
- Fáil Díbhinn IPB

Cé go dtaispeánann ollchaiteachas iomlán an bhuiséid ardú €8.36M ar an iomlán is ionann an glan-ardú thar tháirgeacht mheasta don bhliain 2020 mar atá leagtha amach i dTábla A agus €152k (leathanach 1 de na Táblaí Reachtúla). Is mír chontra den chuid is mó atá sa chaiteachas breise i ndáil le bóithre atá i mbuiséad 2021 a tháinig chun cinn mar gheall ar dheontais níos airde.

Tá deimhniú faighte ag údaráis áitiúla go bhfuil iarmhéid an tsoláthair maoinithe Rialtais maidir le rátaí tráchtála réadmhaoine a raibh tionchar ag Covid 19 orthu ar feadh 9 mí den bhliain 2020, á gcur ar fáil chun freastal ar chostais agus ar chaillteanas ioncaim a d'eascair in údaráis áitiúla mar thoradh go díreach ar an bpaindéim. Tá sé tugtha le fios, cé nach bhfuil sé indéanta tiomantais oscailte a thabhairt, go gcuirfear tacaíochtaí breise ar fáil sa bhliain 2021, cé go bhféadfadh siad a bheith níos spriocdhírithe. Dá bhrí sin, ullmhaíodh an dréachtbhuiséad ar bhonn cur chuige den chineál a bheidh á ghlacadh ag an Rialtas sa bhliain 2021, leis an eisceacht go ndéanfar cothabháil ar leibhéil ioncaim trí ghnáthghníomhaíocht nó go mbeidh sé faoi réir tacaíocht leanúnach Rialtais sa chás go mbíonn an phaindéim fós ann.

Tá staid airgeadais reatha na Comhairle pléite go mion ag an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus ag an gComhairle Iomlán agus is saincheist chriticiúil i gcónaí an maoiniú ioncaim atá ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá gá le maoiniú breise maidir le beagnach gach réimse beartaíochta de chuid na comhairle, tithíocht agus cothabháil maoine, cothabháil bóithre, athsholáthar feithiclí, glanadh sráide, cóiriú cholbhaí, soilse poiblí, forbairt eacnamaíochta agus turasóireachta, Forbairt ICT san áireamh chomh maith leis an ngá atá le lucht foirne breise i ndáil le réimsí príomhthábhachta agus cláir nua. Cé go bhféadfadh sé go gciallódh easpa maoinithe i roinnt réimsí nach dtarlóidh gníomhaíocht, d'fhéadfadh sé go gciallódh easpa maoinithe i gcásanna eile, ar nós sa chothabháil, costas níos airde ag tráth níos déanaí.

Ní mór do gach aonad leanúint de mhonatóireacht chúramach a dhéanamh ar feadh na bliana le fanacht laistigh de bhuiséad 2021 agus níl aon soláthar déanta do theagmhais i mbuiséad na bliana 2021.

**Cáin Mhaoine Áitiúil**

Tá fáltas ón gCáin Mhaoine Áitiúil / ón Asbhaint i ndáil le Cúrsaí Pinsin tagtha in áit an airgid a thagadh ón gCiste Rialtais Áitiúil. Meastar an maoiniú bonnlíne ón bhfoinse seo sa bhliain 2020 a bheith ar aon dul a bheag nó a mhór lena bhfuarthas gach bliain ón mbliain 2014 anuas.

Meastar go gcuirfidh an maoiniú ón gCáin Mhaoine Áitiúil/Asbhaint a bhaineann le Pinsean ioncam de €14.5m ar fáil sa bhliain 2021.

| | **2015** | **2021** |
|---|---|---|
| LPT a Cruinníodh i gContae na Gaillimhe | 14,967,018 | 14,675,590 |
| 20% don Chiste Comhionannaithe | 2,993,404 | 2,935,118 |
| 80% Coinnithe | 11,973,614 | 11,740,472 |
| Faighte ón gCiste Comhionannaithe | 532,767 | 2,777,418 |
| LPT iomlán a Fuarthas | 12,506,381 | 14,517,890 |
| PRD de réir AFS | 1,985,695 | |
| LPT Iomlán móide PRD | 14,492,076 | 14,517,890 |

(Tá PRD san áireamh mar chuid de LPT 2021 bunaithe ar PRD iarbhír a fuarthas sa bhliain 2014).

**Rátaí Tráchtála**

Seasann an ráta Contae i láthair na huaire ag €66.59, agus tá seo gan athrú ón mbliain 2009 do na ceantair go léir seachas Baile Bhéal Átha na Sluaighe. Déantar comparáid sa tábla thíos maidir leis an ráta ar luacháil le hÚdaráis Áitiúla eile sa réigiún agus déantar ár reatha a léiriú san ioncam níos ísle ó rátaí tráchtála Chontae na Gaillimhe.

| | |
|---|---|
| Chontae na Gaillimhe (2020) | €66.59 |
| Ros Comáin (2018) | €71.44 |
| Maigh Eo (2019) | €76.88 |
| An Clár (2018) | €72.99 |

Léiríodh go soiléir sna cainteanna leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus go deimhin i dtuairimí na gComhaltaí sa díospóireacht ar an gCáin Mhaoine Áitiúil, go raibh rún daingean ag na Comhaltaí gan ardú a chur ar na rátaí tráchtála sa bhliain 2021, go háirithe agus aird á thabhairt ar phaindéim leanúnach Covid 19. Ag tógáil san áireamh gur dhiúltaigh na Comhaltaí an t-ardú a bhí beartaithe a dhéanamh ar na rátaí sa bhliain 2019 agus sa bhliain 2020, cur in aghaidh na gComhaltaí ar aon ardú ar rátaí sa bhliain 2021 agus ar ndóigh an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar chúrsaí gnó, tá an dréachtbhuiséad ullmhaithe agus gan aon ardú molta ann maidir le rátaí, cé go mbeadh ardú den chineál sin ag teastáil leis na buiséid go léir a choinneáil ag leibhéal 2020. Níl aon soláthar curtha san áireamh agam ach oiread chun leanúint ar aghaidh leis an gcion de na rátaí a bhíonn riachtanach a íoc ar fhoirgnimh a bhíonn folamh leis an tuiscint gur feidhm forchoimeádta do na Comhaltaí atá i gceist anseo.

**Coigeartuithe Buiséid**

Cé go bhfuil roinnt mhaith coigeartuithe déanta ar fud na gcód ioncaim agus caiteachais araon, seo a leanas liosta de roinnt de na príomhathruithe agus de na soláthairtí sonracha atá i nDréachtbhuiséad 2021

| | |
|---|---|
| Ardú i gCíos Tithíochta | €350,000 |
| Luachálacha Inrátaithe Breise | € 341,500 |
| Comhaontú Náisiúnta Pá /Costas Párolla | €1,362,500 |
| Aisghabháil an Chomhaontaithe Náisiúnta Pá | €596,350 |
| Ardú ar Dheontas do Bhóithre | €4,300,000 |
| Ardú ar Ioncam Pleanála/Dóiteán/Adhlacadh | €180,000 |
| Cealú ar Aistriú ón gCuntas Caipitiúil | € 500,000 |
| An Fhoireann Athnuachana Tuaithe | €300,000 |
| Pinsin agus Aiscí Breise | €1,700,000 |
| Leithdháileadh Airí | €1,000,000 |
| Laghdú i dTaisteal agus Cothabháil | €150,000 |
| Ardú ar chostas Ionaid Fhóillíochta | € 150,000 |
| Díbhinn IPB | € 433,000 |

**Maoiniú sa Cheantar Bardasach**

Dheimhnigh an tAire leithdháileadh de €1,000,000 do Chomhairle Contae na Gaillimhe ar bhonn aon uaire agus tá an leithdháileadh maoinithe san áireamh agam sa bhuiséad mar mhír contra. Comhaontaíodh go mbreithneodh an Grúpa Beartais Chorparáidigh an maoiniú ar an gcéad dul síos sula mbreithnítear é sna Ceantair Bhardasacha agus go mbreithneofar úsáid an mhaoinithe sa tréimhse sula dtugtar Sceideal Oibre na gCeantar Bardasach chun críche i mí Feabhra 2021.

Léirigh an tAire go raibh sé i gceist an maoiniú a úsáid chun cuidiú leis na ceantair bhardasacha agus a bpróiseas buiséadach a neartú, ag teacht le cuspóirí an Chláir don Rialtas lena chinntiú go ndéanann maoiniú, struchtúr agus freagrachtaí an rialtais áitiúil an daonlathas áitiúil a neartú.

Chuir an tAire líon ceanglais san áireamh maidir leis an leithdháileadh, lena n-áirítear,

go bhfaigheann gach aon Cheantar Bardasach an tsuim chéanna.

Ní mór go mbeidh an leithdháileadh mar chuid de chaiteachas/buiséad lánroghnach gach Ceantar Bardasach sa bhliain 2021 mar chuid den GMA nó mar ranníocaíocht do Sceideal Oibre na gCeantar Bardasach.

Ní mór an maoiniú a úsáid le mír bhreise éigin a sheachadadh, go hiomlán nó i bpáirt do gach Ceantar Bardasach.

Ní mór do Chomhairle Contae na Gaillimhe breithniú a dhéanamh cibé a bhfuil tionscnamh buiséadach rannpháirtíochta indéanta.

Ceanglaítear ar Chomhairle Contae na Gaillimhe tuairisc a thabhairt don Roinn maidir le leithdháileadh an mhaoinithe, agus ar leithligh, ar úsáid agus ar thionchar an mhaoinithe nuair a bhíonn na tionscadail áirithe tugtha chun críche.

**Clár Oibre**

Chomh maith leis an ngnáthsheirbhís atá á seachadadh, tá go leor tionscadal á stiúradh faoi láthair ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, nó beifear á stiúradh nó beifear rannpháirteach iontu. Áirítear orthu seo, réiteach fadhbanna a bhaineann le tuilte i ndeisceart na Gaillimhe, i mBéal Átha na Sluaighe agus in áiteanna eile, forbairt cé ar Inis Oírr agus tionscadail chomhchosúla, comhoibriú ar leathadh amach Leathanbhanda, beartas agus tionscnaimh Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le seachadadh agus cothabháil Tithíochta, cur chun cinn tograí RRDF, seachadadh Chuarbhóthar na Gaillimhe, Scéim Feabhsúcháin Baile Bhéal Átha na Sluaighe a thabhairt chun críche, feabhsúchán Líonadh Talún Oirthear na Gaillimhe, tógáil Mol Bia i mBaile Átha an Rí, feabhsúchán an N59, cur chun cinn moltaí maidir leis an nGlasbhealach, cur chun cinn máistirphleananna d'iarláithreán Aerfort na Gaillimhe, tailte atá cóngarach do stáisiún traenach an Gharráin agus Cnoc Mhaoil Drise, tionscnaimh maidir le hAthrú Aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, cur chun cinn tionscnaimh maidir le Turasóireacht, Straitéis Dhigiteach a fhorbairt, agus go leor tionscnamh eile ar fud na heagraíochta mar an clár athfheistithe soilsithe poiblí agus an clár cothabhála atá beartaithe do thithíocht.

**Maoiniú faoi Scéimeanna Náisiúnta Deontais**

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe le hiomaíocht láidir maidir le sruthanna náisiúnta maoinithe le rathúlacht shuntasach go dtí seo, arbh ionann é agus €29M go dtí seo le 3 bliana anuas faoina scéimeanna seo a leanas atá ar roinnt de na príomhdheiseanna maidir le maoiniú deontais.

| | |
|---|---|
| Bia Innovator (REDF / RRDF) | €2.46M |
| Baile Átha an Rí / Bia Innovator (RRDF) | €3.55M |
| An Dún Mór / Tuaim / Cinn Mhara (RRDF | €1.27M |
| Baile Locha Riach (RRDF) | €1.6M |
| An Clochán (RRDF) | €792,000 |
| An Clochán (Bailte Ceann Scríbe) | €500,000 |
| Port Omna (RRDF) | €1,200,000 |
| Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte 2018 | €900,000 |
| Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte 2019 | €750,000 |
| Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte 2020 | €415,000 (Go dtí seo) |
| Scéim Feabhsúcháin Áitiúil 2018 | €1,942,000 |
| Scéim Feabhsúcháin Áitiúil 2019 | €857,000 |
| Scéim Feabhsúcháin Áitiúil 2020 | €857,000 |
| Bóithre – Rannpháirtíocht Pobail 2018 | €631,000 |
| Bóithre – Rannpháirtíocht Pobail 2019 | €546,000 |
| Bóithre – Rannpháirtíocht Pobail 2020 | €953,000 |
| CLÁR 2018 | €454,000 |
| CLÁR 2019 | €325,000 |
| CLÁR 2020 | €261,000 |
| Scéim Feabhsúcháin Pobail 2018 | €379,000 |
| Scéim Feabhsúcháin Pobail 2019 | €165,000 |
| Scéim Feabhsúcháin Pobail 2020 | €223,000 |
| Glasbhealaí | €4.6M |
| Oiriúnú Athraithe Aeráide | €1.1M |
| Taisteal Gníomhach | €2.7M |

Mar a chomhairlíomar roimhe seo, tá iarratas déanta againn faoin URDF i gcomhpháirtíocht le hIarnród Éireann do lúb thrasnaithe agus d'fhorbairtí eile sa Gharrán, Órán Mór agus táthar ag súil le cinneadh go luath.

Ní raibh aon rathúlacht ar iarratais eile ar nós tograí RRDF maidir le Béal Átha na Sluaighe agus an Gort agus tá athbhreithniú a dhéanamh orthu seo i gcomhair le láithreacha eile le tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu ó thaobh babhtaí maoinithe amach anseo.

Cé go gcuirtear fáilte mhór roimh na deontais agus na tionscnaimh seo ar fad, leo sin bítear ag súil le torthaí agus bíonn riachtanais ag baint leo atá deacair a bhaint amach leis na hacmhainní reatha.

**Soláthar Foirne**

Tá coibhéis lánaimseartha foirne de 780 ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, atá ar an tríú ceann is ísle sa tír in aghaidh an daonra. Tá tionchar diúltach leanúnach aige seo ar ár n-acmhainneacht seirbhísí a sholáthar ag an leibhéal agus ar an gcaighdeán a theastaíonn. Lean deiseanna fostaíochta ar fud na hearnála sa bhliain 2020 agus bhí gluaiseacht foirne chomh maith le scór den fhoireann a chuaigh ar scor mar thoradh air sin suas go dtí deireadh Ráithe 3 den bhliain 2020 tráth ar reáchtáil an Chomhairle 38 comórtas earcaíochta agus mar thoradh ar na comórtais sin rinneadh 163 ceapachán. Bhain formhór na gceapachán seo, le poist a bhí cruthaithe as an nua agus le poist a bhí folamh a líonadh, i réimsí tosaíochta agus fuarthas maoiniú seachtrach do go leor de na poist, ina n-iomláine nó i bpáirt. Díríodh earcaíocht agus imlonnú foirne laistigh den Chomhairle, mar a léiríodh roimhe seo, ar réimsí tosaíochta, agus líonadh príomhphoist sna Seirbhísí Éigeandála, sa Tithíocht, Forbairt Pobail agus Tuaithe, Geilleagrach agus Tithíochta, lena n-áirítear Stiúrthóir Seirbhísí, Príomh-Oifigeach Dóiteáin, Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhordaitheoir na Comhpháirtíochta Spóirt, Oifigeach Cothabhála Tionóntachta agus Oibrí Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean. Tugadh le fios do na Comhaltaí roimhe seo gur bunaíodh Foireann Athnuachana Tuaithe agus Uirbeach agus foireann theicniúil ar ghráid Innealtóra Sinsearach Feidhmiúcháin, Ailtire Feidhmiúcháin, Innealtóir Feidhmiúcháin, Pleanálaí Feidhmiúcháin agus beirt (2) Teicneoirí Grád 1.

**Tithíocht**

D'fhreagair Comhairle Chontae na Gaillimhe don tosaíocht maidir le seachadadh tithíochta agus tá tionscnaimh éagsúla Rialtais, a tugadh isteach le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo, á gcur i bhfeidhm againn. Chomh maith le haonaid tithíochta nua a sheachadadh, tá tionscnaimh agus freagrachtaí eile ann, lena n-áirítear, íoschaighdeáin a thabhairt isteach agus cláir chothabhála atá beartaithe chomh maith le haonaid atá folamh a líonadh go tapa.

Cé go raibh roinnt tionchair ag dianghlasáil Covid 19 i dtús na bliana ar sheachadadh tithíochta, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle ó thaobh tithe a sholáthar agus spriocanna atá sannta ar bhonn náisiúnta a bhaint amach.

Bhain Comhairle Chontae na Gaillimhe 90% den sprioc atá leagtha síos ar bhonn náisiúnta amach sa bhliain 2018 (Tógáil/Fáil/Léas) ó thaobh tithíocht shóisialta a sholáthar agus rinneamar seachadadh ar 106 aonad as sprioc de 118 aonad. Cuireadh ardú

119% go 259 aonad ar ár sprioc don bhliain 2019 agus rinneamar seachadadh ar 99% den sprioc arbh ionann é agus 253 as na 259 aonad a bhí ag teastáil.

Is 926 aonad ár sprioc ó thaobh Atógáil na hÉireann go dtí an bhliain 2021 agus rinneadh 359 aonad ar an iomlán a chur ar fáil sna blianta 2018 & 2019 agus tá 567 aonad eile le seachadadh thar thréimhse dhá bhliain, 2020 & 2021. Tógfaidh an clár tógála beartaithe reatha thart ar 88% de seo san áireamh a bheidh le seachadadh trí thionscadail atá á gcur chun cinn cheana féin agus bainfear an 12% deiridh amach trí fhorbairtí inlíonta, tithíocht lándéanta, léasú fadtéarmach agus fáil. Ón mbliain 2022 ar aghaidh cuirfear 329 aonad eile chun cinn trí chláir thógála an Údaráis Áitiúil agus an AHB, a bhfuil tús curtha leis cheana féin.

Chuireamar tús freisin le pleanáil chun cinn do sholáthar tithíochta amach anseo trí chur go réamhghníomhach lenár mbanc talún tithíochta. Táthar le tús a chur le leathadh amach na Scéime do Thithíocht Inacmhainne sa bhliain 2021 agus táthar ag súil go ndeimhneoidh an Roinn mionsonraí na Scéime sna míonna atá romhainn.

**Forbairt Pobail agus Gheilleagrach**

Leanann an Chomhairle ag tacú le pobail agus ag cur forbairt gheilleagrach an Chontae chun cinn in ainneoin na n-acmhainní teoranta atá ar fáil le tamall anuas. Tá an ghné thacaíochta airgeadais roinnt de na tionscadail seo níos suntasaí ná roinnt eile ach tá sé ríthábhachtach go leanfaidh muid den ról a shamhlaítear linn ó thaobh forbairt gheilleagrach agus pobail araon a chur i gcrích. In ainneoin staid dhúshlánach airgeadais, leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de mhaoiniú agus tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí agus do chomhlachtaí éagsúla. Tagann maoiniú san áireamh leis sin faoi cheannteidil mar seo a leanas: Féilte, Forbairt Eacnamaíochta, Áiseanna Pobail, Bailte Slachtmhara, Cuimsiú Sóisialta, an Óige, Spórt, Ealaín, Oidhreacht agus an Ghaeilge. Cuireann an cúnamh seo ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, cé go mbeidh srian níos mó air in 2021, go mór leis na hiarrachtaí a dhéanann an pobal agus eagraíochtaí éagsúla tionscnaimh agus bearta feabhais a thabhairt i gcrích ina gceantar féin.

**Maoiniú do Bhóithre**

Tá méadú le roinnt blianta ó €28.6M sa bhliain 2015 go €40.45M sa bhliain 2021 ar an leibhéal acmhainní do chothabháil agus d'fheabhsú bóithre. Táthar ag súil go mbeidh an maoiniú do Dheontas Bóithre €4.26M níos mó sa bhliain 2021 ná an méid a bhí leagtha amach i mBuiséad 2020.

**Treocht Buiséid**

Leagtar amach sa tábla seo a leanas an treocht buiséid maidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe le blianta beaga anuas.

| | |
|---|---|
| 2008 – Buiséad a Glacadh leis | €160 M |
| 2014 – Buiséad a Glacadh leis | €122 M |
| 2015 – Buiséad a Glacadh leis | €105.2 M |
| 2017 – Buiséad a Glacadh leis | €105.3 M |
| 2018 – Buiséad a Glacadh leis | €112 M |
| 2019 – Buiséad a Glacadh leis | €121.2 M |
| 2020 – Buiséad a Glacadh leis | €128 M |
| 2021 - Dréachtbhuiséad | €136.5M |

**Tograí caiteachais**

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas an briseadh síos ar an gcaiteachas agus ar an teacht isteach beartaithe i leith na bliana 2021:

| **Caiteachas de réir Ghrúpaí Cláir** | **2020 Buiséad** | **2020 Toradh Measta** | **2021 Dréacht-Bhuiséad Measta** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 16,096,622 | 16,372,710 | 16,838,751 |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 43,589,461 | 49,969,408 | 48,315,405 |
| Seirbhísí Uisce | 12,947,744 | 12,774,212 | 13,199,669 |
| Bainistíocht i ndáil le Forbairt | 12,192,303 | 11,558,262 | 13,466,641 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 18,755,742 | 18,811,876 | 19,754,542 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 8,840,883 | 8,640,066 | 9,193,943 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 2,477,791 | 2,280,087 | 2,781,631 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 13,224,386 | 13,142,378 | 12,935,177 |
| Iomlán | 128,124,932 | 133,548,999 | 136,485,759 |

Sa Dréacht den Bhuiséad, tá Teacht Isteach Ioncaim mar seo a leanas á thuar: -

| An Teacht Isteach Measta | 2020 | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|
| | € | % | € | % |
| Cáin Mhaoine Áitiúil / Asbhaint i ndáil le Pinsean | 14,517,890 | 11 | 14,517,890 | 11 |
| NPPR | 300,000 | 0 | 300,000, | 0 |
| Deontais agus Fóirdheontais Stáit | 48,500,620 | 38 | 55,646,649 | 41 |
| Ioncam ó Uisce Éireann | 8,842,000 | 7 | 9,213,000 | 7 |
| Ioncam a Shocraítear go hÁitiúil | 39,265,186 | 31 | 40,085,900 | 29 |
| Ioncam Eile | 16,699,236 | 13 | 16,722,320 | 12 |
| | 128,124,932 | 100 | 136,485,759 | 100 |

**Focal Scoir**

Bhí dúshlán mór ag baint leis an Dréachtbhuiséad Bliantúil a ullmhú le roinnt blianta anuas. Is infheistíocht shuntasach airgid maidir le forbairt an Chontae agus seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Chontae an caiteachas €136M atá á bheartú agus an caiteachas caipitil ar luach measta €70M.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do na baill thofa as a gcomhoibriú agus as a dtacaíocht i rith na bliana 2020. Is mian liom an meas atá agam ar an gCathaoirleach, an Comhairleoir James Charity agus ar an Iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Jimmy McClearn, a chur in iúl mar gheall ar a gcuid dúthrachta i mbun chúraimí speisialta na hoifige sin agus as ucht na cúirtéise agus na comhoibre i mbun ghnó na Comhairle. Is mian liom aitheantas a thabhairt don Choiste Airgeadas agus don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh as a gcúnamh leis an bplé a rinneadh ar an dréachtbhuiséad agus maidir le cúrsaí airgeadais foriomlána Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann na Comhairle as a dtiomantas agus a solúbthacht leanúnach le blianta beaga anuas, go háirithe sa bhliain 2020, bliain a bhí thar a bheith dúshlánach. Chinntigh bhur gcuid tacaíochta seachadadh leanúnach seirbhísí in imthosca a bhí deacair.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le Stiúrthóirí Seirbhíse na Comhairle agus lena gcuid foirne as dianscrúdú géar a dhéanamh ar mhíreanna an bhuiséid don bhliain 2021. Is mian liom go háirithe an obair a rinne Ger Mullarkey Uasal, Michael McGovern Uasal, Alison Ruane Uasal, Sara McDermott Uasal agus foireann an Aonaid Airgeadais a thréaslú leo agus buíochas a ghabháil le gach duine a raibh páirt acu sa dréacht den bhuiséad a chur ar fáil.

Is cinnte go gcuirfear deacrachtaí agus athruithe eile roimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe le sárú i rith na bliana 2021 ach tá misneach agam go mbeifear in ann, le cúnamh na gComhaltaí, an lucht Bainistíochta agus mo chuid comhghleacaithe, leanúint de sheirbhísí fiúntacha a chur ar fáil i rith na bliana 2021 chun freastal ar ghéar-riachtanais mhuintir na Gaillimhe.

Molaim an Dréachtbhuiséad seo le haontú agaibh.

***Is mise le meas,***

________________

***Kevin Kelly,***
***Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)***

# Tuarascálacha na Rannóg lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024

# AN tAONAD SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

***Seachadadh Tithe ∞ Tógáil Pobal***

**Plean Gníomhaíochta de chuid Atógála Éireann do Thithíocht agus Easpa Dídine**

**Gníomhaíochtaí Táscacha 2020**

Tá an tAonad Tithíochta, faoi Phlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann, ag cur réimse de thionscadail tithíochta tógtha go díreach chun cinn go leanúnach tríd an bpróiseas faofa 4 chéim de dhearadh, pleanáil, tairiscintí agus tógáil. Go dtí seo, tá maoiniú thart ar €59m ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun 269 aonad tógtha go díreach a chur chun cinn. Lena chois sin, táthar ag ullmhú tograí do 111 n-aonad breise ar chostas €27m nó tá siad ag an Roinn lena gceadú. Chuir Covid 19 isteach ar thionscal na tógála, ach tá an tAonad Tithíochta ag obair go crua leis na conraitheoirí chun an tionchar ar sheachadadh tithíochta a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Cuireadh na tionscadail seo a leanas chun cinn tríd na céimeanna éagsúla go dtí seo:

| **Suíomh** | **# Aonaid** | **Céim DHPLG** |
|---|---|---|
| Céide Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe | 10 | Céim 5 – Críochnaithe |
| Esker Fields, Béal Átha na Sluaighe | 2 | Céim 5 – Críochnaithe |
| Áitreabh Tuaithe Aonair | 6 | Céim 5 – Críochnaithe |
| Gilmartin Rd., Tuaim | 61 | Céim 5 – Críochnaithe |
| An Cheathrú Rua | 4 | Céim 5 – Críochnaithe |
| Faiche an Aonaigh, Cloch na Rón | 14 | Céim 4 - Tógáil |
| An Cartrún, Cinn Mhara | 6 | Céim 3 – Tairiscint |
| Caisleán Raithlín, Ard Raithin | 12 | Céim 2 - Pleanáil |
| Sráid na Beairice, Baile Locha Riach | 5 | Céim 4 - Tógáil |
| An Clár Mór, Uachtar Ard | (13) 0 | Céim 2 – Pleanáil (Eitithe) |
| Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn | 31 | Céim 2 - Pleanáil |
| St. Josephs, An Chlochán | 26 | Céim 4 - Tógáil |
| Cúirt an Droichid, Áth Eascrach | 18 | Céim 2 - Pleanáil |
| Fána Bhuí, Tuaim | 49 | Céim 4 - Tógáil |
| Bóthar Weir, Tuaim | 25 | Céim 2 - Pleanáil |
| **Iomlán** | **269** | |

Tar éis ceadú do Chéim 4 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil bronnadh conarthaí in 2020 do thógáil:

- 5 aonad ar Shráid na Beairice, Baile Locha Riach
- 26 aonad ar Bhóthar an Ospidéil, an Clochán
- 49 aonad ar Bhóthar Chluain Tuaidh, Tuaim

Beidh seachadadh déanta den chuid is mó ar na scéimeanna thuas sa bhliain 2021 agus tá siad mar chuid thábhachtach de thograí an Aonaid Tithíochta lenár sprioc thógála a bhaint amach faoi Atógáil na hÉireann.

In ainneoin na moille a chur Covid 19 ar thionscal na tógála, cuireadh na tionscadail seo a leanas tríd go dtí an chéim thógála lena gcríochnú nó lena gcríochnú den chuid is mó:

- 8 n-aonad i gCloch na Rón

**Sealbhú Tithíochta in 2020:**

Tá trí mheicníocht phríomha ar fáil chun tithíocht a shealbhú agus is iad sin Sealbhú Díreach, Oibleagáid Forbróirí faoi Chuid V agus próisis Lándéanta.

- **Sealbhú Díreach do 2020:**

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú leanúnach ar an margadh in iarracht chun freastal ar an riachtanas tithíochta atá ina cheantar feidhmiúcháin. Déantar measúnú ar aonaid phríobháideacha bunaithe ar an riachtanas tithíochta sa chomharsanacht sula gcuirfear bailchríoch ar thuarascálacha innealtóireachta agus measúnú dlíthiúil. Tá iomlán de 7 n-aonad faighte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá 7 nAonad breise ag na céimeanna deiridh sealbhaithe ar chostas measta €1.6m in 2020.

- **Próiseas Lándéanta:**

Go dtí seo, thángthas ar chomhaontú le 68 Aonad a fháil atá lonnaithe i Tullahill, Baile Locha Riach, 49 Aonad i gCoill Bhruachláin, Maigh Cuilinn, 2 Aonad i gCois na hAbhann i dTuaim, agus 31 Aonad ar Bhóthar an Tobair sa Ghort. Tá na forbairtí seo á seachadadh ar bhonn céimneach agus aonaid ag teacht chun cinn in 2020 agus 2021.

Reáchtáladh comórtas le gairid d’aonaid fhoirgníochta lándéanta ar fud an chontae a raibh 37 léiriú spéise ó fhorbróirí mar thoradh air agus cuireadh 43 scéim ar an iomlán i láthair an Aonaid Tithíochta lena mbreithniú. Tá tús curtha leis an gcéad chéim den phróiseas meastóireachta.

**Oibleagáidí Forbróirí faoi Chuid V:**

Faoi réir Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2001, agus a leasuithe, tá an Rannóg Tithíocht ag leanúint de bheith ag fáil seilbhe ar aonaid mar chuid d'oibleagáidí Forbróirí faoin acht seo. In 2020, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag fáil 17 aonad faoi oibleagáidí Chuid V le Maoiniú Roinne €3.5m. Tá 25 aonad breise ar luach measta €5.5m sa phróiseas comhaontaithe i láthair na huaire.

**Tograí do 2021:**

- Beidh sruth tógála an Údaráis Áitiúil fós ina phríomhthosaíocht in 2021 agus fócas soiléir á choinneáil ar thionscadail tógála díreach an údaráis áitiúil a chur chun cinn tríd na céimeanna deartha, pleanála, tairisceana agus tógála.
- Beidh aithint breis láithreán ionchasach forbartha ar aon dul leis na riachtanais tithíochta do cheantair éagsúla ina thosaíocht i gcónaí chun feabhas a chur ar an ionchas do chlár tógála díreach tar éis 2021. Sa bhliain 2020 thug Comhairle Chontae na Gaillimh fáil 7.2 acra de thalamh criosaithe i mBaile Chláir chun críche agus beidh sé seo mar chuid thábhachtach de sheachadadh tithíochta an Aonaid Tithíochta amach anseo.
- Leanfaidh an Chomhairle dá caidreamh le tógálaithe d'fhonn seachadadh aonad faoi Chuid V a chur chun cinn.
- Déanfaidh clár éadála sprioctha éascú don údarás áitiúil chun ionaid a shealbhú mar fhreagra ar riachtanais tithíochta sonracha agus chun tacú le meascán sóisialta a bhaint amach a thabharfaidh buntacú do phobail inmharthana.

| **Plean Straitéiseach Bainistíochta agus Forbartha do Thailte Tithíochta** |
|---|

Is cuid de raon gníomhaíochtaí é bainistíocht ghníomhach an bhunachair thalamh tithíochta atá á ndéanamh faoi Atógáil Éireann a ceapadh leis an aschur tithíochta a mhéadú agus a ghéarú.

**Gníomhaíochtaí Táscacha 2020**

- Leanfar de thiomáint cur chun feidhme na bPleananna Bainistíochta agus Forbartha Straitéiseacha chun láithreáin a chur ar aghaidh go dtí an chéim fhorbartha a luaithe agus is féidir
- Leanúint le leathnú a dhéanamh ar an mbunachar talún atá ar fáil don Chomhairle do thithíocht phoiblí; inacmhainne agus sóisialta.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an tAonad Tithíochta de bheith ag brú chun cinn le scéimeanna tithíochta sóisialta ardcháilíochta inmharthana, faoi réir cead pleanála, ar choda éagsúla oiriúnacha den bhunachar talún atá fágtha aige. Cuirfear na scéimeanna sin chun cinn i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus cuirfidh siad pobail inmharthana ar fáil don todhchaí.
- Cuirfidh an Chomhairle forbairt an láithreáin sa Ráithín, Baile Átha an Rí chun cinn faoi Chiste na Láithreán Seirbhísithe, faoi réir ag soláthar bonneagar fuíolluisce ag Uisce Éireann. Aithneofar láithreáin eile agus cuirfear tograí chun cinn nuair a thagann aon ghlaoch eile do scéimeanna inacmhainne chun cinn. Táthar ag fanacht le scéim tithíochta inacmhainne nua ón Rialtas.
- Tá an Chomhairle tiomanta d'ionchas an bhunachair talún a uasmhéadú chun tacú le riachtanas tithíochta, lena n-áirítear roghanna tithíochta inacmhainne agus cíosa, faoi réir tabhairt isteach scéimeanna cuí agus sruthanna maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil.

- Fiosróidh an tAonad Tithíochta roghanna ar a bhunachar talún i dtaca le soláthar tithíochta inacmhainne, faoi réir glao ar thograí, cead pleanála agus faoi réir chead na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- Lorgóidh an tAonad Tithíochta deiseanna nua chun tailte straitéiseacha a shealbhú a bheidh oiriúnach do sheachadadh tithíochta sóisialta ardchaighdeáin agus/nó tithíocht inacmhainne, in ionaid ina mbeidh éileamh láidir ar thithíocht sóisialta, chun cloí lena spriocanna tithíochta sa todhchaí (níos faide anonn ná Clár Atógála na hÉireann).

**Tithíocht Dheonach**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:**

Tá an Chomhairle ag leanúint den obair i gcomhar leis an earnáil dheonach an líon aonad is mó is féidir a chur ar fáil trí na scéimeanna maoiniúcháin CAS (An Scéim Chúnaimh Chaipitil) agus CALF (Saoráid Airleacain Caipitil & Léasaithe).

**An Scéim Cúnaimh Chaipitiúil (CAS)**

An Roinn a chuireann an ciste don Scéim Chúnaimh Chaipitil ar fáil tríd an Údarás Áitiúil i ndáil le soláthar tithíochta.

**Tugadh tionscadal, le maoiniú CAS, chun críche i rith na bliana 2020:**

- Baile an Rí, Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, 18 aonad, Tithíocht Clúid
- Parkview Drive, Tuaim – 1 aonad (Fáil), Síomón na Gaillimhe

**Tionscadail eile CAS Projects atá ag dul chun cinn:**

- Tearmann Éanna Teo, Sean-Oifig an Phoist, Indreabhán – 4 aonad(Fáil)
- Cumann Tithíochta an Chreagáin, An Creagán – 5 aonad(Tógáil)
- Tearmann Éanna Teo, Teachíní Ros an Mhíl – 8 n-aonad (Fáil)
- Cumann Tithíochta Peter Treist, Springfield, Béal Átha na Sluaighe – aonad amháin (Tógáil)
- Tithíocht Chlúid, Leitir Fraic (Céim 2) – 11 aonad (Tógáil)
- Tithíocht na Carraige Duibhe, Bóthar na Sionainne, Port Omna – 5 aonad, (Tógáil)
- Tithíocht Inis, Bóthar an Tobair, An Gort - 11 aonad (Tógáil)

**Áis Léasaithe agus Airleacain Chaipitil (CALF) & Morgáiste go Cíos (MTR)**

Cuireann an Áis Léasaithe agus Airleacain Chaipitil agus an Scéim Morgáiste go Cíos tithíocht shóisialta ar fáil trí chaiteachas reatha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Seachadadh na haonaid seo a leanas in 2020:

- Tithíocht Clúid, Riveroaks, Baile Chláir, 11 aonad
- Tuath, The Mews, Bóthar Tullindaly, Tuaim, 6 aonad
- Tá 26 n-aonad á ndéanamh faoi láthair faoi Scéim Cíosa in Ionad Morgáiste (MTR) a chuireann ar chumas úinéirí tithe a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú óna dtithe a bheith in úinéireacht acu go dtí a dtithe a fháil ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

**Tograí do 2021:**

- Tá beartaithe go leanfaidh an Chomhairle den obair fhorghníomhach leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ionas go soirbhítear d'aonaid bhreise a aimsiú i ndáil le tithíocht shóisialta a sholáthar faoin tsamhail maoinithe seo.
- Scrúdóidh an tAonad Tithíochta an acmhainne do AHBanna aonaid tithíochta bhreise a sheachadadh ar thailte leis an gComhairle.

| **An Scéim um Léasú<br>Fadtéarmach** |
|---|

Tugadh isteach Léasú Fadtéarmach chun seachadadh Tithíochta Sóisialta a éascú faoi Philéar 2 d'Atógáil Éireann. Is é an tÚdarás Áitiúil nó an AHB an tiarna talún don tionónta agus ní bhíonn aon chaidreamh díreach ag an úinéir maoine leis an tionónta. Bíonn an cíos a íoctar leis an tiarna talún lascainithe go míosúil de 15-20% de Luach Cíosa an Mhargaidh Oscailte.

- Bíonn an téarma Leasa idir 10 agus 25 bliain, agus i rith an achair ama sin ag an Údarás Áitiúil agus an tionónta, beidh cíos deimhnithe ag an Tiarna Talún fiú nuair a bheidh an t-ionad folamh
- Ní bheidh aon fhreagracht ar an tiarna talún maidir le cothabháil ó lá go lá a dhéanamh faoi shocruithe léasa fadtéarmacha

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Fógraíocht rialta a dhéanamh ar an Scéim Fhadtéarmach trí na meáin chlóite agus ar na meáin shóisialta.
- A bheith i dteagmháil le Tiarnaí Talún agus úinéirí Maoine mar aon le doiciméadú agus comhairle a chur ar fáil.
- In 2020 fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 75 Iarratas ar Léas Fadtéarmach – agus tá 30 acu sin ceadaithe agus 15 ag dul ar aghaidh in 2020.
- Rannpháirtíocht le hIontaobhas Peter McVerry chun tacú leo chun 2 réadmhaoin ar Léas Fadtéarmach a sholáthar trí Chomhaontú Íocaíochta agus Fáil.

**Tograí do 2021:**

- Leanúint den fhógraíocht ar an scéim go démhíosúil.
- Dul i dteagmháil go gníomhach le hInfheisteoirí, Forbróirí agus tiarnaí talún agus faisnéis agus doiciméadú a chur ar fáil nuair is gá.
- Leanúint le réadmhaoin atá ceadaithe cheana féin sa bhliain 2020 lena seachadadh sa bhliain 2021.
- Leanúint le rannpháirtíocht le hIontaobhas Peter McVerry chun 6 réadmhaoin ceadaithe eile a chur in úsáid i Ráithe 1 den bhliain 2021, agus réadmhaoin bhreise a chur ar fáil ina dhiaidh sin.

**Scéim Léasúcháin Feabhsaithe**

Oibreoidh an Scéim seo i gcomhar le réimse de bhearta eile faoi Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine an Rialtais. Is é an príomhsprioc atá ag an Scéim seo ná díriú ar Fhorbróirí agus Infheisteoirí atá in ann Tithíocht a chur ar fáil ar scála réasúnach chomh maith le freagrachtaí bainistíochta agus cothabhála a chomhlíonadh.

25 Bliain is ea an Téarma Léasa. Caithfidh iarratais faoin Scéim a bheith i dtaca le 20 Aonad ar a laghad. Tá an Scéim dírithe ar ionaid réadmhaoine nuathógtha nó cinn atá fós le tógáil.

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Rinneadh 37 Aonad a sheachadadh faoin scéim seo i dtús na bliana 2020.

**Tograí do 2021:**

- Leanúint den chaidreamh le hInfheisteoirí agus Forbróirí chun Tithíocht Shóisialta a chur chun cinn faoin Scéim seo.
- Leanúint de bheith ag oibriú go dlúth leis an nGníomhaireacht um Thithíocht chun an Scéim seo a chur chun cinn.

**Tithe Cónaithe Folmha**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Ceapadh Oifigeach Tithe Cónaithe Folmha i gComhairle Chontae na Gaillimhe in 2018. Is é an ról atá ag an Oifigeach Tithe Cónaithe Folmha ná gníomhaíochtaí a thiomáint agus a chomhordú ag leibhéal áitiúil, chun spriocanna na Straitéise Náisiúnta um Thithe Folmha a Athúsáid a bhaint amach, bailiú agus anailísiú sonraí san áireamh. I nDaonáireamh 2016, aithníodh 8,532 ionad réadmhaoine a bhí folamh i gContae na Gaillimhe.

Tugadh faoi shuirbhé píolótach ar Thithe Cónaithe Folmha ar riar de cheantair bheaga (sainithe ag CSO agus Logeolaire) i dTuaim, Béal Átha na Sluaighe, Baile Locha Riach. Is é an cuspóir atá leis an suirbhé seo ná torthaí an daonáirimh a chomhdhlúthú.

- Rinne Maoir Phobail suirbhé ar iomlán de 1,629 ionad réadmhaoine in 2019.
- Ní bhfuarthas ach 85 Ionad Réadmhaoine a bhí folamh.
- Ní mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na réadmhaoin seo lena fháil amach an bhfuil siad fós folamh agus cíbe a bhfuil siad oiriúnach do Thithíocht Sóisialta.

**Tograí do 2021:**

- Fiosrú a dhéanamh ar an fhéidearthacht le réadmhaoin folamh a aithníodh sa suirbhé a chur in úsáid mar Thithíocht Sóisialta.
- Fiosrú a dhéanamh faoi na hionaid fholmha atá uaslódáilte ar www.vacanthomes.ie chun a dhéanamh amach an bhfuil aon chuid acu oiriúnach le tabhairt ar ais i mbun úsáide.
- Gníomhaíochtaí atá aitheanta sa Straitéis Athúsáide a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil agus bearta a thabhairt chun cinn chun a chinntiú, an oiread agus is féidir, go dtabharfar ionaid réadmhaoine folmha nó tearcúsáidte atá faoi úinéireacht phríobháideach a thabhairt ar ais i mbun úsáide.
- Leanúint den fhógraíocht ar na scéimeanna ábhartha go léir sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.
- Leibhéil chruinne cothrom le dáta de thithe cónaithe folmha a chinntiú i gContae na Gaillimhe go háirithe i gceantair uirbeacha ina bhfuil an t-éileamh is mó ar thithíocht.

| An Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin |
| --- |

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Forbraíodh an Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin faoi Ghníomhaíocht 5.7 d'Atógáil Éireann chun cuidiú le húinéirí maoine príobháideacha agus AHBanna úsáid a bhaint as an stoc de thithe cónaithe folmha atá ar fud na tíre.

Ceadaíonn an RLS don úinéir réadmhaoine comhaontú léasaithe a shíniú d'fhad ama atá nasctha le luach na ndeisiúchán, faoi réir 5 bliana ar a laghad. Ansin, déanfar fritháireamh go hincriminteach ar luach na nDeisiúchán in aghaidh an luach cíosa aontaithe thar thréimhse sainithe taobh istigh den léas.

- Déantar fógraíocht ar na Scéimeanna go démhíosúil i nuachtáin áitiúla agus gach ré seachtain ar Facebook**.**
- Comhpháirteachas leanúnach le húinéirí réadmhaoine, gníomhairí eastáit agus dlíodóirí in iarracht chun léirithe spéise a mhealladh chuig an scéim.
- Sa bhliain 2020, cuireadh na léirithe spéise go léir faoin Scéim seo faoi bhráid Iontaobhas Peter McVerry, ag a bhfuil an cumas an Scéim a bhrú ar aghaidh. Tá siad rannpháirteach i láthair na huaire i 10 dtionscal maidir le Deisiú agus Léas le tacaíocht uainne.

**Tograí do 2021:**

- Leanfar den fhógraíocht ar an Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin ar bhonn rialta sna meáin áitiúla agus sna meáin shóisialta.
- Rachfar i dteagmháil le húinéirí réadmhaoine a dhéanann fiosrúcháin agus tabharfar an t-eolas ar fad is gá dóibh a luaithe agus is féidir.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de theagmháil a dhéanamh le AHBanna nuair is cuí i bhfeidhmiú na scéime. There are currently 6 potential units' deliverable in 2021.

| Deontais Tithíochta |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Is ionann líon na n-iarratas ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta a ndearnadh íocaíocht ina leith ó thús na bliana 2020 agus 145 agus líon na n-iarratas bhí i ndáil le Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta & Deontais Chúnaimh Tithíochta agus 118 (46 HAGs agus 72 MAGs).
- Cuireadh maoiniú Roinne €2,844,276 ar fáil do 2020. Caithfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cómhaoiniú 20% a chur ar fáil agus ceadaíodh €568,855 ó acmhainní na Comhairle féin.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an Chomhairle de riaradh an Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta, agus Deontais Chúnaimh Tithíochta ag baint leas as maoiniú deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil chomh fada agus a cheadaíonn cómhaoiniú a chuireann an Chomhairle ar fáil.

| Iasachtaí do Cheannach Tí (Iasachtaí Ceannaigh Príobháideacha & Tionónta) |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe cúnamh airgeadais ar fáil chun cuidiú le ceannaitheoirí céaduaire teach a cheannach tríd an scéim cheannaigh ag tionóntaí nó ar an margadh príobháideach.

- Ag an Aonad Tithíochta faoi láthair, tá 17 Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann ceadaithe i bprionsabail agus idir lámha ar luach €2.99 milliún.
- Tá 7 n-iasacht tí ar luach de €1,145,400 agus 8 n-iasacht do cheannach ag tionóntaí ar luach de €401,380 íoctha amach go dtí seo i mbliana.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den mheasúnú agus den phróiseáil ar gach iarratas iasachta tithíochta ar bhealach tráthúil de réir théarmaí agus coinníollacha Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann.

| Caighdeáin Léasúcháin |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Tháinig feidhm leis na Rialacháin Tithíochta do Thithe ar Cíos 2017 - Ionstraim Reachtúil 137 de 2019 ar an 1ú Bealtaine 2019 a tháinig i ndiaidh Ionstraim Reachtúil 17 de 2017.

Tá an Chigireacht freagrach as gach Iniúchadh Reachtúil ar Theaghaisí Cónaithe ar Cíos taobh istigh de cheantar feidhmiúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- 1267 an Sprioc Iniúchta do Comhairle Chontae na Gaillimhe do dheireadh R4 2020.
- Mar gheall ar dhianghlasáil Covid 19 i Márta, Aibreán agus Bealtaine, cuireadh stop le cigireacht ar thionóntachtaí le cíos príobháideach. Tar éis deireadh na dianghlasála, cuireadh tús arís le cigireacht ach cuireadh deireadh arís leis an gcigireacht nuair a tháinig srianta Leibhéal 5 isteach. Faoi Chreat Seirbhísí CCMA an Údaráis Áitiúil do Fhreagra ar Phaindéim Covid 19, níl rachaidh cigireacht ar thionóntachtaí le cíos príobháideach chun cinn faoi Leibhéal 4 nó faoi Leibhéal 5.
- Ó lár mhí Meán Fómhair 2020, tugadh faoi 803 Cigireacht ar na Caighdeáin Chónaitheacha. Tá an Fhoireann Cigireachta ar an treo ceart le sprioc na bliana 2020 a chomhlíonadh ag an gcéim seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta líon cigireacht bhreise a chomhlánú sa bhliain 2020 ach beidh sé seo ag brath den chuid is mó ar shrianta Covid 19 a bheith i bhfeidhm.
- Mar gheall ar shrianta Covid 19 atá le brath sa bhliain 2020 ní dóigh go mbainfear an sprioc bhliantúil sin amach.

**Tograí do 2021:**

-
- Tabharfar tosaíocht don chigireacht cíosa sa chás gearán a bheith déanta ag an áititheoir maidir le coinníoll an áitribh.

| Riachtanas Tithíocht Shóisialta |
|---|

**Aonad Iarratas**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Faoi láthair tá thart ar 3988 iarratasóir ar an taifead do theaghlaigh cáilithe. Is Iarratasóir Cathracha iad 527 den iomlán seo agus Rogha Limistéar acu mar Limistéar Chontae.
- Le linn na tréimhse ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2020, cuireadh 189 tairiscint ar an iomlán faoi bhráid na n-iarratasóirí ar an taifead do theaghlaigh cáilithe do thithíocht sóisialta, dhiúltaigh 43 teaghlach an tairiscint, ghlac 93 le tairiscint agus táthar ag fanacht le cinneadh ó 53 teaghlach nó níl na tithe ullmhaithe. Ainmníodh 39 iarratasóir do thithíocht dheonach a chuireann Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar fáil le tacaíocht ón gComhairle.
- I rith 2020, rinne an tAonad Tithíochta fógraíocht freisin ar 4 dteach ar an scéim Rogha Tithíochta.
- Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar an Scéim Leithdháilte Tithíochta chun freagairt do na riachtanais atá ag teacht chun cinn.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an Chomhairle lena dul chun cinn i soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta do dhaoine ar thaifead na dteaghlach cáilithe.
- Leanfaidh an Chomhairle ag oibriú i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun iarratasóirí a ainmniú do thithíocht dheonach.
- Leanfaidh an Chomhairle d'fheidhmiú na scéime Rogha Tithíochta (CBL) mar bhealach chun rannpháirtíocht iarratasóir tithíochta a éascú. Tá sé i gceist leathnú a dhéanamh ar an CBL chun ainmniúcháin do thithíocht a chur san áireamh.

| An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- • Aistríodh 1812 iarratasóir go dtí scéim HAP faoi dheireadh mí Deireadh Fómhair 2020.
- Tá easpa soláthair maidir le háitribh oiriúnacha ina dheacracht shuntasach fós ag an lucht iarratais HAP.
- Tá an méadú ar chíosanna ar fud Chontae na Gaillimhe ina chás mór freisin d'iarratasóirí mar nach bhfuil an t-údarás áitiúil in ann ach uasráta cíosa a íoc ag brath ar mhéid an teaghlaigh.

**Tograí don bhliain 2021**

- Leanúint d'aistriú dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa go fadtéarmach ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí córas HAP, i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil.
- Próiseáil a dhéanamh ar na hiarratais tithíochta nua ar fad i ndáil le scéim HAP.
- Leanúint leis an bPróiseas cigireachta maidir leis na háitribh ar fad a thagann faoi scéim HAP.

**An Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos (RAS) & Léasáil**

Tá maoiniú leithdháilte ag an Rialtas do na húdaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun áitribh phríobháideacha a thógáil ar léas nó ar cíos i gcás iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Bíonn an scéim RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011 ar aghaidh, meastar go bhfuil an riachtanas tithíochta comhlíonta i leith aon iarratasóir ar thithíocht a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht de chineál RAS.

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Tá cóiríocht á chur ar fáil do 341 teaghlach faoi láthair tríd an Scéim RAS agus an Scéim um Léasú Gearrthéarmach. (Tá RAS Deonach san áireamh san fhigiúr seo)

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an Chomhairle den riarachán ar an Scéim RAS chomh maith le hoibriú ar roghanna soláthair faoi Phlean Gnímh Atógáil Éireann.

**Daoine gan Dídean**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:**

- Nótáladh méadú breise san éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean in 2020, lena n-áirítear líon na dteaghlach a bhí ag teacht chun cinn agus méadú suntasach níos deireanaí ná sin ar líon na ndaoine aonair a bhí ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean i rith 2020.
- Léirigh infhaighteacht theoranta cóiríochta éigeandála príobháidí iliomad dúshlán ag freagairt don easpa dídine agus leag éilimh shuntasacha ar acmhainní teoranta an Aonaid Tithíochta.
- Tá an-deacracht ag teaghlaigh móra tithe a fháil san earnáil phríobháideach ach go háirithe. Níl ach líon teoranta de thithe 4/5 seomra leapa i stoc Tithíochta na Comhairle.
- Chuaigh Oifigeach Cothabhála Tionóntachta agus Oibrí For-rochtana do Dhaoine gan Dídean i mbun oibre san Aonad do Dhaoine gan Dídean le deireanaí agus tá an dá phost á maoiniú faoi Chistiú do Dhaoine gan Dídean S10 na Roinne. Cuirfidh na poist seo tacaíocht ríthábhachtach ar fáil dár bplean foriomlán chun cuidiú le daoine gan dídean, atá i mbaol a bheith gan dídean nó a bhfuil deacracht acu tionóntachtaí a choinneáil.

**Tograí do 2021:**

- Meastar go leanfaidh an t-éileamh méadaithe ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean a chonacthas le 3 bliana anuas ar aghaidh in 2021 mar gheall ar sholáthar teoranta tithíochta agus go háirithe an infhaighteacht theoranta tithíochta san earnáil ar cíos phríobháideach.
- Táthar ag súil go mbeidh tionchar leanúnach dearfach ag an Aimsitheoir Áite HAP, ag an Oifigeach um Thionóntachtaí a Choinneáil agus ag an Oifigeach Tithe Cónaithe Folmha, sa chéad áit trí chuidiú le daoine gan a ndídean a chailleadh trí luath-idirghabháil agus trí laghdú a dhéanamh ar an bhfad ama a chaitheann daoine i seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag cur comhoibrithe chun cinn leis an gComhairle Cathrach agus leis na seirbhísí ar fad do dhaoine Gan Dídean, an Fhreagairt Éigeandála Drochaimsire san áireamh, do chur chuige idirghníomhaireachta le haghaidh daoine gan dídean.
- Leanfar ar aghaidh ag obair i gcomhar le gach Údaráis Áitiúil i Réigiún an Iarthair, le Síomón, Cope agus leis an HSE chun Samhail do Thús Áite don Tithíocht a fhorbairt agus a leathadh amach i gContae na Gaillimhe.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil Dheonach agus go háirithe, Cope, Síomón na Gaillimhe, Iontaobhas Peter Mc Very, AHBanna agus le gníomhaireachtaí eile chun cóiríocht 'do dhoras féin' a chur ar fáil do theaghlaigh agus d'iarratasóirí ar thithíocht aonair araon a dteastaíonn réiteach tithíochta sainoiriúnaithe uathu chun freastal ar a riachtanas tithíochta.
- Cur chuige treoraithe ag Tithíocht a chur chun cinn le gach cineál tithíochta sóisialta lena n-áirítear cóiríocht idirthréimhseach do theaghlaigh i gcomhar le Cumann Shíomóin na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa le tacaíochtaí a bheidh oiriúnaithe do na riachtanais.
- Cóiríocht laghdú tacaíochta/eatramhach a chur chun cinn maidir le daoine aonair a bhfuil gá acu le bearta taca, i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le bearta tacaíochta atá cóirithe maidir leis na riachtanais.
- Oibriú le comhlachtaí Deonacha & Reachtúla chun Easpa Dídine a chosc (e.g. Threshold, Tusla etc.) agus béim ar leith ar chosaint agus ar inbhuanaitheacht tionóntachta.
- Leanúint den bhainistiú cásanna agus béim á leagan ar ghluaiseacht ar aghaidh chuig cóiríocht chuí.
- Leanúint de chóiríocht fhadtéarmach, lena ngabhann na bearta tacaíochta riachtanacha go léir a chur ar fáil do theaghlaigh gan dídean agus d'iarratasóirí aonair araon.

**Seirbhís Faighte Ionaid do Dhaoine Gan Dídean HAP**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Tugadh isteach Seirbhís Faighte Ionaid HAP i gComhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Samhna 2018. Tá an tSeirbhís curtha i bhfeidhm ar bhonn céimneach d'Údaráis Áitiúla chun cuidiú le teaghlaigh gan dídean cóiríocht a fháil nuair a bhíonn an margadh léasúcháin iontach dúshlánach de bharr éilimh ard agus leibhéil ísle soláthair.

- Fuair 125 teaghlach gan dídean cabhair ó sheirbhís Faighte Ionaid do Dhaoine Gan Dídean HAP idir mhí na Samhna go dtí seo.
- Tá comhpháirteachas leanúnach ar siúl le húinéirí réadmhaoine agus gníomhairí eastáit in iarracht le haonaid chóiríochta a fhoinsiú.

**Tograí do 2021:**

- Athbhreithniú ar na príomhchásanna de dhaoine gan dídean agus na hionaid réadmhaoine atá ar fáil ar cíos i gContae na Gaillimhe.
- Comhpháirteachas leanúnach le húinéirí réadmhaoine agus gníomhairí eastáit in iarracht leis na haonaid chóiríochta ar fad atá ar fáil a fhoinsiú.
-

**Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Is í príomhaidhm na Straitéise seo cothromaíocht rochtana a spreagadh agus a phríomhshruthú do dhaoine faoi mhíchumas ar an raon iomlán roghanna tithíochta atá ar fáil, oiriúnach do riachtanas aonair agus teaghlaigh..

- Léiríonn bunachar sonraí na n-iarratas tithíochta go bhfuil 731 duine faoi mhíchumas ar an liosta Tithíochta - agus 312 acu sin le riocht Mheabhairshláinte, 246 le Míchumas Fisiciúil, 155 le Míchumas Intleachta agus 18 le Míchumais Chéadfacha. Tá riachtanas an-soiléir de dhaingneacht tionachta agus rochtain éasca ar sheirbhísí ag daoine a bhfuil riochtaí géara leanúnacha meabhairshláinte acu.

**Tograí do 2021:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Mhíchumais agus an Plean Gníomhaíochta Míchumais a thabhairt cothrom le dáta ag teacht le struchtúir Rannóg Thithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus dul i rannpháirtíocht arís leis an Fhoghrúpa Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Leanúint de bheith ag obair le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus soláthraithe seirbhíse míchumais chun cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil i dtionóntachtaí aonair nó i gcóiríocht roinnte.

- Fanann CAS Call ar oscailt agus fáiltíonn an Chomhairle roimh iarratais ó Chomhlactaí Ceadaithe Tithíochta.
- "Tithíocht Inoiriúnaithe Saolré" a fhiosrú agus an % de thithe nua go léir na Comhairle atá le dearadh lena bheith oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus nasctha leis an méid atá ann cheana féin a bhreithniú.
-

**Clár Cóiríochta don Lucht Siúil.**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Cuireadh seachadadh Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 -2024, mar a glacadh leis i mí Meán Fómhair 2019, chun cinn, agus sáraíodh na spriocanna do thithíocht do dhaoine ó phobal an lucht siúil.
- An freagra ó thaobh drochaimsire – táthar ag leanúint le hoibreacha ar bhonn céimnithe ar dhá láithreán stad chun meicníochtaí a chur ar fáil le carbháin agus tithe soghluaiste a dhaingniú.
- Tugadh mór-oibreacha athchóirithe chun críche ar láithreán stad i gCeapaigh Oighre, tá 4 bhá ullmhaithe d'áitíocht.
- Tá oibreacha tugtha chun críche den chuid is mó ar thógáil 6 theach agus 2 bhá i gCluain Órtha, Creachmhaoil. Táthar ag súil go mbeidh siad seo ullmhaithe lena n-áitiú go luath sa bhliain 2021.
- Táthar ag leanúint le hoibreacha feabhsúcháin ó thaobh sábháilteachta dóiteáin ar gach láithreán stad sa Chontae – Tuaim, Creachmhaoil agus Ceapaigh Oighre. Tá monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar threalamh sábháilteachta dóiteáin.
- Tá mór-oibreacha athchóirithe tugtha chun críche den chuid is mó ar 4 grúpthithíocht don lucht siúil i gCéide na Canálach, Béal Átha na Sluaighe. Táthar ag súil go mbeidh siad seo ullmhaithe le cónaí iontu arís i mí na Nollag 2020. Rinneadh 15 áititheoir ó 3 cinn de na tithe a athlonnú ar bhonn sealadach chuig réadmhaoin eile de chuid na Comhairle an t-achar is a bhí na hoibreacha ar siúl.
- Tá mór-oibreacha athchóirithe tugtha chun críche den chuid is mó ar 3 grúpthithíocht don lucht siúil i Sandymount, Cill íomair. Táthar ag súil go mbeidh siad seo ullmhaithe le cónaí iontu arís i mí na Nollag 2020. Rinneadh 16 áititheoir ó 3 cinn de na tithe a athlonnú ar bhonn sealadach chuig réadmhaoin eile de chuid na Comhairle an t-achar is a bhí na hoibreacha ar siúl.
- Tá oibreacha athchóirithe tugtha chun críche den chuid is mó ar 2 réadmhaoin i bPáirc Moyne, Mainistir Choc Muaidhe.
- D'éirigh leis an iarratas ar mhaoiniú d'oibreacha athchóirithe ag cóiríocht atá sonrach don lucht siúil i gCluain Laighean, Béal Átha an Ghártha. Is mór-thionscadal atá i gceist anseo agus táthar ag déanamh dul chun cinn maidir le comhairleoirí a earcú.
- Tá iarratais ar mhaoiniú d'oibreacha athchóirithe ag cóiríocht atá sonrach don lucht siúil i gCluain Tuaiscirt, Baile an Gharráin agus Gort Bríde a n-ullmhú le haighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Tithíochta le maoiniú a bhreithniú.  Tá iarratais á n-ullmhú freisin d'aighneacht maidir le hathchóiriú agus síneadh a chur ar 2 réadmhaoin de chuid an lucht siúil faoi úinéireacht na Comhairle sa Charn Mór agus i mBaile Liam.
- Tháinig an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile 3 huaire, go dtí seo, in 2020 agus beidh an 4ú cruinniú ar siúl roimh dheireadh na bliana.

**Tograí do 2021:**

- Tá bailchríoch le cur ar thógáil 6 theach agus 2 chlós ag Cluain Órtha i gCreachmhaoil in 2021.
- Leanfar d'oiliúint sábháilteachta dóiteáin a chur ar fáil ag na láithreáin stad go léir.
- Tá bailchríoch le cur ar oibreacha athchóirithe ag an gcóiríocht shonrach lucht siúil seo a leanas, faoi réir fhaomhadh Roinne ar mhaoiniú:
  - Cluain Tuaiscirt, Béal Átha na Sluaighe
  - Baile an Gharráin, Baile Átha an Rí
  - Gort Bríde, Baile Locha Riach
  - Baile Liam – síneadh agus athchóiriú
  - An Carn Mór – síneadh agus athchóiriú
- Tá mór-thograí atógála agus athchóirithe ar chóiríocht atá sonrach don lucht siúil i gCluain Laighean, Béal Átha an Ghártha le tabhairt chomh fada leis an gcéim deartha agus tairisceana, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.
- Cuirfear oibreacha athchóirithe chun cinn ar chóiríocht atá sonrach don lucht siúil sa Chreagán.
- Leanfaidh an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil lena phríomhról i maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024.

| **Bainistíocht ar Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil** |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Cuireadh 132 aonad ar fáil le hathleasú chuig tionóntaí údarás áitiúil. Fuarthas maoiniú €494,500 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don 32 teach fholmha, bhí 6 cinn acu folamh le fad.
- Chomh maith leis an méid thuas, chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú de €251,963 ar fáil do 30 aonad a bhí folamh lena gcur ar fáil faoi mhaoiniú Covid-19.
- Fuarthas ceadú maoine ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis an gcostas a bhain le 9 n-aonad fholmha a chur ar ais in úsáid tháirgiúil. Aithníodh saincheisteanna pleanála i dhá (2) aonad, mar sin beartaíodh leanúint ar aghaidh le hiarratais agus le soláthar do Chuid 8 maidir le 7 n-aonad agus ba chóir go mbeadh siad seo ar fáil lena ligean arís sa bhliain 2021.
- Chomh maith leis an réadmhaoin tréigthe thuas, aithníodh 5 theach bhreise a bhí tréigthe ar theastaigh mór-oibreacha athchóirithe a dhéanamh orthu. Cuireadh na hoibreacha seo amach ar tairiscint sa bhliain 2020 agus táthar ag súil go mbeidh siad ar fáil le ligean arís sa bhliain 2021.
- Seachadadh an clár cothabhála freagartha ar bhonn tosaíochta agus gá le fócas a dhíriú ar chothabháil bhunriachtanach, lena n-áirítear pluiméireacht agus obair leictreachais, chun oibriú taobh istigh de shriantachtaí na maoine a bhí ar fáil. Bunaíodh creat nua do chonraitheoirí pluiméireachta agus leictreachais sa bhliain 2020 do thréimhse 3 bliana.

- Tugadh clár iarfheistithe d'fhuinneoga agus doirse ar 94 teach cónaithe i gConamara chun críche i Ráithe 1 den bhliain 2020.
- Cuireadh tús le clár suirbhéireachta stoic in 2019 faoin gClár Cothabhála Pleanáilte chun cloí le ceanglais reachtúla agus íoschaighdeáin sa stoc tithíochta. Bhí 90% den suirbhé seo críochnaithe ach b'éigean é a chur siar mar gheall ar phaindéim Covid-19 i dtús na bliana 2020. Táthar ag súil go bhféadfar an suirbhé a thabhairt chun críche sa bhliain 2021 faoi réir ag treoirlínte Sláinte Phoiblí.
- D'éirigh go han-mhaith leis an gclár píolótach a cuireadh i bhfeidhm chun déileáil leis na heasnaimh leictreacha agus sábháilteachta dóiteáin i 54 teach cónaithe a aithníodh sa suirbhé stoic. Áiríodh ar an obair sin suiteáil córais bhraite dóiteáin/aláraim dheataigh, aláraim aonocsaíde carbóin, pluideanna dóiteáin, deisiúcháin leictreachais agus teistiúchán agus seirbhís ar chórais choirí.
- Tar éis an chláir phíolótaigh thuas, cinneadh an clár seo a leathadh amach ar fud an chontae le roinnt mion-athruithe. Síníodh conradh le huasghrádú a dhéanamh ar na saincheisteanna leictreacha agus sábháilteachta dóiteáin a aithníodh i 450 teach i gCeantair Chonamara agus an Órán Mór. Táthar ag súil go mbeidh an conradh don chuid eile den stoc a theastaíonn do na uasghrádaithe leictreacha agus sábháilteachta dóiteáin á bhronnadh sa bhliain 2021.
- Bronnadh conradh sa bhliain 2020 do Leasúcháin Radóin i 31 teach ar fud an chontae a raibh sé aitheanta gur theastaigh oibreacha leasacháin a dhéanamh orthu.
- Bronnadh conradh sa bhliain 2020 d'oibreacha leasacháin do dhabhcha séarachais agus do chórais chóireála fuíolluisce ar 12 teach i gceantar Chonamara. Rinneadh maoiniú ar an obair seo faoin mBuiséad Cothabhála atá Beartaithe.
- Bronnadh conradh d'Uasghrádú maidir le hIarfheistiú Domhain Éifeachtúlachta Fuinnimh Mír 1 a chuimsigh 21 teach i bPáirc Shannon, Port Omna. Áirítear sna hoibreacha, athsholáthar fuinneoga agus doirse, insliú seachtrach agus insliú teaschaidéil. Is cuid iad na hoibreacha seo de Thionscadal píolótach Iarfheistiú Fuinnimh Lár Tíre.
- Tugadh faoi oibreacha oiriúnaithe ar 14 teach agus tugadh 2 shíneadh chun críche faoi Chlár Oibreacha Síntí IWILS/DPGs 2020 le cúnamh ó mhaoiniú de €246,594 a chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil.

**Tograí do 2021:**

- Beidh cumas an aonaid tithíochta leanúint le haonaid tithíochta folmha a chasadh ar ais don áitíocht ag brath ar mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta faoin gClár Voids a bheith ag dul ar aghaidh.
- Dul ar aghaidh go dtí an bhailchríoch ar athchóiriú na 12 n-aonad fholmha a cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi réir dóthain maoinithe a bheith ar fáil
chun na hoibreacha a chríochnú.
- Suirbhé ó thaobh Radóin ar na tithe go léir a bhí i gceantair atá íseal ó thaobh Radón, m.sh. níos lú ná catagóir 5% agus tús a chur le hoibreacha leasaithe ar na tithe go léir le leibhéil aitheanta atá os cionn an Leibhéil Tagartha de 200 Bq/m3
- Tá sé beartaithe athchóiriú iomlán a dhéanamh ar 5 theach ar tharla damáiste ó thaobh dóiteáin dóibh le bliain anuas.
- Conradh a chur ar aghaidh d'Uasghrádú maidir le hIarfheistiú Domhain Éifeachtúlachta Fuinnimh Mír 2 a chuimsíonn 51 teach i mBéal Átha na Sluaighe, Dún an Uchta, Tíne agus Cill Íomair. Áirítear sna hoibreacha, athsholáthar fuinneoga agus doirse, insliú seachtrach agus insliú teaschaidéil. Is cuid iad na hoibreacha seo de Thionscadal píolótach Iarfheistiú Fuinnimh Lár Tíre.
- Tá soláthar oibreacha oiriúnaithe ar 20 teach faoi Chlár Oibreacha Síntí IWILS/DPGs 2021 faoi réir ag cead maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Clár cothabhála freagartha a sheachadadh ar bhonn tosaíochta taobh istigh de na sriantachtaí de mhaoiniú a bheith ar fáil.
- Bailchríoch a chur ar an suirbhé stoic faoin gClár Cothabhála Pleanáilte.
- Faoin gClár Cothabhála Pleanáilte, dul ar aghaidh le suiteáil na gcóras braite dóiteáin/aláraim dhóiteáin, aláraim aonocsaíde carbóin, pluideanna dóiteáin, deisiúcháin leictreachais agus clárúchán mar atá aitheanta sa suirbhé stoic. Táthar ag súil go gcuirfear conarthaí chun cinn i dtrí chuid eile sa bhliain 2021.
- Faoin gClár Cothabhála atá Beartaithe, tabhairt faoi oibreacha leasacháin ar shimléir i 16 teach ar fud an chontae mar atá aitheanta ag an fhoireann cothabhála.
- Faoin gClár Cothabhála atá Beartaithe, tabhairt faoi oibreacha leasacháin ar dhabhcha séarachais agus ar chórais chóireála fuíolluisce i 20 teach ar fud an chontae mar atá aitheanta ag an fhoireann cothabhála.

**Bainistiú Eastát agus Tionónachta**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Lean an tAonad Tithíochta den obair leis na teaghlaigh leochaileacha d'fhonn cuidiú leo an tionóntacht a choinneáil ar bun. Rinneadh athbhreithniú ar Straitéis Chothabhála Tionóntachta na Comhairle i gcomhar leis an gCoiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta. Ghlac an Chomhairle leis i mí Meán Fómhair 2020.
- Rinneadh athbhreithniú ar an mBeartas Iompraíochta Frithshóisialta, agus tugadh cuireadh do na páirtithe leasmhara aighneachtaí a chur faoi bhráid. Tá an dréacht-bheartas á bhreithniú ag an gCoiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta i dtús mhí na Samhna 2020 agus tá an dréacht comhaontaithe deiridh le cur os comhar na Comhairle lena bhreithniú ó thaobh glacadh leis i ndeireadh mhí na Samhna 2020.
- Lean an tOifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta den obair dhian i limistéir éagsúla ar fud an Chontae. Déantar sin i gcomhar leis na Gardaí agus le geallsealbhóirí cuí eile lena mbaineann, chomh maith le ranna eile de chuid na Comhairle féin.
- Mar chuid de Straitéis na Comhairle maidir le Bainistiú Tionóntachtaí agus Eastáit, áirítear caidreamh/rannpháirtíocht ghníomhach ar bhonn leanúnach leis an bpobal ar an leibhéal áitiúil agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sárú ar chomhaontú tionóntachta a shainaithint go tráthluath. Lean an Chomhairle den chaidreamh leis na Gardaí agus bíonn cruinnithe rialta ag an Aonad chun plé a dhéanamh faoi limistéir lena mbaineann deacrachtaí agus faoi bhealaí inar féidir leis an dá eagraíocht oibriú i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.
- Tá CCTV ag feidhmiú i seacht láithreán ag ionaid éagsúla ar fud an Chontae.
- Déanfar an Straitéis um Iompraíocht Fhrithshóisialta 2018-2020 a leasú le straitéis nua i gcomhar leis an SPC agus páirtithe leasmhara ábhartha chun go bhfeadfaí measúnú a dhéanamh air agus glacadh leis.

**Tograí do 2021:**

- Mar chuid den chur chuige straitéiseach idir-ranna agus idirghníomhaireachtaí, tabharfaidh an tAonad Tithíochta eastáit áirithe chun suntais a ndíreofar orthu maidir le bearta dianbhainistíochta ginearálta i rith na bliana 2021.
- Leanfaidh foireann bainistíochta eastáit de bheith ag cuidiú le tionóntaí i gcothabháil a dtionóntachtaí de réir na Straitéise Cothabhála Tionóntachta.
- Tá athbhreithniú beartaithe ar láithreacha CCTV atá ann cheana féin sa bhliain 2021. Tabharfar faoi ghníomh forfheidhmithe más gá de réir na Straitéise maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta.

## An Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Thug tabhairt isteach na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí Incrimintí in 2016 an deis do Thionóntaí Údaráis Áitiúil cáilithe a dtithe Údaráis Áitiúil a cheannach.

- Tá díolachán 14 teach tugtha chun críche ag an Aonad Tithíochta go dtí seo sa bhliain 2020 faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí. Ba €872,615 luach díolacháin na dtithe seo.

**Tograí do 2021:**

- Comhairle Chontae na Gaillimhe den phróiseáil ar gach iarratas ceannacháin tionónta ar bhealach tráthúil de réir na Scéim Cheannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí 2016.

## Cíosanna Tithíochta

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 agus athruithe ar chúrsaí airgid daoine, tugadh faoi líon mór athbhreithnithe cíosa sa bhliain 2020. Táthar ag dul siar go leanúnach ar na athbhreithnithe seo mar go bhfuil athrú leanúnach ag teacht ar chúrsaí airgid daoine.

**Tograí do 2021:**

- Bhí sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Cíosanna Difreálacha sa bhliain 2020 ach tá cur chun cinn an athbhreithnithe seo curtha siar anois go dtí an bhliain 2021.

**Rialú Capall**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Lean an Chomhairle den phrótacal maidir le Rialú Capall a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána.
- 30 capall san iomlán a bhí gafa faoi Dheireadh Fómhair 2020.
- Tá an Chomhairle i mbun athbhreithnithe i láthair na huaire ar na Fodhlíthe um Rialú Capall do Chontae na Gaillimhe agus táthar ag súil le dréacht a chur faoi bhráid an Choiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta lena bhreithniú i Ráithe 4 den bhliain 2020.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar leis na Gardaí chun dul i ngleic leis an gceist maidir le capaill a théann ar strae nó a thréigtear agus a bhíonn ar fán ar na bóithre poiblí.

**Coistí um Beartas Straitéiseach**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Tháinig an SPC Tithíochta, Cultúir agus Áineasa le chéile 3 huaire in 2020. It is intended to hold one further meeting by year end. Áirítear ar na ceantair atá clúdaithe agus a bhaineann le Tithíocht, an Scéim maidir le Leithdháileadh Tithíochta, an Straitéis Chothabhála Tionóntachta, an Straitéis maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta, Scéim d'Atógáil na hÉireann, na Fodhlíthe um Rialú Capall agus Daoine gan Dídean.

**Tograí do 2021:**

- Sa bhliain 2021, táthar ag súil go ndéanfaidh an Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta iniúchadh ar raon réimsí breise beartais a bhaineann le Tithíocht, lena n-áirítear, na Fodhlíthe um Rialú Capall, an Scéim Cíosanna Difreálacha, Comhaontuithe Tionóntachta agus Tús Áite don Tithíocht.

## AN tAONAD BONNEAGAIR AGUS OIBRÍOCHTAÍ
## Rannóg B Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht

### B01 Príomhbhóithre Náisiúnta – Cothabháil agus Feabhsúchán

### B02 Bóithre Náisiúnta den Dara Grád – Cothabháil agus Feabhsúchán

### B03 Bóithre Réigiúnacha – Cothabháil agus Feabhsúchán

### B04 Bóithre Áitiúla – Cothabháil agus Feabhsúchán

Níl aon fhógra faighte fós faoi dheontais do 2021 ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) ná ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS). Dá bhrí sin, tá na figiúirí atá áirithe sa bhuiséad do 2021 ar aon dul le leithdháileadh deontais 2020. Roinntear leithdháilte deontais bóithre ar fud an Cheantair Bhardasaigh bunaithe ar an KM de bhóthar taobh istigh den cheantar agus ar aon dul leis an gClár Oibreacha Bóthair 3 bliana.

| | Achair Bóthair in aghaidh an MD | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach:** | **Mótarbhealach** | **Náisiúnta Príomha** | **Náisiúnta Dara Grád** | **Réigiúnach** | **Áitiúil** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 31.82 | 2.17 | 29.86 | 86.15 | 555.40 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 16.85 | 0.00 | 30.13 | 218.37 | 1350.98 |
| **Conamara** | 0.00 | 0.00 | 109.60 | 229.40 | 1142.68 |
| **Baile Locha Riach** | 51.26 | 0.00 | 60.34 | 271.68 | 1626.50 |
| **Tuaim** | 14.15 | 20.95 | 61.41 | 94.06 | 937.44 |
| **Iomlán** | **114.08** | **23.12** | **291.34** | **899.66** | **5613.00** |

### B01 – B02 Bóithre Náisiúnta Oibreacha Cothabhála agus Feabhsúcháin

**Bóithre Náisiúnta - Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020**

Cuireadh maoiniú ar fáil i rith na bliana 2020 chun freastal do thabhairt chun cinn agus do thabhairt i gcrích ghné na mBealaí Móra Idiruirbeacha. Oifig Thionscadail na mBóithre Náisiúnta atá i mbun bainistíochta ar na mórthionscadail seo a leanas agus faightear ar ais iomlán an chostais a ghabhann leis an gclár oibre seo ó Bhonneagar Iompair Éireann.

| Bóthar Náisiúnta Uimh. | Réimse Bóthair |
|---|---|
| M6 | Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe |
| N59 | An Clochán go hUachtar Ard |
| N59 | Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn |
| N67 | Baile an Doirín go Cinn Mhara Athailíniú |
| N59 | An Teach Dóite/ Uachtar Ard |
| N84 | Luimneach |
| N17 | Ceathrú an Urláir/Baile an Daighin |
| N63 | Mainistir Chnoc Muaidhe/An tEanach |
| B63 | Athailíniú na Leasa go dtí an Mhainistir |

- Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe – Chuir an Bord Pleanála tús le hÉisteacht ó Bhéal an 18 Feabhra 2020 a stopadh i lár mhí an Mhárta mar gheall ar shrianta Covid 19. Cuireadh tús arís leis an éisteacht an 12 Deireadh Fómhair 2020 le cianrochtain do rannpháirtithe agus tá sé le tabhairt chun críche an 4 Samhain 2020.
- Athailíniú ar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara – Leanadh de na hoibreacha tógála ar Athailíniú Bhóthar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara i rith na bliana 2020 agus tá dul chun cinn maith déanta air.
- Tá cead pleanála tugtha maidir leis an bpíosa bóthair idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard agus rachfar chun cinn leis in dhá chéim. Is é an píosa bóthair idir an Teach Dóite agus Bun an Choill Céim 1. Roghnaíodh conraitheoir tar éis próiseas tairisceana don phíosa bóthair 5km seo agus cuireadh tús le hoibreacha i mí Eanáir 2020. Tá Céim 2 ó Bhun an Choill go dtí An Clár Mór ina ábhar plé agus cumarsáide go fóill leis an NPWS. Tá ráiteas faoi mhodhanna oibre aontaithe leis an NPWS maidir le réamhchonradh fálta idir Bun an Choill agus an Clár Mór. Lorgaíodh tairiscintí d’oibreacha fálaithe don phíosa do Bhun an Choill agus don Chlár Mór agus ainmníodh an tairiscint ab fhearr i Ráithe 1 den bhliain 2020. Tá sé i gceist tús a chur le hoibreacha fálta i R4 2020. Táthar ag leanúint ar aghaidh le talamh a fháil don scéim ina hiomláine – an Teach Dóite agus an Clár Mór.
- Tá Cáipéisí Conartha ullmhaithe maidir le scéim an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Tá talamh á fáil faoi láthair. Cuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana seo ina bhfuil dhá chéim i gceist leis do chonradh na bpríomhoibreacha sa bhliain 2020.
- An N63 Mainistir Chnoc Muaidhe chomh fada le Cnoc an Eanaigh – leanadh ar aghaidh ag déileáil le míreanna maidir le fabhtanna agus Socruithe Talún le linn na bliana 2020.
- An N63 - Scéim Athailínithe an Leasa go dtí an Mhainistir – Cuireadh an Scéim ar aghaidh trí Chéimeanna 2 agus 3 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal an TII.
- Tugadh faoin gclár oibre bliantúil maidir le dromchla agus cothabháil ar na bealaí Náisiúnta i gcomhréir leis an mbuiséad d'Obair Chothabhála a chuir Bonneagar Iompair Éireann in iúl.
- Tugadh faoi chlár oibre iomlán maidir le Pábháil agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2020.

**Bóithre Náisiúnta - Tograí do 2021**

- An N59 – Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn – Tá sé i gceist é seo a chur chun cinn go dtí céim Bronnta an Chonartha agus cuirfear tús le tógáil sa bhliain 2021.
- Athailíniú ar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara – Meastar go dtabharfar na hoibreacha tógála ar Athailíniú ar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara chun críche i Ráithe 2 2021.
- Teach Dóite agus Bun an Choill – Táthar ag súil go dtabharfar oibreacha chun críche den chuid is mó i Ráithe 2 den bhliain 2021.

  Bun an Choill go dtí an Clár Mór – Tabharfar fálú na dtailte chun críche i Ráithe 1 den bhliain 2021. Táthar ag súil go dtabharfar fáil talún chun críche go hiomlán do Scéim an Tí Dhóite go hUachtar Ard le linn na bliana 2021. Cur chun cinn féideartha ráitis modha do ghnéithe eile de phíosa Bhun an Choill go dtí an Clár Mór leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus an IFI, ar nós conarthaí a chur chun cinn d'oibreacha G1 agus suirbhéanna topagrafacha sa bhliain 2021. Táthar ag súil sonraí deartha a chur chun cinn don phíosa atá fanta ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór sa bhliain 2021. Leanfar le cainteanna leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus an IFI maidir le ráitis modha na céime tógála don phíosa atá fanta ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór.
- An N63 - Athailíniú an Leasa go dtí an Mhainistir – Leanfar leis an scéim a chur chun cinn trí Chéimeanna 3 agus 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal an TII.
- N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go hEanach - Leanfar den dul chun cinn le socruithe talún i rith 2021.
- Tabharfar faoin gclár bliantúil maidir le dromchla nua ar bhóithre agus le hobair chothabhála, lena ngabhann gnáthobair chothabhála, obair bhliantúil maidir le dromchla nua, obair chothabhála maidir le haimsir geimhridh, obair chothabhála ar dhroichid agus obair chothabhála ar shoilse le bealaí tráchta, de réir an chiste a chuireann Bonneagar Iompair Éireann ar fáil.
- Anuas air sin, leanfar leis an gclár oibre maidir le Pábháil agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2021.

## B03 – B04 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Oibreacha Cothabhála agus Feabhsúcháin

I 2020 rinneadh an deontas iomlán **€33,778,558** maidir le Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla a bhriseadh síos mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Athchóiriúcháin Feabhsúcháin (RI)** | **€28,944,058** |
| **Oibreacha Athchóiriúcháin Cothabhála (RM)** | **€ 4,834,500** |

Is féidir an leithroinnt deontais a rangú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

| ***Catagóir Deontais*** | Leithroinnt na bliana 2020 |
|---|---|
| **Deontas Athchóiriúcháin Feabhsúcháin** | €16,817,000 |
| **Deontas Cothabhála Athchóiriúcháin** | €2,986,000 |
| **Cothabháil Athchóiriúcháin Forlíontach** | €1,848,500 |
| **Deontas Cothabhála Roghnach** | €5,699,500 |
| **Deontais Feabhsúcháin Shonracha - Clár Athchóiriúcháin Droichead** | €530,000 |
| **Deontais Feabhsúcháin Ísealchostais maidir le cúrsaí Sábháilteachta** | €409,000 |
| **Deontais le haghaidh Deisiúcháin Shonracha** | €750,000 |
| **Bóithre Straitéiseacha, idir Réigiúnach agus Áitiúil** | €1,200,000 |
| **Luasteorainneacha – Eastáit Tithíochta** | €7,875 |
| Oiliúint | €128,000 |
| Obair Dhraenála | €1,397,683 |
| Scéimeanna Rannpháirtíochta Poiblí | €953,000 |
| Iar-Bhóithre Náisiúnta | €1,000,000 |
| PSCI: Tacaíocht Suirbhé | € 52,000 |
| ***FORIOMLÁN*** | €33,778,558 |

### Athchóiriúchán Feabhsúcháin (RI) - Léiriú Gníomhaíochtaí in 2020

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ar mhaoiniú €16,817,000 d'oibreacha atógála bóthair ar bhóithre Neamhnáisiúnta in 2020. Rinneadh soláthar chun €652,558 a aistriú ón leithdháileadh do Chothabháil Athchóiriúcháin Forlíontach chuig deontas Athchóiriúcháin Feabhsúcháin a chiallaigh deontas iomlán de €17,469,558 a bheith á chaitheamh ar athchóiriúcháin bóithre le linn na bliana 2020. Rinneadh an maoiniú seo a leithdháileadh mar a leanas agus rinne sé éascú ar oibreacha feabhsúcháin ag 209 ionad ar fud an Chontae:

| ***Athchóiriúchán Feabhsúchán 2020*** | | |
|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach** | **Líon na nIonad** | **Leithroinnt** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 22 | €1,684,611 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 26 | €4,052,378 |
| **Conamara** | 87 | €3,840,133 |
| **Baile Locha Riach** | 41 | € 5,228,895 |
| **Tuaim** | 33 | €2,663,541 |
| **Iomlán** | **209** | **€17,469,558** |

### Athchóiriúchán Feabhsúcháin (RI) - Tograí do 2021

Cuirfear clár d'oibreacha athchóiriúcháin fheabhsúcháin i dtoll a chéile nuair a gheofar fógra faoin mhaoiniú 2021 agus sonrófar é sin sa Chlár Bóithre 2021.

### Athchóiriúchán Cothabhála (RM) - Léiriú Gníomhaíochtaí in 2020

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ar mhaoiniú €4,834,500 d'Athchóiriúchán Cothabhála (cóiriú dromchla). Rinneadh cinneadh €652,558 a aistriú ón leithdháileadh do Chothabháil Athchóiriúcháin Forlíontach chuig oibreacha feabhsúcháin athchóiriúcháin, agus caitheadh suim iomlán de €4,181,942 ar oibreacha cóirithe dromchla sa bhliain 2020 mar thoradh air sin.  Leithdháileadh é mar seo a leanas agus d'éascaigh sé oibreacha cóirithe dromchla ag 138 ionad ar fud an chontae:

| ***Cothabhála Athchóiriúcháin 2019*** | | |
|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach:** | **Líon na nIonad** | **Leithroinnt** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 12 | €448,238 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 29 | €1,164,965 |
| **Conamara** | 28 | €721,381 |
| **Baile Locha Riach** | 37 | €1,081,651 |
| **Tuaim** | 32 | €765,707 |
| **Iomlán** | **134** | **€4,181,942** |

### Athchóiriúchán Cothabhála (RM) - Tograí do 2021

Cuirfear clár d'oibreacha athchóiriúcháin cothabhála i dtoll a chéile nuair a gheofar fógra faoi mhaoiniú 2021 agus sonrófar é sin sa Chlár Bóithre 2021.

### Scéimeanna Rannphháirtíochta Poiblí

Faoi chiorclán RW08/2019 cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do thionscadal beartaithe faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail 2020/2021. Cuireadh 85 tionscadal ar an iomlán le costas measta de €2.6m faoi bhráid.

Mar chuid de leithdháileadh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla 2020 ceadaigh an Roinn Iompar, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS) maoiniú de €953,000, a chuireann an deis ar fáil le 49 tionscadal ón liosta tosaíochta a chur chun cinn.

Táthar ag súil go gceadófar leithdháileadh maoinithe breise faoi leithdháileadh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla sa bhliain 2021 a thabharfaidh an deis leis na tionscadail atá fanta a chur chun cinn.

### Deisiúcháin ar Bhóithre Treasacha (DG)

Leanadh ar aghaidh leis an infheistíocht i ndeisiúcháin ar Bhóithre Treasacha  Áitiúla in 2020 agus tá leithdháileadh sonrach ón Deontas Lánroghnach (DG) le cur i leataobh do bhóithre den chineál sin. Leithdháileadh €900,000 go sonrach, rud a cheadaigh oibreacha athchóiriúcháin feabhsúcháin a dhéanamh ar 45 bóthar Treasach Áitiúil i gContae na Gaillimhe.

Tá sé i gceist leanúint leis an leithdháileadh ar sciar sonrach den Deontas Lánroghnach i dtreo oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre treasacha. Déanfar clár oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin a thiomsú nuair a fhaightear fógra faoi mhaoiniú 2021.

**Athshlánúcháin agus Deisiú Droichid**

Rinneadh suim iomlán €530,000 de mhaoiniú a leithdháileadh ar 9 ndroichead faoin gClár Athshlánúnchán Droichead sa bhliain 2020 agus táthar ag leanúint le hoibreacha orthu sin agus tá siad le tabhairt chun críche sa bhliain 2021. Tugadh oibreacha chun críche ar na 18 ndroichead seo a leanas, ar dáileadh maoiniú €395,500 orthu ón leithdháileadh do Chothabháil Lánroghnach. Tá conarthaí i bhfeidhm agus táthar ag leanúint le hoibreacha agus tabharfar oibreacha chun críche ar 8 ndroichead eile sa bhliain 2021.

Cheadaigh Ciorclán RW11 de 2020 méadú de 30% ar leithdháileadh 2020 maidir leis an gClár Athshlánúcháin Droichead do 2021. Cuireadh aighneacht chuig DTTS chun na droichid seo a leanas a chur san áireamh sa chlár athshlánúcháin, atá faoi réir chead an DTTS.

**An Clár Athshlánúcháin Droichead atá Molta do 2021**
**Faoi Réir Chead na Roinne*

| *Tosaíocht* | *Uimhir an Bhóthair* | *Ainm agus Suíomh an Droichid* | *Caiteachas atá Beartaithe 2021 € €* |
|---|---|---|---|
| **1** | L-2115 | An Gearradh, Mainistir Chnoc Muaidhe | 50,000 |
| **2** | L-51251 | Bóthar an Dúinín, An Clochán | 30,000 |
| **3** | R462 | Cnoc Labhráis, an Gort | 25,000 |
| **4** | L-8510 | An Bheitheach, an Gort | 50,000 |
| **5** | R347 | An tAgard, Creachmhaoil | 40,000 |
| **6** | R328 | Eadargúil, an Dún Mór | 40,000 |
| **7** | L-6187 | An Choilleach Thuaidh, Mainistir Chnoc Muaidhe | 100,000 |
| **8** | L-852652 | Baile an Gharraí, Cill Chríost | 100,000 |
| **9** | L-85232 | Cnoc Úra, Tobar Pheadair | 40,000 |
| **10** | L-51251 | Baile Crosáin, Port Omna | 25,000 |
| **11** | L-61603 | Doirín, Mainistir Chnoc Muaidhe | 40,000 |
| **12** | L-5351 | Achadh na nIúr, Uachtar Ard | 20,000 |
| **13** | L-3114 | Cloch an Riabháin, Cill Tulach | 30,000 |
| **14** | R328 | Coill an Bhóthair, Cluain Bheirn | 30,000 |
| ***Iomlán*** | | | ***€620,000.00*** |

Tá soláthar déanta taobh istigh den bhuiséad chun €395,000 a chur i leataobh do dheisiúcháin ar dhroichid ón Deontas Lánroghnach do 2021. Tá sé sin ag brath ar an leibhéal maoinithe a bheidh leithdháilte ag DTTS. Beidh na sonraí iomlána faoi na hoibreacha faofa tugtha i gClár Bóithre 2021.

**Deontais Fheabhsúcháin Shonracha (SIG)**

Fuarthas leithdháileadh deontais fheabhsúcháin shonrach, ina raibh iomlán €750,000, do 2 thionscadal in 2020:

- Bóthar Dhoire Fhatharta **MD Chonamara**
- R332 Cill Bheanáin **MD Thuama**

Tá aighneachtaí déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn do mhaoiniú le haghaidh scéimeanna oiriúnacha, lena n-áirítear fuílleach an mhaoinithe chun bailchríoch a chur ar oibreacha atá tosaithe cheana féin in 2019 ar bhóthar an R332 ag Cill Bheanáin. Gheofar fógra ón RITS, i bhFeabhra 2021, faoi na scéimeanna atá le dul ar aghaidh mar aon leis an maoiniú ábhartha a bheidh le fáil.

**Deontais Straitéiseacha do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**

Tá aighneachtaí déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn do mhaoiniú le haghaidh scéimeanna oiriúnacha. Gheofar fógra ón DTTS, i bhFeabhra 2021, faoi na scéimeanna atá le dul ar aghaidh, mar aon leis an maoiniú ábhartha a bheidh le fáil.

**Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla**

Críochnaíodh 30 tionscadal faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil as an leithdháileadh €856,959 do 2020 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD).

Tá sé i gceist an scéim seo a fhógairt in athuair, ag lorg aighneachtaí, i dtús 2021, d'fhonn oibreacha a dhéanamh ag tuilleadh suíomhanna, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil ón DRCD.

**Bóithre Neamhnáisiúnta - Ár nAcmhainní Féin**

Mar thoradh ar an easnamh sa leithdháileadh buiséadach don chothabháil ar bhóithre áitiúla in imeacht ama tá laghdú suntasach tagtha ar an leibhéal cothabhála. Níl dóthain maoinithe déanta ar roinnt gnéithe bunriachtanacha cothabhála lena n-áirítear, bearradh ciumhaise agus athnuachan comharthaí agus marcanna. Faigheann cothabháil bóithre áitiúla maoiniú ó acmhainn na Comhairle féin agus ón Deontas Lánroghnach araon.

Ba ionann an tsuim a cuireadh ar fáil as acmhainní na Comhairle sa bhliain 2020 agus €6,329,586, lena n-áirítear soláthar €1,290,000 maidir le soilse poiblí.

Cuirfear an leithdháileadh ar Bhuiséad na mBóithre Áitiúla 2021 faoi bhráid na Comhairle lena cheadú i gcomhthéacs Chlár na mBóithre 2021. Beidh srian ar an leibhéal roghnaithe a bheidh ag an gComhairle i ndáil le maoiniú a leithroinnt maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i rith na bliana 2021 mar gheall ar na coinníollacha a ghabhann leis an Meamram faoi Dheontais do Bhóithre Réigiúnacha & do Bhóithre Áitiúla a d'eisigh an Roinn Iompair.

## B05 Soilsiú Poiblí

Cuireadh suim de €1,290,000 ar fáil ó chiste na Comhairle féin i mbuiséad na bliana 2020 chun maoiniú a dhéanamh ar an gclár soilsiú poiblí i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear, cothabháil, fuinneamh agus costais uasghrádaithe agus chuir an TII maoiniú de €118,974.00 ar fáil chun costas oibríochta agus cothabhála soilsiú poiblí sa Ghréasán Bóithre Náisiúnta a chlúdach.

Fuarthas maoiniú de €269,000 ón TII trí iarratais rathúil faoin gClár Náisiúnta Iarfheistithe Fuinnimh do Shoilsiú Poiblí ar Bhóithre Náisiúnta agus rinneadh éascú ar iarfheistiú 350 solas poiblí nach raibh éifeachtach ó thaobh fuinnimh ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta, le haonaid LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus rinneadh iarfheistiú ar 388 solas poiblí eile nach raibh éifeachtach ó thaobh fuinnimh le haonaid LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad ó acmhainní na Comhairle féin.

Chun spriocanna reachtúla ó thaobh Éifeachtúlacht Fuinnimh ar bhonn Náisiúnta atá leagtha síos ag an Rialtais Láir a bhaint amach, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta iarfheistiú a dhéanamh ar a cuid soilse poiblí go léir nach raibh éifeachtach ó thaobh fuinnimh le haonaid LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus maidir leis sin tá an Chomhairle tiomanta an tionscadal seo a sheachadadh mar chuid den Tionscadal Náisiúnta do Shoilsiú Poiblí atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh. Tá an tionscadal seo á chur chun cinn ar bhonn réigiúnach agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de na 10 nÚdarás Áitiúil atá rannpháirteach laistigh de Réigiún an Iarthuaiscirt le Comhairle Chontae Mhaigh Eo mar údarás stiúrtha don réigiún. Tá na comhaontuithe go léir atá riachtanach i bhfeidhm chun a bheith rannpháirteach sa tionscadal agus táthar ag súil go rachaidh an Conradh do Réigiún an Iarthuaiscirt amach ar tairiscint sa bhliain 2021.

## B06 Bainistíocht Tráchta

**B0601 - Bainistíocht Tráchta**

Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana 2020 maidir le huasghrádú a dhéanamh ar bhainistíocht bogearraí an chórais intí. Táthar ag leanúint le tástáil agus an tuarascáil seo dá scríobh agus tá feidhmiú iomlán beartaithe faoin mbliain 2021.

Pleananna um Bainistiú Tráchta

Mar gheall ar shrianta airgeadais, ní mór coigilteas a dhéanamh sa bhuiséad agus mar thoradh air sin níl aon soláthar do phleananna bainistíochta tráchta i mbuiséad 2021.

**B0603 – Beartais Feabhsúcháin Tráchta**

Tá suim €40,000, gan costais seirbhíse tacaíochta a chur san áireamh, curtha ar fáil sa bhuiséad chun Tionscnaimh Taisteal Níos Cliste agus 'Seachtain na Rothaíochta' a chur chun cinn i gContae na Gaillimhe.

## B07 Feabhsúchán ar Innealtóireacht Sábháilteachta ar Bhóithre

**B0701 – Beartas Leigheasachán ar Chostas Íseal**

Maidir leis na ceannteidil B01 – B04, níl aon fhógra faighte ag an gComhairle go fóill faoin leibhéal deontais a bheidh ar fáil d'oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal. Cheadaigh leithdháileadh €409,000 ó DTTS in 2020 oibreacha a dhéanamh in ionaid éagsúla ar fud an Chontae. Tá soláthar déanta do €500,000, gan costais seirbhíse tacaíochta a chur san áireamh, faoi oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal. Braithfidh leibhéal na n-oibreacha a dhéanfar sa réimse seo ar an méid de dheontas maoinithe a chuirfidh TII/DTTS ar fáil.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe aighneacht de réir Chiorclán RW12 de 2020 ag imlíniú togra do 2021 in ord tosaíochta mar atá leagtha amach thíos ar chostas iomlán measta €500,000 atá faoi réir cheadú an DTTS.

| LA Céim | Uimhir an Bhóthair | Cur síos ar Láthair na nOibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | Cur síos ar an Scéim atá Beartaithe | Costas € |
|---|---|---|---|---|
| | | **Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta 2020:** **Faoi réir cead maoinithe ón Roinn* | | |
| **1** | L-1320 | Maigh Cuilinn | Trasrian Síogach & Moilliú Tráchta le Suiteáil | €50,000 |
| **2** | L-4102 | Acomhal an N18 agus L4102 | Colbha PCC nua, 200m de chosán coisithe coincréite, draenáil agus marcanna bóthair le suiteáil | €40,000 |
| **3** | R347 | Sráid an Droichid, Baile Átha an Rí | Trasrian coisithe rialaithe a shuiteáil | €50,000 |
| **4** | L-3412/R446 | Acomhal Cahar Cross | Comharthaí rabhadh tosaigh agus marcanna bóthair ar na bóithre isteach chuig an acomhal a sholáthar | €10,000 |
| **5** | L-2116 | Infheictheacht Acomhal | Athghrádánú a dhéanamh ar an acomhal agus slánachar | €15,000 |
| **6** | R333 | Athailíniú casadh ar an R333 ag Caisleán an Haicéadaigh | Fáil réidh le crainn agus le ciumhais le línte radhairc a fheabhsú | €15,000 |
| **7** | R360/L-6520 | An Baile Rua, Baile Liam | Léiriú a dhéanamh ar an gcasadh contúirteach leis an acomhal trí mhúnláil, comharthaíocht agus líneáil a shuiteáil srl | €30,000 |
| **8** | L-2129 | Tóin an Gharráin | Fáil réidh leis an mballa cloch, crainn agus fásra atá ar an dá thaobh den acomhal agus fálú agus cuaille Eir a chur ar ais | €25,000 |
| **9** | R446 | Sráidbhaile Chill Rícill | Fáil réidh leis an gcuaille adhmaid agus leis an bhfál iarnróid a bhfuil drochbhail air, athchóiriú ar fhál le teorainn thaobh an bhóthair ag uasairde de 800mm os cionn leibhéal an bhóthair atá taobh leis. | €40,000 |
| **10** | L-5102 | Leitir Eitreann | Bacainn Sábhála | €50,000 |
| **11** | L1320-124 | 90° Casadh sa Bhóthar (Cooneys) | Comharthaí aiseolais tiománaithe | €10,000 |
| **12** | L-3402/L-7122 | Ballymacreg | Brú siar an balla atá ag an acomhal cheana féin chun línte radhairc a fheabhsú | €15,000 |
| **13** | R347 | Sráidbhaile Ard Raithin | Beartaithe síneadh a chur leis an gcosán coisithe atá ann go dtí thart ar 150m | €40,000 |
| **14** | L-7415 | An Eaglais | Cur le leithead an bóthar i 2 láthair chun fáil réidh le pointí fáiscthe | €20,000 |
| **15** | R332 | Infheictheacht Acomhail | Feabhsúcháin ar leagan amach an acomhail agus ar línte radhairc | €30,000 |
| **16** | R360/L-2201 | Kilnalag Cross, Baile Liam | Léiriú crosbhóithre, comharthaíocht roimh ré, líneáil agus dromchla frithsciorrach srl | €30,000 |
| **17** | R360 | Línte Radhairc – an Churraigh Thiar | Brú siar fál agus ciumhais | €30,000 |
| | | | | **€500,000** |

**B0702 – Feabhsúcháin Innealtóireachta Eile**

Tá soláthar déanta sa bhuiséad chun athsholáthar a dhéanamh ar chomharthaíocht an teorainn luais faoi B0702.

Tá beartaithe leanúint i rith na bliana 2020 leis an gclár oibre maidir le comharthaí CRIOS MALL a chur suas i ndáil le teorainneacha luais in eastáit tithíochta, ag brath ar an Roinn Iompair airgead a chur ar fáil chuige.

Leanfaidh an tAonad de Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm maidir le hOibreacha Bóthair i gcomhar leis na Gardaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, de réir mar is gá d'fhonn freastal do chláir oibre éagsúla na Comhairle a thabhairt i gcrích.

## B08 Cur Chun Cinn agus Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre

Tá roinnt costas tabhaithe faoin gceannteideal seo lena n-áirítear Scéim na Maor Scoile Sóisearach, feachtais bholscaireachta lena n-áirítear an tSeachtain Sábháilteachta ar Bhóithre, Seachtain Réthaistil na hEorpa, an cúrsa Drive for Life, Traenáil Rothaíochta don Scoil Náisiúnta agus feasacht faoi chúinsí sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal i gcoitinne agus an bhéim ar úsáideoirí leochaileacha bóithre.

Tá Coiste Sábháilteachta ar Bhóithre le Chéile Chomhairle Chontae na Gaillimhe comhdhéanta d'ionadaithe ón gComhairle Contae, Comhairle Chathair na Gaillimhe, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána, Bonneagar Iompair Éireann, agus An Taisce. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus le chéile scrúdaíonn siad na roghanna atá ar fáil chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre do choisithe, tiománaithe agus úsáideoirí bóithre i gcoitinne.

## B09 Páirceáil do Charranna

Tá costais seirbhísí tacaíochta san áireamh i soláthar buiséid faoi B09, d'oibríocht agus cothabháil ar shaoráidí páirceála Sráide (6 ionad) agus Eas-sráide (6 ionad) araon atá ar fáil ar fud an Chontae, mar aon le costais d'fhorfheidhmiú na páirceála.

## B10 Tacaíocht do Clár Caipitil na mBóithre

As an mbuiséad ioncaim a thagann na costais riaracháin (i.e. costais indíreacha) maidir leis an tacaíocht do Chlár Caipitiúil na mBóithre. Áiríonn an buiséad sin na costais foirne a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don chlár, mar aon le sciar de chostais na seirbhísí tacaíochta.

## B11 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí is Féidir a Fhorchúiteamh

Tá cead ag an gComhairle ráta forchostais aontaithe a ghearradh ar na jabanna go léir a dhéanann a foireann. Íocann an t-ioncam a fhaightear as an muirear forchostais as costais pá saoire, pá breoiteachta agus costais árachais. Déantar gach iarratas ar cheadúnas chun an bóthar poiblí a oscailt a lóisteáil tríd an gcóras náisiúnta MRL atá a bhainistiú ag an Oifig Bainistithe Bóithre. Próiseálann rannóg bóithre na Comhairle na ceadúnais do Chontae na Gaillimhe agus as an gcóras MRL, agus cuireann sí coinníollacha agus táillí leis an gceadúnas. Tugtar cuntas ar an ioncam as Ceadúnais Oscailte Bóithre agus oibreacha a dhéantar do chomhlachtaí eile taobh istigh den cheannteideal buiséid seo.

### D07 Eastáit Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe

Bhí tionchar ag Covid 19 agus ag athruithe foirne laistigh den rannán Glacadh ar Láimh ar líon eastát a bhí le Glacadh ar Láimh agus/nó d'Fhuascailt Bannaí sa bhliain 2020. Go dtí seo, tá 2 eastát glactha ar láimh, agus 4 eastát breise tugtha go caighdeán glactha ar láimh d'Fhuascailt Bannaí.

Faoi láthair, tá an Chomhairle ag plé le breis agus 50 forbairt ag céimeanna éagsúla sa phróiseas Glacadh ar Láimh. Is féidir le Forbróir(í) an obair a dhéanamh ar na heastáit seo d'Fhuascailt Bannaí/Glacadh ar Láimh, nó is féidir leis an Rannóg Glacadh ar Láimh a dhéanamh tar éis airgead bannaí a fháil.

Bíonn an Rannóg Glacadh ar Láimh i dteagmháil go gníomhach le Sealbhóirí Bannaí chun airgead a scaoileadh le bailchríoch a chur ar oibreacha ar eastáit agus le Forbróirí agus/nó páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcríochnófar na heastáit ar an caighdeán ceart ar mhaithe le cách, na cónaitheoirí ach go háirithe.

Faightear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Rannóg Glacadh ar Láimh trí Bhannaí atá sannta go sonrach d'fhorbairtí agus/nó maoiniú a fhaightear trí Réiteach Suímh le hUisce Éireann.

Rialaíonn an maoiniú atá ar fáil dul chun cinn na n-oibreacha ar eastáit, an comhpháirteachas le tríú páirtithe agus castacht na hoibre a bhíonn i gceist ina bhféadfadh comhaontuithe do chead slí a bheith i gceist.

As seo go dtí deireadh na bliana agus amach sa bhliain 2021, leanfaidh an rannóg Glacadh ar Láimh de bheith ag measúnú agus ag próiseáil iarratas ar ghlacadh ar láimh. Ag cur san áireamh na n-acmhainní atá ar fáil, déanfar gach iarracht a chinntiú go gcríochnófar forbairtí de réir an chead pleanála a tugadh agus ar an gcaighdeán atá dlite don ghlacadh ar láimh.

Fuair an rannán Glacadh ar Láimh, tar éis aighneachta, fógra maidir le maoiniú do dhá eastát faoi Chreataí an Chláir Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir Ilbhliantúil 2019-2021. Déanfar teagmháil leis na páirtithe ábhartha agus le hUisce Éireann chun obair ar cheangal na n-eastát leis an gcóras poiblí a chur chun cinn agus le díchoimisiúnú a dhéanamh ar an ngléasra do chóireáil fuíolluisce príobháideach ar na heastáit sin.

Sa chás go n-aithnítear saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfear na Ranna ábhartha ar an eolas chun tús a chur leis na nósanna imeachta cuí.

### F06 Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí is Féidir a Fhorchúiteamh

**An Scéim Fostaíochta Pobail**

I rith 2020, lean 5 Scéim Fostaíochta Pobail ar aghaidh ag obair. Bhain sráidbhailte agus bailte buntáiste as oibreacha mar cothabháil sráidbhailte; tírdhreachtú; gearradh féir agus tógáil ballaí cloiche. Mar seo a leanas atá na Scéimeanna CE: An Clochán/Cloch na Ron; Maigh Cuilinn/Uachtar Ard; an Gort agus an Ceantar Máguaird; an Baile Mór/an Mhainistir agus Tuaim agus an Ceantar Máguaird. Leanfar leis na 5 Scéim Fostaíochta Pobail a oibriú agus cuirfear oibreacha ar nós cothabháil sráidbhaile; tídhreachú; gearradh féir agus tógáil ballaí cloch ar fáil.

## G01 Costais Draenála Talún

### G0101 Cothabháil ar Cheantair Draenála Talún

Draenáil Artaireach

Rinne an Chomhairle de réir na ndualgas a leagtar uirthi faoin reachtaíocht i ndáil le hobair chothabhála a dhéanamh ar chórais draenála sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus Oifigí Cheantair Bhardasacha na Comhairle. Tá dhá Cheantar Draenála déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar Draenála i gContae na Gaillimhe a leanann isteach i réimsí Chomhairle Chontae Ros Comáin agus Chomhairle Chontae an Chláir. Is €175,000 an soláthar buiséid don obair seo sa bhliain 2021.

Oibreacha agus Staidéir chun Tuilte a Laghdú

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2020 d'fhonn oibreacha, a mhaolódh an baol ó thuilte san am atá romhainn, a shonrú agus a chur chun cinn. Tugadh oibreacha chun críche ag 12 láthair faoi scéim na mionoibreacha le linn na bliana 2020, agus tá 18 iarratas eile á mbreithniú ag an OPW i láthair na huaire do thionscadail go dtí an bhliain 2021.

Ar na tograí do 2021 tá críochnú oibreacha atá idir lámha ar gach miontionscadal laghdaithe tuilte atá ar siúl faoi láthair agus Comhairle Chontae na Gaillimhe le dul i gcomhairle leis an OPW faoi mhionscéimeanna oibre atáthar a mheas don todhchaí d'fhonn maoiniú a fháil do na scéimeanna sin.

Tá soláthar €450,000 déanta faoin gceannteideal seo chun na hoibreacha sin a dhéanamh.

Tá deontas de €40,500 curtha ar fáil go sealadach ag an OPW chun soláthar a dhéanamh do gheataí tuile i gCinn Mhara, faoi réir ag téarmaí agus coinníollacha a chomhaontú leis an gcoiste áitiúil. Ba chóir go mbeadh an tionscadal seo críochnaithe i Ráithe 2 den bhliain 2021.

Cosaint an Chósta

Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe oibreacha chun críche i 2 láthair, agus an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht leis an OPW le linn na bliana 2020. Ceadaíodh maoiniú de €200,000 freisin d'oibreacha ag Reilig an Líonáin agus ar Theach an tSagairt a bheidh tugtha chun críche sa bhliain 2021.

## G02 Oibriú agus Cothabháil Céibheanna agus Calafoirt

**G0201 - G0203 – Oibriú Céibheanna agus Calafoirt**

Cuireadh leithdháileadh €150,000 ar fáil ó acmhainní na Comhairle féin in 2020 don chlár leanúnach cothabhála mara i dtaca le tuairim is 100 caladh i gContae na Gaillimhe atá aitheanta mar áiteanna atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá obair de chineálacha éagsúla i gceist, deisiúcháin sábháilteachta ar chéimeanna agus ráillí rochtana chomh maith le hobair dheisiúcháin ar fhánáin. Áirítear ann freisin, fáil réidh le fás algaí ar chéanna i gContae na Gaillimhe de réir mar a cheadaíonn an buiséad.

Áireofar ar chéanna a dtabharfar oibreacha feabhsúcháin chun críche orthu sa bhliain 2020, Rinn Mhíl, Inis Oírr, Inis Bó Finne agus Baile na hAbhann. Tugadh faoi dheisiúcháin, de réir an chláir cothabhála agus deisiúcháin ar shoilse loingseoireachta, lena n-áirítear, Bearna, Inis Mór, Inis Oírr, Inis Meán agus Inis Bó Finne. Tá síolta agus bacainní eile tógtha amach as áiteanna in aice leis na fánáin ag an Spidéal agus Rinn Mhíl.

Tá forbairt a dhéanamh ar chóras cothabhála i láthair na huaire óna dteastóidh maoiniú breise cothabhála lena chur i bhfeidhm sa bhliain 2022. Tá an t-ardú seo de €58,000 mar an chéad chéim réalaíoch ó thaobh na haidhme, sé sin buiséad nach bhfuil chomh sriantach sin a sholáthar.

Tá thart ar 60 múráil do chuairteoirí lonnaithe i limistéir éagsúla ar nós Chill Rónáin, an Caoláire Rua, Cuan an Chlocháin, Sruthán, Cloch na Rón, Cill Chiaráin agus an Máimín agus caitear slabhraí agus seaicil a athrú iontu gach 2 bhliain. Tugadh faoi chothabháil ar thart ar 34 poll feistithe i mbliana. Tá soláthar €20,000 do 2021 déanta freisin faoi gceannteideal seo chun leanúint den chothabháil ar mhúráilte luamh.

Cuireadh buiséad de €200,000 ar fáil sa bhliain 2020 chun Cothabháil a dhéanamh ar Chalafort Chill Rónáin. Bhí sé seo ag teastáil do chothabháil leanúnach an chalafoirt agus chun táillí dlí a íoc maidir leis an Fhoirgneamh Trádstórais atá ar an gcé.

Beidh an buiséad seo de €200,000 ag teastáil arís sa bhliain 2021 chun cothabháil a dhéanamh ar Chalafort Chill Rónáin chun míreanna leanúnacha ar nós pá, mionoibreacha, srl a íoc agus an t-iarmhéid leis na táillí dlí agus oibreacha ar an Fhoirgneamh Trádstórais ar an gcé a chlúdach. Beidh sé riachtanach freisin aon torthaí ó thaobh córas sábháilteachta an phlean oibríochta ar an gcé a chur i bhfeidhm.

**Seirbhísí Uisce**

**Clár Infheistíochta Caipitil**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Ón 1ú Eanáir 2014, tá an Clár Caipitiúil á chur i bhfeidhm ag an gComhairle mar ghníomhaire d'Uisce Éireann. Is é Uisce Éireann a dhéanann cinntí maidir le hinfheistíocht agus tráthúlacht infheistíochta agus déantar amhlaidh ar bhonn cásanna gnó agus bíonn gá le ceadú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh ina leith. Tá Clár Infheistíochta Caipitiúla Uisce Éireann ann anois in ionad an Chláir Infheistíochta maidir le Seirbhísí Uisce a bhí ann tráth. Sa bhliain 2020, faoin gClár Bonneagair, leanadh leis an obair ar shíneadh a chur ar Sholáthar Uisce Réigiúnach Thuama chomh fada le Baile Locha Riach a bheidh tugtha chun críche den chuid is mó faoi dheireadh na bliana.
  Leanadh leis an bpleanáil agus leis an dearadh ar thionscadal Líonra na Scéime Séarachais agus le tionscadail fearais cóireála fuíolluisce do Chloch na Rón, an Cheathrú Rua, an Spidéal, Áth Eascrach, Béal Átha Ghártha agus an Creagán. Eiseofar conarthaí don mhargadh d'fhearais chóireála fuíolluisce don Spidéal agus d'Áth Eascrach roimh dheireadh na bliana.

**Tograí do 2021:**

- Faoi láthair, tá an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) ag déanamh measúnú ar chaiteachas Uisce Éireann mar chuid de Rialáil Ioncaim Uisce Éireann 3 (2020 – 2024). Tabharfaidh toradh an phróisis sin treoir do na leibhéil chaiteachais d'Uisce Éireann in Opex agus Capex araon. Tá a Phlean Infheistíochta Caipitil foilsithe ag Uisce Éireann don tréimhse seo chun go ndéanfaidh an CRU measúnú air agus tá cuid den infheistíocht phleanáilte leagtha amach ina dhiaidh seo. In 2021, faoin gClár Bonneagair, tá sé i gceist go gcuirfear tús leis an obair chun WWTPanna nua a thógáil ar an Spidéal agus in Áth Eascrach. Leanfar le pleanáil agus dearadh ar na fearais chóireála fuíolluisce i gCloch na Rón agus sa Cheathrú Rua.
  Cuirfear an dul chun cinn ar thionscadail fhearais cóireála fuíolluisce don Chreagán agus do Bhéal Átha Ghártha ar aghaidh anois go dtí Clár Infheistíochta 2025-2029. Cuirfear chun cinn uasghrádú an líonra séarachais do Bhaile Átha an Rí, ag súil go gcuirfear tús le tógáil go luath sa bhliain 2022.

**Bainistiú agus cothabháil Scéimeanna Uisce agus Dramhuisce**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Leanadh leis an gComhaontú Seirbhíse (SLA) idir an Chomhairle agus Uisce Éireann a fheidhmiú sa bhliain 2020. Faoin SLA, leanann an Chomhairle de na scéimeanna uisce agus dramhuisce a oibriú mar ghníomhaire d'Uisce Éireann faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chomhaontú agus sa phlean seirbhíse bliantúil. Tá Uisce Éireann ag feidhmiú anois laistigh de thimpeallacht rialaithe faoin gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus mar thoradh ar an tionchar praiticiúil atá aige sin, tá i bhfad níos mó béime á chur ar ghníomhaíochtaí a thuairisciú agus ar fheidhmíocht a thomhas, bunaithe ar an tuairisciú sin. Glacadh le cleachtais nua agus le teicneolaíocht nua mar thoradh air sin, tá níos mó ama agus acmhainní á gcaitheamh freisin ar shonraí a bhailiú laistigh de thimpeallacht nach bhfuil aon athrú ar na hacmhainní atá ar fáil chun tabhairt faoina dualgais bhreise seo. Leantar de bhéim a leagan ar Shláinte agus ar Shábháilteacht agus ar chomhlíonadh ó thaobh caighdeán de. Tá feidhmiú teicneolaíochta agus próisis nua dúshlánach i dtimpeallacht rialaithe, áit a n-éilítear éifeachtúlachtaí seasmhacha ó thaobh acmhainní a ionchur agus ardú ag teacht ar an éileamh ar aschur agus ar chaighdeáin ag an am céanna.
-

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an Chomhairle den Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse a oibriú agus gníomhóidh sí de réir na bparaiméadar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Bliantúil laistigh de na hacmhainní atá ar fáil di. Ceaptar go mbeidh tuilleadh tionscnamh athrúcháin á gcur i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, go ndéanfar dul chun cinn maidir le Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce (WIOF) ar tríd is ceart go mbeidh soiléiriú ar fáil faoin mbealach chun cinn don tionscal ina iomláine. Tá sé soiléir, mar sin féin, go bhfuil sé mar aidhm ag Uisce Éireann go mbeidh aon samhail fóntais phoiblí aonair amháin ann agus go gcuirfear deireadh leis an SLA chomh luath agus is féidir agus táthar ag súil go gcuirfear dlús le cainteanna maidir leis sin sa bhliain 2021.

**Caomhnú Uisce**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Leanadh le hoibreacha laghdaithe maidir le sceitheadh uisce ar fud an chontae faoi sceitheadh a bhí beartaithe agus frithghníomhach i gcomhar le Clár an Líonra Uisce (WNP). Tugadh faoina hoibreacha trí shaothar díreach, criúnna an Údaráis Áitiúil agus criúnna conraitheoirí ag obair ar fud gníomhaíochtaí difriúla an WNP.

Áirítear orthu sin iad seo a leanas: Aimsiú agus Deisiú, Athsholáthar Luaidhe, Bunú DMA, Bainistíocht Brú Méadraithe, Athshlánú Príomhlíonra agus an Chéad Chéim ó thaobh Deisithe. Go dáta tá 26.5km d'athshlánú príomhlíonra tugtha chun críche i gceantair ina bhfuil go leor uisce ag sceitheadh agus cheantar ina raibh saincheist le caighdeán an uisce. Áiríodh ar na hoibreacha, píblíne agus ceangail a fheistiú agus boscaí méadar teorann a shuiteáil ag gach ceangal.

Sa bhreis air sin, rinneadh coimisiúnú ar 26 Comhla Bhrúlaghdaithe (PRVanna) ar fud an chontae (tá rialtóirí lá oíche ar chuid acu) agus tá siad sin ag feidhmiú anois agus ag cur spáráil mhór ar fáil ó thaobh uisce. Leantar ag díriú ar ligean Custaiméara faoi Chlár an Chéad Dheisiú.

**Tograí do 2021:**

Leanfar leis an laghdú ar uisce gan tásc ar fud an chontae a chur chun cinn agus acmhainní á ndíriú ar thaobhsceitheadh poiblí agus príobháideach sa líonra. Tá ceantair bhreise roghnaithe d'athshlánú agus tá siad ag fanacht lena gceadú. Leanfar le hoibreacha ar mhéadrú agus ar bhrú a laghdú a chur chun cinn i gcomhar le sceitheadh a laghdú.

| **An Clár Uisce Tuaithe** |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gClár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe (2019 -2021) ach níl an oiread sin fuinneamh sa chlár i láthair na huaire mar gheall ar phaindéim Covid 19 agus bhí sé deacair dul chun cinn a bhaint amach mar gheall air sin agus bhí acmhainní foirne in Uisce Tuaithe níos ísle mar ba cheart ar feadh na bliana go dtí seo. Tá súil ag an gComhairle treallús a chur faoi seo sa bhliain 2021 agus a chinntiú go dtéann na tionscadail go léir chomh fada leis an gcéim thógála ar a laghad. De réir treo beartais na Roinne, thiomáin an bhéim mar is iondúil ar aithint agus ar fheidhmiú na roghanna is indéanta agus is inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, le huisce óil oiriúnach a chinntiú, an cur chuige mar aon le liosta an RAL atá foilsithe ag an Roinn. Lean an Chomhairle ag cuidiú le scéimeanna ina cuid oibríochtaí ó lá go lá tríd an scéim Fóirdheontais ceadaithe a fheidhmiú agus íocadh airgead suntasach amach.

**Tograí do 2021:**

Mar a luaitear thuas, táthar ag súil cur le hacmhainní breise foirne sa bhliain 2021 agus ugach a thabhairt lena chinntiú go mbaintear amach cuspóirí an Chláir Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe (MARWP) 2019 go 2021.

# AN tAONAD AIRGEADAIS AGUS ICT

## Airgead

**Luach ar Airgead, Seirbhísí Comhroinnte agus Soláthar Poiblí:**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Baineann Comhairle Chontae na Gaillimhe úsáid as an ardán soláthair atá á chur ar fáil ag Ionad Soláthair Oibríochta an Rialtais Áitiúil (LGOPC) maidir le hearraí, oibreacha agus seirbhísí a sholáthar ó sholáthróirí (lena n-áirítear, conraitheoirí agus soláthróirí seirbhíse). Tá forbairt déanta ag Ionad Soláthair Oibríochta an Rialtais Áitiúil (LGOPC) ar an láithreán gréasáin www.supplygov.ie leis an bpróiseas soláthair a dhéanamh níos éifeachtaí. Feidhmítear dhá mhodúl ar an láithreán gréasáin le hearraí, oibreacha agus seirbhísí a sholáthar trí Iarratais ar Thairiscintí (RFTanna) agus Iarratais ar Mheastacháin (RFQanna). Chruthaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe 148 Iarratas ar Thairiscint (RFT) agus 39 Iarratas ar Mheastachán (RFQ) ar www.supplygov.ie. le linn na bliana 2020.

- Is é www.etenders.gov.ie an t-ardán tairisceana leictreonach atá á riaradh ag an Oifig um Sholáthair an Rialtais. Is saoráid lárnach atá san ardán seo do gach údarás conraitheoireachta de chuid na hearnála poiblí le fógraíocht a dhéanamh ar dheiseanna soláthair agus le fógraí a bhronnadh. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe próiseáil ar 33 tairiscint ar an ardán seo go dtí seo i mbliana.

- Cártaí Ceannaithe: Baineann an Chomhairle úsáid as Lighthouse Portal (Ascendas) le próiseáil a dhéanamh ar idirbhearta chuig Agresso agus tá 187 cárta gníomhach ann i láthair na huaire agus caiteachas de €1,077,897 agus tá próiseáil déanta ag an gComhairle ar 6,936 idirbheart go dtí seo.

- Cártaí Dochair Breosla: Tá 234 cárta gníomhach breosla ag an gComhairle i láthair na huaire le caiteachas de €459,993 sa bhliain 2020.

- Déanfaidh an tOifigeach Soláthair monatóireacht ar chomhlíonadh foréileamh trí chóid táirge do cheadú soláthair tar éis dóibh a bheith éilithe a chasadh air agus úsáid á bhaint as an uirlis seiceála soláthair in MS4 Agresso. Leanfaidh líon na gcód táirge atá á gcasadh air lena seiceáil ag méadú de réir mar réir mar a théann an ról maidir le comhlíonadh i méid.

- Tá an chéad chuid de leathadh amach an Chórais Rianaithe Caiteachais tugtha chun críche in am agus i gcomhar leis an LGMA.

- Tá an láithreán gréasáin tugtha cothrom le dáta le tuilleadh faisnéise a thabhairt san áireamh do sholáthróirí le cur ar chumas gnólachta naisc a rochtain le gníomhaireachtaí soláthair náisiúnta.
- Tá forbairt déanta ar Phlean Soláthair Corparáideach 2020 -2022, tá an plean ceadaithe agus foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle.

**Tograí do 2021*:***

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar úsáid ardáin www.supplygov.ie agus www.etenders.gov.ie ar fud na heagraíochta trí;
  - chur le feasacht ar sholáthar agus trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna,
  - úsáid a bhaint as na creataí atá cruthaithe ag an LGOPC agus an OGP ar fud na heagraíochta,
  - Monatóireacht a dhéanamh ar www.etenders.gov.ie aguswww.supplygov.ie lena chinntiú go dtugtar próisis chomórtais chun críche ag teacht le Treoracha agus le Treoirlínte AE.
  - anailís a dhéanamh ar phróifíl caiteachais 2020 le súil le tionscnaimh ionchasacha sábhála costais a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint ag teacht le Creataí agus Conarthaí LGOGP agus OGP.
  - dul i dteagmháil leis an LGOPC agus leis an OGP agus a chinntiú go bhfuil gach Ciorclán agus Treoir á scaipeadh agus á gcur i bhfeidhm.
- Cur le próifíl soláthair trí láithreán gréasáin na Comhairle agus trí oiliúint.
- Rochtain níos fearr ar rannpháirtíocht Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME) i soláthar maidir le Ciorclán 10/14 a spreagadh
- Mionsonraí maidir leis na creataí agus conarthaí náisiúnta nua a thiomsú ar an gCóras Bainistithe Conarthaí agus Córas Logála/Monatóireachta Conarthaí atá níos simplí a thabhairt isteach.
- Leanúint de Chóras Anailíse ar Shonraí Caiteachais a chur chun feidhme agus feidhm an tSoláthair a leathnú trí Agresso MS4.
- Soláthar Glas a chur i bhfeidhm mar chritéir i ndoiciméid tairisceana nuair is féidir.
- Leanúint le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras Cárta Ceannaigh.

| **Urscaoileadh Íocaíochtaí** |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020*:***

- Leanadh le modhanna/uasghrádaithe íocaíochtaí leictreonacha a chur i bhfeidhm le comhlíonadh Ríomh-Sonrascú a chinntiú De réir na tástála deiridh tá LGMA & AP críochnaithe anois chun glacadh le ríomhShonrasc
- Rinneadh athbhreithniú agus leanadh le feidhmiú sárchleachtas laistigh d'fheidhmeanna Cuntais Iníoctha & Párolla araon le feabhas leanúnach
- Leanadh le cur i bhfeidhm na dTreoracha a bhí eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim
- A chinntiú go gcomhlíonann feidhm na gCuntas ceanglais BPI.

**Tograí do 2021:**

- Tá comhoibriú le feidhmiú beo ríomhShonrascú do phríomhsholáthróirí mar atá aitheanta ag an LGMA.
- Feidhmiú leanúnach tionscnaimh leictreonacha ar nós ríomh-Imréiteach Cánach
- Leanúint le ceanglais párolla "Fíor-ama" ; ePSWT a chomhlíonadh nuair a dhéantar iad a leathadh amach**.**

**Córais Bhainistíochta Airgeadais**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Éifeachtúlachtaí breise bainte amach i ndáil le: Córas buiséad a dhréachtú (Buiséadú / Réamhaisnéis / Tuairisciú) agus rannpháirtíocht iomlán le soláthróir bogearraí maidir le feidhmiúlacht mhéadaithe.
- Éifeachtúlachtaí breise bainte amach maidir le: córas éileamh ar thaisteal agus cothabháil agus laghdú déanta ar chórais éilimh/fóntais atá mall + smacht ar riaráistí.
- Nótaí beartais a forbraíodh do Chuntais Iníoctha lena n-áirítear ráitis soláthraithe/ cosc ar chalaois.

**Tograí do 2021:**

- Athbhreithniú leanúnach ar nós imeachta/sárchleachtas don fheidhm iníoctha Cuntais iomlán agus na doiciméid ghaolmhara.
- Fiosrú a dhéanamh ar mhodhanna feabhsaithe/malartacha uathoibríocha chun gnéithe de thimthriall BUISÉID a bhaint amach. Athbhreithniú feabhsúcháin ar Mhodúil Bhuiséadacha CCAS agus cur chun fheidhme iomlán feidhmiúlachta lena n-áirítear Buiséadú le haghaidh Pinsean.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shaineolas Cánach laistigh den Aonad Airgeadais agus feabhas a chur ar scileanna ó thaobh bearnaí eolais agus saineolais.

**Bailiú Ioncaim**

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Athbhreithniú leanúnach na feidhme bailithe Ioncaim – lena chinntiú go bhfuil sárchleachtas a bhaint amach agus go n-ionchorpraítear go héifeachtúil aon sruth nua ioncaim eile.
- Úsáid leanúnach córas ASCENDAS i ndáil le bainistiú sruthanna ioncaim mar rátaí, cíosanna agus tobhaigh forbartha.
- Úsáid leanúnach phróiseas MARPS i ndáil le iasachtaí tithíochta.
- Úsáid a bhaint as córas Rabhadh Tionóntachta de réir mar is gá faoi théarmaí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.
- Billpay, Buiséad Teaghlaigh, EFT, saoráid íocaíochta ar líne, srl., le héascaíocht a dhéanamh do chustaiméirí.

- Cúnamh leanúnach a chur ar fáil don Oifig Luachála i ndáil le REVAL 2021 - a dhéanfaidh soláthar d'athluacháil iomlán ar an réadmhaoin tráchtála agus tionsclaíoch go léir maidir le rátaí tráchtála i gContae na Gaillimhe le timpeallacht gnó comhaimseartha a léiriú. Shínigh an Coimisinéir Luachála an tOrdú Luachála an 1-11-2019.

- Riarachán i gcomhar leis an LGMA ar phróiseas Deontais Atosaithe ag teacht le Treoracha an Rialtais maidir le híocaíochtaí deontais do ghnólachtaí atá faoi thionchar ag srianta Covid-19. Fógraíodh scéim tacaíochta spriocdhírithe nua do ghnólachtaí atá faoi shrianta Covid-19 sa bhuiséad. Is í seo an CRSS (Scéim Tacaíochta srianta Covid-19) atá á riaradh ag na Coimisinéirí Ioncaim ón 13-10-2020 go dtí an 31-3-2021 mar a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith in Acht Airgeadais 2020. Liostaítear mionsonraí ag www.crss.gov.ie
- Cur i bhfeidhm na Scéime um Tharscaoileadh do rátaí tráchtála de réir Treoracha an Rialtais do ghnólachtaí atá faoi thionchar ag srianta Covid-19. Tá síneadh curtha leis an tarscaoileadh reatha go dtí an 31-12-2020.

**Tograí do 2021:**

- Cuirfidh feidhmiú leanúnach REVAL 2021 i gcomhar leis an Oifig Luachála soláthar ar fáil d'athluacháil iomlán ar an réadmhaoin tráchtála agus tionsclaíoch go léir maidir le rátaí i gContae na Gaillimhe le timpeallacht gnó comhaimseartha a léiriú. Is é atá mar chuspóir leis an athluacháil, trédhearcacht agus cothromas a thabhairt chun an chórais rátála agus caidreamh níos dlúithe agus níos comhionainne a chur ar fáil idir na luachanna cíosa bliantúla reatha réadmhaoin tráchtála agus a ndliteanas rátaí tráchtála. Cuid den Chlár Athluachála Náisiúnta atá anseo agus is é an spriocdháta do Liosta Luachála nua a chur ar fáil ná an 15-9-2021. Beidh éifeacht leis na luachálacha nua an 1-1-2022.
- Monatóireacht a dhéanamh air agus an fheidhm bailithe Ioncaim a thabhairt cothrom le dáta ó thaobh sárchleachtas
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le bailiú fiacha.
- Leanfaidh an t-aonad le rogha BillPay a chur ar fáil i leith Cíosa, Iasachtaí, RAS agus Rátaí custaiméirí d'fhonn cuidiú le riachtanais buiséid teaghlaigh.
- Oiliúint chuí a chur ar fáil don fhoireann ar nósanna imeachta bailithe fiach.
- Cur chun feidhme leanúnach aon síneadh a chuirtear ar an Scéim um Tharscaoileadh do rátaí tráchtála de réir Treoracha an Rialtais do ghnólachtaí atá faoi thionchar ag srianta Covid-19.

**Córais Mótarchánach agus Ceadúnais Tiomána**

## Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:

Is 44,000 an líon idirbhearta **mótarcháin** ar thug oifigí mótarcháin Chomhairle Contae na Gaillimhe fúthu go dtí deireadh mí Meán Fómhair 2020. Thóg oifigí mótarcháin Chomhairle Contae na Gaillimhe os cionn €7.2M isteach sa tréimhse seo.

- Tugadh faoi thart ar 80% den líon iomlán idirbhearta mótar chánach do cheantar na Gaillimhe go deireadh mí Meán Fómhair 2020 ar líne. Tá an oifig mótarchánach fós ag déileáil le hiarratas ar an bhfón maidir le cáin feithiclí ar líne.
- Eisíonn na hoifigí mótarchánach dioscaí cánach d'fheithiclí príobháideacha agus tráchtála, do tharracóirí, hacnaithe, tacsaithe agus d'fheithiclí móra seirbhíse poiblí. Eisítear plátaí trádála, ceadúnais leantóirí agus doiciméid athsholáthair freisin agus déantar próiseáil ar fhiosrúcháin óna Gardaí agus ó Údaráis Áitiúla eile, m.sh. S103'nna agus CT53'nna.

## Tograí do 2021:

- Leanfar leis an obair ar thaifid mhótarchánacha i stóráil fhadtéarmach a fháil ar ais agus a dhigitiú d'fhonn innéacs inrochtana gach taifead clárúcháin feithicle seanré a chruthú.
- Leanfaidh na hOifigí Mótarchánach ar an gCeathrú Rua, i mBéal Átha na Sluaighe agus i nGaillimh leis na beartais agus nósanna imeachta mótarchánach go léir a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh siad comhairle agus tacaíocht ar fáil do mhuintir an phobail, lena n-áirítear custaiméirí na seirbhíse mótarchánach ar líne.

## Córais Teicneolaíochta Faisnéise

**Réamhrá maidir le**

**Gníomhaíochtaí**

**Táscacha i rith na bliana**

**2020**

Chuir tús a chur le srianta Covid-19 feidhm na gCóras Faisnéise faoi dhúshlán maidir le mearfhreagra a sholáthar ó thaobh leanúint le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí poiblí agus le tacaíocht a thabhairt do Chlár Tacaíochta Pobail agus Gnó an Rialtais. Chuir an t-ualach oibre breise seo agus éileamh ar acmhainní moill ar roinnt de na cláir a bhí beartaithe don bhliain 2020.

- Tugadh leathadh amach iomlán WIFI an Rialtais chuig oifigí a chlúdaigh 400 comhalta foirne chun críche a rinne éascú ar spás oifige agus ar úsáid gléas mhóibíleach.
- Bearta slándála breise chun cosaint a thabhairt agus éascú a dhéanamh ar chianobair agus ar oibríochtaí.
- Bhain 650 Comhalta Foirne agus Comhalta na Comhairle úsáid as seirbhísí agus as crua-earraí chun úsáid agus rochtain chuig Foirne Microsoft a éascú.
- Soláthar agus athúsáid bhreise Ríomhairí Glúine a chuir ar chumas 350 comhalta foirne oibriú go cianda agus san oifig.
- Leathnú ar chumas agus ar sheirbhísí chun cianrochtain le Líonraí Rialtais a éascú.
- Tá Oifig Glasbhealach Bhéal Átha na Sluaighe ceangailte le Líonraí Rialtais agus leathnú déanta do WIFI feabhsaithe sa Leabharlann agus do sheirbhísí d’obair chomhionaid beartaithe.
- Saoráid nua Stórála Sonraí tugtha chun críche le hacmhainneacht iomlán díluchtaithe chun oibríochtaí sonraí agus ríomhairí na Comhairle a bhogadh go Néalseirbhísí ar mhaithe le leanúnachas gnó.
- Feidhmchlár Néalríomhaireachta um Bord Tionóntachta Cíosa chun cóiríocht ar cíos a iniúchadh ina mbeidh eispéireas digiteach iomlán ó ionchur, iniúchadh agus fheidhmiú an chomhlíonta i dtaca leis an réadmhaoin agus ath-iniúchadh.
- Tacaíocht iomlán agus tiomsú feidhmchláir do phróiseas iarratais digiteach le haghaidh Deontais Atosaithe Rialtais le linn gach céim agus atriall.
- Tacaíocht phobail de thoradh Covid maidir le néal-chásbhainistiú le mapáil GIS iomlán agus comhtháthú le bailiúchán díreach sonraí a éascóidh ionchur fheidhmeanna tacaíochta pobail áitiúil do chlubanna spóirt agus do ghrúpaí deonacha eile
- Tástáil agus Forfheidhmiú Sheirbhís Dóiteáin na Gaillimhe i leith fheidhmchlár Móibíleach GIS iomlán d’Oibríochtaí Bainistíochta Básmhaireachta
- Feabhsúcháin ar thacar sonraí GIS um Thalamh Adhlactha
- Forbairt Chóras GIS um Bainistiú Drochaimsire

**Tograí don bhliain 2021**

Tá tionchar ollmhór ag COVD-19 ar sheachadadh ICT agus beidh bealach atá i bhfad níos sofhreagrúla agus níos éifeachtaí ag teastáil le seirbhísí a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí. Ag breithniú acmhainní buiséid atá thar a bheith íseal i dtéarmaí comparáideacha náisiúnta:

- WIFI Rialtais a chomhlánú agus a leathnú chuig oifigí breise de réir mar a cheadaíonn acmhainneacht.
- Clár píolótach a chomhlánú leis na Seirbhísí Leabharlainne /LGMA/HEANET/OGCIO chun fáil ar rochtain WIFI eduroam Oideachais 3ú Leibhéil a sholáthar do Leabharlanna Chathair agus Chontae na Gaillimhe.
- Clár feabhsúcháin do rochtain leathanbhanda níos fearr do leabharlanna, obair comhionaid agus láithreacha eile atá á n-úsáid ag an bpobal trína chinntiú go bhfuil an tseirbhís is fearr is féidir ar fáil.
- Athsholáthar PCanna go Windows 10 a chomhlánú trí cheannach agus uasghrádaithe.
- Feabhas a chur ar láthair Lárphointe Oifig na Comhairle le Seirbhísí Leanúnachais Gnó a sholáthar.
- Cur le scaradh sóisialta agus le riosca a mhaolú le Bogearraí Cianrialúcháin Cianrochtana agus córais Réaltacht Bhreisithe a thriail chun cuidiú le suiteáil teicniúil cianda agus le fabhtcheartú.
- Creatbheartas Cibearshlándála LGMA a chur i bhfeidhm i gcomhar le fochoiste Comhairle a bhunú
- Staidéar féidearthachta d'Fhíschomhdháil ilúsáide do shaoráidí oiliúna agus cruinnithe.
- Athbhreithniú agus beartú chun Córas Teileafónaíochta na Comhairle a bhogadh chuig néal-fheidhmiúlacht iomlán chun obair solúbtha agus freagra níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn.
- Breis a chur le seirbhísí do Néalríomhaireacht chun treallús a chur faoi Shlándáil Sonraí.
- Seirbhísí slándála trí eochracha fisiciúla agus fíorúla do shlándáil oibre cianrochtana.
- Suiteáil córais ceallra faoi chumhacht litiam glúin nua atá íseal ó thaobh cothabhála agus fadré chuig na 7 láthair oifige.
- Tacú mar chuid de chlár píolótach ríomhPhleanála Náisiúnta le tairseach d'aighneachtaí ar líne.
- Tabhairt isteach Córas Ticéadaithe Páirceála intí chun é a chur in áit na seirbhíse ar chonradh atá ann faoi láthair.
- Clár chun leanúint le himlonnú agus le himlonnú feidhmchláir gléas móibíleacha lena n-úsáid i seachadadh an réimse oibríochtaí Seirbhísí Tithíochta, Pleanála agus Comhshaoil.
- Uathoibriú Róbatach Próiseas Roghnaithe agus Cur Chun Feidhme.
- Tairseach Comhairliúcháin Phoiblí do Sheirbhísí Pleanála, Pobail / Forbairt Gheilleagrach agus Corparáideacha
- Tionscadal Feabhsúcháin Láithreán Gréasáin
- Leathnú a chur ar thairseach Sonraí Oscailte le hacmhainneacht agus forbairt seirbhísí.

# AN tAONAD FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## An tAonad Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail

**Comhordú Gníomhaireachtaí a Chur Chun Cinn**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:***

- Thionóil an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC) 5 chruinniú go dtí seo sa bhliain 2020 agus sa bhreis ar Fhochoiste SICAP chun scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar chláir éagsúla an LCDC.
- Rinneadh éascú ar LCDC Chontae na Gaillimhe ó thaobh an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) ar fiú €1,649,629 milliún é, a chur i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe agus rinneadh monatóireacht ar thuairisciú airgeadais agus neamh-airgeadais an chláir ag teacht leis an gComhaontú maidir le Maoiniú.
- Fostaíodh Comhordaitheoir Éire Shláintiúil chun na tionscnaimh ar ceadaíodh maoiniú ina leith ó Chiste Éire Shláintiúil a bhainistiú.
- Tugadh tacaíocht do ghrúpaí pobail chun a bhféilte agus imeachtaí a fhorbairt, nuair ab fhéidir sin, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.
- Seirbhís an Aonaid Comhordaithe Iompair (TCU) agus branda-ainm Bhealach na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Comhpháirtíocht le hIonad Scannán na Gaillimhe agus le páirtithe ábhartha eile ar chlár Cathair Scannánaíochta UNESCO 2020 agus leathadh amach Ciste WRAP. I mbun rannpháirtíochta le comhpháirtithe i láthair na huaire chun plean ilbhliantúil a fhorbairt chun cur an méid is fearr is féidir leis na deiseanna a chuireann an t-ainmniúchán ar fáil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil chlosamhairc agus scannán.
- Rinne comhpháirtíocht le Gaillimh 2020 agus tacaíocht dó ó thaobh clár a fhorbairt agus a sheachadadh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, a bhfuil tionchar faraor ag COVID-19 air.
- Leanúint de chomhpháirtíocht láidir a fhorbairt agus a chothú le LEO agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i réimsí Forbartha Geilleagracha Fiontraíochta, lena chinntiú go bhfaigheann an Contae buntáiste as an raon tacaíochtaí atá ar fáil agus go ndéantar seirbhísí a oiriúnú chun freastal ar riachtanais sa Chontae, ag tabhairt tacaíochta do phoist agus do phobail.
- Rinne rannpháirtíocht agus leanadh de thacú le hobair an CYPSC agus rinne éascú ar chur chuige comhordaithe leis an LCDC.

***Tograí do 2021:***

- Moltaí Athbhreithnithe na Roinne ar an LCDC a chur i bhfeidhm, ag cinntiú úsáid chuí struchtúir Fochoistí agus naisc le struchtúir agus le coistí oibríochta eile.
- Sceideal cruinnithe a chomhaontú le LCDC Chontae na Gaillimhe agus díriú ar an athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Cuirfear na treoirlínte atá le forbairt, treoirlínte sláinte poiblí agus na hacmhainní atá ar fáil san áireamh leis sin.
- Cláir go léir LCDC Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn laistigh de na spriocdhátaí agus ag teacht le ceanglais go léir na gclár agus an tuairiscithe.
- Tacú le grúpaí pobail ó thaobh forbairt a dhéanamh ar an méid atá á thairiscint acu. Tacú le féilte agus le himeachtaí chun inbhuanaitheacht agus fás fadtréimhseach a bhaint amach agus mar chuid de chlár téarnaimh ó phaindéim Covid 19.
- Seirbhís an Aonaid Comhordaithe Iompair (TCU) agus branda-ainm Bhealach na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Comhpháirtíocht le hIonad Scannán na Gaillimhe agus le páirtithe ábhartha eile ar chlár Cathair Scannánaíochta UNESCO 2021 agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an earnáil chlosamhairc agus scannán go dtí deireadh na bliana 2022. Leanúint ar aghaidh ag tacú le leathadh amach an Chiste WRAP agus a chomharba le súil agus deiseanna a uasmhéadú.
- Leanúint de chomhpháirtíocht láidir a fhorbairt agus a chothú le LEO agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i réimsí Forbartha Geilleagracha Fiontraíochta, lena chinntiú go bhfaigheann an Contae buntáiste as an raon tacaíochtaí atá ar fáil agus go ndéantar seirbhísí a oiriúnú chun freastal ar riachtanais sa Chontae, ag tabhairt tacaíochta do phoist agus do phobail.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe ábhartha chun cuidiú le forbairt gheilleagrach, sóisialta agus pobail i gContae na Gaillimhe trí chur chuige comhordaithe agus forbartha i leith tionscadail a sheachadadh trí acmhainní comhroinnte agus trí mhaoiniú a fháil ó thairiscintí iomaíocha.
- Chuaigh i mbun rannpháirtíochta agus leanadh ar aghaidh ag tacú le hobair an CYPSC agus éascú ar chur chuige comhordaithe leis an LCDC.
- Leanúint de bheith ag comhoibriú le Coimisiún Forbartha an Iarthair trí thionscadail a bhaineann le Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh. Mar shampla, moil a fhorbairt le bheith ag obair go cianda.

**Ag Cur Fiontraíochta Chun Cinn agus ag Tacú le Forbairt Gheilleagrach**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020***

- Oibríodh leis an Oifigeach Leathanbhanda agus le páirtithe leasmhara eile ó thaobh ullmhú a dhéanamh do Straitéis Dhigiteach do Chontae na Gaillimhe agus chuidiú le suíomhanna a aithint do Phointí Ceangail Idirlín.
- Cuireadh gníomhartha ábhartha chun cinn don Phlean Réigiúnach Fiontraíochta don Iarthar 2020 agus bhíothas rannpháirteach ag leibhéal an Choiste.
- D'oibrigh leis an Coimisiún Forbartha an Iarthair agus le líonra Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh (AEC) ar thionscadail réigiúnacha, lena n-áirítear, moil fhorbartha feadh na AEC.
- Scéim For-rochtana Moil faoi riarachán. Tugadh cúnamh do mhoil nua chun dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh maoiniú agus comhairle a fháil.
- Cuireadh forbairt Campas Nuálaíochta BIA, Bia Iarthar na hÉireann agus Mol Nuálaíochta Forbartha Tuaithe (atá ag céim na tógála faoi láthair) chun cinn i gcomhar le CLG agus comhpháirtithe. Leanadh de cheannaireacht straitéiseach a sholáthar i gcáil chomhairleach agus ar leibhéal Stiúrthóra ar an mBord agus tugadh tacaíocht airgeadais, lena n-áirítear cúnamh le hiarratais ar dheontais agus le riarachán.
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair a rinneadh roimhe seo ar an Straitéis Turasóireachta do Ghaillimh agus tugadh iniúchadh breise ar Croíthailte Ceilte na hÉireann chun críche, rud a bheidh mar bhonn eolais d'oibreacha amach anseo.
- Tugadh tacaíocht d'fhorbairt turasóireachta sa Chontae, lena n-áirítear, raon féilte agus imeachtaí, d'fhorbairt taithí cuairteora, lena n-áirítear Glasbhealach Chonamara, rannpháirtíocht i Líonra Turasóireachta Chonamara agus Oileáin Árann (CAITN) ó thaobh Plean Forbartha Taithí Cuairteora Chonamara a leathadh amach, rannpháirtíocht agus cúnamh do Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt agus cuireadh tús le comhráite le líon príomhchomhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla maidir le taithí ceann scríbe agus ó thaobh infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt táirge agus i dtacaíocht gnó.
- Leanadh de chaidreamh oibre láidir a fhorbairt le Fáilte Éireann chun tacú le forbairt agus le leathadh amach brandaí ceann scríbe Croíthailte Ceilte na hÉireann agus Slí an Atlantaigh Fhiáin, lena n-áirítear, leathnú amach a dhéanamh ar na príomhdheiseanna d'Oirthear an Chontae.
- Rinneadh forbairt ar dheiseanna don Earnáil Agrathurasóireachta, ag cur leis an maoiniú a fuarthas tríd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a thacaigh le táirgeoirí áitiúla i gContae na Gaillimhe tríd an tsraith Discover Galway.
- Leanadh ag obair leis an GRD ar aon airgead agus ar aon tacaíochtaí atá ar fáil tríd an gCiste Ceardaí trí bliana.
- Forbairt tionscadail oidhreachta ERG ar nós sraith Discover Galway a bhfuiltear le leanúint léi tar éis na bliana 2020.
- Leanadh d'obair scóipe ar an bpoitéinseal chun Straitéis Bia a fhorbairt do Ghaillimh i gcomhar leis an gCampas Nuálaíochta BIA agus LEO.
- Ról leanúnach ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar an láithreán, lena n-áirítear, bainistiú a dhéanamh ar líon léasanna/ceadúnais fadtéarmacha ar nós Club Eitleoireachta na Gaillimhe.

D'oibrigh leis an Roinn Pleanála agus bhíothas rannpháirteach le líon páirtithe leasmhara maidir le roghanna forbartha fadtéarmacha d'iar-Láithreán Aerfort na Gaillimhe sa Charn Mór leis an mbuntáiste geilleagrach is fearr is féidir a bhaint amach do réigiún na Gaillimhe.

- D'éascaigh comhaontú le Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte maidir le cuid den Réadmhaoin ar shuíomh an aerfoirt a úsáid mar shaoráid tástála maidir le Paindéim an Choróinvíris (COVID-19).
- D'éascaigh Coimisiún Suaitheantais Ghaillimh 2020 ag Branar ar shuíomh an aerfoirt dar teideal "Sruth Na Teanga" Téatar de Pháistí.
- D'éascaigh tuirlingt na Cuairte Ríoga ar shuíomh an Aerfoirt, rinne idirchaidreamh leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, le hAmbasáid na Breataine, leis an RAF, leis an nGarda Síochána, leis an Arm, leis an Aerchór agus leis an Aonad Freagartha faoi Airm.
- Tacaíocht a thabhairt do Phobail chun maoiniú a fháil faoin gciste Áineasa Allamuigh (ORIS) in 2020.
- D'éascaigh comórtas Gradaim Begin Again BOI i gContae na Gaillimhe.

***Tograí do 2021:***

- Cuidiú le forbairt agus le feidhmiú leanúnach Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe.
- Cur le gníomhartha ábhartha faoin bPlean Geilleagrach Náisiúnta agus dul chun cinn a dhéanamh ina leith.
- Oibriú le Coimisiún Forbartha an Iarthair agus le Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh (AEC) chun an tionscadal foriomlán AEC a bhrú chun cinn.
- Oibriú le AEC/Coimisiún Forbartha an Iarthair chun tacaíocht a chur ar fáil do mhoil i bhfoirm chúnamh le líonrú agus le maoiniú.
- Na tionscadail Bailte agus Sráidbhailte Cliste AEC a bhrú chun cinn.
- Oibriú le Coimisiún Forbartha an Iarthair chun dul chun cinn a dhéanamh ar an mbanc íomhánna AEC.
- Iarratais ar ghairmeacha faoin RRDF (catagóirí 1 agus 2) a dhéanamh.
- Gníomhartha ábhartha a chur chun cinn don Phlean Réigiúnach Fiontraíochta don Iarthar 2020.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do phobail agus tionscadail a fhorbairt le maoiniú a fháil faoin Scéim Bonneagair agus Áineasa Allamuigh (ORIS) 2021.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do Ghradam Begin Again Bhanc na hÉireann, trí thacú le hainmniúcháin bailte a thaispeánann agus a chuireann spiorad na fiontraíochta chun cinn ina gCeantar Áitiúil.
- Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann, le héascú a dhéanamh agus feabhas a chur ar an táirge turasóireacht ar fud Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear, Sraith Bia Discover Galway agus forbairt a dhéanamh ar Thurasóireacht Gnó.
- Leanúint de bheith ag obair leis na comhpháirtithe ceannais, le líonraí turasóireachta agus le gníomhaireachtaí stáit ó thaobh tacaíocht a thabhairt do bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus tacú le Plean Forbartha Taithí Cuairteora Chósta Chonamara agus Oileáin Árann, ag cinntiú cur chuige straitéiseach agus beartaithe le haghaidh a thabhairt ar riachtanais an réigiúin.
- Tacú le líonraí turasóireachta do bhranda "IHH" Croíthailte Ceilte na hÉireann.
- Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt, Comhairle Chontae Thiobraid Árann agus Comhairle Chontae an Chláir, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann agus le Trádáil Turasóireachta le Ceantar Loch Deirgeirt a chur chun cinn.

**Ag tabhairt tacaíochta do phobail inbhuanaithe**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:***

- Cuireadh Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2019 chun cinn agus cuireadh iarratais isteach faoi Chláir Luaithe Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020 agus Príomhchlár na Scéime.
- Tugadh tacaíocht do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara sa Chontae chun a bheith rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta Fíorúil na mBailte Slachtmhara 2020.
- Leanadh de thacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar na Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), lena n-áirítear leathadh amach cruinnithe iomlánacha Contae agus Ceantar Bardasach agus cúnamh a thabhairt do Rúnaíocht dheonach an líonra.
- Rinneadh an Scéim Tacaíochta Pobail a sheachadadh sa bhliain 2020 agus reáchtáladh ceardlann maidir le maoiniú i ngach Ceantar Bardasach ag deireadh na bliana 2019 le comhairle agus cúnamh a thabhairt do Ghrúpaí Pobail agus Deonacha maidir le scéimeanna maoinithe na Comhairle, chomh maith le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile.
- Tugadh tacaíocht do phobail maidir le maoiniú a fháil faoi na scéimeanna maoinithe náisiúnta agus áitiúla.
- Éascaíodh an Líne Chabhrach Ghlao an Phobail, a phléigh le breis agus 800 glao go dtí seo, chun iad a chur ar aghaidh chuig tacaíochtaí praiticiúla ina gceantar, nó chuig seirbhísí agus tacaíochtaí eile. Bhain Céim 1 de Ghlao an Phobail le Líne Chabhrach Ghlao an Phobail a bhunú lena chur ar chumas daoine scothaosta nó leochaileacha a raibh orthu clutharú a dhéanamh i rith thréimhse na srianta COVID-19 cúnamh le tacaíochtaí praiticiúla a iarraidh, amhail siopadóireacht, oidis, pinsin agus nithe tí riachtanacha eile a bhailiú agus a sheachadadh. Ar na seirbhísí eile a chuir an líne chabhrach ar fáil bhí treoir maidir le seirbhísí eile sláinte, leasa shóisialaigh agus eile a theastaigh ó dhaoine i rith na tréimhse sin. Éascaíodh soláthar na seirbhísí sin trí bhíthin Fóram ar Feadh an Chontae a bhunú, ina raibh os cionn 20 comhlacht éagsúil, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Poiblí, Comhlachtaí Pobail agus Spóirt, agus Eagraíochtaí Deonacha, a d'oibrigh i gcomhar chun faisnéis agus acmhainní a roinnt chun cabhrú le daoine i rith thréimhse na srianta COVID-19. Chas lucht an Fhóraim le chéile go rialta chun faisnéis faoina n-iarrachtaí agus tionscnaimh ar leithligh a roinnt agus chun aghaidh a thabhairt ar iarrachtaí chun seirbhísí túslíne agus cúraim a chothabháil.
- Mar chuid den fhreagairt ar Covid, iarradh ar gach Grúpa Pobail, Spóirt agus Deonach cabhrú lena bpobal áitiúil trí bhíthin na tacaíochtaí a sholáthar ar an láithreán. Chláraigh os cionn 110 Grúpa éagsúil nó cruthaíodh iad trí bhíthin grúpaí éagsúla a chónascadh ar leibhéal áitiúil. Sholáthair Líne Chabhrach Ghlao an Phobail cúnamh i dtréimhse thar a bheith dúshlánach agus d'éirigh léi ó thaobh comhroinnt faisnéise a éascú, oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí poiblí agus príobháideacha, agus struchtúir áitiúla a chruthú chun tacú le daoine leochaileacha i bpobail.

- Rinneadh dul chun cinn ar Chéim 2 de Ghlao an Phobail, cur i bhfeidhm áitiúil an fheachtais náisiúnta “Táimid go Léir sa Bhád Céanna”, a dhírigh ar thrí phríomhthéama;

  - **Bí Aclaí agus Gníomhach**– foilsíodh bileog dar teideal “Searradh Simplí”, a bunaíodh ar ábhair ó Sheirbhísí Fisiteiripe HSE, agus scaipeadh í ar os cionn 2,000 duine scothaosta a bhí ag clutharú . Ina theannta sin, scaipeadh 1,000 peidiméadair agus 1,000 liathróid struis chun gníomhaíocht choirp agus soghluaisteacht bhunúsach i rith na dianghlasála a spreagadh. Rinne Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe líon clár spóirt, ranganna damhsa agus dúshláin gníomhaíochta coirp don teaghlach saor in aisce a sholáthar agus a chur chun cinn freisin.

  - **Coinnigh i dTeagmháil** – de bharr gur bhain ceann de na saincheisteanna a pléadh go fairsing ag an bhFóram leis an tionchar atá ag an dianghlasáil ar dhaoine nach bhfuil ar líne, cuireadh leabhrán dar teideal “Táimid go léir sa bhád céanna “ i dtoll a chéile do mhuintir na Gaillimhe. Tá raon faisnéise, gníomhaíochtaí agus dúshláin sa leabhrán agus scaipeadh os cionn 2,000 cóip ar dhaoine a bhí ag clutharú ar fud an Chontae ag an nGarda Síochána agus ag na Grúpaí Pobail a bhí ag cur seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na daoine sin. Chomh maith leis sin, rinne foireann na leabharlanna, thar ceann na Rannóige Tithíochta, teagmháil lenár dtionóntaí tithíochta scothaosta agus rinne os cionn 1,500 glao gutháin chun coinneáil i dteagmháil leo agus chun iad a tharchur chuig Líne Chabhrach Ghlao an Phobail de réir mar ba ghá. Cuireadh raon tionscnamh eile i bhfeidhm, amhail Bailte Slachtmhara Fíorúla agus Gaillimh Bheo le go bhféadfadh daoine a bheith rannpháirteach lenár n-oidhreacht agus lenár dtimpeallacht i rith na dianghlasála.

  - Tabhair Aire do do Mheabhairshláinte–de bharr go raibh imní, uaigneas, aonrú sóisialta agus ceisteanna meabhairshláinte ar na saincheisteanna a d’ardaigh Comhaltaí an Fhóraim, tugadh tús áite, ó thaobh an mhaoinithe de, don teicneolaíocht ar líne nó don Trealamh Cosanta Pearsanta a chuirfeadh ar chumas na seirbhísí cúraim coinneáil i dteagmháil le daoine leochaileacha. Ina theannta sin, díríodh ar threoracha agus acmhainní HSE maidir le déileáil le COVID-19, chomh maith le daoine a chur ar aghaidh chuig línte cabhrach agus seirbhísí meabhairshláinte.

- Fuarthas leithdháileadh €85,789 faoin Chiste Éigeandála COVID-19 de réir tosaíochtaí arna sainaithint ag Fóram Ghlao an Phobail COVID-19. Mar seo a leanas an méid leithdháilte de réir an chineáil mhaoinithe:

| Cur síos: | Suim: |
|---|---|
| Dearbháin Bhia le scaipeadh ar theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste | €12,100 |
| Béilí ar Rothaí: caiteachas breise mar thoradh ar éileamh | €16,650 |
| Teicneolaíocht Ar Líne chun seirbhísí túslíne a sholáthar | €9,300 |
| Trealamh Cosanta Pearsanta/Oiriúnuithe chun seirbhísí túslíne a sholáthar | €37,648 |
| Costais Oibrithe Deonacha | €2,291 |
| Pacáistí Cúraim/Acmhainní do dhaoine leochaileacha | €7,000 |

- Thionóil Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC) 5 chruinniú go dtí seo sa bhliain 2019 agus chomh maith leis sin, cruinnithe den Fhochoiste um Maoiniú a Chomhordú, an Fochoiste um Shláinte agus Folláine agus d'Fhochoiste SICAP chun scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar chláir éagsúla an LCDC. Ba ríthábhachtach cláir mhaoinithe an LCDC a chur in oiriúint chun riachtanais áitiúla agus phobail a chomhlíonadh i rith phaindéim COVID-19 go dtí seo, mar seo a leanas:

  - Ceapadh Plean Freagartha Áitiúil faoi SICAP (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail ) chun cabhrú leis na daoine agus na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is leochailí sa tsochaí i rith na paindéime, trí bhíthin iad a nascadh le seirbhísí agus le tacaíochtaí praiticiúla amhail FoodCloud, agus trí bhíthin deontais a thabhairt do Ghrúpaí agus do Sheirbhísí chun cabhrú leo leanúint de sheirbhísí cúraim a chur ar fáil.
  - Cuireadh tús le Babhta 3 de Chlár Éire Shláintiúil ina raibh raon tionscadal a phléigh le gníomhaíocht choirp, ithe go folláin, sláinte gnéis, meabhairshláinte agus áiteanna agus spásanna a chruthú don fholláine. Tá siad sin á mbainistiú ag Comhordaitheoir Éire Shláintiúil a ceapadh go luath sa bhliain 2020. Cuireadh srian ar go leor de na tionscadail de bharr srianta COVID-19 agus cuireadh raon oiriúnuithe ar aghaidh chuig an bPobal lena gceadú. Tá an cead sin faighte anois. Ba chuid lárnach de na tionscnaimh folláine arna soláthar do dhaoine leochaileacha a bhí i gClár Éire Shláintiúil, chomh maith le feasacht a ardú trí bhíthin na meán áitiúil.
  - Fuarthas méid iomlán €63,249 don Chlár Feabhsúcháin Pobail agus tugadh tosaíocht do shaoráidí faoi úinéireacht an phobail a athoscailt trí bhíthin Trealamh Cosanta Pearsanta a chur ar fáil agus oiriúnuithe riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh ar áitribh. Fógraíodh an dara bhabhta den Chlár Feabhsúcháin Pobail ansin agus leithdháileadh €159,940 ar Chontae na Gaillimhe. An tosaíocht sa bhabhta sin, cothabháil, feabhsúchán agus oiriúnuithe ar Ionaid Phobail agus ar fhoirgnimh eile faoi úinéireacht an phobail a éascú.

- Forbraíodh Scéim Feabhsúcháin Sráid-dreacha (Píolótach) le haghaidh Bhaile Átha an Rí agus Béal Átha na Sluaighe agus fuarthas 60 iarratas le haghaidh Bhaile Átha an Rí agus 88 le haghaidh Bhéal Átha na Sluaighe.
- Ceadanna maoinithe leathnaithe amach faoin gCiste Forbartha agus Athghiniúna Tuaithe (RRDF) do Bhaile Átha an Rí, Tuaim, Baile Locha Riach agus Dún Mór.

- Fuarthas maoiniú ón RRDF le haghaidh Phort Omna:
    - Fearann poiblí Phort Omna.
    - Sráid-dreach Phort Omna.
    - Páirc Dealbhóireachta agus Ealaíne Poiblí.
    - Creat um Dhearadh Uirbeach (ceapacha burgáiste).
    - Forbairt Shráid na Mainistreach.
    - Ullmhaíodh réamhdhearadh agus Cuid 8 do Theach Cúirte Phort Omna.
- Fuarthas maoiniú ón RRDF le haghaidh an Chlocháin:
    - Ríocht Phoiblí an Chlocháin
    - Páirc Chuan an Chlocháin
    - Mol Obair Chomhionaid an Chlocháin.

***Tograí do 2021:***

- Agus aird á thabhairt ar straitéis 5 bliana Roinne chun tacú leis an Earnáil Pobail agus Deonach in Éirinn 2019-2024, leanúint ag obair le pobail chun iad a chumhachtú chun riachtanais a aithint agus le tionscadail faoi stiúir an phobail a aithint agus cur lena n-acmhainneacht trína Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN).
- Ceardlanna Maoinithe a chur ar fáil ar fud an Chontae, ag baint leas as eolas ar chláir nua agus ar roghanna maoinithe do ghníomhaíocht dheonach.
- Faoi Phlean an Rialtais, Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021, ceapfaidh an Roinn próiseas brostaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna) chun freagairt do riachtanais eacnamaíochta agus pobail arna n-eascairt as paindéim COVID-19.
- Leanfaidh Líne Chabhrach Ghlao an Phobail de bheith i bhfeidhm ag teacht le treoirlínte agus leanfar de thacaíochtaí praiticiúla a sholáthar ar leibhéal áitiúil trí bhíthin naisc thábhachtacha a rinneadh leis na Grúpaí Ghlao an Phobail ó mhí an Mhárta2020.
- Leanfaidh an Fóram Freagartha Pobail ar aghaidh ag comhoibriú chun freastal ar na riachtanais agus na dúshláin a eascraíonn as paindéim COVID-19. Tá céim bhreise de Ghlao an Phobail tugtha isteach ag an Rialtas Náisiúnta, ina leathnaítear ról an Fhóraim chun plé le saincheisteanna a d'eascair as an bpaindéim, amhail uaigneas agus aonrú sóisialta, chomh maith le bacainní mar thoradh ar easpa teicneolaíochta ar líne. Tabharfar aghaidh ar na nithe sin trí bhíthin thionscadail amhail tionscnaimh cairdis agus dul i ngleic le hacmhainneacht ar líne trí bhíthin oiliúint agus tionscnaimh dírithe ar ghrúpaí tosaíochta amhail daoine scothaosta.
- Bronnadh maoiniú breise faoi Chiste Éire Shláintiúil chun feachtas áitiúil "Ag Fanacht ar Fónamh" a chur i bhfeidhm. Tá an clár dírithe ar theacht aniar an duine aonair a fheabhsú trí bhíthin coinneáil ag imeacht, fanacht i dteagmháil, a bheith ag ithe go maith, am a glacadh duit féin, a bheith cruthaitheach, agus aire a thabhairt do do ghiúmar. Tionólfar raon gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú agus chun tionscnaimh a chur chun cinn go háitiúil chun an feachtas seo a chur i bhfeidhm.

- Tacaíocht spriocdhírithe tugtha do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an Chontae.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt don earnáil dheonach ar fud an Chontae ar bhealach spriocdhírithe trína Scéimeanna Tacaíochta Pobail agus cuidiú le grúpaí le maoiniú a tharraingt anuas ar bhonn bliantúil.
- Díriú ar chomhoibriú idirghníomhaireachta ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar chláir maoinithe LCDC ar mhaithe lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as acmhainní ar fud na ngníomhaireachtaí maoinithe agus go gcuirtear an méid is fearr is féidir le deiseanna le maoiniú a ghiaráil.
- Cabhrú le pobail na tionscadail Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte a fuair ceadú a chur i bhfeidhm. Glacadh le léiriú spéise agus na hiarratais deiridh a chur faoi bhráid don Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2021.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) i mBaile Átha an Rí, (lena n-áirítear Campas Nuálaíochta BIA, Cinn Mhara, Tuaim, Baile Locha Riach, Port Omna agus an Clochán.
- Cuireadh iarratas faoi bhráid do ghairmeacha faoin RRDF (catagóirí 1 agus 2).

**Ag tabhairt tacaíochta don Uilechuimsitheacht Shóisialta**

***Gníomhaíochtaí Táscacha do 2020:***

- Comhordaíodh 3 chruinniú leis an nGrúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil i gcomhar leis an Aonad Tithíochta le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú na Romach agus an Lucht Siúil a phlé.
- Tugadh tacaíocht agus éascaíocht do chruinnithe Chomhairle na nDaoine Scothaosta agus Chomhaontas Aoisbhá na Gaillimhe, a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm Chlár Aoisbhá Chathair agus Chontae na Gaillimhe.
- Bunaíodh Fóram um Lánpháirtiú Imirceach laistigh de struchtúir na Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), agus cuireadh tús le comhairliúcháin le pobail nua ar fud an Chontae chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis um Lánpháirtiú agus Éagsúlacht a bhí ann roimhe seo agus chun foghlaim a sholáthar le bheith mar chuid de Straitéis áitiúil nua um Lánpháirtiú Imirceach.
- De bharr shrianta COVID-19, reáchtáladh Bealtaine agus an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta ar líne agus iarradh iarratais ar thionscadail agus gníomhaíochtaí a chuirfeadh ar chumas daoine fanacht i dteagmháil agus iad scoite óna chéile – reáchtálfar na tionscadail a ceadaíodh faoin tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna i bpobail áitiúla. Reáchtáladh an Lá Náisiúnta Súgartha ar bhealach difriúil freisin – cuireadh Pacáistí Súgartha le chéile agus scaipeadh iad ar theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste ar fud an Chontae.
- I ndiaidh imeachta sa bhliain 2019 chun cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair, do ghrúpaí agus d’ionadaithe daoine scothaosta cloisteáil faoin gClár Aoisbhá, tá tús curtha leis an obair chun Fóram do Dhaoine Scothaosta a bhunú go sonrach do Chontae na Gaillimhe, laistigh de struchtúir na Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN). Tabharfaidh sin deis do thuairimí daoine scothaosta sa Chontae a bheith mar chuid de bheartais agus de phleananna a mbeidh tionchar acu orthu, agus chun fóram comhairliúcháin níos éifeachtaí a chur ar fáil sa Chomhairle.

- Is fóram é Comhairle na nÓg lena chur ar chumas daoine óga a bheith rannpháirteach san údarás áitiúil agus lena gcloisfear a dtuairimí faoi bheartais agus faoi sheirbhísí áitiúla ina gContae. Oibríonn Comhordaitheoirí ó Obair d'Ógra Éireann, Gaillimh le Coiste Comhairle saincheaptha, chun tionscnaimh a fhorbairt agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an gComhairle. Le linn 2020, d'oibrigh an Chomhairle Contae ar leideanna meabhairshláinte a fhorbairt do dhaoine óga chun cabhrú leo déileáil le srianta COVID-19. Cuirfear iad sin i bhformáidí oiriúnacha do dhaoine óga agus scaipfear iad ar fud an Chontae.
- Foilsíodh leabhrán dar teideal "Contae na Gaillimhe – Táimid go Léir sa Bhád Céanna" ina bhfuil gníomhaíochtaí agus dúshláin, agus scaipeadh é ar os cionn 2,000 daoine scothaosta a bhí ag clutharú i rith na dianghlasála
- Ceapadh Comhordaitheoir Éire Shláintiúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chláir Éire Shláintiúil do Chontae na Gaillimhe
- A bhuíochas de Chiste Éire Shláintiúil, chuireamar oiliúint ar 22 duine d'fhonn an clár Bia Sláintiúil ar Bhealach Éasca (HFME) a sholáthar ar fud Chontae agus Chathair na Gaillimhe
- Chun an Lá Náisiúnta Súgartha a cheiliúradh, i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta, scaipeamar Pacáistí Súgartha ar theaghlaigh mhíbhuntáiste agus leochaileacha, chun leanaí agus daoine óga a spreagadh le bheith gníomhach i rith mhíonna an tsamhraidh
- D'eagraigh Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae na Gaillimhe seimineár gréasáin faisnéise do Ghrúpaí Pobail agus Deonacha Grúpaí Pobail agus Deonacha ina soláthraíodh faisnéis faoi na gnéithe teicniúla agus nósanna imeachta a bhaineann le hIonaid Phobail a athoscailt i gcomhréir le riachtanais sláinte poiblí. Tugadh faisnéis faoi na foinsí maoinithe atá ar fáil chomh maith.
- Chomh maith leis an bpost reatha, Oibrí Acmhainní PPN, cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail post nua, Oibrí Tacaíochta PPN, agus ceapadh duine sa phost sin i rith na bliana. Lean Rúnaíocht PPN de bheith ag teacht le chéile ar líne agus de ghníomhaíochtaí a stiúradh agus rinneadh go leor oibre i rith na bliana go dtí seo ar ról an PPN a láidriú ar feadh a phríomhfheidhmeanna:
  - Faisnéis: scríobhadh Nuachtlitir mhíosúil chun pobail a choinneáil ar an eolas maidir leis an gcomhairle go léir, deiseanna maoinithe agus faisnéis faoi gach gníomhaíocht agus clár de chuid an údaráis áitiúil. D'eagraigh an PPN seimineáir ghréasáin freisin chun faisnéis faoi scéimeanna maoinithe éagsúla a chur ar fáil dá Ghrúpaí Comhaltaí. Bhí freastal maith orthu sin agus glacadh go maith leo.
  - Rannpháirtíocht: tá cearta ag an PPN ainmniúchán a dhéanamh chuig líon Coistí agus Comhlachtaí ar feadh an údaráis áitiúil agus bhunaigh sé Grúpaí Nascachta éagsúla i rith na bliana lena chur ar chumas Ghrúpaí Comhaltaí 'teacht le chéile' ar réimsí comhleasa agus a ról rannpháirtíochta ar an gCoiste a láidriú trí bhíthin nasc díreach a chruthú chuig an gCoiste agus uaidh, don Ionadaí ábhartha. Ar na Grúpaí a bunaíodh go dtí seo tá an Fóram Míchumais, Fóram do Dhaoine Scothaosta, Fóram Idirchultúir agus Grúpa Téarnaimh Ghlais . Ina theannta sin, rinneadh comhairliúcháin le Grúpaí Comhaltaí agus rinneadh aighneacht chuimsitheach maidir leis an bPáipéar Buncheisteanna faoin bPlean Forbartha Contae inar leagadh amach tosaíochtaí Ghrúpaí Pobail ar Comhaltaí iad.
  - Forbairt Cumais: i ndiaidh suirbhé a dhéanamh ar na Grúpaí Comhaltaí go léir, cuireadh

sraith dar teideal Oiliúint Dé Máirt i bhfeidhm chun na tosaíochtaí arna sainaithint ag Grúpaí Comhaltaí i réimsí amhail láithreacht ar líne a chruthú, iarratais ar mhaoiniú a scríobh agus cloí le riachtanais RGCS. Cuireadh tús le sraith eile ceardlann dar teideal “Ceardlanna Dé Céadaoin” i mí na Samhna chun sainchomhairle a chur maidir le grúpaí pobail a bhunú agus saincheisteanna rialála, chomh maith le cumas a fhorbairt chun Zoom agus uirlisí cumarsáide eile a úsáid.

- Tacaíodh le Tionscnaimh um Chuimsiú Sóisialta, ‘Ceangal Caidrimh Fad a Fhanaimid Amach óna Chéile’ i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna nuair nach rabhthas in ann imeachtaí a reáchtáil le haghaidh na Seachtaine um Chuimsiú Sóisialta.
- Bunaíodh Fóram Míchumais Chontae na Gaillimhe le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae na Gaillimhe agus tionóladh an chéad chruinniú i mí Dheireadh Fómhair
- Tionóladh an Lá ‘Fág an Bealach’ go fíorúil an 25 Meán Fómhair i gcomhar le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Leanadh den Scéim Pobail um Aláram Deataigh a leathnú amach, ag díriú ar dhaoine leochaileacha nach raibh aláram acu
- Cuireadh tús le Feachtas Teacht Aniar an Rialtais, ‘Bail agus Beatha’
- Trí bhíthin Chiste Éigeandála COVID-19, soláthraíodh tacaíocht airgeadais do thionscadail amhail thionscnaimh chairdis, tacaíochtaí teicneolaíochta lena chur ar chumas Eagraíochtaí Cúraim leanúint de choinneáil i dteagmháil lena gcliaint agus comhairleoireacht a chur orthu, agus Pacáistí Cúraim agus Dearbháin Bhia do dhaoine leochaileacha agus scothaosta.
- Bunaíodh mapa agus eolaire ar líne den tacaíocht faoi Ghlao an Phobail

***Tograí do 2021:***

- Laethanta imeachtaí maidir le cuimsiú sóisialta a eagrú do ghníomhaíochtaí éagsúla agus tacú leo.
- Tús a chur le comhairliúcháin faoi Straitéis Aoisbhá nua.
- Clár maoinithe a chomhaontú do Chomhairle na nÓg agus tacú lena gcuid príomhábhar trí scéimeanna maoinithe na Comhairle.
- Leanúint leis an dul chun cinn ar na doiciméid Straitéise i réimsí Éire Shláintiúil agus ar Chomhtháthú Imirceach do Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint de thacú le Feachtas ‘Bail agus Beatha’ an Rialtais, agus é a chur chun cinn, trí bhíthin chláir agus tionscnaimh chun cabhrú le gach duine i bpobail fanacht folláin agus gníomhach.
- Leanúint de bheith ag díriú ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí agus ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste trí chláir ar nós SICAP, an Clár Feabhsúcháin Pobail, na Scéimeanna Tacaíochta Pobail agus Chiste Éire Shláintiúil.
- Tacú le líonra Gairdíní Pobail ar fud an Chontae le go bhféadfaidh pobail fanacht gníomhach amuigh faoin spéir agus leas a bhaint as tuilleadh folláine ón gcaidreamh sóisialta agus ó bhia cothaitheacha fhás.
- Faoi Éire Shláintiúil, tacú le Cistineacha Pobail in ionaid faoi úinéireacht an phobail ar fud an Chontae agus ár gcúrsaí Bia Sláintiúil ar Bhealach Éasca a sholáthar fad a chomhlíontar na

riachtanais sláinte poiblí go léir, chomh maith leis an gcúrsa a athchóiriú le go bhféadtar é a sholáthar ar líne chun dream níos mó daoine a aimsiú

- Ár bhFóram do Dhaoine Scothaosta a bhunú mar ghrúpa sonrach laistigh dár Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- Saoráidí amhail Féilire Imeachtaí agus Clár Teachtaireachtaí a fhorbairt le go bhféadtar caidreamh agus nascacht shóisialta a bhunú i measc na nGrúpaí Daoine Scothaosta agus na daoine scothaosta aonair go léir sa Chontae.
- Líonra caidreamh cairdis a chur ar bun ar fud an Chontae, i gcomhar lenár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta i nGlao an Phobail
- Fóram Idirchultúir a bhunú laistigh dár Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- Leanfaidh an PPN de bheith ag obair thar ceann a Ghrúpaí Comhaltaí chun a ról ionadaíoch a láidriú agus chun leas a bhaint as na deiseanna maoinithe go léir, agus teacht aniar Ghrúpaí Pobail a chothú i rith phaindéim COVID-19, rud a chruthaigh deacrachtaí ar leith do Ghrúpaí Comhaltaí. Tionólfar seisiúin eolais ar fud an chontae chun na Grúpaí Pobail agus Deonacha go léir a thabhairt cothrom le dáta maidir le foinsí maoinithe.

  agus Ceardlanna a eagrú chun cur le cumas spriocghrúpaí agus le riachtanais a aithint lena gcur isteach i gcláir agus i ngníomhaíochtaí maoinithe.

**Gníomhaíochtaí Ealaíon a Chur Chun Cinn agus a Fhorbairt**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- *Deontais Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe:* sholáthair na Deontais Ealaíon faoin Scéim Tacaíochta Pobail 2020.
- *An Clár Gníomhaithe um an Athrú:* Tá Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe fós i mbun an tionscadal mórscála réigiúnach seo de chuid na Comhairle Ealaíon a stiúradh agus soláthar ina leith a chur chun cinn. Clár forbartha cumais sa taighde gnímh é leis na féilte agus léiritheoirí is mó i gContae agus Cathair na Gaillimhe agus i Ros Comáin, i gcomhar le hInstitiúid Amharclannaíochta na hÉireann, Drámaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae Ros Comáin. I measc na bhFéilte/na nEagraíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh tá: an Fhéile Shorelines, Féile Ealaíon an Chlocháin, Traidphicnic, Tionscadal Lása Áth Cinn, Interface Inagh agus Áras Éanna.
- Cuireadh seirbhís chomhairleach agus eolais ghairmiúil leanúnach maidir leis na healaíona ar fáil do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí aonair agus d'fhéilte sa chontae chomh maith le seirbhís comhairliúcháin le dul in oiriúint do shrianta Covid-19.
- Rinneadh dul chun cinn ar *Dhréacht-Phlean Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe2020 -2024*
- Bunachar Sonraí Ealaíontóirí: Cuireadh obair ar bhunachar sonraí/tairseach ealaíontóra chun cinn leis na healaíontóirí sa chontae a nascadh agus le deiseanna oibre a chomhroinnt.
- Sparánachtaí d'Ealaíontóirí: Leanadh de sparánachtaí a thairiscint d'ealaíontóirí agus chinntigh sármhaitheas agus críochnúlachtar phainéil phiarmheasúnaithe maidir le gach dámhachtain. Gealladh ráiteas beartais a fhorbairt a thacóidh le luach saothair cóir d'ealaíontóirí.
- Cuireadh pleananna chun cinn do shraith oiliúna CPD le healaíontóirí ó thaobh obair a chruthú i gcomhthéacs Scoileanna, pobail agus socrúchán do dhaoine breacaosta a thógáil san áireamh.
- Forbraíodh deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí i gcomhar le ITI, VAI, Tulca, ISACS.

D’oibríomar go díreach le TULCA agus le Meitheal Dhamhsa na Gaillimhe ar chláir forbartha gairmiúla leanúnaí d’ealaíontóirí.

- Deiseanna Cónaitheachta d'Ealaíontóirí 2020: Tugadh tacaíocht do chónaitheachtaí in Áras Éanna, Lárionad Tyrone Guthrie agus Ionad Chultúr na hÉireann i bPáras. Díríodh ar thacú le cónaitheachtaí agus ionaid ealaíon áitiúla, lena n-áirítear Interface Inagh agus Gairdín Bhríde. Tugadh tacaíocht do chomhpháirtithe cónaitheachta a bhí ann cheana féin chun fíor-chónaitheachtaí a thairiscint nuair a bhí sé sábháilte sin a dhéanamh agus cónaitheachta “*in absentia*” in Áras Éanna i rith na dianghlasála.
- Rinneadh dul chun cinn ar **Bheartas Ealaíon Poiblí nua 2020-2024 de chuid Chontae na Gaillimhe** le bheith ceadaithe ag an gComhairle i mí na Nollag 2020. Tionóladh Grúpa Bainistithe Ealaíon Poiblí chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár.
- COIMISIÚN NÁISIÚNTA NUA: - Thug Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe tacaíocht do PLATFORM 31 agus ghlac ceannas ar an tionscadal. Scéim náisiúnta forbartha ealaíontóirí atá ann faoi stiúir Oifigí Ealaíon an 31 Údarás Áitiúil, in éineacht leis an gComhairle Ealaíon. PLATFORM 31 –deis náisiúnta d’ealaíontóirí a gcleachtas a fhorbairt agus smaointe nua a thástáil maidir le comhoibriú, taighde, forbairt lucht féachana/éisteachta, comhfhorbairt áite agus a gcuid oibre a roinnt. Tá an tionscadal ceaptha forbairt gairme agus tacaíocht a thairiscint do 31 ealaíontóir (duine amháin i ngach ceann den 31 údarás áitiúil timpeall na hÉireann) atá ag teacht chun cinn nó atá i lár a ngairme. Faigheann ealaíontóirí rannpháirteacha sparánacht €8,000 le hinfheistiú iontu féin agus ina gcleachtas, agus glacann siad páirt i gcreat comhairleach agus forbartha agus i líonra náisiúnta piaraí.
- Ealaíontóirí i Suíomhanna Oideachais: Tugadh an deis do 6 scoil páirt a ghlacadh i gcláir ealaíontóirí i scoileanna agus cruthaíodh líon clár ealaíon eile do scoileanna, ag obair le cláir GRETB do luathfhágálaithe scoile, le seirbhísí Ógtheagmhála agus leis na líonraí Scoileanna Ildánacha. Cuireadh cláir scoileanna ar fionraí i Mí an Mhárta ach tosaíodh ag obair le scoileanna arís i bhFómhar 2020. Cruthaíodh clár oiliúna nua d’ealaíontóirí a bhíonn ag obair i scoileanna, le réamhchúraimí Covid i bhfeidhm, agus cuirtear ceardlanna ar líne/Zoom ar fáil mar thacaíocht bhreise.
- Leanadh **d’Fhéile Leabhar na Leanaí, “Book It”**, a fhorbairt i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne. Tá sé beartaithe leagan ar líne a thairiscint in 2020 agus leagan hibride in 2021.
- **Clár Ealaíon na nÓg:** Leanadh de bheith ag obair le Sorcas Pobail na Gaillimhe chun rannpháirtíocht le grúpa daoine óga sa Ghort a mhéadú. Comhoibríodh le Macnas chun an clár um léiriú ealaíon sráide i mBaile Átha an Rí a leathnú. Tugadh tacaíocht do ghrúpa Gliondar i mBaile Átha an Rí, grúpa a oibríonn le déagóirí, ag traenáil agus ag déanamh taibhiúcháin san amharclannaíocht a bhaineann le suíomhanna sonracha. Tugadh tacaíocht do Mhuintearas Óg ar mhalartú taibhithe le hOllscoil Pontio University in Bangor, an Bhreatain Bheag. Tá an malartú sin ar fionraí faoi láthair ach leanfar leis chomh luath agus is praiticiúil, nó déanfar socrú chun é a thabhairt chun críche ar líne.
- Leanadh de thacaíochtaí cláir eile do leanaí agus daoine óga a thairiscint i gcomhar lenár gcomhpháirtithe gairmiúla –Baboró: Féile Ealaíon Idirnáisiúnta do Leanaí, Branar: Téatar do Pháistí, Tulca, Cónaitheacht Cheoil na Gaillimhe, Fleadh Sóisearach Scannán na Gaillimhe agus Ionad Scannán na Gaillimhe, a dhéanann taispeántais agus camchuairteanna sa chontae.
- Oibríodh i gcomhar le **Music Generation Chontae na Gaillimhe** chun tacú leis an gClár Oideachas Ceoil i gcomhar le GRETB.
- ***Na hEalaíona & Míchumas*** Tugadh tacaíocht do Blue Teapot Theatre Company ar thionscadal amharclannaíochta agus scannán sa Chontae le roinnt dá gcomhaltaí ID. Tá

gealltanas tugtha ag Blue Teapot go ndéanfaidh siad taighde gníomhaíochta ar láithreáin éagsúla sa chontae sna 6-12 mhí amach romhainn in éineacht le Speckled Egg, cuideachta i nGaillimh, i gcomhar leis an Oifig Ealaíon. Thugamar tacaíocht do cheardlanna scannán agus beochana le Blue Teapot in dhá áit i mBéal Átha na Sluaighe agus i dTuaim in 2020 a raibh mar bhuaicphointe acu an BIG DAY OUT mar chuid den fhéile *Crossing the Line* a bhí le tionól i mí na Bealtaine ach a cuireadh ar ceal de bharr COVID-19.

- ***Díriú ar na hEalaíona do Dhaoine Scothaosta in:*** Oibríodh leis an Ealaíontóir Damhsa, Bernadette Divilly, i mBéal Átha na Sluaighe ar thionscadal damhsa le mná níos sine a reáchtáladh sular thosaigh an dianghlasáil agus atá le reáchtáil arís i spás amuigh faoin aer i mBéal Átha na Sluaighe chomh luath agus a thugann an comhairle sláinte poiblí deis sin a dhéanamh.
- Cuireadh tús le taighde ar an bhféidearthacht maidir le moil chultúir a chruthú sa chontae

- Glacadh le hinbhuanaitheacht chomhshaoil trí bhíthin tionchair chomhshaoil a leabú i maoiniú d'eagraíochtaí cruthaitheacha agus oiliúint i bhfeasacht faoin gcomhshaol agus faoin inbhuanaitheacht a chur ar fáil le haghaidh féilte agus imeachtaí pobail.
- ***Áiteanna Ildánacha, Tuaim:*** Tá an tionscnamh seo ag teacht leis an bPlean Ealaíon agus tá ról lárnach tacaíochta ag Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe. Is éard a bheidh mar chuid d'oidhreacht an chláir seo, cumas cultúir i bhfad níos mó i dTuaim le linn shaolré an chláir phíolótaigh seo, rud a sholáthróidh buntáistí níos faide ná i dTuaim féin. Cruthaíodh tionscnaimh trí bhíthin an chláir seo in 2020, chomh maith le deiseanna eile don Oifig Ealaíon caidrimh a fhorbairt le healaíontóirí agus le pobail sa cheantar taobh amuigh den tionscadal.
- ***Oíche Chultúir 2020:*** D'éirigh le hOíche Chultúir 2020 inar cuireadh clár 34 imeacht ar fáil, go leor coimisiún nua ina measc. Reáchtáladh na himeachtaí ar líne agus as líne.
- **Príomhthionscadail Phobail ar tacaíodh leo:** Thugamar tacaíocht do phríomhthionscadail / pobail chruthaitheacha i mbliana trí bhíthin ár gclár ealaíon agus, i gcásanna infheidhme, i gcomhar le hÉire Ildánach. I measc na dtionscadal tá: ***Inishbofin Lockdown*** leis an déantóir clár faisnéise, Kieran Concannon agus pobal Inis Bó Finne; ***Tionscadal Lása Áth Cinn****; The Space Between*, rian amharc-ealaíne d'fhreagairt ealaíontóirí agus foilseachán an tsaothair a cruthaíodh. **Carrying the Songs:** Tionscadail síl Interface Inagh agus **Áiteanna Ildánacha Thuama**.
- Tugadh tacaíocht do Screen Commission West, do Chathair Scannánaíochta UNESCO agus do Wrap Fund.
- Thacaigh le hÁras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr).
- D'oibrigh i gcomhar le Gaillimh 2020 chun tacaíocht a thabhairt do sheachadadh clár laistigh den chontae.
- Is ag an Oifig Ealaíon atá ról an Chomhordaitheora do **Chlár Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi Éire Ildánach.** Rinne an Oifig Ealaíon Clár Éire Ildánach 2020 a stiúradh, a bhainistiú agus a riar, agus rinne siad coimeádaíocht agus clárú díreach ar Chruinniú na nÓg 2020 (lá náisiúnta cruthaitheach do leanaí) i gContae na Gaillimhe. Thugamar tacaíocht dhíreach do Bhranar in 2020 chun rainn nua do leanaí a chumadh. Rinneadh gearrthóga beochana díobh agus craoladh ar RTÉ iad mar chuid de chlár náisiúnta.
- **Erasmus+**: Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de 6 chomhpháirtí sa chlár rathúil Erasmus + dar teideal Culture UP 2020-2022. Beartaítear leis an tionscadal "CULTURE UP – Cumas a fhorbairt d'Institiúidí Cultúir agus d'Údaráis Áitiúla i gceantair neamhuirbeacha agus imeallacha", eolas faoin fhorbairt chultúir agus cleachtas forbartha cultúir a mhalartú agus a roinnt sna hearnálacha poiblí, príobháideach agus sibhialta i gcúig cheantar neamhuirbeacha agus imeallacha san Eoraip. An sprioc atá leis sin, deiseanna foghlama a éascú chun uasoiliúnt a chur ar institiúidí cultúir agus ar údaráis áitiúla i gceantair thuaithe, agus chun iad a spreagadh agus a ghríosadh a bhforbairt cumais a láidriú chun leasa na bpobal áitiúil. Díreofar an tionscadal ar ghnáth-rialáil chultúir ó lá go lá i gceantair thuaithe. Beidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Áras Éanna rannpháirteach sa chlár malartaithe ghairmiúil seo, a gcuirfear tús leis go luath in 2021.

***Tograí don bhliain 2021***

- *Deontais Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe:* tacaíocht, breithniú agus riar a dhéanamh trí bhíthin na Scéime Tacaíochta Pobail 2021.
- Seirbhís chomhairleach agus eolais ghairmiúil leanúnach maidir leis na healaíona a chur ar

fáil do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí aonair agus d'fhéilte sa chontae chomh maith le seirbhís comhairliúcháin le dul in oiriúint do shrianta Covid-19.

- Clár Saothar Ealaíne Poiblí a fhorbairt trí bhíthin an ghrúpa um Bhainistiú Ealaín Phoiblí.
- Sparánachtaí Ealaíontóirí: Sparánachtaí a thairiscint d'ealaíontóirí chun saothar a fhorbairt agus sármhaitheas agus críochnúlacht ar phainéil phiarmheasúnaithe a chinntiú maidir le gach dámhachtain.
- *An Clár Gníomhaithe um an Athrú:* Leanúint de bheith ag obair leis an líonra féilte agus léiritheoirí seo chun forbairt cumais agus comhroinnt acmhainní a chothú. **Taibhithe a Choimisiúnú: -** *"Beidh tacaíocht agus tuilleadh infheistíochta tugtha dúinn d'fhéilte a thacaíonn le pobail taithí a fháil ar na healaíona agus beocht a chur sa phobal" (Creatchomhaontú).* Cruthóimid dhá choimisiún i gcomhar lenár bhféilte trí bhíthin an Chláir Gníomhaithe um an Athrú chun dhá shaothar a fhorbairt. Beidh sin oscailte do gach foirm ealaíne a bheifear in ann a léiriú beo ag féilte, más féidir, ar bhealach a chuimseoidh scaradh sóisialta.
- Tá deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha beartaithe i gcomhar leis an ITI, VAI, TULCA, ISACS agus Create.
- Ar na Cónaitheachtaí Ealaíontóirí a dtacófar leo in 2021 tá: Áras Éanna, Lárionad Tyrone Guthrie agus Ionad Chultúr na hÉireann i bPáras, agus cónaitheachtaí agus ionaid ealaíon áitiúla, lena n-áirítear Interface agus Gairdín Bhríde.
- Platform 31: - Tabharfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht d'ealaíontóir amháin atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe faoin scéim forbartha ealaíontóirí náisiúnta seo, faoi stiúir an 31 Oifig Ealaíon de chuid na nÚdarás Áitiúil, in éineacht leis an gComhairle Ealaíon. Gheobhaidh ealaíontóirí rannpháirteacha sparánacht €8,000 le hinfheistiú iontu féin agus ina gcleachtas, agus glacadh siad páirt i gcreat comhairleach agus forbartha agus i líonra náisiúnta piaraí.
- Féile Leabhar na Leanaí *Book IT*: Féachaint leis an rogha maidir le scríbhneoir cónaitheachta do leanaí/daoine óga a chruthú le haghaidh 2021, cónaitheacht *in absentia* b'fhéidir, ina ndíreofaí ar shaothar trí mheán na Gaeilge. Táthar ag smaoineamh ar scríbhneoirí/filí óga i gcomhar le hÉigse Éireann. Leanúint de shaothar a chur i láthair beo agus ar líne mar chuid den Fhéile *Book it* 2021.
- **Ealaíontóirí i Scoileanna:** Is clár é seo a mbíonn an-tóir air i gcónaí. Comhpháirtíocht idir Scoileanna Ildánacha agus clár scoileanna GRETB atá ann. Sa bhliain 2021, leathnóimid an clár seo chuig Ealaíontóirí i suíomhanna Grúpaí Óige, agus oibreoimid go díreach le Youth Work Ireland i líon suíomhanna sa chontae.
- **Clár um an Óige Ildánach le Macnas agus Sorcas Pobail na Gaillimhe:** sa bhliain 2021, cuirfear saothar daoine óga as an dá ghrúpa i láthair le chéile, mar chuid den tsraith féilte ealaíon a d'fhéadfadh tarlú in 2021. Cuirfear an saothar uile sin i láthair amuigh faoi spéir.
- **Cónaitheachtaí don Cheol Leictreonach agus don Fhocal Labhartha** 2021. D'eascair an tionscnamh seo faoi stiúir na hóige as smaoineamh don Oíche Chultúir i mBaile Locha Riach le Youth Work Ireland agus iad ag obair le saineolaithe na teicneolaíochta ceoil agus le healaíontóirí an fhocail labhartha chun saothar nua le daoine nua ón gceantar a chruthú.
- Oibriú i gcomhar le **Music Generation Chontae na Gaillimhe** chun tacú leis an gclár Oideachais Ceoil, I gcomhar le GRETB.
- Leanúint de thacaíochtaí a thairiscint le haghaidh chláir eile do leanaí agus do dhaoine óga i gcomhar lenár gcomhpháirtithe gairmiúla - Baboró: Féile Ealaíon Idirnáisiúnta do Leanaí,

Branar: Téatar do Pháistí, Tulca, Cónaitheacht Cheoil na Gaillimhe, Fleadh Sóisearach Scannán na Gaillimhe agus Ionad Scannán na Gaillimhe, a dhéanann taispeántais agus camchuairteanna sa chontae.

- **Saothar Nua do Lucht Féachana/Éisteachta Scothaosta i suíomhanna tuaithe nó iargúlta a Choimisiúnú**: Breith ar chruthaitheacht agus rannchuidiú daoine scothaosta i gContae na Gaillimhe trí bhíthin dhá choimisiún d'ealaíontóirí a bheidh oscailte do gach foirm ealaíne. Díreofar, sna coimisiúin sin, ar shaothar a chruthú a bheifear in ann a léiriú ar bhealach a chuimseoidh scaradh sóisialta, mar thaibhiúchán do líon beag daoine, b'fhéidir. Cuirfear san áireamh nár fhág go leor daoine scothaosta an baile le tamall fada.
- ***Athbhreithniú agus Comhairliúchán maidir leis na hEalaíona agus an Míchumas:*** Mar a leagadh amach in 2020, ní mór athbhreithniú mór a dhéanamh air seo lena chinntiú go mbeidh deis ag gníomhaireachtaí eile a bheith rannpháirteach. Oibreoimid lenár gcomhpháirtí, Blue Teapot Theatre Company, ar thionscadal amharclainne agus scannán sa Chontae le roinnt dá gcomhaltaí ID. Tá sé beartaithe againn próiseas comhairliúcháin a dhéanamh sa chontae, arna éascú ag Blue Teapot, chun féachaint ar an soláthar ealaíon agus ar na deiseanna d'ealaíontóirí faoi mhíchumas agus dóibh siúd a chónaíonn lasmuigh de na hearnálacha cúraim/tacaíochta. Tá sé i gceist againn taighde a dhéanamh ar dheiseanna maidir le cur chuige comhtháite le go bhféadfaidh Ealaíontóirí ID agus neamh-ID a bheith ag obair i gcomhar lena chéile.
- Glacadh le hinbhuanaitheacht chomhshaoil trí bhíthin tionchair chomhshaoil a leabú i maoiniú d'eagraíochtaí cruthaitheacha agus oiliúint i bhfeasacht faoin gcomhshaol agus faoin inbhuanaitheacht a chur ar fáil le haghaidh féilte agus imeachtaí pobail.
- ***Áiteanna Ildánacha, Tuaim:*** An Oifig Ealaíon le leanúint de thacú leis an tionscadal seo.
- ***Oíche Chultúir 2021:*** Clár rathúil imeachtaí Oíche Chultúir 2021 a sholáthar, lena n-áirítear go leor coimisiúin agus imeachtaí nua le reáchtáil ar líne agus as líne.
- **Oiliúint i Scannáin Faisnéise/Cúrsaí Fuaime do Phobail/Féilte.** Déanfar sin a sholáthar ar líne, go príomha, nuair is féidir sin, ag saineolaithe ón earnáil chlosamhairc agus scannán i nGaillimh. Oibreoimid i gcomhar le hIonad Scannán na Gaillimhe chun an tionscadal seo a chur i gcrích.
- **Coimisiún maidir leis an gClár Éagsúlachta Cultúir**: "*Beartas comhionannais, rochtana agus uilechuimsitheachta a fheidhmiú i ngach clár agus tionscnamh arna thairiscint, ag obair le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta ar rannpháirtíocht ardchaighdeáin sna healaíona, faoi stiúir an phobail, dár bpobail sheanbhunaithe agus nua" (Dréachtphlean Ealaíon Chontae na Gaillimhe)*–ag obair i gcomhar le Fóram Idirchultúir nuabhunaithe Chontae na Gaillimhe, fostóimid saineolaithe ealaíon le bheith ag obair le grúpaí agus le daoine aonair nach bhfuil rochtain acu fós ar chláir ealaíon, agus iarrfaimid iarratais ó ealaíontóirí ó chúlraí éagsúla, a bhfuil taithí éagsúil ar an gcultúr acu, chun tionscadail a sholáthar ina bpobal féin.
- Tacaíocht a thabhairt do Screen Commission West, do Chathair Scannánaíochta UNESCO agus do Wrap Fund.
- Tacaíocht a thabhairt d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr).
- **Clár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe** Clár Éire Ildánach a stiúradh, a bhainistiú agus a riar, agus clárú agus coimeádaíocht dhíreach a dhéanamh ar Chruinniú na nÓg 2021(lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí) i gContae na Gaillimhe.

 **Erasmus+**: Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de 6 chomhpháirtí sa chlár rathúil Erasmus + dar teideal Culture UP 2020-2022. Sa bhliain 2021, stiúrfaidh Oifig Ealaíon

Chomhairle Chontae na Gaillimhe an chéad chuairt/cuairt fhíorúil ar an gContae dár gComhpháirtithe san Eoraip. Beidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Áras Éanna rannpháirteach sa chlár malartaithe ghairmiúil seo, a gcuirfear tús leis go luath in 2021.

**An Chomhpháirtíocht Spórt Áitiúil**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:***

- Fuarthas maoiniú leordhóthanach ó fhoinsí atá ar fáil – Spórt Éireann, na Cuntais Díomhaoin, Údaráis Áitiúla, HSE agus Ranna Rialtais le maoiniú a dhéanamh ar Oibríochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe sa bhliain 2020. Fuarthas maoiniú ó Spórt Éireann, Ciste na gCuntas Díomhaoin agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leis na cláir go léir a reáchtáil sa bhliain 2020.
- Mol Spóirt Bhéal Átha na Sluaighe, trealamh don mhol - Fuarthas maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Fuarthas maoiniú agus rinne maoirseacht ar fheidhmiú Cláir Spóirt Éireann agus ar chláir eile inár bPlean Straitéiseach 2016 – 2020 cúig bliana, le béim faoi leith ar spriocghrúpaí GSP. Áiríodh ar chláir, Imeachtaí Amuigh faoin Aer, Mná ar an Uisce, Clár do Dhaoine Óga atá i mBaol, Peil Éasca do Dhaoine Níos Sine, Senior Circuits, Buggy Buddies, Sacar sa Mheán Oíche, Meet and Train.
  Fuarthas maoiniú agus tá na cláir curtha i bhfeidhm. Tá roinnt acu tugtha chun críche, beidh obair ar siúl ar roinnt eile go deireadh na bliana.
- Bunaíodh Nascghrúpaí Spóirt i gcomhar le PPN an Chontae. Tá sin fós ar siúl.
- Eagraíodh siúlóidí pobail mar chuid de *Operation Transformation* i gcomhar le pobail áitiúla ar fud na Gaillimhe. – Eagraíodh 14 siúlóid, ghlac 2052 duine ar fud na Gaillimhe páirt sa tsiúlóid.
- Cuireadh le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla trí Chlár Maoinithe GSP. Cláir ghníomhaíochta – Mná ar an Uisce, Clár do Dhaoine Óga atá i mBaol, Senior Circuits – tá siad go léir eagraithe, tá roinnt acu tugtha chun críche agus beidh cuid acu fós ar siúl go deireadh na bliana. Féach thíos faoi chláir maoinithe HSE, cláir scoile agus cláir do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Cláir Oiliúna a sheachadadh –Cumhdach 1, 2 agus 3, Ceannaire Gníomhaíochta, Garchabhair, Ceannaire Siúlóide, Oiliúint Rothair, Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas, Oiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas, Ceardlanna Cóitseála do Leanaí,
- Tá formhór ár gclár oiliúna agus oideachais á reáchtáil ar líne de bharr shrianta Covid-19.
- Soláthraíodh cláir a díríodh go sonrach ar dhaoine faoi mhíchumas – Boccia, Peil Siúil, foghlaim le Rothaíocht a Dhéanamh. Tá Boccia fós ar bun agus tá an clár Foghlaim le Rothaíocht a Dhéanamh á sholáthar i Scoil Náisiúnta na Toirbhirte.
- Rinneadh seachadadh ar chláir siúlóide, cláir snámha, cláir Fir ag Gluaiseacht agus cláir ón tolg go 5K, ar fud na Gaillimhe. Cláir atá maoinithe ag HSE, - 3 Men on the Move, 4 chlár ón tolg go 5K, 8 Buggy Buddies, clár Snámha do Dhaoine faoi Mhíchumas tugtha chun críche.
- Rinneadh seachadadh ar Bí Gníomhach tar éis na Scoile agus clár Siúil Míle do bhunscoileanna ar fud na Gaillimhe. Tá seachadadh déanta ar na cláir seo go léir agus tá siad

tugtha chun críche.

- Cruinnithe le Grúpa Stiúrtha GSP agus na grúpaí oibre ábhartha ar feadh na bliana 2020, eagraithe agus éascaithe. Tionóladh cruinniú amháin ar líne agus tá ceardlanna beartaithe don chuid eile den bhliain.
- Rinneadh iarratas agus fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun imeachtaí a chláir a chur ar fáil do Sheachtain na Rothar 2020. Bhí 25 imeacht ar siúl, 11 imeacht sa chontae mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Rothar, lena raibh baint ag 702 duine ar an iomlán, bhí daoine fásta agus leanaí i gceist.
- Cláir ghníomhaíochta coirp eagraithe agus curtha ar fáil do dhaoine níos sine mar chuid d'Fhéile na Bealtaine 2020. Rinneadh bileoga faoin aclaíocht do dhaoine níos sine a chló agus a scaipeadh ar fud an chontae.

***Tograí do 2021:***

- Iarratas a dhéanamh agus maoiniú CORE a fháil ó Spórt Éireann le maoiniú a dhéanamh ar oibríochtaí ginearálta Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe don bhliain 2021.
- Fuarthas maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun ár dTionscnaimh Eachtraíochta Uirbeacha Amuigh Faoin Spéir a sholáthar i mBéal Átha na Sluaighe. Fuarthas maoiniú do thrí chlár eile i nGaillimh freisin in 2021 –Ceannaireacht Óige, Oiliúint d'Oibrithe Deonacha agus Gníomhaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Ceapfar duine sa phost SIDO agus gheofar maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin le haghaidh Thionscadail Uilechuimsitheachta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- Iarratas a dhéanamh agus maoiniú a fháil ón HSE agus cláir siúlóide, cláir snámha, cláir Fir ag Gluaiseacht agus cláir ón Tolg go 5K, a chur ar fáil ar fud na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear, Comhairle Spóirt na Gaillimhe agus Spórt Éireann, chun cur an méid is fearr is féidir le deiseanna agus le forbairt straitéiseach Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe.
- Maoiniú a fháil le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú Cláir Spóirt Éireann agus ar chláir eile inár bPlean Straitéiseach 2016–2020 cúig bliana, le béim faoi leith ar spriocghrúpaí GSP. Áireofar ar chláir, Ceardlanna Ceannaireacht Ghníomhach, Go4Life (Beir Beo ar an Saol), Éire ag Siúl, Cláir Éire Shláintiúil HSE, Cláir Ionad Cara, Seachtaine Rothar na Gaillimhe, Seachtain Siúlóide na Gaillimhe, Rámhaíocht do na Fir Amháin, Foghlaim le Rothaíocht, Cláir Ionad Cara, Sacar do Dhaoine le Laga mharc.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Straitéiseach scoir agus é a athchóiriú de réir mar is cuí, ag obair go dlúth le Spórt Éireann
- Bunú Nascghrúpaí Spóirt a thabhairt chun críche trí PPN an Chontae.
- Cláir Oiliúna a sheachadadh –Cumhdach 1, 2 agus 3, Ceannaire Gníomhaíochta, Garchabhair, SAQ, Ceannaire Siúlóide, Oiliúint Rothair, Oiliúint do Dhaoine faoi Mhíchumas, Oiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas, Ceardlanna Cóitseála do Leanaí, Gradam Ceannaire Spóirt do dhaltaí na hIdirbhliana.
- Cláir Cóitseála Pobail leasaithe a sheachadadh i dTuaisceart Chonamara agus i gcathair na Gaillimhe
- Iarratas a dhéanamh agus maoiniú a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun imeachtaí agus cláir a sheachadadh do Sheachtain na Rothar 2021.

- Cláir ghníomhaíochta coirp do dhaoine níos sine mar chuid d’Fhéile na Bealtaine 2021.
- Beidh cúrsa do Chláir Cóitseála Pobail oscailte anois do rannpháirtithe ar bith sa bhliain 2021.

**Seirbhís do Chustaiméirí - ERCD**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Leanúint de roinn an Aonaid ar an láithreán gréasáin a athbhreithniú chun faisnéis úsáideach cothrom le dáta a sholáthar do phobail, do ghnóthaí agus do shaoránaigh agus, chomh maith leis sin, leanúint de thacaíocht a thabhairt do na láithreáin ghréasáin 'Déanta i nGaillimh' agus 'Gastranamaíocht na Gaillimhe'.
- Bearta comhaontaithe atá ann sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir agus sna Treoirlínte maidir leis an nGaeilge a chur i bhfeidhm.
- Teagmháil mhéadaithe leis an earnáil phobail agus ghnó ar ardáin Mheán Sóisialta.
- Reáchtáladh imeachtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta pobail i gcomhar leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí maidir le scéimeanna agus cláir mhaoinithe arna n-oibriú ag an aonad.
- Baineadh úsáid as na líonraí agus na hardáin a bhí ar fáil chun faisnéis faoi Covid-19 a scaipeadh, lena n-áirítear Freagairt an Phobail agus teachtaireachtaí faoi sheirbhísí lárnacha arna soláthar ag an aonad agus ag an eagraíocht níos leithne.

***Tograí do 2021:***

- Leanúint d'eolas a eisiúint ar na Grúpaí Pobail agus Deonacha go léir tríd an PPN agus eolas a chuir i dtoll a chéile maidir leis na foinsí deontais go léir atá ar fáil ar mhaithe le rochtain éasca.
- Leanúint dár láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta agus leathanach tiomnaithe a sholáthar do Chiste Éire Shláintiúil le gníomhaíochtaí ar fud an Chontae a chur chun cinn.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara lena fháil amach cén chaoi is féidir seirbhísí a fheabhsú agus chun tionchar Covid-19 ar sheirbhísí a chur san áireamh.

## Clár Forbartha na Leabharlann

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

Bliain thar a bheith dúshlánach do leabharlanna na Gaillimhe a bhí in 2020, mar ab amhlaidh i gcás gach cuid de Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cé go raibh foirgneamh na leabharlann dúnta, nó nach ach rochtain theoranta orthu an chuid is mó den bhliain, bhí foireann na leabharlann i dteagmháil leis an bpobal agus chuir siad seirbhísí ar fáil ar bhealaí nuálacha. D'éirigh thar cionn le 'Déan Teagmháil agus Bailigh', ina ndearna custaiméirí na leabharlann teagmháil lena leabharlann áitiúil ar an bhfón nó ar ríomhphost chun iarratais a dhéanamh agus a míreanna a bhailiú ag am faoi leith a tugadh dóibh. Cuireadh seirbhís fágála leabhar ar fáil do chustaiméirí a úsáideann an Leabharlann Taistil nuair nach raibh an Leabharlann in ann taisteal, de bharr shrianta ón Rialtas. D'oibrigh leabharlanna na Gaillimhe le Rannóg Saoráidí Chomhairle Chontae na Gaillimhe lena chinntiú go raibh na foirgnimh go léir feistithe go cuí agus go raibh córais ghlantacháin rialta i bhfeidhm chun sábháilteacht an phobail agus na foirne a chinntiú.

- Cuireadh teorainn ollmhór ar an líon cuairteoirí chuig na leabharlanna de bharr Covid 19. Bhí foirgnimh na leabharlann dúnta ó mhí an Mhárta go dtí mí an Mheithimh de bharr shrianta

ón Rialtas, agus arís ón 23 Deireadh Fómhair go dtí an 1 Nollaig 2020. Lean Leabharlanna na Gaillimhe de sheirbhísí ar líne a chur ar fáil i rith an ama sin agus tháinig fás ollmhór ar an úsáid ar baineadh as an leabharlann ar líne, e.g. i Mí an Mhárta 2019, chláraigh 28 n-úsáideoirí nua le haghaidh BorrowBox agus tháinig ardú go 1,466 ar an líon úsáideoirí i mí an Mhárta 2020. Ó mhí Eanáir go mí Lúnasa2020, chláraigh 3,639 duine chun ár Seirbhísí Leabharlainne ar líne a úsáid, i gcomparáid le 333 duine sa tréimhse chéanna anuraidh.

- Rinne seirbhís taistil Leabharlanna na Gaillimhe málaí leabhar a sheachadadh chuig daoine a bhí ina gcónaí i gceantar thuaithe agus iargúlta. Chuir na custaiméirí agus na pobail sin fáilte mhór roimh an tseirbhís sin agus bhí siad thar a bheith buíoch aisti.
- D'oibrigh leabharlanna na Cathrach i gcomhar le comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe agus le COPE chun leabhair a sheachadadh chuig daoine a raibh clutharú á dhéanamh acu.
- D'iarr an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe tograí chun tacú le saoráidí agus trealamh Céadfacha a sholáthar i Leabharlanna Poiblí i mí Eanáir2020. Chuir Leabharlanna na Gaillimhe togra isteach agus fuair maoiniú €28,698 chun uasghrádú a dhéanamh ar na saoráidí Céadfacha i nGaillimh. Áirítear sa togra Seomra Céadfach i Leabharlann an Taoibh Thiar. Tá deich gclúid chéadfach shoghluaiste le suiteáil sna leabharlanna seo a leanas: Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Baile Bán, an Cheathrú Rua, an Clochán, Cathair na Gaillimhe, Baile Locha Riach, Órán Mór, Port Omna agus Tuaim. Tá bailiúcháin leabhar céadfach le bheith ar fáil i leabharlann i ngach Ceantar Bardasach ach beidh siad ar fáil do chustaiméirí ar fud an chontae le tógáil ar iasacht. Beidh roghanna bréagán céadfach ar fáil le húsáid ag daoine aonair nó ag grúpaí i ngach brainse. Cé gur chuir COVID-19 isteach ar na socruithe sin go pointe, tá dul chun cinn á dhéanamh agus táthar ag súil go mbeidh gach rud réidh go luath in 2021.
- Fuair Leabharlanna na Gaillimhe €5,000 trí bhíthin thogra chuig Maoiniú ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe faoi Éire Shláintiúil 2020: Maoiniú d'Acmhainní Údarás Áitiúil. Baineadh úsáid as an maoiniú sin chun bogearraí Áitíochta a cheannach chun smacht a choimeád ar an líon daoine a théann isteach sna leabharlanna ag aon am amháin. Tabhair ar aird: De bharr Scaradh Sóisialta, cuireadh teorainn leis an líon daoine ag dul isteach sna leabharlanna chun sábháilteacht na gcustaiméirí agus na foirne a chinntiú. Ceannaíodh ábhar taifeadta digitigh freisin chun ábhar a thaifeadadh agus a chruthú do na meáin shóisialta, e.g. am scéalta agus seisiúin cheardaíochta a bhféadfadh an pobal teacht orthu agus sult a bhaint astu.
- Cuireadh amach glao ar mhaoiniú i mí Iúil 2020 maidir le Tacaíochtaí Leabharlainne le haghaidh Phobail Imeallacha, Eisithe go Sóisialta, agus iad faoi Mhíbhuntáiste. Rinne Leabharlanna na Gaillimhe iarratas ar mhaoiniú ar mhéid iomlán de €18,081 le haghaidh ceithre thionscadal. Ina measc siúd tá *Touch-Type, Read and Spell* (TTRS) clár ilchéadfach do leanaí a bhfuil disléicse orthu. Beidh an clár sin ar fáil saor in aisce do leanaí ar fud an Chontae agus na Cathrach. Baineann an dara tionscadal le leabhráin leabharlainne á n-aistriú go teangacha éagsúla agus á scaipeadh ar na hionaid Soláthar Díreach. Baineann na tionscadail eile le tacaíochtaí céadfacha do thuismitheoirí agus ceardlanna um nuálaíocht dhigiteach do leanaí.
- Tá maoiniú €111,101.01 geallta ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena ndéanfar feabhsúcháin ar Leabharlanna an Chlocháin, an Spidéil agus an Taoibh Thiar.
- Baineadh amach creidiúnú ISO45001 don tSeirbhís Leabharlainne mar chuid den phróiseas creidiúnaithe foriomlán.

**Tionscnaimh Leabharlainne:**

*Éire Shláintiúil @ do leabharlann:*

Tá sé aitheanta ag an Roinn Sláinte gur féidir oibriú le Leabharlanna Poiblí ar fud na hÉireann chun Clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann a chur i bhfeidhm, ar clár é atá dírithe ar leabharlanna a bhunú mar fhoinse luachmhar sa phobal i dtaca le faisnéis faoi chúrsaí sláinte. Tugann Clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann aghaidh ar 6 phríomhréimse: **Óige Shláintiúil, Bia Sláintiúil agus Saol Gníomhach, Folláine agus Meabhairshláinte, Aosú Dearfach, Alcól agus Tobac.**

- Cuireann an clár leis an eolas reatha ar shláinte i leabharlanna na Gaillimhe trí bhailiúchán cuimsitheach leabhair nua, ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, ríomhirisí agus cúrsaí ar líne maidir le sláinte agus folláine a sholáthar. Chun stoc leabhar agus acmhainní ar líne Éire Shláintiúil a chomhlánú, bhí sraith cainteanna, pléite agus ceardlann ann ar lena linn a leagadh béim ar shláinte fhisiciúil, ar mheabhairshláinte agus ar litearthacht sláinte agus tá siad sin ar siúl i gcónaí. Beidh na himeachtaí ar fad maidir le hÉire Sláintiúil á reáchtáil go fíorúil agus áireofar orthu John Connell, John Sharry, Joanna Fortune, *Alzheimzer Society of Ireland* agus Pius Murray ag labhairt faoi na Buntáistí a Bhaineann le Siúl.
- Fuair na cainteanna a rinne *Diabetes Ireland* ar líne 2581 amharc.
- Reáchtáladh an Tionscnamh Oileáin Shláintiúla i gcomhar le Croí agus Forbairt Tuaithe na Gaillimh ar Inis Bó Finne an 3 Márta, sular thosaigh an dianghlasáil.

*Work Matters:*

Is é atá in *Work Matters* ná seirbhís chun tacaíocht a thabhairt (i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla) do dhaoine atá ag lorg fostaíochta, ag fáil scileanna breise mó ag forbairt gnóthaí beaga.

- Cuimsíonn sé sainspásanna brandáilte ina bhfuil ríomhairí, leathanbhanda agus wi-fi, agus saoráidí priontála agus scanacháin ar fáil.
- Stoc leabhar agus acmhainní ar líne chun tacú le gníomhaíochtaí fostaíochta agus gnó.
- Saineolas fhoireann na leabharlainne a chuireann tacaíocht ar fáil trí bhíthin na n-acmhainní iomchuí.
- Imeachtaí agus cláir a bhaineann le cúrsaí gnó agus oibre.

Tá limistéir *Work Matters* forbartha sa Chlochán, i bPort Omna, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCathair na Gaillimhe.

*Ceart chun Léitheoireachta*

- **Imeachtaí do Leanaí**– Reáchtáladh *Spring into Storytime* ar líne le linn mhí Aibreáin.
- Reáchtáladh ***Féile Leabhar na Leanaí*** mar shraith imeachtaí fíorúla de bharr shrianta Leibhéal 5. Tairgeadh raon cainteanna agus léamha ó údair do scoileanna le go bhféadfadh a ranganna sult a bhaint astu ina gcuid ama féin.

**I measc thionscadail Éire Ildánach sa bhliain 2020, áiríodh an méid seo a leanas:**

- Ceiliúradh Cruinniú na nÓg an 13 Meitheamh, arna éascú ag Éire Ildánach. Reáchtáladh na himeachtaí ar fad ar líne.
- Leanadh de chlár Léamh Mór na Gaillimhe a leathnú amach. Tá an clár maoinithe ag Éire Ildánach. Ba é téama chlár2020,*Eilís Dillon: Language, Landscape and Legacy,* ina ndearnadh ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar an údair as Gaillimh, Eilís Dillon.
- ComicCon @ Home – ComicCon (comhdháil greannán) fíorúil de bharr shrianta Leibhéal 5.

- Rannpháirtíocht ghníomhach i gCláir Éire Ildánach Chomhairle Cathrach agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tionscnamh cúig bliana ó 2017-2020, a threorú le béim dhíreach ar Cholún 2 den chlár náisiúnta a sheachadadh – Bonn a Chur Faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal.
- Cuireadh srian ar imeachtaí ó mhí an Mhárta ar aghaidh. Bogadh na himeachtaí ar fad go hardán ar líne.

**Oibreacha Feabhsúcháin:**

- Rinneadh oibreacha feabhsúcháin i roinnt Leabharlann Bhrainse, lena n-áirítear an Clochán, an Spidéal, Cill Íomair, Cathair na Gaillimhe, an Taobh Thiar, an Gort agus Béal Átha na Sluaighe.
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar an tionscadal Mo Leabharlann Ar Oscailt. Is iad leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe agus Órán Mór a bheidh i bhfeidhm ar dtús.
- Ríomhairíodh leabharlanna an Líonáin agus Leitir Fraic.

***Tograí do 2021:***

- Leanfar den obair, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, le cothabháil a dhéanamh agus le feabhas a chur, sa chás go bhfuil sé sin indéanta, ar Sheirbhísí Leabharlann na Gaillimhe de réir Chlár Forbartha Leabharlann na Gaillimhe 20162021.
- Leanfar den obair ó thaobh Leabharlann Pobail/Cultúrtha nua na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Leanfar de na feachtais, Éire Shláintiúil, *Work Matters* agus an Ceart chun Léitheoireacht a leathadh amach ar fud líonra na mbrainsí leabharlainne, ag baint leasa as sruthanna maoinithe, agus é mar aidhm raon seirbhísí i mbrainsí tuaithe agus uirbeacha araon a chinntiú más féidir agus de réir mar a bheidh cead faoi shrianta an Rialtais. Déanfaimid soláthar ar ardán ar líne sa chás nach mbeifear in ann imeachtaí a reáchtáil go fisiciúil.
- Leanfar de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht, lena n-áirítear teicneolaíochtaí féin-seirbhíse agus, ag an am céanna, déanfar an pacáiste acmhainní ar líne a chur chun cinn.
- Leanfar de ríomhairiú a dhéanamh ar na leabharlanna brainse i seirbhís leabharlann na Gaillimhe, faoi réir ag leibhéil foirne agus ag acmhainní airgeadais a bheith ar fáil. Táthar ag súil go gcuirfear leabharlanna Chill Íomair agus Dhún an Uchta ar ríomhaire sa bhliain 2021.
- Déanfar an chéad dá cheann de Mo Leabharlann Ar Oscailt i gContae na Gaillimhe a leathadh amach in Órán Mór agus i mBéal Átha na Sluaighe in 2021. Níl aon Mo Leabharlann Ar Oscailt i bhfeidhm i gcontae ar bith i rith na paindéime reatha ach táthar ag súil go dtiocfaidh athrú air sin chomh luath agus a bheidh smacht ar COVID-19.

Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe le forbairt a dhéanamh ar an gclár imeachtaí, ag déanamh teagmhála le daoine aonair agus le pobail trínár gcuid brainsí, ag baint leasa as deiseanna maoinithe náisiúnta, sa chás é sin a bheith indéanta, lena n-áirítear Éire Ildánach, ag oibriú ag an am céanna laistigh de na srianta maoinithe áitiúla.

**Saoráidí Áineasa, Taitneamhachta & Súgartha/ Oibríochtaí Fóillíochta faoin Aer & Sábháilteacht san Uisce**

***Sábháilteacht san Uisce - Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:***

- Earcaíodh 45 Garda Tarrthála oilte faoin gClár Sábháilteacht san Uisce 2020 chun seirbhísí a chur ar fáil ag 10 n-ionad ar fud an Chontae [cúig cinn de Thránna le Bratacha Gorma san áireamh] agus ag sé ionad sa Chathair, mar chuid den Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte le Comhairle Chathair na Gaillimhe.
- Reáchtáladh Oiliúint Ionduchtaithe do na Gardaí Tarrthála Trá in Leisureland.
- Cuireadh an tSeirbhís ar fáil ón 30 Bealtaine go dtí an 13 Meán Fómhair 2020.
- Rinneadh forfheabhsú maidir le roinnt den soláthar trealaimh chomh maith le sceideal don obair ullmhúcháin, deisiúcháin agus cothabhála ar chrónna a aontú agus a thabhairt i gcrích. Suiteáladh bothán nua i gCinn Mhara, Port Omna agus i mBaile Locha Riach don bhliain 2020.
- Tar éis don Chomhairle é a cheadú, cuireadh maoiniú €6,150 ar fáil do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.

***Tograí do 2021:***

- Clár na nGardaí Tarrthála a chur i bhfeidhm, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, ar bhonn séasúrach, oiliúint ionduchtúcháin san áireamh.
- Clár na nGardaí Tarrthála a chur chun cinn trí láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta agus na meáin chumarsáide áitiúla a úsáid.
- Leanúint, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil agus aontú na Comhairle leis, den mhaoiniú airgid a thabhairt do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.
- Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar na Baoithe Tarrthála.
- Bothán nua le haghaidh Ché an Spidéil.

***Páirceanna, Páirceanna Imeartha, Spásanna Oscailte agus Ionaid Súgartha:***

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe bainistiú ar Pháirc Rinn Mhíl, i Meáraí, Órán Mór, atá faoi chomhúinéireacht Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá sí ar cheann de na hionaid ainmnithe ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. Baineann muintir na háite, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, mar shampla Grúpaí Gasógaíochta úsáid go forleathan aisti.
- Leanadh de Chlár Chothabháil na bPáirceanna a thabhairt i gcrích i gcomhar le grúpaí áitiúla. Déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirtmhaoiniú ar an gclár cothabhála.
- Leanadh den Lamháltas maidir le sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl ó Márta go mí Dheireadh Fómhair.
- Fearann an Pháláis, Tuaim - Cuireadh an Clár Cothabhála do Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim i bhfeidhm i gcomhar leis an Scéim CE a ndearna an Chomhairle urraíocht uirthi. In 2020, dearadh aitheantas/branda/lógó uathúil do Pháirc Fhearann an Pháláis agus cuireadh é san ábhar comharthaíochta léirmhínithe, i gcomhréir le Plean Bainistithe Tírdhreacha Straitéiseach na bPáirceanna. Cabhróidh an chomharthaíocht le húsáideoirí a mbealach a dhéanamh timpeall na Páirce agus cuirfidh sí feabhas ar aitheantas agus ar léirmhíniúchán na páirce.
- Béal Átha na Sluaighe – Leanadh den Chlár Cothabhála maidir le páirceanna agus spásanna oscailte i mBéal Átha na Sluaighe i rith na bliana 2020.
- Chuir an tAonad tacaíocht riaracháin agus comhairleach ar fáil do ghrúpaí pobail le tograí do shaoráidí áineasa a chur chun cinn ina gceantair faoi seach agus rochtain a thabhairt dóibh ar an maoiniú atá ar fáil faoi líon clár ar nós CLÁR agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

**Ionaid Fóillíochta - Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe**

- Lean Coral Leisure Ltd. d’ionaid fóillíochta i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe a bhainistiú agus a oibriú, ar shíneadh a chur ar an gComhaontú Ceadúnais le haghaidh 2020. Leanann baill foirne shinsearacha i Seirbhísí Corparáide de chathaoirleacht a dhéanamh ar Chomhchoiste Caidrimh i gcomhar le Coral Leisure d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an Chomhaontú Ceadúnais.
- Braitheadh tionchar Covid-19 san earnáil fóillíochta ach go háirithe agus bhí tionchar ag an laghdú ollmhór úsáideoirí ar chumas na n-oibritheoirí leanúint de na hionaid a bhainistiú de

théarmaí airgeadais an chomhaontaithe ceadúnais. Rinneadh plé mór leis na hoibritheoirí agus leis na Comhaltaí Tofa chun roghanna a scrúdú, ina measc na saoráidí a dhúnadh go sealadach. I ndiaidh sraith cruinnithe leis an bhFeidhmeannas, le Comhaltaí agus leis na hoibritheoirí, tugadh tuarascáil chuig an gComhairle ag an gcruinniú iomlánach i mí Dheireadh Fómhair agus chomhaontaigh na Comhaltaí na hionaid a fhágáil ar oscailt agus maoiniú breise a sholáthar in 2020. Comhaontaíodh freisin go ndéanfadh an Feidhmeannas idirchaidreamh le Coral Leisure Ltd le súil agus na hIonaid Fóillíochta a choinneáil ar oscailt in 2021 agus tá soláthar breise €150,000 sa bhuiséad beartaithe le go bhféadfar sin a dhéanamh. Tá an soláthar breise bunaithe ar leibhéil éagsúla srianta mar a leagtar amach sa cháipéis Teacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021 - An Plean maidir le Maireachtáil le COVID-19. Déantar soláthar sa mheastachán don bhuiséad do mheascán de leibhéil 2, 3 agus 4 ag amanna éagsúla den bhliain. Rinneadh breithniú ar chásanna éagsúla chun cabhrú leis an bhfigiúr a bheidh le cur san áireamh a chinneadh. Is ceart a thabhairt ar aird, ag brath ar na leibhéil srianta a chuirfidh an Rialtas i bhfeidhm le linn na bliana *vis a vis* an bunús don mheastachán, chomh maith le freagairt an phobail ar an bpaindéim, go mbeidh toradh ag an méid sin ar an ioncam agus caiteachas iarbhír. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar bhainistiú na n-ionad fóillíochta agus ar na costais ghaolmhara de réir mar a thagann athrú ar bhainistiú na paindéime sa bhliain 2021 agus beidh ról lárnach ag an gcoiste idirchaidrimh sa mhonatóireacht sin. Beidh tuarascálacha le cur faoi bhráid na Comhairle le linn na bliana.

- Leanann Seirbhísí Corparáideacha le maoirseacht ar oibreacha feabhsúcháin a bhaineann le cothabháil agus sláinte agus sábháilteacht atá riachtanach sa dá ionad.

**Páirceanna Imeartha / Cúrsaí Reatha / Ionaid Fóillíochta agus Ionaid Snámha**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Tá Comhaontú Ceadúnais ar bun le Cumann Peile Cheiltigh Thuama maidir le Páirceanna Uile-Aimsire Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dTuaim a rith. Tá Coiste Comhchaidrimh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na saoráide.
- B'éigean do Pháirc Áineasa Dhún Leo agus Raon Reatha Bhéal Átha na Sluaighe dúnadh go sealadach i rith na bliana de bharr shrianta COVID-19.Cuirtear Sceideal ar fáil arwww.galway.ie ar a léirítear na huaireanta oscailte don phobal agus na hamanna atá in áirithe ag clubanna áitiúla.
- Ag teacht le gealltanais a tugadh roimhe seo faoin mBeartas Spraoi, tugadh cúnamh, ó thaobh ciste a chur ar fáil go díreach agus ó thaobh árachais, maidir le hionaid spraoi. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 71 ionad spraoi sa Chontae faoin mbeartas sin. Bhí an Polasaí maidir le hIonaid Spraoi Saor ó Thobac a seoladh sa bhliain 2013 i bhfeidhm i rith na bliana 2020. Tá eolas faoi na láithreacha go léir ar fáil le tarraingt anuas i dTreoir na Comhairle maidir le hIonaid Spraoi atá ar fáil ar www.galway.ie agus tá mapa idirghníomhaíochta ar fáil ar roinn na mapaí (Mapzone) ar an láithreán gréasáin.

***Tograí do 2021:***

- Déanfar cláir chothabhála páirce, lena n-áirítear gearradh féir, a fhorbairt agus cuirfear i bhfeidhm iad ag teacht le hacmhainní atá ar fáil do Pháirc Rinn Mhíl, Órán Mór, Fearann an Pháláis, Tuaim, Páirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe agus do spásanna taitneamhachta agus oscailte eile, ar bhonn tosaíochta laistigh de na hacmhainní atá ar fáil do pháirceanna

poiblí agus do limistéir oscailte.

- Leanfar den obair chothabhála is gá i ndáil le Páirc Rinn Mhíl faoin bPlean Coillearnaí.
- Tabharfar faoi chothabháil ag teacht le hacmhainní, ar Áiteanna Súgartha atá faoi úinéireacht agus á bhfeidhmiú ag an gComhairle, lena n-áirítear deisiú agus/nó athsholáthar trealamh súgartha. Socrófar Cigireacht Bhliantúil ROSPA freisin, atá ar cheann de na coinníollacha a éilítear faoin gclúdach árachais, maidir leis an 15 Ionad Spraoi atá faoi úinéireacht na Comhairle.
- Tabharfar nuashonrú ar na saoráidí i ngach páirc súgartha ar ár láithreán gréasáin.
- Leantar leis an iarracht tacaíocht riaracháin agus comhairleach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail le tograí áineasa a chur chun cinn agus le rochtain a fháil ar mhaoiniú atá ar fáil, a mhéad is a cheadaíonn acmhainní foirne é sin.

| **Saoráidí Comhairle chun Tairbhe an Gheilleagair & an Phobail Áitiúil Oibríochtaí Saoráidí Oidhreachta/ Léirmhínithe** |
|---|

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Cuireadh maoiniú ar fáil maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, atá suite i Séipéal Naomh Muire i lár Bhaile Átha an Rí, a rith. Faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an tIonad a ligtear ar léas leis an gCumann Forbartha a dhéanann maoirseacht maidir le rith an Ionaid. Fostaítear Bainisteoir Ionaid agus baill eile foirne san Ionad faoi scéimeanna éagsúla. Baineadh tairbhe as an maoiniú maidir le bolscaireacht, imeachtaí agus cothabháil bhunúsach ar an tSócmhainn Stairiúil a tharraingíonn os cionn 3,000 cuairteoir.
- Is faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma. De bharr COVID 19, níor oscail an tIonad do shéasúr an tsamhraidh 2020.
- D’éirigh le hIonad Cuairteoirí Chath Eachroma maoiniú a fháil faoi Chlár Feabhsúcháin Láithreán Gréasáin Chroíthailte Ceilte de chuid Fháilte Éireann. Ba é an príomhchuspóir a bhí ag an maoiniú deontais sin, feabhas a chur ar chaighdeán an ábhair ar líne faoi Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma, i measc raon soláthróirí turasóireachta i gceantar Chroíthailte Ceilte na hÉireann i gcomhréir lena bhfuil beartaithe ag a bhranda. Leis an tacaíocht maoinithe a ceadaíodh, tugadh deis láithreacht láithreán gréasáin an Ionaid a fhorbairt/a fheabhsú chun an cuairteoir a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le Cath Eachroma agus leis an Láthair Chatha, agus chun cuairteoirí a mhealladh chuig an Ionad agus chuig an gceantar.

***Tograí do 2021:***

- Faoi réir ag maoiniú, leanfar den tacaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí agus Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma a rith agus cur le líon na gcuairteoirí orthu agus cuirfear na limistéir sin chun cinn mar chuid d'infheistíocht ghinearálta na Comhairle maidir le cúrsaí turasóireachta agus le bonn faoin eacnamaíocht áitiúil.

| **Seirbhís na Maor Pobail** |
|---|

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Cuidíonn Seirbhísí Corparáideacha leis an gcomhordú ar Sheirbhís na Maor a chuireann réimse seirbhísí ar fáil thar ceann na Comhairle. Cuirtear pleananna oibre míosúla le chéile bunaithe ar na seirbhísí a mbíonn gá leo.
- Rinneadh Suirbhéanna maidir le Truailliú ó Bhruscar agus Suíomhanna Tréigthe agus lean na Maoir chomh maith le scrúdú cigireachta rialta a dhéanamh ar Ionaid Spraoi, Páirceanna, Eastáit Údarás Áitiúil, Láithreáin Stad, Céanna, Baoithe Tarrthála, Tránna, Bancanna Buidéal etc.
- Lean na Maoir ag cuidiú le páirceáil ar tháille a oibriú agus le pleananna bainistithe tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte móra ar fud an Chontae.
- Lean Seirbhís na Maor den obair Fhorfheidhmiúcháin i gcúrsaí Timpeallachta, mar shampla fíneáil maidir le bruscar agus fógraí faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoin Acht um Thruailliú Uisce a eisiúint.
- Leanadh de na feachtais maidir le Ceadúnais Madraí a scrúdú i rith na bliana.
- Lean na Maoir d'fhorálacha faoi Acht na mBóithre 1993 i ndáil le feithiclí tréigthe a chur i bhfeidhm agus rinneadh feithiclí a shonrú, tuairisc a thabhairt ina leith agus iad a thabhairt chun bealaigh i rith na bliana.
- Chabhraigh na Maoir le seirbhísí rochtana agus custaiméirí in Áras an Chontae a bhainistiú mar chuid de na bearta a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar Covid-19.

***Tograí do 2021:***

- Leanfaidh an tAonad seo den chomhordú ar fheidhmeanna a chur i leith Sheirbhís na Maor Pobail agus den athbhreithniú ar an toradh a bhíonn ar na feidhmeanna sin a dhéanamh de réir na dtáscairí seirbhíse atá aontaithe.
- Leanfar den obair measúnachta maidir leis an dóigh is fearr a gcuideodh an tSeirbhís le cuspóirí na heagraíochta agus aidhmeanna tús áite an ghnó a bhaint amach.
- Déanfar Veaineanna na Maor Pobail a athrú de réir a chéile nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.

**Gníomh maidir le Daoine faoi Mhíchumas**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2020:***

- Leanadh den Phlean Gníomhaíochta maidir le Daoine faoi Mhíchumas a chur i gcrích.
- Cuidíodh leis an tionscnamh maidir le hÁisiúlacht Bhéal Átha na Sluaighe d'fhonn Béal Átha na Sluaighe a thabhairt chun cinn mar ionad áisiúil soicheallach.
- Suiteáladh, mar chuid de Chlár Caitheamh Aimsire agus Áineasa na Comhairle, trealamh giomnáisiam agus aclaíochta allamuigh, lena n-áirítear, líon trealamh inrochtana d'úsáideoirí cathaoir rothaí i bPáirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe agus in Ascaill an Chaisleáin, Port Omna. Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – Clár Caipitil Spóirt an Údaráis Áitiúil, cómhaoiniú ar an tionscadal seo.

***Tograí do 2021:***

- Cuidiú leis an bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí don Chustaiméir a chur i bhfeidhm ionas go gcuirtear feabhas go leanúnach ar an teacht atá ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí.

- Tacaíocht do Rochtain fheabhsaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Shaoráidí Áineasa agus Fóillíochta, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.

## Cur Chun Cinn na Gaeilge

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Eagraíodh ár n-imeacht bliantúil 'Lá na Gaeilge' ag tús mhí Mhárta le linn Seachtain na Gaeilge (1-17 Márta 2020), lena dtugtar deis do dhaoine óna pobail áitiúla, ó ghnólachtaí, grúpaí pobail agus mar sin de, a ritheann a ngnó trí Ghaeilge, lena gcuid oibre a thaispeáint don phobal i gcoitinne in Áras an Chontae ar an lá. Ina theannta sin, eagraíodh taispeántas ceoil don ócáid sin agus chuir grúpa bunscoile de chuid Chontae na Gaillimhe taibhiúchán ceoil i láthair don fhoireann agus don phobal i gcoitinne.
- Eagraíodh ranganna Gaeilge (tosaitheoirí agus foghlaimeoirí meánleibhéil) do dhaoine d'fhoireann an údaráis áitiúil agus cuireadh ranganna ar fáil do Chomhairleoirí a chuir spéis iontu freisin. B'éigean na ranganna sin a chur ar fionraí, áfach, de bharr COVID-19. Lorgaíodh roghanna do chúrsaí tumoideachais do Chomhairleoirí agus do Bhaill Foirne freisin.
- Bhronn Comhairle Chontae na Gaillimhe Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2020 arís i mbliana i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh i gConamara. Bronnadh 2 scoláireacht ar an iomlán ar fáil do dhaltaí dara leibhéal i gContae na Gaillimhe chun freastal ar Chúrsaí Samhraidh Gaeltachta. B'éigean na cúrsaí a chur ar athló go dtí 2021, áfach, de bharr COVID-19.
- Deontais Tacaíochta Pobail – Luadh an Ghaeilge mar chatagóir faoi leith faoin Scéim Tacaíochta Pobail 2020. Ceadaíodh deontais bheagscála, arbh fhiú €8,490.00 san iomlán iad, do thionscadail in Eagraíochtaí Pobail & Deonacha chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge agus le méadú ar úsáid na Gaeilge.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de thacú leis an nGaeilge i bpobail ar fud an Chontae trí bhíthin urraíocht a dhéanamh ar Gradam Ghlór na nGael, a bronnadh ar Chraobh Mhaigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe, i mí Feabhra 2020, agus trí bhíthin cómhaoiniú agus tacaíocht a thabhairt don ócáid Ghaeilge 'Ard-Fheis na nÓg' a tionóladh i Ros Muc, Conamara, i mí Feabhra 2020. D'fhreastail daltaí meánscoile ó scoileanna ar fud an chontae agus na tíre ar an ócáid.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, á gcur ar an eolas maidir lenár Scéim Teanga agus lena chinntiú gur feidhmíodh bearta na Scéime sa chás go raibh sé sin faoi smacht na Comhairle. Tugadh tacaíocht agus comhairle chomh maith le seirbhísí profála a thabhairt.
- Leantar d'fhaisnéis agus comhairliúchán a thabhairt do bhaill foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear a áirithiú go bhfuilwww.galway.ie/www.gaillimh.ie, dátheangach, ag teacht lenár scéim teanga.
- Leanadh de threalamh soghluaiste maidir le hAistriúchán Comhuaineach a chur ar fáil ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus ag cruinnithe eile a raibh gá le haistriúchán acu.
- Lean an Chomhairle de chomhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga, ag plé le hábhar buartha a thug daoine den phobal i gceist maidir le seirbhísí trí Ghaeilge agus an reachtaíocht.

***Tograí do 2021:***

- Leanúint d’fhaisnéis a thabhairt don fhoireann uile i gComhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh www.galway.ie/www.gaillimh.ie, dátheangach, ag teacht lenár scéim teanga.
- Leanúint d'ábhar oiriúnach maidir le tuiscint ar chúrsaí teanga agus ábhar tacaíochta eile a chur ar fáil do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe, d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge.
- Leanúint den líon ranganna/cúrsaí Gaeilge a chuirtear ar fáil i rith na bliana don fhoireann agus do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a sholáthar agus tógáil orthu, agus díriú go háirithe ar an nGaeilge labhartha agus ar thum-chúrsaí sa Ghaeltacht, bunaithe ar an maoiniú a bheith ar fáil.
- Tá sé mar aidhm leanúint de Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic a bhronnadh i gcomhpháirtíocht leis na Coláistí Samhraidh sa chontae.
- Leanúint de chatagóir na Gaeilge a chur chun cinn do dheontais tacaíochta pobail agus do Ghradam an Chathaoirligh ar bhonn tosaíochta.
- Rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge a stiúradh agus leathnú a dhéanamh ar na himeachtaí seo do Mhárta na bliana 2021 sa chás é sin a bheith indéanta.

**Bainistiú Saoráidí – Áitribh na Comhairle / Sláinte & Sábháilteacht**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Lean Seirbhísí Corparáideacha de sheirbhísí feighleoireachta agus de Sheirbhísí Bainistithe Saoráidí a chur ar fáil do chóras oifigí na Comhairle, na leabharlanna agus ócáidí cathartha.
- Lean an tAonad lena cheanglais a sheachadadh faoin gClár Bainistithe Sábháilteachta i réimsí ar nós tástáil, tástáil feistiúcháin leictreachais, measúnuithe VDU ar bhonn tréimhsiúil.
- Leanann bainistiú agus monatóireacht éifeachtúlacht fuinnimh de bheith mar fhócas tosaíochta in aonad na saoráidí. Tugadh Deimhnithe Fuinnimh Taispeána chun críche agus cuireadh ar taispeáint iad in 18 n-oifig agus leabharlann atá os cionn 250 méadar cearnach.
- Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an ngá le hathchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh oifige na Comhairle d’fhonn cóiríocht bhreise a sholáthar d’oifigí agus do sheomraí cruinnithe.
- Tá an tAonad ag tabhairt faoi phróisis soláthair do raon conarthaí a bhaineann le bainistiú saoráidí i gcónaí, lena chinntiú go gcoimeádfar luach ar airgead agus ardchaighdeán seirbhísí.
- Tá pleananna ar bun chun gineadóir leictreachais cúltaca a shuiteáil, i gcomhar le Rannóg na Seirbhíse Dóiteáin.
- Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Covid19 don Rannóg Saoráidí.
- Tugadh faoi chlár tástála Legionella agus clár monatóireachta, nuair ba ghá sin, le haghaidh chóiríocht oifige agus leabharlainne.
- Suiteáladh córas rialaithe nua maidir le Rochtain ar Dhoirse in Áras an Chontae.
- Rinne an Fhoireann Saoráidí, agus iad ag obair i gcomhar leis an bhFoireann Sláinte agus Sábháilteacht agus le Foireann Freagartha Covid-19, bearta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm i saoráidí na Comhairle chun cloí le treoirlínte sláinte poiblí agus an Rialtais, agus chun sláinte, sábháilteacht agus folláine na foirne, na gcomhaltaí agus an phobail a chinntiú.

***Tograí do 2021:***

- Leanfaidh conarthaí cothabhála le bheith faoi réir ag athbhreithniú leanúnach agus é mar aidhm cothabháil a dhéanamh ar laghduithe i gcostais a bhaineadh amach le blianta beaga anuas agus féachfaimid lena thuilleadh laghduithe a dhéanamh ar chostais.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le teorannú a dhéanamh ar shaoráidí oifige agus leabharlainne ar mhaithe le hoibriú laistigh de na buiséid atá ar fáil chun díriú ar riachtanais sábháilteachta agus sláinte agus ar chórais oibriúcháin atá ríthábhachtach. Maidir le hÁras an Chontae, tá líon suntasach córais bhainistíochta agus chórais chothabhála gar do dheireadh ré agus tá an fhéidearthacht ann ó thaobh cliseadh córais agus costais chothabhála maidir leis na córais sin a chur ina gceart arís. Mar a léiríodh sa Chlár Caipitil 3 Bliana tá gnéithe ann nach féidir plé leo trí bhíthin an bhuiséid ioncaim agus a mbeidh maoiniú caipitil de dhíth ina leith.
- Tá sé ag éirí níos dúshlánaí i gcónaí cóiríocht leordhóthanach a sholáthar ag Áras an Chontae. Tá an leibhéal éileamháitíochta i roinnt áiteanna sa cheanncheathrú ag sárú an acmhainneacht atá ar fáil agus mar sin tá áiteanna amhail spás saotharlainne, seomraí cruinnithe, seomraí oiliúna, etc. á n-úsáid mar chóiríocht oifige don fhoireann. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais ghnó agus chustaiméara na heagraíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma le go mbeidh spás oifige leordhóthanach ar fáil chun na seirbhísí sin a sholáthar.
- Déanfaidh an tAonad iarracht laghdú breise a bhaint amach in úsáid fuinnimh ar fud oifigí agus leabharlanna. Leanfar de Theastais Fuinnimh Taispeána a chur ar taispeáint don phobal i ngach aon cheann dár gcuid oifigí agus dár gcuid leabharlanna.
- Oibreacha feabhsúcháin ar roinnt saoráidí de chuid na Comhairle.

**Bainistiú ar Thaifid & Cartlannaíocht**

Cinntíonn an Brainse Cartlannaíochta go ndéantar cúram d'ábhar cartlainne na Comhairle, go gcaomhnaítear é, go ndéantar an bhainistíocht ina leith agus go mbíonn teacht air. Is sócmhainn thábhachtach do Comhairle Chontae na Gaillimhe í an chartlann agus cabhraíonn sí léi a cuspóir a bhaint amach maidir le bheith trédhearcach agus cuntasach. Is acmhainn agus uirlis thábhachtach í le haghaidh taighde, oideachas agus turasóireacht chultúir. Is sócmhainn chultúir luachmhar í agus ní mór sainchúram a thabhairt di. Cuireann an Brainse comhairle freisin ar an gComhairle maidir le polasaithe i ndáil le cúram agus bainistiú a dhéanamh ar thaifid na Comhairle.

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Leanadh de phríomhsheirbhisí cartlainne a chur ar fáil, ó thaobh rochtana agus caomhnaithe de, amhail faisnéis faoi stoc cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chothabháil agus a uasdátú trí bhíthin a liostaí tuairisciúla agus a catalóg, agus trí thairseacha cartlainne éagsúla; rinneadh monatóireacht ar choinníollacha timpeallachta na gcartlann agus rinneadh iarracht iad a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú, d'ainneoin nach bhfuil na saoráidí stórála ar an gcaighdeán caomhnaithe a nglactar leis go hidirnáisiúnta (mar gheall ar an bhfáil ar acmhainní).
- Cuireadh seirbhísí ar fáil do léitheoirí, amhail ceisteanna taighde a fhreagairt, agus comhairle agus treoir a thabhairt do thaighdeoirí. Cuireadh srian mór ar an rochtain fhisiceach ar bhailiúcháin de bharr shrianta Covid19.

- Leanadh den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil de na bailiúcháin. Ba shócmhainn agus buntáiste thar a bheith luachmhar don phobal a dhéanann taighde í an fháil ar bhailiúchán mór cartlanna éagsúla sa Chartlann Dhigiteach i rith na bliana, ó tharla gur cuireadh srian mór ar an rochtain ar bhailiúcháin fhisiceacha de bharr phaindéim an choróinvíris.
- Leanadh den chlár maidir le roinnt bailiúchán cartlannaíochta beag a phróiseáil agus/nó cur tuilleadh le bailiúcháin atá ann cheana féin[1].
- I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana bhí idirchaidreamh le grúpa Chartlannaithe agus Bainisteoir Taifead an Rialtais Áitiúil chun taighde a dhéanamh ar *'Democracy and Change: the 1920 Local Elections in Ireland'*, le maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus chun é a chur i dtoll a chéile. Tugadh léacht faoi na bailiúcháin i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid den tsraith Cainteanna Halla Baile an Earraigh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Cuireadh comhairle agus cúnamh ar fáil do Bhrainsí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an sárchleachtas i ndáil leis an mbainistiú ar thaifid, de réir mar a bhí gá leis sin.
- Leanadh de thaifid neamh-reatha a aistriú chuig stóráil agus d'aisghabháil agus tabhairt ar ais taifead a bhainistiú: Próiseáladh 891 iarratas ar aisghairm ó mhí Eanáir go dtí an dáta seo (27/10/2020). Tá 129,397 taifead faoin tráth seo ar bhunachar sonraí ArcLink maidir le bainistiú taifead.

***Tograí do 2021:***

- Díreofar ar an bpróiseáil ar bhailiúcháin cartlainne breise an tráth céanna a leantar ag cur bailiúcháin agus comhairle ar fáil do lucht taighde (faoi réir shrianta Covid-19).
- Leanfar den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha a chur ar fáil de na bailiúcháin.
- Leanfar d'fheasacht a ardú faoi na bailiúcháin i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de leas a bhaint as stór tráchtála do na taifid neamhreatha agus den bhainistíocht i ndáil le haimsiú na dtaifead atá á stóráil in ionad seachtrach agus lena seoladh ar ais.
- Leanfar don chaidreamh le Brainsí agus de thacaíocht a thabhairt do bhrainsí éagsúla i gComhairle Chontae na Gaillimhe d'fhonn rangú comhad agus sceideal coimeád comhad a fhorbairt, a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm chomh maith le comhairle a chur ar fáil faoin sárchleachtas maidir leis an mbainistiú ar thaifid. Spreagfar gach Aonad a sceidil a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn rialta.
- Déanfar idirchaidreamh le Seirbhísí Corparáideacha agus le Seirbhísí Leabharlainne chun cóiríocht níos fearr a aimsiú don stór Cartlainne agus do Stór Taifead.

**Clár na dToghthóirí**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

[1]Amhail Foireann Forbartha Chontae na Gaillimhe, 1965-1975 (CDT); Bord Fiontar Contae Chathair agus Chontae na Gaillimhe 1992-1998 (CCEB); Bailiúchán Mack / Warren Thompson, 1825-1991 (GP11); Cros Dhearg na hÉireann, Trófaithe Sábháilteacht Uisce 1964-1963 (GS20/01); Clár Chúirt an Bhaile, Baile Locha Riach (Cionta Núise) (GS20/2); O'Brien, Joseph (Tógálaí, Baile Locha Riach), 1850-1864 (GS20/3); Allied Irish Bank (AIB), Doiciméid Theidil agus Mapaí, 1852-1994 (GS20/04); agus fabhrúcháin bhreise ar bhailiúchán Chlár na dToghthóirí (GC/CSO4), an bailiúchán Céanna agus Cuanta (GC/CSO/002); agus Aonaigh agus Marglann (GC/CC/151/), oifigí Rúnaí Contae Chomhairle Chontae na Gaillimhe, comhaid riaracháin GC/CSO/003/019-21; agus GC/CSO/2/eagráin bhreise éagsúla

- Foilsíodh Clár na dToghthóirí do 2020/2021 an 1 Feabhra 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Feabhra 2020. Seoladh an Clár chuig gach Stáisiún de chuid na nGardaí, chuig gach Leabharlann, Oifig Poist agus Oifig Comhairle sa Chontae.
- Tionóladh Toghchán Dála i mí Feabhra 2020. Dé Sathairn an 8 Feabhra 2020 lá na vótála.
- Sular tionóladh Toghchán na Dála, rinneadh Clár Forlíontach a chur le chéile. Ba é an 22 Eanáir 2020 an spriocdháta le bheith curtha ar an gClár Forlíontach.
- Tháinig athruithe suntasacha ar Thoghcheantair sa Chontae le Toghcháin Dála 2020. Sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe litreacha i scríbhinn chuig gach duine ar an gClár a bhí á aistriú chuig Toghcheantar nua.
- Cuireadh éileamh breise ar Sheirbhísí Corparáideacha i dtréimhsí mhí Eanáir, mhí Feabhra agus i roinnt de mhí an Mhárta, mar gheall ar an toghchán agus ar na hathruithe ar na teorainneacha, ó thaobh uasdátú leanúnach a dhéanamh agus bheith ag plé le ceisteanna agus tuarascálacha faoin gClár.
- Foilsíodh Clár na dToghthóirí 2021/2022 an 1 Samhain 2020. Cuireadh ar fáil lena iniúchadh é in Oifigí Poist, i Stáisiúin de chuid na nGardaí, i Leabharlanna, in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus ar líne ag www.galway.ie.
- Le feachtas feasachta poiblí ag an tráth céanna ar foilsíodh an Dréacht-Chlár, iarradh ar toghthóirí a mionsonraí ar an gclár a scrúdú chun cruinneas agus cuimsitheacht an Chláir a chinntiú. Tugadh cuireadh do dhuine ar bith nach raibh san áireamh sa Dréacht-Chlár, nó a raibh a mhionsonraí mícheart, éileamh a sheoladh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe tráth nach déanaí ná an 25 Samhain 2020.
- Breithníonn an Cláraitheoir Contae na hÉilimh ag na Cúirteanna Athbhreithnithe a thionóltar i mí na Nollag gach aon bhliain.

***Tograí do 2021:***

- Foilseoidh an Chomhairle Clár na dToghthóirí do 2021/2022 faoin 1 Feabhra 2020.
- Foilseofar Dréachtchlár na dToghthóirí 2022/2023 an 1 Samhain 2021. I ndiaidh a fhoilsithe, cuirfear ar fáil é lena iniúchadh ag an bpobal agus tabharfar cuireadh do thoghthóirí éilimh ar cheartúcháin a chur isteach. Tionólfar Cúirteanna Athbhreithnithe i mí na Nollag.
- Cuirfear Forlíonadh do Chláir na dToghthóirí le chéile agus foilseofar é laistigh de chreata ama ábhartha i gcás Toghcháin nó Reifreann eile.

**Pleanáil & Tacaíocht Chorparáideach / Ionadaíocht Áitiúil / Ceannaireacht Shibhialta**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Cuirtear seirbhísí riaracháin ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, do Chathaoirleach na Comhairle, do na Comhaltaí Tofa, don Ghrúpa Polasaí Corparáide agus i ndáil le Cruinnithe na Comhairle.
- Tháinig éifeacht le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe2020-2024, ar glacadh leis ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle i mí na Samhna 2019.

**Fónamh a Rinneadh maidir le Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle agus na Comhaltaí**

- Ullmhú Chlár na gCruinnithe maidir le Gnáthchruinnithe, Cruinnithe Speisialta, Cruinnithe Bliantúla agus Cruinnithe Buiséid don Chomhairle ina hIomlán, comhordú leis na Brainsí go léir maidir le míreanna ar Chlár Cruinnithe, éascú na gCruinnithe agus breacadh na Miontuairiscí.
- Foilsiú na gClár, na Miontuairiscí agus cháipéisí ag gabháil le Clár Cruinnithe ar an Eislíon
- Éascú maidir le Cruinnithe de chuid an Ghrúpa Polasaí Corparáide.
- Éascú maidir le Léiriú Spéise i ndáil le freastal ar Imeachtaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Tuairiscí don Chomhairle a thiomsú i gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil maidir le Freastal Chomhaltaí ar Imeachtaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha a Cheadú.
- Oiliúint inmheánach a shocrú i gcomhréir le Plean Oiliúna & Forbartha Comhaontaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe do na Comhaltaí.
- Próiseáil ar éileamh na gComhaltaí maidir le Costas Taistil agus Cothabhála i ndáil le freastal ar chúrsaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Éascú maidir le cuntas Achoimre faoi Chomhdhálacha a ndearna Comhaltaí freastal orthu a chur faoi bhráid, ullmhú Tuairisce don Chlár Oibre agus Cuntais Achoimre a fhoilsiú ar an Láithreán Gréasáin.
- Cothabháil ar Bhunachar Sonraí Freastail na gComhaltaí do gach Comhalta den Chomhairle, lena n-áirítear cruinnithe Iomlánacha, SPC, Ceantar Bardasach, an Comhchoiste Póilíneachta (JPC), Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, Forbairt Pobail Áitiúil, agus an Comhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Éascú maidir leis an gClár Poiblí i ndáil le Tinreamh agus Íocaíochtaí le Comhairleoirí a thiomsú.
- An Clár Eitice a choinneáil do na Comhairleoirí.
- Éascú maidir le Tuairisceáin na gComhaltaí faoin Deimhniú Deonacháin a chur ar fáil
- Tacaíonn an Fhoireann Chorparáideach le Fáiltithe Cathartha a éascú mar fhreagairt ar mholtaí ón gComhairle Iomlánach. De bharr shrianta agus ábhar imní COVID-19, cuireadh an Fáiltiú Cathartha a bhí le tionól in Áras an Chontae an 23Márta 2020 ar athló.
- Rinneadh dul chun cinn ar úsáid na teicneolaíochta chun cruinnithe a éascú le linn na srianta sláinte poiblí.
- Chinntíodh gur cloíodh leis na treoirlínte sláinte poiblí chun an Chomhairle Iomlánach, an Ceantar Bardasach agus cruinnithe coiste éagsúla a reáchtáil.

**Obair Éascaíochta ar mhaithe leis an gComhchoiste Póilíneachta.**

- Oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhchoiste Póilíneachta (JPC) i gcomhar le bainistiú an Gharda Síochána áitiúil. Is feidhm reachtúil sannta í oibríocht an Choiste seo, i gcomhréir le hAlt35(4) agus le hAlt 36(1) Acht an Gharda Síochána 2005 agus i gcomhréir na dTreoirlínte JPC Athbhreithnithe a eisíodh in 2014.
- Tá feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta leagtha amach in Alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána, nach bhfuil aistrithe go Gaeilge, a deir: *"The joint policing committee's function is to serve as a forum for consultations, discussions and recommendations on matters affecting the policing of the local authority's administrative area"*.

- Tionóladh Gnáthchruinnithe den JPC an 11 Feabhra, an 15 Meitheamh agus an 14 Meán Fómhair.

**Seirbhísí a chuireann Seirbhísí Corparáide ar fáil don Eagraíocht**

- Coinnítear Clár Eitice do dhaoine den Fhoireann lena mbaineann.
- Cuireann Seirbhísí Corparáide cúnamh taca ar fáil maidir le Tairiscintí a Fháil, a Chlárú agus a Oscailt thar ceann na heagraíochta.
- Cuireadh Beartas nua i bhfeidhm i ndáil le glacadh le Tairiscintí a fhaightear go leictreonach tríd an gcóras eTenders, iad a oscailt agus iad a thaifeadadh.
- Coinnítear clár Ordaithe an Phríomhfheidhmeannaigh, déanann Seirbhísí Corparáide Uimhir a chur le gach Ordú do na Brainsí go léir.
- Lean Seirbhísí Corparáide ag feidhmiú mar aonad caidrimh ag Oifig an Ombudsman i ndáil le fiosrúcháin a dhéantar leis an Oifig sin faoi sheirbhís a chuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil. Déanann Seirbhísí Corparáide comhordú ar an gcomhfhreagras go léir agus tá córas traiceála ar bun.

***Tograí do 2021:***

- Leanfaidh Seirbhísí Corparáide den chúnamh taca a thugtar don Chathaoirleach, do na comhaltaí tofa agus maidir le Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle a eagrú.
- Leasóidh an Chomhairle Clár Eitice na Foirne agus na gComhaltaí agus tabharfar cúnamh do na Comhaltaí tuairisceáin maidir le Deimhniú Deonacháin a chur ar fáil.
- Foilseoidh an tAonad mionsonraí faoi na hÍocaíochtaí go léir le Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear íocaíochtaí i ndáil le Comhaltaí Seachtracha dá bhfuil na Comhaltaí ainmnithe.
- Cuirfidh an tAonad cúnamh taca ar fáil go gníomhach maidir le ról an Ghrúpa Polasaí Corparáide.
- Leanfaidh an tAonad de Chruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta agus cruinnithe eile a éascú de réir mar is cuí.
- Leanfaidh an Chomhairle de na coinníollacha faoin reachtaíocht a chomhlíonadh i ndáil le Saoráil Faisnéise agus Teacht ar Eolas faoi chúrsaí Timpeallachta agus leanfar den fhónamh ar son na heagraíochta maidir le fiosrúcháin a bhaineann leis an Ombudsman.
- Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha de ghlacadh, oscailt agus taifeadadh na dTairiscintí a fhaigheann an Chomhairle a éascú.

**Straitéis Chomórtha na Gaillimhe do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023**

Leanadh de réimse imeachtaí agus tionscnamh, ar fud Aonaid éagsúla, faoi Straitéis Chomórtha na Gaillimhe do Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023 ar.

- Leanadh d'fhorbairt bhreise ar an láithreán gréasáin dátheangach 'Gaillimh: Leanadh de Dheich mBliana na gCuimhneachán' http://www.galwaydecadeofcommemoration.org/ in 2020.
- Gach bliain, déanann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe ceiliúradh ar phearsa liteartha nó ar imeacht stairiúil ag an ócáid 'Léamh Mór na Gaillimhe', a reáchtáiltear ar fud an chontae agus na cathrach. Tá bród ar Leabharlanna na Gaillimhe ceiliúradh a dhéanamh ar dhuine de na scríbhneoirí is torthúla agus is ilchumasaí de chuid na Gaillimhe, Eilís Dillon, sa bhliain seo, comóradh céad bliain ina ómós. D'fhoilsigh sí tuairim is 50 teideal idir 1948 agus 1992, ábhar do leanaí agus do dhaoine fásta araon. Is iomaí téama ina saothar, ón saol ar oileán amach ó chósta an Atlantaigh go dtí an t-eolas a bhí aici ar an teanga agus ar an mbéaloideas, agus an grá a bhí aici dóibh. Ar na himeachtaí sa chlár fíorúil tá: club leabhar ar líne, a thugann

cuireadh don léitheoir taithí a fháil ar shamhlaíocht thuairisciúil shaothar Dillon; seimineáir éagsúla a fhiosraíonn a háit dhúchais (Gaillimh) agus a háit sa stair; dhá choimisiún nua a léiríonn an grá a bhí aici don ealaín agus don cheol; saothar amharc-ealaíne chun a saol agus a saothar a cheiliúradh agus píosa ceoil a cumadh mar fhreagairt ar cheann de na saothair aistrithe is mó a bhfuil cur amach agus cion ag daoine air, Caoineadh Airt Uí Laoghaire; agus turas draíochta do leanaí in 'Údar Amháin, Cúig Oileán' ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

- Chuir an Rannóg Oidhreachta tús le hobair ar fhoilseachán dátheangach dar teideal: "Coimhlint an Neamhspleáchais i gContae na Gaillimhe 1916-1923: *A Research Guide*" – leabhrán faoi Jeremiah Mee agus sraith leabhrán gearr faoi ghnéithe éagsúla de Chogadh na Saoirse mar a bhain sé le Contae na Gaillimhe.
- Tá Comhdháil Chuimhneacháin fhíorúil maidir le Baile Locha Riach á forbairt ag an Rannóg Oidhreachta. Tá sí le reáchtáil i mí na Samhna 2020.

**Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, Teacht ar eolas faoin Timpeallacht, Fiosrúchán leis an Ombudsman**

**Cosaint Sonraí**

Tháinig éifeacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) an 25 Bealtaine, 2018. An cuspóir atá leis, cur chuige aonfhoirmeach ar Chosaint Sonraí a ghlacadh i ngach Ballstát AE. Tá an RGCS go hiomlán ceangailteach agus éilíonn go mbaintear úsáid a bhaint as prionsabail phríobháideachta nua i ngach gné d'oibríochtaí gnó, amhail Príobháideacht de réir Réamhshocrú, Príobháideacht de réir Dearaidh, Cuntasacht agus Trédhearcacht. Tugadh deis don lucht foirne go léir freastal ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise faoi na hathruithe a chuireann an reachtaíocht nua ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Tá an tOifigeach Cosanta Sonraí sannta ar Sheirbhísí Corparáideacha agus is é an pointe teagmhála é maidir le gach iarratas ar rochtain ó ábhair sonraí san eagraíocht agus in Oifig an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Déantar gach Iarratas ar Rochtain ó Ábhair Sonraí a phróiseáil agus a rianú tríd an Oifigeach Cosanta Sonraí.

***Gníomhaíochtaí Táscacha maidir le Cosaint Sonraí in 2020:***

- Ceapadh daoine ainmnithe um Chosaint Sonraí i ngach Aonad Gnó de chuid na Comhairle sa Dara Ráithe de 2020.
- Cuireadh Oiliúint Thosaigh in RGCS ar 70 ball foirne lárnach sa Tríú agus sa Cheathrú Ráithe in 2020, lena chur ar a gcumas plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh RGCS a bhaint amach san aonad gnó agus ar fud na heagraíochta.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith rannpháirteach san Iniúchadh Cosanta Sonraí ar CCTV ag na Coimisinéirí Cosanta Sonraí. Chuir gach ceann de na haonaid ábhartha leis an bpróiseas chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na saincheisteanna a ardaíodh. Tá idirghabhálacha náisiúnta de dhíth maidir le roinnt díobh, e.g. bainistiú bruscair/dramhaíola. Fuair 11 bhall foirne sinsearach atá páirteach sa phróiseas iniúchta seo oiliúint i bhForléargas ar RGCS.
- Seoladh leathanach Acmhainní Inlín na Foirne maidir le Cosaint Sonraí sa Tríú Ráithe 2020. Tá naisc agus teagmhálacha áisiúla ar an leathanach, chomh maith le pointí tagartha le haghaidh chomhlíonadh Cosanta Sonraí.
- Forbraíodh Nuachtlitir Foirne maidir le Cosaint Sonraí agus seoladh é sa Tríú Ráithe 2020, chun feasacht faoi chúrsaí Cosanta Sonraí a ardú agus comhlíonadh ar fud na heagraíochta a bhaint amach.

***Tograí do 2021:***

- An phríomh-thosaíocht atá againn le haghaidh 2021, Plean um Thionscadal Comhlíonta a chur i bhfeidhm, lena ndíreofar ar Phrionsabail Bainistiú Sonraí, Oibleagáidí an Rialtóra Sonraí, agus Cearta Ábhair Shonraí, le tacaíocht ó bhreis Feasachta agus Oiliúna, Beartas agus Nósanna Imeachta lena gcruthófar timpeallacht níos trédhearcaí, níos daingne agus níos iontaofa le haghaidh na sonraí pearsanta ar fad a rialaímid.
- Ardán Inneall Príobháideachta a fháil agus a chur i bhfeidhm, chun bainistiú gach gné den chosaint sonraí san eagraíocht a éascú. Ní hamháin go léireoidh an t-ardán comhlíonadh, ach soláthróidh sé fíor-luach ó thaobh an ghnó de, agus déanfaidh tosaíocht lárnach den chosaint sonraí agus den phríobháideacht. Cuirfear modúil ar líne ionsuite ar fáil ar an Ardán lena dtabharfar deis don Chomhairle cúrsaí oiliúna don fhoireann uile a chruthú agus a bhainistiú, chun feasacht ardaithe agus tuiscint a chinntiú, fad a laghdófar rioscaí.
- Cuirfear tuilleadh oiliúna ar RGCS, lena n-áirítear Sárú ar Shonraí agus Iarratais ar Rochtain ó Ábhair Sonraí ar fáil don fhoireann in 2021 agus áireofar air sin oiliúint ríomhfhoghlama.
- An tIniúchadh ar CCTV ag na Coimisinéirí Cosanta Sonraí a thabhairt chun críche.
- Leanfar den obair chun an Taifead de Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA) a fhorbairt i ngach aonad gnó. Déanfar athbhreithniú agus uasdátú leanúnach ar ROPA i ngach Aonad.
- Leanfar den obair ar Ráitis Phríobháideachta/Fógraí Príobháideachta a fhorbairt i ngach rannóg gnó.
- Tabharfar treoir maidir le Cosaint Sonraí do na haonaid ghnó i gComhairle Chontae na Gaillimhe fad a éascófar agus a thacófar le hobair na dteagmhálacha Cosanta Sonraí i ngach aonad gnó.

**Saoráil Faisnéise / Teacht ar eolas faoin Timpeallacht**

Tá Oifigeach Saoráil Faisnéise/Oifigeach Rochtain maidir le hEolas ar an Timpeallacht sannta do na Seirbhísí Corparáideacha agus is ionann é agus an pointe teagmhála do Lucht Déanta Cinntí agus Oifigigh Achomhairc do FOI agus AIE san eagraíocht agus an Ghníomhaireacht Bainistithe Rialtais Áitiúil agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara Faisnéise Comhshaoil freisin. Déantar próiseáil agus rianú ar gach iarratas FOI agus AIE a fhaightear trína Seirbhísí Corparáideacha agus tá cothabháil á dhéanamh ar Loga maidir le Nochtadh ó thaobh iarratais FOI.

***Gníomhaíochtaí Táscacha maidir le Saoráil Faisnéise in 2020:***

Fuarthas 111 iarratas suas go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2020. Cinneadh mar seo a leanas:

- Aontú an fhaisnéis a scaoileadh 42, aontú i bpáirt 31, diúltú 23, aistríodh nó tarraingíodh siar 8 iarratas, agus tá 7 cinn nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill.

***Rochtain ar Fhaisnéis ar Ghníomhaíochtaí Comhshaoil in 2020:***

Fuarthas 9 iarratas suas go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2020. Cinneadh mar seo a leanas:

- Deonaíodh 5 iarratas, diúltaíodh 2 iarratas, tá 2 iarratas ag feitheamh.

Lean Seirbhísí Corparáide ag feidhmiú mar aonad caidrimh ag Oifig an Ombudsman i ndáil le fiosrúcháin a dhéantar leis an Oifig sin faoi sheirbhís a chuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil. Déanann Seirbhísí Corparáide comhordú ar an gcomhfhreagras go léir agus tá córas traiceála ar bun.

**Seirbhís Custaiméara**

Lean Seirbhísí Corparáideacha de ghníomhaíochtaí maidir le seirbhísí custaiméara a chomhordú sa Chomhairle agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na haonaid seirbhísí chun cabhrú le teachtaireachtaí a chur in iúl agus le seirbhísí a sholáthar. Cé gur cruthaíodh dúshláin dúinn, ó thaobh acmhainní de agus mar gheall ar an tionchar ó Covid-19, bhí ról lárnach ag an aonad lena chinntiú gur cuireadh na dúshláin a bhí romhainn agus an bealach nua le bheith i mbun gnó in iúl don phobal. Tugadh le tuiscint gurbh í gníomhaíocht ar líne, ar an teileafón agus trí bhíthin TFC an tslí is iomchuí.

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Tá na seoltaí ríomhphoist customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie ina phríomhfhoinse ag an Lucht Foirne agus ag an gCustaiméir maidir le teacht ar eolas. Iarrtar ar gach duine den fhoireann faisnéis a chur ar fáil maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha etc. ionas gur féidir leis an bhFoireann Seirbhísí don Chustaiméir a bheith ar an eolas faoi na himeachtaí a bhíonn ar siúl ar fud na Comhairle agus oiread eolais agus is féidir acu nuair a bhíonn siad ag déileáil le lucht fiosrúcháin. Ina theannta sin, is féidir le daoine den phobal teachtaireachtaí ríomhphoist a chur chuig na seoltaí sin má bhíonn fiosruithe ginearálta acu agus tugtar admháil á rá go bhfuarthas fiosruithe agus cuirtear chuig na rannóga iomchuí iad de réir mar is gá le go dtabharfar aird orthu agus le dtabharfar freagra díreach orthu.
- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir (CSOG) de theacht le chéile i rith na bliana 2020. Tá ionadaithe foirne ó na príomhréimsí seirbhíse go léir ar an CSOG.
- Tugadh faisnéis faoi sheirbhísí agus oibríochtaí na Comhairle a raibh tionchar ag Covid-19 orthu agus faoin tslí a bhféadfadh an pobal teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann agus le seirbhísí.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir den bhainistíocht agus den phróiseáil ar chásanna Deisigh Do Shráid agus den mhonatóireacht ar chásanna gan réiteach in éineacht leis na rannóga iomchuí. Clár náisiúnta is ea Deisigh Do Shráid agus is fóram ar líne é ar tríd is féidir saincheisteanna faoi ionaid ar leith a chur chuig an údarás áitiúil iomchuí.
- Leanadh i rith na bliana 2020 den chóras lárnach d'Fhógraí Poiblí trína gcuirtear feabhas ar ár nÍomhá Corparáideach sna Meáin Chlóite agus rinneadh sábháil airgid a ghnóthú dá bharr trí úsáid a bhaint as spás comhroinnte fógraíochta. Ba chabhair é freisin maidir coinníollacha faoin gCreat Náisiúnta Soláthair a shásamh. Sula bhfoilsítear fógraí poiblí sna nuachtáin éagsúla, déantar réamhchóipeanna díobh a chur ar taispeáint ar na Meáin Shóisialta agus a sheoladh chuig na Comhaltaí Tofa agus na sonraí comhfhreagrais iomchuí teagmhála á lua leo.
- Is é Seirbhísí don Chustaiméir an príomhphointe teagmhála thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an tairseach Rialtais nua do Chomhairliúcháin Phoiblí.
- Leanann Seirbhísí don Chustaiméir de chúnamh ag treoir a thabhairt don fhoireann maidir leis na nósanna imeachta agus teimpléid chun foirmeacha iarratais nua a athfhormáidiú agus chun foirmeacha reatha a uasdátú nuair a iarrtar sin. Tá 228 fhoirm agus meamram ar an iomlán sa chóras códaithe/cláraithe, atá le fáil anois ar ár láithreán gréasáin.
- Tá cártaí córais rochtana dorais agus siogairlíní don charrchlós á n-eisiúint agus á gcothabháil ag Seirbhísí don Chustaiméir thar ceann an Aonaid Foirgnimh agus Saoráidí.

**Deasc Seirbhíse don Chustaiméir agus Lárionad Cumarsáide**

- Leantar den Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí a oibriú chun córas éifeachtúil atreoraithe/láimhseála ceisteanna a chur ar fáil do chustaiméirí ar theacht isteach in Áras an Chontae dóibh. Leantar den tseirbhís teileafóin á oibriú i gcónaí as seo, le cúnamh ó Lárionad Cumarsáide na Seirbhísí don Chustaiméir ar an gcéad urlár d'Áras an Chontae.
- Déantar daoine den fhoireann Seirbhísí Corparáide atá ag obair le Seirbhís don Chustaiméir a chur i leith chúnamh a thabhairt maidir le Beartas Fón Póca na heagraíochta agus maidir leis an ngnáthriarachán ar an gcuntas ó lá go lá.

**Cumarsáid agus na Meáin Shóisialta**

- Tháinig ardú eile ar an úsáid a baintear as na Meáin Shóisialta (Twitter agus Facebook) agus tá fás ag teacht air sin gach lá.
- Rinneadh na Meáin Shóisialta a thabhairt isteach le Fógraíocht agus le Feachtais Phoiblíochta eile de chuid na Comhairle agus tugadh aird faoi leith ar úsáid a bhaint as na Meáin Shóisialta nuair a tharla eachtraí géara drochaimsire i rith an gheimhridh. Tháinig méadú maidir leis an ábhar atá á phostáil thar ceann dhaoine den fhoireann agus béim ar Oibreacha Bóthair, ar Chur Isteach ar an tSeirbhís Uisce agus ar nithe eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae. Bhí an fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir rannpháirteach san fheachtas náisiúnta twitter 'Our Council Day' arna chomhordú ag an LGMA.

***Tograí do 2021:***

- Leanúint de chomhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir de réir na spriocanna agus na n-aidhmeanna comhaontaithe a luaitear sa Straitéis maidir le Seirbhísí Ardchaighdeáin don Chustaiméir.
- Leanúint d'éascaíocht a dhéanamh maidir le cruinnithe Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir, ionas go ndéantar eolas a scaipeadh agus beartaíocht i gcomhar ar fud na mbrainsí go léir.
- Déanfar taighde faoi Mhúnlaí Seirbhíse don Chustaiméir a chuirfear i bhfeidhm maidir leis na riachtanais áitiúla agus cuirfear próiseas tagarmharcála i bhfeidhm chun ár gcuid caighdeán a thabhairt níos faide chun cinn, nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.
- Leanfar de 'Deisigh Do Shráid' a chur i bhfeidhm d'fhonn na spriocanna atá comhaontaithe a thabhairt i gcrích.
- Leanfar de chóras lárnach taisce agus códaithe maidir le gach Foirm Iarratais de chuid na Comhairle Contae atá ar fáil ar an láithreán gréasáin.
- Leanfar de bhéim a chur ar fhorbairt a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an Chomhairle Contae as na Meáin Shóisialta mar fhoinse faisnéise agus mar bhealach éifeachtúil cumarsáide dár gcustaiméirí.

**Oibriú Margaí & Corrthrádáil agus Iarratais maidir le Scannánaíocht sa Chontae**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Eisíodh Ceadúnais Chorrthrádála le haghaidh trádáil i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear: Baile Átha an Rí (4), Béal Átha na Sluaighe (7), an Clochán (5), an Gort (9), Baile Locha Riach (2), an Creagán (5), Dún Mór (1), Áth Cinn (1), Tuaim (7) san

áireamh; is de réir na bhFodhlíthe Corrthrádála a eisítear iad.

- Leanúint den trádáil a chur chun cinn san áit a mbíonn ionad saor trí chaidreamh a dhéanamh le daoine atá ar liostaí feithimh agus leanadh den mhonatóireacht ar shonraí faoin gCorrthrádáil trí thuairiscí faoi Phleananna Oibre na Maor Pobail.
- Ina theannta sin, próiseáladh ceadúnais le haghaidh imeachtaí speisialta maidir le hócáid seolta Ghaillimh 2020 agus imeachtaí 2020.
- Rinneadh próiseáil ar 15 cinn d'iarratais ó lucht scannánaíochta maidir le húsáid a bhaint as áitribh phoiblí le linn scannánaíochta.

***Tograí do 2021:***

- Leanúint de Cheadúnais Chorrthrádála a eisiúint.
- Mar chuid den obair thaca maidir le Comhpháirtíocht Scannánaíochta na Gaillimhe, leanúint de fhreastal ar chomhlachtaí Meán Cumarsáide agus ar chomhlachtaí Léiriúcháin ar mian leo scannánaíocht a dhéanamh sa chontae i ndáil le fiosrúcháin agus le cead a eisiúint.
- Comhordú agus oibriú na trádála le linn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe i mí Dheireadh Fómhair i gcomhar le hOifig Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe. Beidh sin ag brath ar threoirlínte sláinte poiblí.
- Leanúint de Chruinnithe Choiste Comhordaithe Aonach agus Féile Bhéal Átha na Sluaighe a éascú agus feidhmiú mar Chathaoirleach orthu.

**Gníomhaíocht maidir le hIniúchadh Inmheánach**

Is obair dheimhniúcháin agus comhairle a dhéantar go hoibiachtúil atá i gceist leis an iniúchadh inmheánach a leagtar amach d'fhonn feabhas agus breis tairbhe a thabhairt i gcrích le hobair na heagraíochta. Cuidíonn sé le heagraíocht a cuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach disciplíneach a thabhairt isteach le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht bainistiú riosca agus ar an bpróiseas rialaithe agus rialachais.

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánaigh freagrach as deimhniú a thabhairt do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle maidir le dóthanacht agus éifeachtúlacht chórais inmheánacha na Comhairle i ndáil le rialú agus bainistiú rioscaí.

An Plean Iniúchta Inmheánaigh, a leagtar amach i gcomhar leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an gCoiste Iniúchóireachta agus ina raibh 8 réimse le hiniúchadh in 2020, atá taobh thiar de chlár oibre an Iniúchta Inmheánaigh.

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Athbhreithniú iniúchta ar Dheontais Tithíochta 2018
- Athbhreithniú iniúchta ar Dheontais Oidhreachta/Chaomhnúcháin 2018

*Clár Oibre an Iniúchta Inmheánaigh 2020*

Bhí ocht réimse iniúchta sa Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2020.

Tá tuarascálacha iniúchta sna réimsí seo a leanas tugtha chun críche agus tá sé beartaithe iad a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta roimh dheireadh na bliana.

- Anailís ar Chuntas 2019 maidir le Gléasra agus Innealra

- Athbhreithniú ar Scéim Feabhsúcháin Pobail 2019

Tá na hiniúchtaí seo a leanas ag céim na dréacht-tuarascála:

- Rialuithe agus Nósanna Imeachta Forchúitimh
- Comhlíonadh RGCS
- Athbhreithniú ar Bhainistiú Rioscaí

Tá tús curtha le hAthbhreithniú Iniúchta ar Chlár SICAP 2019.

*Tuarascáil chuig an gCoimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta faoi Dhearbhú Cáilíochta an Chóid I ndáil le Caiteachas Poiblí2019*

Mar chuid den Tuarascáil faoi Dhearbhú Cáilíochta an Chóid I ndáil le Caiteachas Poiblí2019, rinneadh seiceálacha cuimsitheacha ar thionscadail ioncaim agus ar thionscadail chaipitil.

- Roghnaíodh clár na nDeontas Tithíochta 2018 lena scrúdú go mion mar chuid den seiceáil chuimsitheach ar thionscadail ioncaim.
- Roghnaíodh Forbairt Tithíochta Sóisialta Gilmartin lena scrúdú go mion mar chuid den seiceáil chuimsitheach ar thionscadail chaipitil.

Cuireadh torthaí na seiceálacha cuimsitheacha ar an dá thionscadal sin san áireamh sa Tuarascáil chríochnaitheach faoi Dhearbhú Cáilíochta an Chóid I ndáil le Caiteachas Poiblí2019 a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta go luath i mí an Mheithimh 2020 le go dtabharfaidís a dtuairim ina leith agus go bhfoilseoidís í.

- Rinneadh athbhreithnithe tréimhsiúla ar an dul chun cinn maidir leis na moltaí a rinne Iniúchóirí an Rialtais Áitiúil i ndiaidh Thuarascáil an Iniúchóra Reachtúil 2019.
- Rinneadh fáltais oifig an airgid, lóistíochtaí agus fáltais cealaithe a sheiceáil ar bhonn ráithiúil.
- Déantar seiceáil thréimhsiúil i gceanncheathrú na hOifige Mótarchánach in Áras an Chontae.
- Déantar seiceáil thréimhsiúil ar na hidirbhearta a dhéantar le Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal agus le Cártaí Breosla, lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le téarmaí úsáide na gcártaí.
- Déantar seiceáil thréimhsiúil ar phionóis úis maidir le híocaíocht phras.

***Tograí don bhliain 2021***

- An Plean Iniúchta Inmheánaigh 2021 a dhréachtú le bheith ceadaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus ag an bPríomhfheidhmeannach
- Athbhreithniú ar mholtaí a luaitear i dtuarascálacha iniúchta na bliana 2020.
- Obair an Choiste Iniúchóireachta / riar na gcruinnithe a éascú
- Bearta iniúchta a dhéanamh de réir Phlean Iniúchta 2021.
- Comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le Deimhniú Cáilíochta faoin gCód i ndáil le Caiteachas Poiblí.
- Leanadh le hobair ar chomhlíonadh beartais agus le tástáil luach ar airgead.
- Monatóireacht ráithiúil ar a gceannaítear le Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal agus le Cártaí Breosla.
- Seiceáil thréimhsiúil san Oifig Mhótarchánach agus Airgid Thirim agus ar Phionóis Úis maidir le hÍocaíocht Phras.

**Seirbhísí Comhairle Dlí**

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Chuir an Rannóg seirbhísí dlí ar fáil maidir leis na réimsí cláir go léir, ina measc ceannach agus díol réadmhaoine agus cásanna dlí a raibh ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche, cásanna dlíthíochta sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach, lena n-áirítear cásanna a raibh Athbhreithniú Breithiúnach i gceist leo. Bhí Dlíthíocht na Cúirte Dúiche (ionchúisimh maidir le Rátaí, Forfheidhmiú Pleanála agus Forfheidhmiú Comhshaoil) agus Athbhreithniú Breithiúnach, go háirithe, mar réimsí lenar bhain ualach oibre suntasach i dtéarmaí dlíthíochta go foriomlán. Bhí tabhairt chun críche fáil talún agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) ar bhealaí idiruirbeacha agus fáil aonaid chónaitheacha, ina réimsí oibre suntasacha freisin don Aonad Gníomhaire Dlí.
- Táthar ag leanúint de leasú á dhéanamh go leanúnach ar an gCóras Bainistithe Cásanna trínar féidir teimpléid a úsáid chun sruthanna oibre a chruthú ionas go gcuirtear seirbhísí dlí ar fáil ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúlaí ó thaobh costais. Tá an córas á chur i bhfeidhm i réimsí oibre nua freisin.
- Tá dul chun cinn suntasach déantar ar ár gClár Tailte a bhainistiú agus a uasdátú, le cúnamh ónár gcomhpháirtithe in aonaid eile, amhail IS, Airgeadas agus Tithíocht.
- Ceapadh Ionadaí Cosanta Sonraí a bhaineann go sonrach leis an Rannóg Gníomhaire Dlí, agus tá an duine sin ag obair go díreach le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

***Tograí do 2021:***

- Leanúint dár gcuid iarrachtaí seirbhísí comhairleacha dlí atá éifeachtúil a sholáthair do gach réimse cláir ar fud na heagraíochta.
- Aon fhuílleach oibre a eascraíonn ón gCeannach Éigeantach maidir le bealaí idir ceantair uirbeacha níos sine a thabhairt chun críche. Tá an obair seo ag teannadh le deireadh agus tá líon iarratais ar chlárú le tabhairt chun críche.
- Bearta a chur i bhfeidhm chun freastal ar ár gceanglais i dtéarmaí na Rialacháin Cosanta Sonraí nua le Mapáil Sonraí agus Rialú Riosca a thabhairt san áireamh. Leanfaimid d'idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus de chabhrú leis/léi maidir leis sin, agus tá Ionadaí Cosanta Sonraí ceaptha sa Rannóg.
- Leanfar de shruthanna oibre a chruthú maidir leis an gCóras Bainistithe Cásanna, ionas go gcuirtear feabhas ar dhéanamh na hoibre agus ag cur le héifeacht fhoriomlán na hoifige.
- An aidhm atá againn i mbliana, uasdátú Chlár Tailte na Comhairle a thabhairt chun críche, agus deireadh a chur leis an obair sin dá bharr. Beifear in ann an Clár a choinneáil cothrom le dáta as seo amach, ó thaobh thailte a gheobhaidh agus a aistreoidh an Chomhairle amach anseo.
- A chinntiú go bhfreastalaíonn an fhoireann ar chúrsaí oiliúna agus ar mhodúil Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, nuair is cuí, chun coinneáil suas chun dáta leis na forbairtí leanúnacha i nDlí Rialtais Áitiúil agus i mBainistiú Oifige. Cabhróidh sin le baill foirne ar aturnaetha iad na riachtanais bhliantúla Forbartha Gairmiúla Leanúnaí arna n-éileamh ag Dlí-Chumann na hÉireann a bhaint amach.
- Ár gCórais nua a chur i bhfeidhm go hinmheánach le bainistiú a dhéanamh agus déileáil le

hiarratais RGCS agus Saoráil Faisnéise a thagann chun na heagraíochta.

- Leanúint de bheith ag cinntiú go gcomhlíonann na baill foirne uile sa Rannóg Gníomhaire Dlí na riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta ar fad, agus sinn i mbun iarrachta leathadh Covid 19 a chosc, agus go gcloíonn siad le dea-chleachtas chun cabhrú le timpeallacht oibre shlán a chur ar fáil don fhoireann ar fad.

## Gníomhaíocht Acmhainní Daonna

**Gníomhaíochtaí Táscacha 2020**

➢ ***Pleanáil maidir le hEarcaíocht agus Lucht Saothair:***

***Mar seo a leanas a bhí líon Foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail dheireadh Ráithe 3, 2020:***

| *Catagóir* | *Líon daoine* |
|---|---|
| ***Croífhoireann*** | *880* |
| ***Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht*** | *113* |
| ***Roinn Neamhthithíochta, LG & Oidhreacht*** | *73* |

**Bearta Earcaíochta, 2020**:

Reáchtáil an Rannóg Acmhainní Daonna 38 gcomórtas earcaíochta sa tréimhse go dtí deireadh Ráithe 3, 2020 agus rinneadh 163 ceapachán dá bharr. Díríodh earcaíocht agus imlonnú foirne ar réimsí tosaíochta ar nós, Seirbhísí Éigeandála, Tithíocht, Geilleagar, Forbairt Tuaithe agus Pobail agus líonadh príomhphoist, lena n-áirítear, Stiúrthóir Seirbhísí, Príomh-Oifigeach Dóiteáin, Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Spóirt, Oifigeach Cothabhála Tionóntachta agus Oibrí Tacaíochta do Dhaoine gan Dídean.

Tugadh an próiseas ilchéime earcaíochta agus roghnaithe chun painéal comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha a chur le chéile chun críche freisin sa bhliain 2020.


Tá Foireann nua Athnuachana Uirbeach agus Tuaithe bunaithe le foireann theicniúil ar ghráid Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Ailtire Feidhmiúcháin, Innealtóir Feidhmiúcháin, Pleanálaí Feidhmiúcháin agus 2 Theicneoir ar Ghrád 1 sannta.

| | |
|---|---|
| **Líon na gComórtas Earcaíochta a reáchtáladh go dtí an 31 Deireadh Fómhair, 2020** | 38 |
| **Líon na gCeapachán Foirne go dtí seo in 2020 (lena n-áirítear Ceapacháin, ceapacháin ardú céime agus Folúntais a Eascraíonn dá bharr a Líonadh)** | 163 |

**Oiliúint agus Forbairt Foirne**

Tugadh faoi oiliúint chuimsitheach don fhoireann sa bhliain 2020 leis an bpríomhfhócas ar Oiliúint Reachtúil agus ar Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta. Thacaigh Deontais Oiliúna Náisiúnta sna réimsí Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad leis an gComhairle leis an oiliúint seo a sholáthar. Rinneadh cinneadh maidir le hoiliúint riachtanach eile i gcomhar le húsáid an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Lean an Chomhairle le tuilleadh tacaíochta a thabhairt don bhreisoideachas, do Chláir Rialtais Áitiúil an IPA agus ar fhreastal na foirne ar Sheimineáir agus ar Chomhdhálacha sa bhliain 2020.


Ba 1268 líon iomlán na Laethanta Oiliúna sa bhliain 2020 mar atá leagtha amach thíos:



## Leas Foirne

Tá líon Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh á gcur ar fáil ag Comhairle Contae na Gaillimhe d'fhostaithe agus, suas go dtí deireadh Ráithe 3, 2020 bhain an líon foirne seo a leanas leas as scéimeanna éagsúla;

- Scéim Saoire Atharthachta: 7
- An Scéim um Shaoire do Chúramóirí: 7
- Sosanna Gairme: 7
- An Scéim maidir le Saoire do Thuismitheoirí: 2
- An Scéim maidir le Comhroinnt Poist: 73
- An Scéim maidir le Saoire do Thuismitheoirí: 53
- An Scéim maidir le Bliain Oibre Níos Giorra: 38




- **Seirbhísí eile atá ar fáil don fhoireann*:***

  - **Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**: Is seirbhís chomhairle rúnda é an "Clár Cúnaimh d'Fhostaithe", nó an "EAP", agus tá sé ar fáil ag gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá síneadh curtha leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe anois le Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae na Gaillimhe a chlúdach. Cuireann Health Assured Ltd an tseirbhís seo ar fáil thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

  - **An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre:** Mar chuid den Phlean an Rialtais chun Poist an Spreagadh, tháinig coinníollacha leasaithe i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2020, chuir sé seo leis an gcaiteachas incheadaithe faoin Scéim um Rothaíocht chun na hOibre. Tá dhá theorainn i gceist anois, ag brath ar an gcineál rothair a cheannaítear. Is €1,500 an teorainn anois do rothar leictreach agus don trealamh sábháilteachta gaolmhar. Is €1,250 an teorainn anois do rothair eile agus don trealamh sábháilteachta gaolmhar. Ba €1,000 an teorainn a bhí ann roimh an 1 Lúnasa 2020 don gach rothar agus don trealamh sábháilteachta gaolmhar.
    Go dtí seo sa bhliain 2020, tá próiseáil déanta ar 27 n-iarratas ó fhostaithe de chuid na Comhairle ar rannpháirtíocht sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.

- **Scéim an Phas Taistil**: Faoi láthair, tá leas á bhaint as Scéim Sábhála Cánach an Phas Taistil ag 4 dhuine den fhoireann.
- **Measúnuithe VDU**: Rinneadh 43 scrúdú VDU amhail deireadh Ráithe 3 de 2020, agus tá 42 measúnú eile pleanáilte.

## Dul ar scor

Chuaig scór fostaí ar scor go dtí seo sa bhliain 2020 agus de réir taifid seirbhíse, tá triúr Comhraiceoir Dóiteáin lánaimseartha agus ceathrar Comhraiceoir Dóiteáin páirtaimseartha chun dul ar scor sa bhliain 2021.

I ndiaidh thabhairt isteach an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018, tá ardú curtha ar an aois scoir éigeantaigh d'fhormhór na mball foirne a earcaíodh roimh an 1 Aibreán 2004, ó 65 bliana d'aois go 70 bliain d'aois.

Is 70 bliain an aois scoir éigeantaigh do bhaill foirne a earcaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 agus ar comhaltaí iad sa Scéim Pinsean Aonair.

### Tograí do 2021:

- Daoine foirne a earcú agus a úsáid ar mhodh éifeachtúil gairmiúil agus de réir bheartas an Rialtais agus thosaíochtaí seirbhíse.
- Leanúint ar aghaidh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil chun cláir oiliúna agus forbartha a sheachadadh. Díreoidh Plean Oiliúna 2021 ar sheachadadh riachtanas oiliúna agus deimhniúcháin sláinte & sábháilteachta éigeantach agus riachtanais aonair agus eagraíochta á gcur san áireamh.
- Beartais chuí acmhainní daonna a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl i gcomhréir le reachtaíocht atá ann cheana féin agus reachtaíocht nua agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas.
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Bhainisteoirí Líne maidir le beartais ionaid oibre a chur i bhfeidhm.
- Dínit san ionad oibre, éagsúlacht agus comhionannas d'fhostaithe na Comhairle ar fad a chur chun cinn.
- Leanúint de dhea-chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn agus an cur chuige comhpháirtíochta maidir le comhréiteach ar fhadhbanna a láidriú, ar mhaithe le caidrimh fhostaí agus chustaiméara.

# AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (LEO)

Achtaíodh An Bille um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh), 2013, agus díscaoileadh na Boird Fiontar Contae an 14 Aibreán 2014. Cuireadh Oifigí Fiontair Áitiúil ina n-áit (LEOnna). Ar an 15 Aibreán 2014 chuir Oifig Fiontair Áitiúil na Gaillimhe tús lena cuid oibríochtaí laistigh de struchtúr Údarás Áitiúil Chontae na Gaillimhe (ina cháil mar Údarás ceannais do Chontae & do Chathair na Gaillimhe) faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse (féach an achoimre in Aguisín A) idir an tÚdarás Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann.

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Ionad Céadfhreastail den scoth agus éifeachtach do ghnóthaí i gContae agus i gCathair na Gaillimhe a chur ar fáil
- Tacaíochtaí Covid -19 a sheachadadh mar atá treoraithe ag an Rialtas. Áirítear orthu seo, Dearbháin Leanúnachais Gnó, Dearbháin Trádála ar Líne, tacaíocht maoinithe maidir le hIasacht Mhicreamhaoiniúcháin, tacaíocht mheantóireachta agus comhairleach agus aistriú seirbhísí comhairleacha agus oiliúna chuig seirbhísí fíorúla chun tacú le cliaint le linn na dianghlasála.
- Tacaíocht a chur ar fáil do chliaint maidir leis an mBreatimeacht (oiliúint custaim, meantóireacht ar laghdú costas, margaí nua a fhorbairt, etc.) agus imeachtaí feasachtaí a bhainistiú
- Méadaíodh feasacht maidir le seirbhísí LEO atá ar fáil do ghnólachtaí go háitiúil agus go náisiúnta agus cuidíodh le caidrimh a fhorbairt idir gnólachtaí agus na soláthraithe seirbhíse sin.
- Soláthraíodh sraith tacaíochtaí agus seirbhísí tógála cumais a chuireann luach agus sochair ar fáil don ghnó.
- Tugadh tacaíocht do chruthú fostaíochta sa chontae trí infheistíocht i ngnólachtaí incháilithe.
- Tugadh tacaíocht d’fhorbairt eacnamaíoch atá dírithe ar chruthú fostaíochta sa chontae agus sa réigiún.
- Rinneadh teagmháil le comhpháirtithe ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun cruthú fiontraíochta agus tionscnaimh tacaíochta a dhearadh agus a sheachadadh.

***Tograí do 2021:***

- Tacaíocht do chliaint maidir le tionchar ón mBreatimeacht (oiliúint, meantóireacht, cláir laghdú costais, margaí nua a fhorbairt etc.)
- Leanúint le tacaíochtaí gnó Covid-19
- Faisnéis an sholáthar – First Stop Shop agus imeachtaí for-rochtana (4)
- Comhairle, Meantóireacht & Líonrúchán maidir le cúrsaí gnó
- Forbairt bainistíochta, cláir forbartha earnála
- Oiliúint, ceardlanna
- Maoiniú (díreach – cáilitheacht theoranta, neamhdhíreach – trí Microfinance Ireland)
- Maoiniú Taighde agus Forbartha a sholáthar d’earnálacha ardacmhainne
- Rannpháirtíocht Cliaint in imeachtaí Náisiúnta

- Mol Bia Innovator a sheachadadh agus plean a fhorbairt do rannpháirtíocht cliaint ar an láthair i lár na bliana 2021

**Achoimre ar Spriocanna 2021:**

| **Poist:** | **Táirgeacht 2019** | **Sprioc 2020** |
|---|---|---|
| Portfóilió Cliaint LEO | 280 | **280** |
| Portfóilió Iomlán Fostaíochta (Gach Post, Lánaimseartha & Páirtaimseartha araon) | 1182 | 1140 |
| Iomlán na bPost a Cruthaíodh (Gach Post, Lánaimseartha & Páirtaimseartha araon) | 207 | 175 |
| Glanmhéadú Poist (Gach Post a Cruthaíodh lúide Caillteanas Poist) | 119 | 90 |

| **Beart 1** | **Táirgeacht 2019** | **Sprioc 2020** |
|---|---|---|
| **Líon na nIarratas faighte** | | |
| Indéantacht/Prímeáil/Leathnú Gnó/TAME | 25 | 29 |
| **Líon Cliaint ar Ceadaíodh Maoiniú dóibh:** | 25 | |
| Indéantacht: Uimhir: | 5 | 5 |
| Prímeáil: Uimhir: | 5 | 5 |
| Leathnú Gnó: Uimhir: | 2 | 4 |
| TAME: Uimhir | 13 | 15 |
| An líon poist nua féideartha measta a bhaineann le Ceadanna (Prímeáil & Leathnú Gnó) | 52 | 67 |
| Costais de réir poist a ríomh a bhaineann le ceadanna (Meánchostas ríofa ar phoist nua thar trí bliana) | €10,160 | €10,000 |

## An tAONAD PLEANÁLA, COMHSHAOIL agus SEIRBHÍSÍ

**Pleanáil d'Fhorbairt Inbhuanaithe**

**Gníomhaíochtaí Táscacha 2020**

- Fuarthas 1644 Iarratas Pleanála go dtí seo (20 Deireadh Fómhair 2020).
- Freastalaíodh ar 2 chomhairliúchán réamhiarratais leis An Bord Pleanála faoi na rialacháin nua d'fhorbairtí tithíochta breis agus 100 aonad, Baile Locha Riach agus Bearna.
- Tionóladh 10 gcruinniú réamh-phleanála d'fhorbairtí ollmhóra go dtí seo (20 Deireadh Fómhair 2020)
- Próiseáladh 64 n-iarratas ar Fhorbairtí Díolmhaithe go dtí seo (30ú Deireadh Fómhair 2020)
- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun an Plean Forbartha Contae 2022- 2028 agus na pleananna tacaíochta agus straitéisí a fhorbairt:
    - Croí-Straitéisí
    - Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha
    - Straitéis Fuinneamh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil (LARS),
    - Straitéis Phleanála Iompair,
    - Measúnú ar an Éileamh maidir le Riachtanas Tithíochta,
    - Creat Deartha Uirbeach (an Garrán/Cnoc Mhaoil Drise)
    - Tuarascálacha SEA/AA/SFRA.

- Tairiscintí a ullmhú do phleananna agus do straitéisí éagsúla chun Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha an Contae 2022-2028/ Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2021-2027
- Páipéar/foilseachán ríomhleabhar a eisiúint chun tús a chur le próiseas an Athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha an Contae 2022-2028
- Tuarascáil CE a ullmhú ar an aighneacht a rinneadh maidir le hAthbhreithniú ar an bPlean Forbartha an Contae 2022-2028
- Tús curtha le hullmhú líon pleananna lonnaíochta lena gcur san áireamh i bPlean Forbartha an Contae 2022-2028
- Iarratas maoinithe ullmhaithe agus curtha faoi bhráid faoin URDF le hIarnród Éireann mar chomhpháirtí againn don tionscadal i nGarrán, Órán Mór
- Aighneachtaí déanta chuig doiciméid náisiúnta, m.sh., an Creat Náisiúnta Pleanála Muirí/Dréacht-Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe
- Tuairisceáin chuig Ranna Éagsúla maidir le Táscairí Feidhmíochta/Sonraí éagsúla atá ábhartha don fheidhm maidir le Pleanáil chun Cinn
- Ionchur Pleanála curtha ar fáil do Ghrúpaí Stiúrtha atá ábhartha don Chontae
- Aistriúchán na mbeartas nua go léir a eagrú agus a bhainistiú (Dréacht-CDP, Pleananna Ceantair Áitiúil ábhartha) de réir na Scéime Teanga
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh Ríomhphleanáil Náisiúnta.
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh Foirne Baile

- Straitéisí Ríochta Poiblí a ullmhú do bhaile sainaitheanta i bPlean Ceantair Áitiúil, nuair a cheadaíonn acmhainní sin
- Glacadh páirt sa tionscnamh Píolótach maidir le Gabháil Sonraí um Pleanáil Spáis leis an Rannóg Pleanála, Tithíocht agus Rialtais Áitiúil
- Caidreamh le hOifigigh i ndáil le reachtaíocht reachtúil um cheadúnú imeachtaí maidir le Gaillimh 2020

**Tograí don bhliain 2021**

- Leanúint leis an próiseas chun Plean Forbartha an Contae 2022-2028 agus na pleananna tacaíochta agus straitéisí a ullmhú:

    - Croí-Straitéisí,
    - Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha,
    - Straitéis Fuinneamh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil (LARS),
    - Straitéis Phleanála Iompair,
    - Measúnú ar an Éileamh maidir le Riachtanas Tithíochta,
    - Creat Deartha Uirbeach
    - Tuarascálacha SEA/AA/SFRA.

- Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 a ullmhú
- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Bhéal Átha na Sluaighe 2021-2017 a ullmhú
- Tuarascálacha SEA/SFRA/AA a ullmhú do Phlean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2021-2027
- Leanúint le líon pleananna lonnaíochta a fhorbairt lena gcur san áireamh i bPlean Forbartha an Chontae 2022-2028
- Aighneachtaí a dhéanamh chuig doiciméid Náisiúnta thar ceann na Comhairle
- Tuairisceáin chuig Ranna Éagsúla maidir le Táscairí Feidhmíochta/Sonraí éagsúla atá ábhartha don fheidhm maidir le Pleanáil chun Cinn
- Ionchur Pleanála a chur ar fáil do Ghrúpaí Stiúrtha atá ábhartha don Chontae
- Aistriúchán na mbeartas nua go léir a eagrú agus a bhainistiú (athruithe ar an CDP, Pleananna Ceantair Áitiúil ábhartha) de réir na Scéime Teanga
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh Ríomhphleanáil Náisiúnta.
- Rannpháirtíocht i dtionscnamh Foirne Baile/ Foirne RRDF
- Straitéisí Ríochta Poiblí a ullmhú do bhaile sainaitheanta i bPlean Ceantair Áitiúil, nuair a cheadaíonn acmhainní sin
- Glacadh páirt sa tionscnamh Píolótach maidir le Gabháil Sonraí um Pleanáil Spáis leis an Rannóg Pleanála, Tithíocht agus Rialtais Áitiúil.
- Caidreamh le hoifigigh i ndáil le reachtaíocht reachtúil um cheadúnú imeachtaí maidir le Gaillimh 2020 nuair is cuí
- Clár do Láithreán Folamh a chur i bhfeidhm, le hathbhreithniú ar láithreacha sna pleananna ceantair áitiúla a thabhairt san áireamh
- Máistirphlean a ullmhú don láithreán ar a raibh Aerfort na Gaillimhe tráth.

## Rialú Tógála

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Fuarthas 583 fógra tosach feidhme suas go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2020, rud a léiríonn méadú 15.3% ar an am seo anuraidh.
- Cuireadh 94 deimhniú comhlánaithe isteach agus bailíodh iad suas go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2020.
- Rinne an tOifigeach Rialaithe Tógála 114 iniúchadh chun comhlíonadh na Rialachán Tógála a chinntiú suas go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2020.
- Cuireadh tús le 697 fhoirgneamh amhail an 22 ú Deireadh Fómhair 2020.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an tOifigeach Rialaithe Tógála ar aghaidh ag cur na rialachán tógála reachtúil i bhfeidhm agus déanfaidh sé an leibhéal íosta iniúchtaí ar a laghad is gá a dhéanamh ar fhorbairtí nua.

### Bearta Forfheidhmithe

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Seirbheáladh 290 Fógra Rabhaidh/Litir suas go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2020.
- Seirbheáladh 86 Fógra Forfheidhme suas go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2020.
- Tarchuireadh 26 chomhad do chaingean dlí suas go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2020.
- Fuarthas 283 gearán maidir le forbairt neamhúdaraithe go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2020.
- Réitíodh/dúnadh thart ar 68 Comhad Forfheidhme amhail an 20 Deireadh Fómhair 2020.

**Tograí do 2021:**

- Tá sé beartaithe leanúint d'acmhainní a chur ar fáil don Fhoireann Forfheidhmithe lena chinntiú go gcuirfear na Rialacháin Phleanála i bhfeidhm in 2020 agus gníomh iardain forghníomhach a dhéanamh ar ghearáin agus atreoruithe maidir le forbairtí neamh-údaraithe.
- Tosaíocht a thabhairt d'eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe ó thaobh gníomh forfheidhmithe, de réir mar is gá.
- An Bhliain go Dáta – Gearán a fuarthas sa bhliain 2020

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- **Tionscadal Oidhreachta Geolaíochta:** Acmhainn Geolaíochta Contae a chur ar fáil do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh agus foireann uirlisí geolaíochta a chur ar fáil d'fhoireann Chomhairle Contae na Gaillimhe. Táthar ag tabhairt faoin tionscadal seo i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann agus leis an gComhairle Oidhreachta. Tá na tionscadail le tabhairt chun críche faoi lár mhí na Samhna 2020.
- **Tionscadail Oidhreachta Gastranamaíochta Réigiún na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann 2020** - leanúint ar aghaidh ag obair le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí ag bailiú faisnéise a bhaineann le hoidhreacht gastranamaíochta an chontae agus aschur scríofa, fuaime agus físe a tháirgeadh don láithreán gréasáin.
- **Alcock and Brown:** Tá 2 leabhar oibre dhátheangach curtha ar fáil do na Ranganna Sóisearacha agus do na Ranganna Sinsearach sna Bunscoileanna. Tá na leabhair oibre le seoladh go fíorúil níos deireanaí sa bhliain agus le scaipeadh ar scoileanna i gConamara agus in Ionad Oideachais na Gaillimhe.
- **Scéim Deontais Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail:** Rinneadh measúnú ar dheontais, tugadh coinníollacha do na deontais sin agus le linn na deontais sin a íoc.
- **Baile Múrtha Meánaoise Bhaile Átha an Rí: Leabhrán maidir leis an am a caitheadh agus an lá atá inniu againn** – Lorgaíodh agus fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta leis an leabhrán seo a thabhairt cothrom le dáta agus a phriontáil. Tá an togra le tabhairt chun críche faoi dheireadh mí na Samhna 2020.
- **Lá Fíorúil Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí** – Reáchtáladh an lá spraoi seo don teaghlach an Domhnach 16 Lúnasa 2020 agus mar théama bhí, 'Ag Foghlaim maidir lenár nOidhreacht'. Thaispeáin na 39 físeán, podchraoladh agus doiciméid saibhreas oidhreachta thógtha agus cultúrtha bhaile meánaoise Bhaile Átha an Rí. Cuireadh é seo ar fáil ar líne ar leathanach Galway Beo Facebook agus ar ár láithreán gréasáin ag: https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/athenry-virtual-walled-town-day
- **Féile Mheánaoise Fíorúil Bhaile Locha Riach** – Cuireadh an t-imeacht ar líne seo ar ardán den chéad uair ar leathanach Galway Beo Facebook an 23 Lúnasa agus ar ár láithreán gréasáin ag: https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/loughrea-virtual-medieval-festival Rinneadh an togra a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Meánaoise Fíorúil Bhaile Locha Riach agus fuarthas maoiniú ó Chomhairle Contae na Gaillimhe agus ón gComhairle Oidhreachta. Tá 41 físeán, scannán, podchraoladh agus doiciméid uaslódáilte ar an láithreán gréasáin le go mbainfidh an uile dhuine taitneamh astu agus go mbeidh feasacht níos fearr ar oidhreacht mheánaoise Bhaile Locha Riach.
- **Baile Meánaoise Bhaile Locha Riach: Leabhrán maidir leis an am a caitheadh agus an lá atá inniu againn** – Lorgaíodh agus fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta leis an leabhrán seo a thabhairt cothrom le dáta agus a phriontáil. Tá

an togra le bheith críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna 2020.

- **Éire Ildánach:** Cuid d'Fhoireann Éire Chruthaitheach atá ag obair go sonrach ar 'Thionscadal na Scréachóige Reilige' agus ar "Tionscadal Léargas ar an Taobh Tíre" chomh maith lena bheith ag cuidiú le tionscadail sparánachta.
- **Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma**
  Ag obair le Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha chun acmhainní oideachais a fhorbairt.

- **Tionscadal Bithéagsúlachta.**
  Comhairle agus treoir maidir le gnéithe éagsúla den bhithéagsúlacht, lena n-áirítear, plandáil crann, déileáil le speicis ionracha agus pleananna i leith pailneoirí, a thabhairt do lucht na mBailte Slachtmhara, do Ghrúpaí Pobail agus do Scoileanna ar fud an chontae. Tugadh faoin 'The Galway Buzz' tionscadal le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta. Cuireadh acmhainní ar fáil do Phortach Cheathrú na gCapall. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú ón NPSW chun tabhairt faoi thuarascáil a chur ar fáil maidir le sárchleachtas ó thaobh na bithéagsúlachta agus na bpailneoirí a neadú i gComhairle Chontae na Gaillimhe, tugadh faoi iniúchadh sonraí/acmhainní maidir le foinsí bithéagsúlachta agus pailneora, cuireadh uirlisí tacaíochta cinneadh ar fáil agus ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe le Plean Pailneora Uile Éireann.
  **An Grúpa Oibre maidir le Speiceas Ionrach.**
  Ag obair ar straitéis maidir le speiceas ionrach le rannóga eile den Chomhairle – Rannóg na mBóithre, Maoir Phobail, Rannóg Comhshaoil, Oifig Uiscí Pobail agus IT. Cuireadh uirlisí tacaíochta cinneadh ar fáil maidir le speicis ionracha d'fhoireann Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- **Deich mBliana na gCuimhneachán**
  Tuilleadh forbartha agus uasghrádú le déanamh ar láithreán gréasáin do dheich mbliana na gcuimhneachán mar aon le tuilleadh eolas agus podchraoladh. Ag obair ar fhoilseachán dhátheangach dar teideal: Coimhlint an Neamhspleáchais i gContae na Gaillimhe 1916-1923: Treoir Thaighde", Leabhrán ar Jeremiah Mee agus sraith leabhráin gearra ar ghnéithe éagsúla de Chogadh na Saoirse agus an bhaint a bhí aige le Contae na Gaillimhe. Ag obair ar Chomhdháil Chuimhneacháin Bhaile Locha Riach fíorúil do mhí na Samhna 2020.
- **Tionscadail Eisimirce agus Diaspóra**
  ***Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke*** – Leanadh den obair le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard agus Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna ar an tionscadal seo. Forbraíodh agus ullmhaíodh faisnéis ar líne maidir le heisimirce agus maidir leis an diaspóra.
- **ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail.**
  Lean an Oifig Oidhreachta leis an obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oiliúint oidhreachta araon ar fáil do na grúpaí i rith na bliana.
  **Féile na gCloch 2020** Féile Fhíorasach
  Ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhar Caomháin Teo agus leis an Drystone Walling Association of Ireland, Stone Wall Fest Thír Chonaill, Stein und Wein (Austria) agus le Stone Carvers ó Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuireadh féile fhíorúil ar ardán den chéad uair ar Galway Beo an Aoine 18 agus an Satharn 19 Meán Fómhair 2020. Tá 63 físeán, scannán agus airteagail ann anois a bhaineann le tógáil ballaí, le litreoireacht, snoíodóireacht, pábháil, sceitseáil agus taispeántas maidir le haol te ó gach áit ar fud an domhain, lena n-áirítear, Éire, Inis Oírr, an Ostair, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Chóiré, an Eilvéis agus an Astráil agus is féidir iad a fheiceáil ar an láithreán gréasáin ag:
  https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/feile-na-

gcloch

D'éirigh thar barr leis na comórtais mion-bhallaí agus sceitseála agus chuir go leor daoine isteach ar na comórtais ó gach áit ar fud an domhain, lena n-áirítear, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Ostair

- **Galway Beo**
  Bunaíodh Tionscadal Galway Beo i mí an Mhárta 2020 ach mar gheall ar shrianta Covid19 iarradh ar dhaoine grianghraf, líníocht, dán nó scéal a sheoladh chugainn chun cuidiú linn oidhreacht iontach chontae na Gaillimhe a cheiliúradh. Socraíodh suas leathanach Facebook, léarscáil idirghníomhach, láithreán gréasáin agus cainéal YouTube. Cruthaíodh físeáin ar feadh líon seachtainí agus seoladh isteach grianghraif agus píosaí ealaín. Is ionann é seo agus freagra iontach ar an tionscnamh seo. Féach: https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/galway-beo-project agus leathanach Galway Beo Facebook

  **Imeachtaí, Comhdhálacha agus Ceardlanna Pobail**
  Ina theannta sin, rinneadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do líon mór grúpaí Bailte Slachtmhara, Oidhreachta Pobail agus Scoile sa bhliain 2020, lena n-áirítear comhairle agus treoir faoi fhoilseacháin oidhreachta, forbairt rianta oidhreachta, taifeadadh oidhreachta béil, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir iomchuí a bhain le hoidhreacht áitiúil.
- ***Reiligí na Tíre a Mhapáil go Digiteach*** – Leanadh den obair le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe ar inscríbhinní mapáilte agus cuimhneacháin a dhéanfar a thaifead agus a íoslódáil ar www.galway.ie. Táthar ag obair freisin ar chóras mapála nua le Roinn an GIS le húsáid dróin agus Survey 123 a chuimsiú.
- **Foilseachán maidir le hOidhreacht Eaglasta**
  Seoladh Foilseacháin maidir le hOidhreacht Eaglasta na Gaillimhe i Leabharlann Bhaile Locha Riach i mí an Mhárta.
- Táthar ag leanúint leis an ***Tionscadal Scoileanna 'Beo'*** le INSIGHT, OÉ, Gaillimh agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe. Reáchtáladh feachtas ar líne ag lorg grianghraif srl., le linn na bliana agus d'éirigh thar barr leis/tá ag éirigh thar barr leis i gcónaí.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/fhoirne ar nós *Coiste na Logainmneacha, Cuideachta Forbartha agus Oidhreachta Bhaile Locha Riach.*
- **Céim Iniúchta 1 maidir le Toibreacha Beannaithe**
  Cuireadh tús le gné deisce den iniúchadh seo sa bhliain 2020.
- **An Clár Seandálaíochta Pobail**
  D'oibrigh Seandálaí an Chontae le go leor grúpaí sa chontae maidir le comhairle agus treoir a chur ar fáil ó thaobh a gcuid oidhreachta ailtireachta agus tá roinnt acmhainní ar líne curtha ar fáil. Féach freisin: https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/
- **Léargas ar an Taobh Tíre**
  Foilseachán tugtha cothrom le dáta agus cúrsa ar líne 6 seachtaine á reáchtáil i míonna Deireadh Fómhair agus na Samhna 2020.

- **Taighde ar Bhailte Fearainn**
  Ag obair le hOidhreacht Pobail na Gaillimhe, GRD, Forum Connemara, an tIonad Cuimhneacháin Eisimircigh i gCarna agus Corr na Móna chun taighde stairiúil ar bhailte fearainn a thaifead agus a dhoiciméadú.
- Cuirfear an ***Golden Mile Calendar*** ar fáil i mí na Nollag 2020 i gcomhpháirtíocht le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe.
- **Oiliúint sna Scileanna Digiteacha don Oidhreacht**
  Tá an cúrsa 4 seisiún ar líne seo a thionóil i mí Deireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2020. Déileáiltear sa chúrsa leis an mbealach le d'fhón a úsáid chun físeán a dhéanamh, le YouTube, Zoom srl., a oibriú

| **Oidhreacht** |
|---|

**Tograí do 2021:**

- Tuilleadh acmhainní a bhaineann le hIniúchadh Oidhreachta Geolaíochta ar Chontae na Gaillimhe a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Chomhairle Oidhreachta.
- Tionscadail Oidhreachta Gastranamaíochta Réigiún na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann 2010 - leanúint ar aghaidh ag obair le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí ag bailiú faisnéise a bhaineann le hoidhreacht gastranamaíochta an chontae agus aschur scríofa, fuaime agus físe a tháirgeadh don láithreán gréasáin.
- Leanúint leis an obair ar an Straitéis maidir le Speicis Ionracha.
- Leanúint leis an tionscnamh 'Stories from the landscape'.
- Oibreoidh an seandálaí pobail, le grúpaí éagsúla, scoileanna agus le daoine aonair sa chontae chun cur le feasacht, eolas agus meas ar oidhreacht seandálaíochta an chontae. Cuirfidh sé treoir agus cúnamh ar fáil freisin maidir le tabhairt faoi thionscadail atá bunaithe ar oidhreacht seandálaíocht chun sárchleachtas a chinntiú.
- Tionscadal Sráidbhailte/Bailte le forbairt i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta.
- Breithniú le déanamh ar chúrsa 6 seachtaine a reáchtáil a rachaidh chun leasa dóibh siúd atá ag tabhairt faoi thionscadail oidhreachta faoin gClár faoi Theicníochtaí Taifeadta Fuaime agus Agallóireachta.
- Tabhairt faoi Chéim 2 maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar thobair bheannaithe sa tír.
- Tabhairt faoi Chéim 1 maidir le scéim plandaithe chuí a fhorbairt i gceantar uirbeach.
- Cúrsa Reading the Landscape Céim 2 – Chun leanúint leis an obair le grúpaí pobail a thaobh scileanna allamuigh a fhoghlaim agus na scileanna sin a úsáid chun an t-ábhar a uaslódáil ar an láithreán gréasáin nua pobail. Translate and publish the updated text.
- Leanúint den Tionscadal Bithéagsúlachta agus de bheith ag obair i gcomhar le grúpaí pobail, Grúpaí Bailte Slachtmhara, Scoileanna, NUIG, GRD, srl.
- Lá Baile Múrtha Bhaile Átha an Rí– Lorgófar maoiniú ón gCiste do Bhallaí Múrtha na

Comhairle Oidhreachta agus má éiríonn leis tionólfar Lá do Bhailte Múrtha i mí Lúnasa 2021.

- Tionscadal Oidhreachta do Bhailte Múrtha Bhaile Áth an Rí agus Bhaile Locha Riach – Maoiniú le lorg chun leanúint leis an tionscadal fiúntach seo.
- Oibreacha Caipitil Bhailte Múrtha Bhaile Áth an Rí – Lorgófar maoiniú le tabhairt faoi chlár eile oibreacha ar na Bailte agus leanfaidh obair eile as sin má éiríonn leis.
- Féile Meánaoise Bhaile Locha Riach - Féach le himeacht i gcomhar le Coiste Fhéile Meánaoise Bhaile Locha Riach a fhorbairt.
- Deich mBliana na gCuimhneachán – Tuilleadh forbartha agus uasghrádú le déanamh ar láithreán gréasáin do dheich mbliana na gcuimhneachán mar aon le tuilleadh eolas agus podchraoladh. Leanúint le sraith foilseacháin Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae na Gaillimhe a fhorbairt. Reáchtálfar Comhdháil Loughrea Remember i mí na Samhna 2020.
- Foilseachán dátheangach a dhéanamh maidir le foinsí staidéir don tréimhse réabhlóideach do Chontae na Gaillimhe.
- ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta leis an obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo.
- Imeachtaí, Comhdhálacha agus Ceardlanna Pobail – Tabharfar cúnamh, comhairle agus tacaíocht freisin don iliomad imeachtaí Bailte agus Pobail sa bhliain 2021, lena n-áirítear, Féile na gCloch, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir agus comhdhálacha ábhartha oidhreachta.
- Tionscadail Eisimirce agus Diaspóra: Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke – Chun leanúint leis an obair le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard ar an tionscadal seo. Tuilleadh eolais ar líne a fhorbairt maidir le heisimirce agus an diaspóra.
- Mapáil Dhigiteach Reiligí sa Chontae – Táthar le leanúint le mapáil a dhéanamh ar roinnt reiligí atá le mapáil agus déanfar inscríbhinní leachta cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil ar www.galway.ie
- Leanfar leis an Tionscadal Scoileanna 'Beo' le INSIGHT, OÉ, Gaillimh agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/fhoirne ar nós Coiste na Logainmneacha, Cuideachta Forbartha agus Oidhreachta Bhaile Locha Riach, Éire Ildánach agus Tionscadal Aran Life agus tionscnaimh eile den chineál sin.
- Leathadh amach na Scéime Deontais Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail.
- Comórtas agus Féilire an Mhíle Órga - reáchtálfar searmanas gradaim freisin le linn na bliana.
- Leanúint le hIniúchadh Taighde Baile Fearainn agus Paróiste/Oidhreacht Ceantair Áitiúil.
- Cruinnithe a eagrú agus tionscnaimh oidhreachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint le leabhráin oidhreachta baile a fhorbairt.
- Tabhairt faoi Fhéile na gCloch in Inis Oírr.
- Oiliúint oidhreachta ar líne a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Leanúint le Tionscadal Galway Beo.

## Caomhnú

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Aithníodh, rinneadh meastóireacht agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le déanmhais, limistéir grúpaí déanmhas agus gnéithe eile lena mbaineann tábhacht ó thaobh na hoidhreachta ailtireachta. Cuireadh comhairle ar fáil d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil maidir le sárchleachtas agus le fáil a bheith ar chúnamh, lena n-áirítear cúnamh airgeadais do chaomhnú den chineál sin.
- Rinneadh measúnú ar Dhéanmhas atá ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint (RPS) le súil le Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha óna dteastaíonn cead pleanála agus comhairle réamhphleanála.
- Tairgeadh comhairle d'úinéirí/d'áititheoirí struchtúr a tógadh go traidisiúnta, go háirithe maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh.
- Tuairiscíodh agus tugadh comhairle maidir le hiarratais phleanála nuair a eascraíonn saincheisteanna oidhreachta ailtireachta i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAanna) agus le Struchtúir Chosanta (foirgnimh aonair nó grúpaí foirgneamh) inar moladh forbairt.
- Rinneadh monatóireacht ar an riocht ina bhfuil déanmhais atá ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint, agus de réir mar a bhí gá, rinneadh moltaí maidir leis an ghá, go dtógfadh an t-údarás pleanála gníomh forfheidhmithe.
- Chuathas i gcomhairle leis an roinn, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí deonacha agus idirnáisiúnta ábhartha ar chúrsaí a bhaineann le caomhnú ailtireachta lena n-áirítear AACO, ICOMOS, Cumann Seoirseach na hÉireann, agus Cónaidhm Tionscail na Foirgníochta.
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail áitiúil maidir le tionscnamh Bailte Slachtmhara agus pobail. Tionscadal píolótach *Paint the Town Headford* i gcomhpháirt le Gaillimh 2020.
- Coiste ICOMOS Ireland baile agus sráidbhaile chun forbairt inbhuanaithe i dtionscadal píolótach sa Ghort a chur chun cinn. Rinne Éire Chruthaitheach maoiniú ar scannán gearr agus ar sheimineár gréasáin le tionscnaimh maoinithe comhoibríocha agus éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh traidisiúnta a chur i láthair.
- Grúpa Sócmhainní Stairiúla – lean an grúpa oibre idirdhisciplíneach idir-rannach ar aghaidh lena chuid oibre chun Struchtúir Chosanta a chothabháil faoi chúram an údaráis áitiúil. Rinne an Oifig Caomhantais Ailtireachta tuarascálacha proifisiúnta a mhaoiniú i gcomhair oibreacha Caomhantais ar Dhroichead meánaoiseach Chreachmhaoile. (an ghné oiliúna curtha siar mar gheall ar shrianta) Comhairliúchán maidir le Cuid 8 iarratas agus Tairiscint Teach Cúirte Phort Omna
- Rannpháirtíocht san fhéile ailtireachta *Architecture at the Edge* leis an téama Boundaries- Imeachtaí ar fud na tíre
- *The Walks, Loughrea* a Chur Chun Cinn; tionscadal Caomhantais le *Reimagine*, tionscnamh de chuid Fhoras Ailtireachta na hÉireann le maoiniú ó Éire Ildánach agus i gcomhpháirtíocht le Gaillimh 2020 i Meán Fómhair 2020.
- Curtha i láthair trí Thinning Landscapes Baile Locha Riach i seimineár gréasáin IAF ar Chomhfhorbairt Áite.

- Riaradh na Scéime Infheistíochta um Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus an Chiste um Struchtúir Stairiúla (HSF) atá ar fáil tríd an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta do Struchtúir Stairiúla, lena n-áirítear maoiniú phacáiste Spreagtha mhí Iúil.
- Iarratas ar Scéim Chiste na Séadchomharthaí Pobail ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
- Ionchur i bpróiseas Phlean Forbartha an Chontae maidir le measúnú ar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, agus tuairisciú a dhéanamh ar aighneachtaí.
- Próiseáladh moltaí próiseáilte lena n-áireamh agus a scriosadh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta mar chuid d'athbhreithniú bliantúil ar Thaifead na Struchtúr Cosanta.

**Tograí do 2021:**

- Leanúint ag tabhairt faoi dhualgais reachtúla an Oifigigh Caomhnaithe Ailtireachta mar atá leagtha amach i gCiorclán 5/99 arna leasú.
- Breiseanna a mholadh don RPS agus taighde agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a mholadh mar chuid den Phlean Forbartha Contae. Dul i dteagmháil le húinéirí agus le háitritheoirí
- Deiseanna a chur chun cinn chun cur le feasacht ar oidhreacht ailtireachta agus an caomhnú cuí a ghabhann leis agus athúsáid, trí Éire Chruthaitheach, Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus deiseanna maoinithe eile de réir mar a bhíonn siad ar fáil.
- Na tionscnaimh agus an maoiniú arna gcur ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chur chun cinn.
- Leanúint le scileanna traidisiúnta agus tionscnaimh oiliúna a chur chun cinn i gcomhar le Building Limes Forum Ireland, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus an GRETB
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an ngrúpa oibre Sócmhainní Stairiúla agus ag obair le pobail áitiúla chun an timpeallacht thógtha stairiúil a ionchorprú i saol pobail na mbailte agus na sráidbhailte.
- Pleananna agus imlínte tionscadal costáilte a ullmhú chun a bheith ábalta leas a bhaint as maoiniú caipitil sna bailte stairiúla agus sna ACAanna agus do Shócmhainní Stairiúla atá faoi chúram an Údaráis Áitiúil de réir mar a thagann sé chun cinn i gcomhar leis an Fhoireann Athnuachana.
- Leas a bhaint as agus aon tionscnamh maoinithe atá ar fáil a chur chun cinn, lena n-áirítear maoiniú do Chiste na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Foirgnithe, Scéim na nDéanamhas atá i mBaol, agus Bailte agus Sráidbhailte Tuaithe, an Tionscnamh Bailte Stairiúla, an Ciste Séadchomharthaí Pobail & Éire Ildánach.

- Comhairle a chur ar fáil don údarás áitiúil maidir le cúrsaí caomhnaithe ailtireachta - idirchaidreamh a dhéanamh le rannóg na mbóithre maidir le caomhnú a dhéanamh ar shaoirseacht chloiche súile droichid; idirchaidreamh le seirbhísí corparáideach maidir le sócmhainní stairiúla faoi úinéireacht an Údaráis

Áitiúil;  Idirchaidreamh leis an Rannóg Comhshaoil maidir le reiligí; Idirchaidreamh le hinnealtóirí na gceantar áitiúil maidir leis an réimse poiblí agus le saincheisteanna a eascraíonn.

## An Bonneagar Bainistithe Dramhaíola

**Gníomhaíochtaí i rith na bliana 2020**

- Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe deireadh lena oibríochtaí líonta talún i gCill Chonaill agus cuireadh na hoibreacha caidhpeála i gcrích.
- Lorgaíodh tairiscintí arís maidir le hIonaid Fóntais Poiblí (CAS). Cuirfidh an t-oibritheoir reatha tús le conradh nua 3 bliana ag deireadh na bliana.
- Cuireadh leagan amach agus tuarascálacha d'iarratas pleanála i ndáil le láithreán nua CAS i nGaillimh Theas chun cinn. Rinneadh cainteanna le húinéir talún maidir le láithreán i gConamara Theas a d'fhéadfadh bheith i gceist.
- Rinneadh Imscrúdú Suímh d'Aicme 3 ar sheanláithreacha líonadh talún ag Shore Road - An Clochán, An Cnoc Breac, an Gort, Tuaim agus Gleann na Madadh, arna mhaoiniú go díreach ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE).
- Lean Rehab Glasco de sheirbhís bailithe a chur ar fáil le haghaidh gloine agus cannaí dí ag an 92 ionad 'fág anseo' sa chontae. Lorgaíodh tairiscintí arís don chonradh a rachaidh in éag ag deireadh na bliana.
- Lorgaíodh tairiscintí arís maidir le seirbhísí bailithe agus seachadta dramhaíola d'Inis Bó Finne agus bronnfar conradh téarma dhá bhliain nua ar na hoibritheoirí reatha.
- Tá socrúchán comhpháirtíochta ag an gComhairle le hAthchúrsáil Árann Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe anois) chun scéim chomhtháite bhainistithe dramhaíola a oibriú d'Oileáin Árann.
- Tá Líonra na nÚdarás Áitiúil um Chosc gníomhach i gcónaí. Sainaithníonn an Líonra gníomhaíochtaí atá ag teastáil ar mhaithe le cosc agus cur le cumas laistigh de na hearnálacha pobail, gnó agus poiblí a mhéid a bhaineann le éifeachtúlachtaí ó thaobh úsáid acmhainní de agus i measc na réimsí atá i gceist áirítear cosc dramhaíola, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce agus cur le cumas, oiliúint agus feasacht.

**Tograí do 2021:**

- Tús a chur le hoibríochtaí iarchúraim ag líonadh talún Chill Chonaill. Oibreacha a chur i gcrích ar fhadhbanna atá fós le réiteach mar gheall ar an gconradh caidhpeála.
- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú d'imscrúdú Leibhéal 3 a dhéanamh ar thrí láithreán stairiúla eile ina bhfuil líonadh talún.
- Forbairt a dhéanamh ar na hIonaid Fóntais Poiblí eile a chur chun cinn.
- Feasacht oideachais le leanúint ar aghaidh sa réimse chun dramhaíl a chosc agus maidir le dea-chleachtais timpeallachta.

## Faireachán Comhshaoil agus Bearta Forfheidhmiúcháin

Rinneadh an clár oibre do 2020 a chur i gcrích i gcomhréir le treoirlínte an rialtais maidir leis an riosca i ndáil le Covid 19 a bhainistiú. Bhíothas in ann formhór an chláir a chur i gcrích de réir mar a bhí beartaithe. Faoin gclár oibre do 2021, tabharfar aitheantas do threoirlínte an rialtais agus d'fhéadfadh sé bheith faoi réir athraithe mar fhreagairt ar shrianta a bheith á n-athrú.

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Leagfar amach mionsonraí faoi fhógraí forfheidhmiúcháin agus litreacha rabhaidh a tionscnaíodh faoin reachtaíocht comhshaoil i rith na bliana 2020 i dtuairisceáin RMCEI (Íoschritéir Mholta maidir le Cigireacht Comhshaoil) na bliana 2020 atá le heisiúint faoin 16 Feabhra 2021.
- Tabharfar mionchuntas i dtuairisceáin RMCEI 2020 ar na bearta cigireachta pleanáilte a rinneadh ar áiseanna rialáilte agus ar na bearta cigireachta neamhphleanáilte a rinneadh i ndáil le gearáin a tháinig agus teagmhais a tharla maidir le truailliú na timpeallachta. Déantar iniúchtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas: gearáin, saoráidí dramhaíola ceadaithe, bailitheoirí ceadaithe, cairéil, garáistí, catagóirí éagsúla táirgeora dramhaíola, ceadúnais sceite, saoráidí sloda séarachais, feirmeacha, córais phríobháideacha cóireála dramhuisce, ceadúnais truaillithe aeir, saoráidí péinteanna deco agus láithreáin chláraithe tuaslagóirí.
- Rinneadh cigireachtaí comhpháirteacha le REPAK ar ghnólachtaí neamhchomhlíontacha, faoi chlár pacáistithe píolótach CUWERLA.
- Glanadh líon 'spotaí dubha' bruscair, cuireadh bacainní agus comharthaí in airde agus cuireadh CCTV isteach le maoiniú arna soláthar ag DCCAE faoin dTionscnamh Frithdhumpála 2020. Tugadh go leor dramhaíola chun bealaigh i rith an Tionscnaimh a fógraíodh go háitiúil ar mheáin shóisialta na Comhairle agus sna nuachtáin áitiúla.
- Eagraíodh Bailiúcháin Earraí Toirtiúla i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus eagraíodh bailiúchán dramhaíola miotail ó Inis Bó Finne.
- Chuir Forfheidhmiú Comhshaoil Feachtais Fheasachta i gcrích i ndáil le húsáid cheart a bhaint as saoráidí *fág anseo* agus na saoráidí atá ar fáil ag Ionaid Fóntais Poiblí.
- Rinneadh monatóireacht i ndáil le huisce óil, uisce snámha, aibhneacha, lochanna agus líonadh talún i gcomhréir le ceanglais reachtúla go díreach agus trí chonarthaí le saotharlanna seachtracha araon. Rinneadh bearta leantacha i dtaca le neamhchomhlíonadh.
- I measc na ngníomhartha forfheidhmithe bhí 126 ceadúnas doirte a fhorfheidhmiú do chórais cóireála fuíolluisce phríobháideacha ar scála mór agus cigireacht ar thuairim is 20 fheirm agus 75 córais cóireála fuíolluisce tí.

## Faireachán Comhshaoil agus Bearta Forfheidhmiúcháin

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Eisíodh fógraí poiblí agus rinneadh monatóireacht cigireachta de réir mar is gá mar fhreagra ar neamhchomhlíonadh maidir le huisce óil agus uisce snámha. Rinneadh Sé Bhratach Ghorma agus Sé Phlaic Chósta Ghlais a bhronnadh ar limistéir shnámha i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh rialú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le truailliú aeir cosúil le tirimghlanadh, athchóiriú feithiclí agus cairéil.
- Rinne an Rannóg Comhshaoil athbhreithniú ar gach iarratas pleanála suntasach i leith forbraíochtaí seachas iarratais i leith tithe aonair. Áiríodh leo sin forbraíochtaí tionsclaíocha, tithíochta, fuinnimh, bainistithe dramhaíola agus cairéil. Cuireadh athbhreithnithe cuimsitheacha i gcrích lena chinntiú go gcomhlíonann na tograí an líon do-áirithe doiciméad ábhartha reachtaíochta agus treoracha maidir leis an gcomhshaoil.

**Tograí don bhliain 2021**

- Déanfaidh an Chomhairle na hiniúchtaí réamhghníomhacha pleanáilte go léir ar shaoráidí údaraithe faoi na míreanna éagsúla den reachtaíocht chomhshaoil a leagan amach i bPlean RMCEI 2021, agus tá an plean sin le heisiúint faoin 16 Feabhra 2021. Tabharfaidh scála na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin sa bhliain 2021 léiriú ar na hacmhainní a bheidh ar fáil d'iniúchtaí a dhéanamh, agus bainfear leas as na hacmhainní ar bhonn tosaíochta, agus an treoir a fhaightear ón Roinn, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó WERLA á cur san áireamh.
- Leanfaidh an Chomhairle d'iniúchtaí agus d'fhaireachán a dhéanamh faoi reachtaíocht chomhshaoil de réir bheartas an rialtais agus threoracha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, agus déanfar bearta forfheidhmiúcháin a chur i ngníomh de réir mar is gá i gcásanna nach ndéantar an reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh.
- Beidh athbhreithniú leanúnach ar siúl maidir leis na bealaí is fearr chun déileáil le dumpáil mhídhleathach. Cuirfear na Fodhlíthe maidir le hÁbhar Dramhaíola a chur ar fáil i bhfeidhm agus eiseofar fógraí maidir le pionós socraithe de réir mar is gá.
- Oibreoidh an Chomhairle leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Oifig WFD, chun caighdeán an uisce i gceantair tosaíochta aitheanta a fheabhsú, trí feasacht phoiblí agus trí chlár dian iniúchtaí ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith truaillithe, lena n-áirítear córais chóireála fuíolluisce phríobháideacha ar scála mór, feirmeacha agus córais chóireála fuíolluisce tí.

## Láithreáin Thréigthe agus Déanmhais Chontúirteacha

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Lean an Chomhairle dá cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 agus faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta 1964 a fheidhmiú mar iarracht

oibriú le húinéirí foirgneamh agus talún de chineál atá ligthe i bhfaillí, ina bhfothraigh agus mímhaiseach beart feabhais a dhéanamh.Leanadh de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a chur i gcrích nuair a bhí gá léi.

**Tograí do 2021:**

- Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin sa chontae de réir an bheartais maidir le Láithreáin Thréigthe agus de réir an bheartais maidir le Déanmhais Chontúirteacha.

| Reiligí |
|---|

**Gníomhaíochtaí i rith na bliana 2020**

- Faoi láthair, tá 233 reilig liostaithe i gclár reiligí na Comhairle. I gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, déanann an Chomhairle oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin de réir mar is féidir i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.
- Leanadh den chlár oibreacha caipitil reilige i rith na bliana 2020. Cuireadh síneadh nua i gcrích i nDroichead an Chláirín, síníodh conradh oibreacha chun síneadh a chur le reilig Chill Íomair Uí Dhálaigh, tá pleanáil Cuid 8 faighte freisin i ndáil le Quansboro agus tá iarratas Cuid 8 curtha ar aghaidh do reilig nua ag Séipéal Brooklodge.
- I gcomhar le coiste reilige Mhaigh Cuilinn, rinneadh limistéar agus leagan amach do bhalla colmlainne (chun prócaí a adhlacadh) a fhorbairt a bhféadfaí a úsáid ar bhonn réigiúnach.
- Tá an rannóg comhshaoil i mbun teagmháil ghníomhach a dhéanamh le pobail chun láithreacha adhlactha nua a aithint i mBaile Chláir, Indreabhán & Leitir Móir.
- Cuirtear deontas bliantúil ar fáil do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantar. Bronnadh deontas 3 leibhéal ar Choistí sa bhliain 2019 - €600, €450 nó €300 agus tugadh deontais do níos mó ná 160 choiste sa bhliain 2019.

**Tograí do 2021:**

- Déanfaidh an Chomhairle na tionscadail ar cuireadh tús leo i gCill Íomair Uí Dhálaigh, Quansboro agus Brooklodge a chur chun cinn.
- Tús a chur le tionscadail sínidh ag Reilig Creagh i mBéal Átha na Sluaighe agus Dún Doighre.
- Leagan amach agus pleanáil a chur chun cinn nuair atá suíomhanna oiriúnacha ar fáil i mBaile Chláir, Eanach Dhúin, an Mhainistir, Indreabhán agus Leitir Móir.
- Comhoibriú a dhéanamh ar Bhalla Colmlainne a fhorbairt i Maigh Cuilinn.
- Fodhlíthe nua i ndáil le Reiligí a dhréachtú lena mbreithniú ag an gComhairle.

## Feasacht agus Oideachas faoin gComhshaol

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Tá an t-oifigeach Feasachta cúnta páirteach i gcur chun cinn feasachta faoin gcomhshaol trí theagmháil leanúnach leis na hearnálacha tís agus tráchtála.
- Mar gheall ar shrianta Covid -19, tá srian curtha le himeachtaí feasachta pobail, ach baineadh úsáid as na meáin shóisialta (12,617 leantóir ar Facebook, 15,000 ar twitter), teagmháil dhíreach trí ríomhphost, agus líonraí ar nós an líonra PPN, líonra na mBailte Slachtmhara agus an líonra scoileanna chun faisnéis a chur ar fáil maidir le dramhaíl a bhainistiú, dramhaíl a chosc, bia a chur amú, múiríniú a dhéanamh sa bhaile, dramhaíl ghuaiseach baile, fuinneamh a chaomhnú agus uisce a chaomhnú.
- Bhí forbairt agus scaipeadh faisnéise ann ar bhonn leanúnach trí na meáin áitiúla, trí mheáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha etc.
- Rinneadh forbairt leanúnach i gcomhar le grúpaí Bailte Slachtmhara
- Bhíothas páirteach ar bhonn leanúnach i gclár na Scoileanna Glasa agus bhí os cionn 90% de scoileanna an chontae bainteach leis an gclár sin ghlac 2 scoil eile páirt sa chlár agus rinneadh 48 athnuachan. Bhain 3 scoil gradam amach i nGradaim Uisce na Scoileanna Glasa 2020.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh phobal-bhunaithe frithbhuscair agus maoiniú a chur ar fáil do na tionscnaimh sin
- Tacú le Glantachán Náisiúnta Earraigh le 315 imeacht, 600 crann dáilte le linn Seachtain Náisiúnta na gCrann, 14 suíomh athchúrsála crann, agus Mí na hAthúsáide 2020. Ba as Contae na Gaillimhe buaiteoir Chonnacht in 2019.
- Feachtas frithbhruscair thrí phobail, scoileanna etc.
- Dul i mbun plé le hOifig Bainistithe Dramhaíola Réigiún Chonnacht Uladh d'fhonn Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún Chonnacht-Uladh 2015-2021 a chur ar fáil.
- mywaste.ie, agus Aipeanna myimpact a chur chun cinn.
- Feasacht faoin gcomhshaol a chur chun cinn tríd an Aonad um Pobail agus Fiontar, an Comhordaitheoir PPN agus an tOifigeach Oidhreachta.
- Fógra Frithbhruscair i bpictiúrlanna áitiúla (má cheadaítear a leithéid faoi shrianta Covid -19)
- An Clár LAPN/Coiscte Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Gairis fuaime Frithbhruscair a shuiteáil ag ionaid *fág anseo*.
- Comharthaí in aghaidh salú ag madraí a cheannach agus a shuiteáil i limistéir ina bhfuil fadhb maidir le salú ag madraí.
- Tacaíocht d'Aip CUSP a fhiosrú–Deireadh a chur le Plaisteach Aonúsáide a Úsáid
- Tacaíocht do chlár *Picker Pals* ó *Voice Ireland* a fhiosrú.

**Tograí do 2021:**

- Leanfar ar aghaidh leis an bhfeachtas Feasachta, ina leagfar béim faoi leith ar úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun tuilleadh feabhais a chur ar na comhpháirtíochtaí le grúpaí pobail, scoileanna agus le grúpaí deonacha a fheabhsú tuilleadh agus ar leanúint d'eolas a scaipeadh ar na hearnálacha ar fad agus úsáid á baint as gach modh oiriúnach.

- An Clár Coiscthe Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

- Leanúint den obair i ndáil le feachtais náisiúnta, mar shampla Glantachán Earraigh Náisiúnta, Seachtain Náisiúnta na gCrann, feachtas an Tascfhórsa maidir le Bruscar Guma, Mí na hAthúsáide, etc.
- Feachtas Feasachta in aghaidh an Bhruscair trí ghrúpaí pobail, scoileanna, na meáin shóisialta etc. de réir an Phlean Bainistíochta maidir le cúrsaí Bruscair 2019-2022.
- Gairis fuaime Frithbhruscair a shuiteáil ag ionaid *fág anseo* agus ag suíomhanna eile.
- Fógra Frithbhruscair i bpictiúrlanna áitiúla (má cheadaítear a leithéid faoi shrianta Covid – 19)
- Tacú leis an gCiste maidir le Deiseanna Gníomhú ar son na hAeráide.
- Tacaíocht d'Aip CUSP a fhiosrú–Deireadh a chur le Plaisteach Aonúsáide a Úsáid.
- Tacaíocht do chlár *Picker Pals* ó *Voice Ireland* a fhiosrú.

| **Fuinneamh &<br>Aeráid** |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Sraith de chuir i láthair a chur ar fáil do bhaill an Choiste um Beartas Straitéiseach ar Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht maidir leis na hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá orainn i leith athrú aeráide.
- Cuidiú le Grúpa Oibre EV Údarás Áitiúil CCMA a bhfuil de chúram orthu an ról atá ag údaráis áitiúla a aithint maidir le bonneagar luchtaithe EV a chur ar fáil lena n-áirítear suíomhanna agus láithreánú do bhonneagar dá leithéid.
- 5 uimh. Fearas Coigilte Fuinnimh Baile a leathadh amach ar bhealach comhordaithe agus oiliúint i ndáil leis sin a chur ar fáil do Leabharlanna LA.(Leanúnach)
- Rannpháirtíocht le SEAI i ndáil le Clár Pobail SEAI maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe a chur chun cinn ina ndírítear ar Mháistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt do Phobail ar fud Chontae na Gaillimhe.
- Comhlíonadh an dualgas faoin reachtaíocht maidir le monatóireacht agus tuairiscíocht ar ídiú fuinnimh.
- Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar Son an hAeráide do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha oiriúnaithe atá i gcomhréir leis an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide.

**Projections for 2021:**

- Leanúint de Phleananna Feidhmithe Gníomhartha a fhorbairt agus a nuashonrú i ndáil le gach gníomh oiriúnaithe atá le baint amach i gcomhréir leis an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide.
- Leanúint de thacú le hOifig Réigiúnach Imeallbhord an Atlantaigh Thuaidh maidir le cúrsaí Aeráide biúró fuinnimh don réigiún a chur ar bun lena mbainfidh acmhainn faoi leith i gComhairle Chontae na Gaillimhe.
- Comhar páirtnéireachta a chothú agus a chur chun cinn le lucht fiontraíochta, eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí deonacha, forais oideachais tríú leibhéal agus an lucht taighde d'fhonn tionscnaimh maolúcháin i ndáil le tionchar an athrú aeráide

a thabhairt i gcrích.

- Ciste Deiseanna Athrú Aeráide a chur ar fáil agus a oibriú ionas go mbíonn deis ag eagraíochtaí neamhbhrabúis cistí do thionscnaimh áitiúla maidir le cúrsaí aeráide a thapú.

- Leanúint den dualgas faoin reachtaíocht a shásamh maidir le teastais fuinnimh a chur ar taispeáint.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí feidhmiúcháin maidir le spriocanna éifeachtúlacht fuinnimh 2020 agus tionscadail a thabhairt chun suntais a chuideoidh le breis éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích i ndáil le spriocanna na bliana 2030.
- Leanúint de thionscnaimh a thabhairt i gcrích a chuireann feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh ar fud réimse seirbhísí na Comhairle i ndáil le spriocanna náisiúnta 2020 agus 2030.
- Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do Ghrúpa Oibre EV Údarás Áitiúil CCMA a bhfuil de chúram orthu an ról atá ag údaráis áitiúla a aithint maidir le bonneagar luchtaithe EV a chur ar fáil lena n-áirítear suíomhanna agus láithreánú do bhonneagar dá leithéid.

| **Rialú agus Leas Ainmhithe** |
|---|

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Faoin Acht um Rialú Madraí, cuireann 2 mhaor madraí lánaimseartha seirbhís rialaithe madraí ar fáil sa chontae ag úsáid 2 áis póna madraí atá ar léas (ceann in iarthar an chontae agus ceann in oirthear an chontae). Oibrítear iad seo faoi mhaoirseacht tréidliachta agus oibríonn siad de réir mar atá leagtha amach i mBeartas Rialaithe Madraí na comhairle.
- In Ainneoin Covid 19, tríd is tríd, tá comhlíonadh i ndáil le ceadúnú madraí ar aon dul le comhlíonadh sa bhliain 2019. Tá tábhacht ag baint leis an mBunachar Náisiúnta um Cheadúnú Madraí, a leathadh amach sa bhliain 2018, chun comhlíonadh a chothabháil sa tír i ndáil le ceadúnú madraí.
- Tugadh 32 ngníomh forfheidhmithe faoin Acht um Rialú Madraí (amhail an 01/11/2020).
- Tá dáileoirí Málaí Salachar Madraí suiteáilte anois in go leor de limistéir thaitneamhachta inár mbailte agus sráidbhailte. Tá comharthaí breise maidir le Salú Madraí faighte freisin lena ndáileadh ar cheantair ar fud an chontae atá buailte.
- Lean an Chomhairle den Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010 a chur i bhfeidhm, ar Acht é lena gceanglaítear ar na háitribh ar fad a áirítear faoin sainmhíniú ar ‘bunachas pórúcháin madraí’ clárú agus na caighdeáin a chomhlíonadh. Ceadaíodh eagras pórúcháin nua amháin sa bhliain 2020.
- Lean an chomhairle d’úinéireacht madraí freagrach a chur chun cinn trí na maoir mhadraí agus trí ardáin meán sóisialta na Comhairle.
- Bhí an Chomhairle gníomhach go leanúnach i dtaobh áiseanna póna a chur ar fáil do chapaill, do chaoirigh agus do ghabhair.
- Nuair ab fhéidir a leithéid a dhéanamh, ghlac maoir mhadraí páirt i dteagmháil a dhéanamh le baill den phobal agus leis na Gardaí chun cuidiú a thabhairt i ndáil le gadaíocht madraí agus madraí a bhí ar iarraidh.
- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, eallach, caoirigh agus capaill a athbhreithniú agus cuireadh ar aghaidh na cásanna sin nuair ba ghá chuig na Gardaí, an Roinn Talmhaíochta agus na grúpaí leasa. I mí Feabhra 2020, mar gheall ar

oibríocht tras-ghníomhaireachta inar ghlac seirbhís maor madraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe páirt, baineadh 44 madra ó shuíomh ina raibh fadhb maidir le leas ainmhithe i gceist.

- Lean an tseirbhís Maor Madraí de mharuithe caorach a fhiosrú i gcomhréir le beartas agus dul i gcomhairle leis An Garda Síochána nuair a bhí sé ag teastáil.

- Tugadh Nós Imeachta Garda nua isteach don tseirbhís Maor Madraí Údaráis Áitiúil i gcásanna nuair a bhíonn orthu cuidiú le Gardaí in oibríochtaí cuardaigh agus gabhála i gcásanna éagsúla. Reáchtáladh ceardlann oiliúna i mí Eanáir idTulach Mhór maidir leis an Nós Imeachta nua.
- Déanann seirbhís tréidliachta na Comhairle idirchaidreamh leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall.

**Tograí do 2021:**

- Déanfar feabhsúcháin leanúnacha ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe Madraí a chur i bhfeidhm i rith na bliana, le súil is feabhas a chur ar chomhlíonadh i ndáil le ceadúnú madraí de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil. Rachfar i mbun seiceálacha ceadúnaithe dírithe ar fud an chontae i gcomhar le Seirbhís na maor pobail.
- Riarfar feachtais fheasachta maidir le Ceadúnú & Micrishliseanna mar chuid d'iarracht dul i ngleic le gadaíocht madraí sa chontae.
- Leanfar leis na ceardlanna maidir le hÚinéireacht Madraí Fhreagrach i gcomhar le Dogs Trust Ireland agus cuirfear chun cinn iad sna Learbharlanna Contae agus i mBunscoileanna ar fud an chontae.
- Leanfaidh an Chomhairle de chuidiú le feachtais in aghaidh Shalachar Madraí agus de bhearta nua in aghaidh Salachar Madraí a thabhairt isteach ar fud an Chontae.
- Leanfaidh an Chomhairle de chásanna a thuairiscítear leo a sháraíonn leas ainmhithe a athbhreithniú, agus cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, na Gardaí agus grúpaí leasa de réir mar a bheidh gá, laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil.
- Déanfar na Bunachais Pórúcháin Madraí atá ar an gclár a iniúchadh agus déanfar bearta i leith na dtuairiscí go léir faoi bhunachais pórúcháin neamhchláraithe. De réir an dlí, tá sé de cheangal ar gach bunachas iarratas a dhéanamh ar chlárú.
- Leanfaidh an Chomhairle de na seirbhísí póna a chur ar fáil agus a fheabhsú ionas go gcinntítear leas an uile ainmhí a thagann faoinár gcúram.

## Sábháilteacht Bia

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Tá conradh seirbhíse ag an gcomhairle leis an FSAI faoina ndéantar seamlais agus monarchana próiseála feola a bhfuil ceadú CE faighte acu atá lonnaithe i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe a rialú tríd an tseirbhís tréidliachta.
- Faoin gconradh seirbhíse seo, éilítear go ndéantar gach ainmhí a scrúdú sula maraítear iad agus ina dhiaidh, go dtéitear i mbun sampláil ar iarmhair ainmhithe agus go ndéantar seiceálacha maidir le leas ainmhithe, déantar iniúchtaí mionsonraithe, agus cinntítear sláine agus inrianaitheacht an tslabhra bia ón bhfeirm go dtí an bord sna aon cheann déag de sheamlais áitiúla an chontae a bhfuil ceadú CE faighte acu. Déantar eallach, caoirigh, gabhair, muca agus éalaith a mharú agus déantar géim fiáin a phróiseáil.
- Éilítear faoin gconradh seirbhíse comh maith go ndéantar maoirsiú agus rialú ar na ceithre cinn déag de na monarchana próiseála feola sa chontae agus sa chathair a bhfuil ceadú CE faighte acu. Is éard atá i gceist leis sin ná samplaí de tháirgí feola a thástáil le haghaidh éilliú micribhitheolaíochta, breiseáin bhia, ailléirginí, iarmhair, faireachán galair, comhlíontacht maidir le lipéadú, inrianaitheacht agus calaois bhia. Tá sceideal rialta de chigireacdhtaí gan fógra agus iniúchtaí réamhphleanáilte sna háitribh, agus cuireann siad sin fostaíocht ar fáil do bhreis is 200 fostaí.
- Bhain seamlas nua amháin amach an caighdeán CE atá de dhíth le haghaidh ceadúnú in 2020. Rinne seirbhís tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe éascaíocht ar cheadú i leith gníomhaíochtaí breise do ghnólachtaí feola iomadúla.
- Ghlac oifigigh tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe páirt in oiliúint faoi chalaois bhia sa bhliain 2020.
- Thug oifigigh tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi dhianoiliúint i reachtaíocht nua maidir le sábháilteacht bia a rialú (EU) 2017/625 (OCR) a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2019. Tríd an OCR, tugtar faoi rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a chuirtear i gcrích lena chinntiú go gcuirtear an dlí maidir le bia agus bia ainmhithe i bhfeidhm, mar aon le rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí.
- Chuir an chomhairle oiliúint leanúnach agus seirbhís chomhairliúcháin ar fáil na hOibreoirí Gnó Bia atá ann cheanna maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht bia CE, a bhíonn ag athrú de shíor, chomh maith le cruinnithe, dul i mbun cuairteanna ar an láthair, agus comhairle a chur ar ghnólachtaí bia atá ag tosú amach ar fud na cathrach agus an chontae.

**Tograí do 2021:**

- Leanfaidh an Chomhairle de rialuithe sábháilteachta bia oifigiúla a chomhlíonadh i gcontae na Gaillimhe agus i gcathair na Gaillimhe go dtí go síneofar comhaontú leibhéal seirbhíse FSAI.
- Leanfaidh an Chomhairle den chaidreamh le FSAI d'fhonn a chinntiú go gcuirtear buiséad leordhóthaineach ar fáil chun a chinntiú gur féidir gach dualgas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh i ndáil le riachtanais na sláinte poiblí agus díograis chuí.

- Leanfar den oiliúint rialta d'Oibritheoirí Gnólachtaí Bia agus do chigirí tréidliachta i rith na bliana 2021 le béim ar rialacháin nua CE a tugadh isteach. Cuirfear freisin leis an ról oiliúna agus comhairle ar ghnólachtaí ionas gur féidir leo na réimsí dúshláin a thagann leis an mBreatimeacht a shárú agus beidh gá le forfheabhsú maidir le cúrsaí deimhniúcháin i measc na ngnólachtaí atá ag plé le táirgí bia a thagann ón Ríocht Aontaithe nó a chuirtear go dtí an Ríocht Aontaithe.

- Leanúint le cláir samplála mar a bhí in 2020 faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh leanúnach le gníomhaireachtaí reachtúla DAFM, Teagasc, SFPA agus an HSE maidir le forbairt leanúnach ionad Nuálaíochta agus Cothaithe Bia il-lárnach Teagasc / GCC atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí, agus é mar aidhm é a oscailt in 2021. Beidh 3 bhloc sa Mhol Bia, agus beidh sé comhdhéanta d'ionad foghlama agus aonad táirgthe cistine táirgthe am-roinnte, bloc de 8 n-aonad tosaithe agus bloc de 3 aonad fáis níos mó.
- I gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, leanúint de mheantóireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí feola le linn na Paindéime Covid a leanann ar aghaidh faoi láthair.
- Leanúint de mheantóireacht a dhéanamh ar ghnóthaí atá ann cheana chun gníomhaíochtaí nua a fheabhsú agus deiseanna gnó nua a chur ar fáil.

## Bainistíocht Móréigeandála (MEM)

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Rinneadh go leor de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe do 2020 a chiorrú nó a leasú mar gheall ar phaindéim COVID-19.
- Leantar den obair sa Choiste Forbartha Mór-Éigeandála (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Cheart Náisiúnta Nua don MOM agus leanann Eileen Ruane (Stiúrthóir Seirbhísí) de bheith ina cathaoireach air mar chuid de Lucht Stiúrthóireachta Pleanála, Comhshaoil & Seirbhísí Éigeandála na Comhairle.
- Rinneadh an Plean ME agus an Fo-phlean Drochaimsire a athbhreithniú agus leantar den obair atá á dhéanamh ag an gcoiste chun an Fo-phlean Freagartha ar Thuilte a athbhreithniú. Tá pleananna chun córas bainistithe glaonna maidir le drochaimsir a thabhairt isteach ag céim níos déanaí den fhorbairt.
- Leanann Grúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM an Iarthair (RSG) faoi chathaoirleacht an Údaráis Áitiúil faoi láthair ag freastal ar a ról Bainistíocht Móréigeandála a chomhordú idir na hocht gníomhaireacht Príomhfhreagartha (PRAanna) -i.e. 3 Rannán Garda Áitiúil, 4 Údarás Áitiúil agus HSE Thiar - i gceantair Ghaillimh, Mhaigh Eo agus Ros Comáin.
- Leanann Grúpa Oibre MEM an Mheán-Iarthair (RWG) a bhfuil baint baill de Phríomhsheirbhísí Éigeandála (PESanna) sa réigiún iarthair, ie. Seirbhísí Dóiteáin Údarás Áitiúil, Rannáin Garda Áitiúil agus Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna FFS, de bheith ag feidhmiú, faoi choimirce Ghrúpa Oibre MEM an Mheán-Iarthair (RWG) agus faoi chathaoirleacht Chomhairle Chontae Ros Comáin go dtí deireadh na bliana 2020.
- Leanadh den obair ar Phlean Comhardaithe Áitiúil maidir le hÉigeandálacha Móra lena n-áirítear Plean Réigiúnach na Meán agus an Plean Réigiúnach Aslonnaithe in 2019 bunaithe ar threoir Náisiúnta a bhí ar fáil.
- Cuireadh obair thábhachtach i gcrích chun Plean um Bainistiú Básmhaireachta a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe mar fhreagra ar na tionchair a d'fhéadfadh bheith i gceist mar gheall ar Phaindéim COVID-19
- Is i gCeanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an tIonad Comhordaithe Áitiúil (LCC) lonnaithe i gcónaí do na trí Ghníomhaireacht Phríomhfhreagartha - Comhairle Chontae na Gaillimhe, HSE an Iarthair, Rannán Gharda Síochána na Gaillimhe - le haghaidh Móréigeandálaí i gceantar Chontae na Gaillimhe. Cuireadh feabhas ar shaoráidí bainistíochta eolais (IM) san LCC i Halla na Cathrach in 2018 agus leanann siad de bheith in úsáid agus suiteáil saoráidí físchomhdhála tugtha chun críche anois.
- Ceadaíodh maoiniú ón NDFEM in 2019 chun gineadóir cúltaca (breise) a cheannach agus a shuiteáil do Halla na Cathrach chun foinse cumhachta cúltaca a chur ar fáil don LCC, Rannóg IS agus réimsí criticiúla eile. Ceannaíodh an gineadóir agus tá oibreacha ar siúl faoi láthair chun é a shuiteáil. Cuirfidh an gineadóir cumhacht cúltaca ar fáil do bhonneagar barrthábhachtach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus d'Ionad Comhordaithe Áitiúil MEM Chontae na Gaillimhe.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an Chomhairle Cathrach Halla na

Cathrach a úsáid mar an LCC d'imeachtaí drochaimsire.

- Bunaíodh grúpa comhtháthúcháin MEM na Cathrach/an Chontae idir na PRA-anna i gCathair agus i gContae na Gaillimhe faoi chathaoirleacht Stiúrthóra Seirbhísí ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun déileáil le saincheisteanna i gceantar na Cathrach/an Chontae agus, go háirithe, le himeachtaí a bhfreastalaíonn sluaite móra daoine orthu, agus leanann sé de bheith ag oibriú.
- Tá oiliúint réigiúnach ar fáil i gcónaí do dhaoine iomchuí den fhoireann sna hocht PRA atá ann i réigiún an iarthair.
- Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe fáil dhá aonad soghluaiste stórála sealadaí corpán don 7 nÚdarás Áitiúil i réigiún MEM an Iarthair agus an Iarthuaiscirt chun críche chun an acmhainn sna réigiúin sin faoi seach a mhéadú. Tá sin i dteannta an aonaid shealadaigh uasghrádaithe ina stóráiltear corpáin atá ar conradh agus a úsáidtear mar chuid de chleachtaí MEM sa réigiún thiar. Forbraíodh nós imeachta gníomhachtaithe agus eagraithe i gcomhar le PRAnna eile san Chontae.
- Threoraigh an GFRS an t-athbhreithniú ar Phlean Éigeandála Seachtrach Chríochfort Circle K luath sa bhliain 2019 lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. Tá comhairliúchán breise ar siúl faoi láthair maidir leis na hathruithe atá beartaithe i ndáil leis an áis a oibriú.
- Reáchtáladh Mórchleachtadh éigeandála maidir le Bainistiú Básmhaireachta ag Óstán Raheen Woods, Baile Átha an Rí agus ag Aerfort na Gaillimhe an 3 Iúil 2020 ina raibh 3 Phríomhghníomhaireacht Freagartha áitiúla, Óglaigh na hÉireann agus Cosaint Shibhialta páirteach. Ba é cuspóir an chleachtaidh an Plean um Bainistiú Básmhaireachta, mar aon le Nósanna Imeachta Éigeandála Móra a forbraíodh le gairid, a thástáil.
- D’fhreastail pearsanra GFRS ar roinnt seimineár agus faisnéisiú maidir le drochaimsir. Chomh maith leis sin, d’fhreastail comhaltaí MEDC ar Sheimineár Gréasáin Náisiúnta MEM an 14 agus an 21 Deireadh Fómhair 2020.

**Tograí do 2021:**

- Gheobhaidh daoine den fhoireann áitiúil agus den fhoireann réigiúnach tuilleadh oiliúna agus tástála maidir lena róil nua éagsúla mar atá leagtha amach i sa Phlean PRA maidir le Mór-Éigeandálaí a bhaineann leo.
- Leanfaidh an Coiste Forbartha Mór-Éigeandála (MEDC), arna bhunú ag an gComhairle mar chuid de Chreat Náisiúnta Nua don MEM, de theacht le chéile dhá uair sa mhí agus de bheith faoi chathaoirleacht Eileen Ruane (Stiúrthóir Seirbhísí). Cuirfear an bhéim ar an gcóras nua maidir le iarratais ar chúnamh le linn imeachtaí drochaimsire a mhapáil agus a bhainistiú agus cumarsáid foirne níos fearr a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear TETRA a chomhtháthú go hiomlán.
- Táthar ag súil go leanfaidh bailíochtú agus nuashonrú Phlean Mór-Éigeandála reatha na Comhairle Contae ar aghaidh in 2021.
- Leanfaidh pearsanra na Comhairle agus pearsanra GFRS de thacaíocht a thabhairt do Ghrúpaí Réigiúnacha Stiúrtha agus Meithle, MEDC áitiúil agus an Grúpa Comhtháthúcháin na Cathrach/an Chontae.
- Leanadh den obair ar Phlean Comhardaithe Áitiúil maidir le Mór-Éigeandálaí lena n-áirítear Plean Réigiúnach na Meán agus an Plean Réigiúnach Aslonnaithe.
- Leanfar den obair in 2021 maidir le gineadóir nua cúltaca a shuiteáil ag Halla na

Cathrach.

- Tá oiliúint bhreise d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe pleanáilte don bhliain 2020 lena n-áirítear úsáid na meán sóisialta.

## Dóiteán a Chosc agus Cláir Oideachais

**Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:**

- Rinneadh Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna a chur i bhfeidhm arís i mbunscoileanna i Limistéir na Stáisiún Contae.
- Tá aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil á bhfáil ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe do 350 teaghlach agus leanfar de na haláraim sin a eisiúint chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích le cúnamh ó na hAonaid Pobail agus Fiontraíochta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus i gComhairle Chontae na Gaillimhe araon mar chuid de Chlár leanúnach na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dhóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála (NDFEM).
- Cuireadh clár ar bun go háitiúil mar chuid den tseachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin mar a rinneadh blianta eile lena n-áirítear na stáisiúin Dóiteáin ar fad a oscailt don phobal le linn na seachtaine sin le haghaidh léachtaí agus taispeántas.
- Rinneadh feachtais feasachta meán maidir le sábháilteacht dóiteáin in 2020 do Seachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin, sábháilteacht falscaí, sábháilteacht Oíche Shamhna agus sábháilteacht Nollag. Rinne roinnt oifigeach agallaimh raidió agus teilifíse.
- Mar chuid den Chlár maidir le Daoine Leochaileacha in 2020, cuireadh san áireamh an athuair an Seicleabhrán um Shábháilteacht Dóiteáin Baile a sheol an tAire Stáit maidir le Forbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach, Sean Canney an 7 Deireadh Fómhair 2019 ag Stáisiún Dóiteáin Thuama.
- Leathadh amach tionscnamh maidir le Sábháilteacht Dóiteáin do Phobail na nOileán in 2020 lena chinntiú go raibh 2 aláram deataigh ar a laghad suiteáilte i ngach teach ar na hoileáin. Tá an tionscnamh curtha i gcrích ar Inis Meáin agus Inis Oírr. Tá an tionscnamh ag dul ar aghaidh fós ar Inis Mór agus cuireadh an tionscnamh siar ar Inis Bó Finne i ndiaidh iarraidh a bheith faighte, mar gheall ar an bpaindéim.

- Leanfar den Chlár Scoileanna maidir le Sábháilteacht Dóiteáin in 2021 ina dtabharfaidh oifigigh dóiteáin cuairt ar Rang a 4 i mbunscoileanna i nGaillimh faoi réir acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.
- Leanfar d'aláraim dheataigh chuimsitheacha a eisiúint in 2021 i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe ó leithdháiltí a fuarthas in 2020 agus ceannófar aláraim bhreise i lár na bliana 2021. Úsáidfear iad sin chun an tionscnamh maidir le Sábháilteacht Dóiteáin do Phobail na nOileán a chur i gcrích.
- Reáchtálfar clár go áitiúil arís in 2021 mar chuid de Sheachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin mar a reáchtáladh i mblianta roimhe seo lena n-áirítear gach Stáisiún Dóiteáin a oscailt don phobal. Tá súil againn roinnt seimineár agus taispeántas a chur ar bun i mbailte.
- Déanfar feachtais feasachta meán maidir le sábháilteacht dóiteáin in 2021 mar chuid de Sheachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin, sábháilteacht falscaí, sábháilteacht Oíche Shamhna agus sábháilteacht Nollag. Táthar ag súil go méadóidh

líon na n-oifigeach a dhéanfaidh agallaimh raidió agus teilifíse in 2021.

- Leanfar den Chlár do Dhaoine Soghonta i ngach stáisiún in 2021 lena n-áirítear sa Chathair agus leanfar den Leabhrán Seiceála maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile go mór chun cinn. Beidh baint ag an gclár leis an gclár maidir le pleanála réamh-eachtra.
- Cuirfear na teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin 'Stop Fire' agus 'Check Your Detector' mar chuid den fheachtas fógraíochta maidir le sábháilteacht dóiteáin ar dhoirse na bá gléasanna i ngach stáisiún dóiteáin in 2021.
- Leanfar den obair in 2021 ar láithreán gréasáin nua an GFRS chun feasacht a ardú maidir le sábháilteacht dóiteáin.

**Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS)**

**CREAT MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN IN ÉIRINN**


Tá an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais agus an ghrinnscrúdaithe céanna ar chaiteachas agus atá gach seirbhís de chuid an Údaráis Áitiúil. Beidh infheistíocht bhreise i Seirbhísí Dóiteáin thar an méid sin atá cláraithe cheana féin dúshlánach, mar gheall ar mhaolú ar airgeadas an phobail agus an rialtais áitiúil. Is é an dúshlán - mar a léirítear sa doiciméid - "Pobail a Choinneáil Sábháilte" - ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú chun an toradh is fearr a bhaint amach don phobal i dtéarmaí a sábháilteachta aonair, agus chun caillteanas agus cur isteach ar an tsochaí a laghdú.

Chun príomhfhorálacha KCS a chur i bhfeidhm go rathúil, beidh gá le tiomantas leanúnach ar thaobh na Seirbhíse Dóiteáin agus Fhoirne Bainistíochta na Cathrach agus an Chontae, agus iad ag obair i gcomhar le hIonadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. I ndiaidh na tuarascála maidir le cuairteanna a thug Grúpa Bailíochtaithe Seachtrach NDFEM (EVG) ar gach Seirbhís Dóiteáin in 2014 dar teideal "Fire Services in Ireland – Local Delivery – National Consistency", bhí dara babhta cuairteanna sceidealaithe do dheireadh na bliana 2019 agus le linn na bliana 2020. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh moill leis na cuairteanna sin ó Ghrúpa Bailíochtaithe Seachtrach, mar sin féin, reáchtáladh cruinniú agus measúnú ar líne maidir le hAthbhreithniú Acmhainne NDFEM i mí Mheán Fómhair 2020 in ionad na cuairte ó EVG. Tá Dréachtphlean nua maidir le Soláthar Seirbhíse 2019 – 2024, Dréachtphlean nua maidir le hAlt 26 ullmhaithe ag Bainistíocht na Seirbhíse Dóiteáin agus curtha ar aghaidh chuig an Stiúrthóireacht Pleanála, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála. Táthar ag súil go gcuirfear na pleananna seo faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Comhairle faoi dheireadh na bliana 2020, faoi bhráid Chomhairle Pleanála, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála an SPC agus faoi bhráid na Comhairle Iomlánaigh go luath sa bhliain 2021. Leantar den obair maidir le Pleananna nua maidir le Sábháilteacht Dóiteáin Reachtúil agus Pobail.

## Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS)


***Gníomhaíochtaí Táscacha 2020 (bunaithe ar shonraí 2019):***


- Tá 11 Stáisiún Dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe (féach Fíor 1) atá suite i mBaile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna, Tuaim, Inis Mór agus An Cheathrú Rua. Tá foireann áirithinte ann sna stáisiúin go léir seachas stáisiún Chathair na Gaillimhe ina bhfuil meascán de dhaoine lánaimseartha, a oibríonn de réir sealaíochta, agus de dhaoine áirithinte ar glaoch.
- Bíonn tuairim is 156 chomhraiceoir dóiteáin ar fostú ag an gComhairle nuair a bhíonn an líon iomlán foirne ann agus iad ar fostú go díreach i Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe, lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa Chathair agus sa Chontae. Áirítear ar an bhfigiúr sin comhaontú a bhfuil idirbheartaíocht ar siúl ina leith chun líon na gcomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht a mhéadú trí bheirt chomhraiceoirí dóiteáin a chur sa Chathair.
- Ina theannta sin, tá 11 duine a fheidhmíonn mar oifigigh shinsearacha maoirseachta agus coiscthe dóiteáin, lena n-áirítear an Príomh-Oifigeach Dóiteáin (CFO), 4 fhostaí tacaíochta shibhialtacha, Meicneoir Briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta (CDO), ag obair sa gCeanncheathrú i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.
- I rith na bliana 2019, d'fhreastail an tseirbhís dóiteáin ar 1,537 teagmhas éigeandála san iomlán, is é sin, 974 dteagmhas ar fhreastail Briogáidí Contae orthu agus 563 theagmhas ar fhreastail Briogáid Chathair na Gaillimhe orthu ina limistéar dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Léirítear leis sin laghdú 12% nuair a chuirtear i gcomparáid é le 2018. Bhí laghdú 19% sa Chathair agus 8% sa Chontae. Léirítear i bhFigiúr 2 thíos leibhéal na nglaonna amach ó 2009. Is féidir a fheiceáil ó phointe in 2010, tháinig laghdú ar agus níor tháinig aon ardú ar ghlaonna amach ó 2013 go dtí 2017. Tháinig laghdú suntasach ar ghlaonna amach in 2018 agus táthar ag súil go mbeidh méadú breise ann in 2020 nuair a bheidh an tsochaí ar ais mar a bhí arís. Léirítear glaonna amach de réir stáisiún i bhFigiúr 2 thíos.




Figiúr 1 Limistéir Reatha Stáisiún Dóiteáin

- €49.40 in aghaidh an duine den daonra an costas a bhain leis an tSeirbhís Dóiteáin a chur ar fáil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe in 2019. 2.16 nóiméad agus 5.43 nóiméad na meán-amanna freagartha faoi seach a taifeadadh d'fheithiclí chéad freastail a bhíonn sa chathair go lánaimseartha agus do stáisiúin ar áirithíocht sa chontae.
- Léirítear amanna céatadáin freastail ar an láthair do dhóiteáin agus d'eachtraí eile do bhriogáidí Cathrach agus Contae i dTábla 1 thíos. Bhásaigh beirt mar gheall ar dhóiteáin in 2019 agus ar an drochuair bhí duine amháin básaithe in 2020 suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair.
- Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM). Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM).Cuireadh oiliúint i gcrích de réir an Phlean Oiliúna / Clár Oiliúna Bliantúil do 2020 a mhéid is a bhí indéanta le réasún agus na srianta agus an riosca a bhaineann leis an bpaindéim á gcur san áireamh. Leanadh de chaighdeáin oiliúna a athrú chuig an gCreat QQI in 2020.




Figiúr 2 Stair Glaonna Amach 2009 - 2019




Fíor 3 Briseadh síos ar Ghlaonna Amach de réir an Stáisiúin in 2019

| % Am Freastail | Dóiteái n % | Eachtraí Eile % |
|---|---|---|
| Níos lú ná 10 nóiméad | 35.0 | 47.2 |
| 11 go 20 nóiméad | 43.3 | 38.3 |
| Níos mó ná 20 noiméad | 21.7 | 14.5 |

Tábla 1 Céatadán Amanna Freastail Chathair agus Contae na Gaillimhe

- Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint de phleananna réamhdhóiteáin a ullmhú i leith rioscaí sa Chathair agus sa Chontae; is dualgas reachtúil é sin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Tá baint mhór ag an obair seo leis an gClár nua do Dhaoine Soghonta agus leis an gClár Sábháilteachta Dóiteáin Pobail a thosaigh in 2019.
- Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteacht na Seirbhíse Dóiteáin teacht le chéile in 2019 trí chruinnithe míosúla chun an Plean Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a bhainistiú agus a chur chun cinn ar fud na Seirbhíse Dóiteáin agus na Cosanta Sibhialta. An cuspóir a bhí leis, a chreidiúnú ISO 45001 a baineadh amach i nDeireadh Fómhair 2018 a choinneáil, a fuarthas i ndiaidh an creidiúnú OHSAS 18001 a bhaint amach roimhe sin i mí na Nollag 2017. Leanadh de chruinnithe an Ghrúpa Sábháilteachta Oibríochtúil ar bhonn míosúil in 2020. Rinne NSAI iniúchadh ar na Seirbhísí Dóiteáin i ndáil le ISO 45001 a chomhlíonadh an 18 Meitheamh 2020.

**Tograí do 2021:**

**Cúrsaí Oibríochtúla**

- Ba cheart go ndéanfar athbhreithniú ar agus go nglacfar le Plean Athbhreithnithe Straitéiseach na Seirbhíse Dóiteáin (2019 – 2024) agus Plean Athbhreithnithe Dóiteáin agus Oibríochtaí (Alt 26) go luath sa bhliain 2021.
- Leanfar leis an obair in 2021 mar ullmhúchán do phróiseas NDFEM maidir le Grúpa Bailíochtaithe Seachtrach 2 d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an mbeartas náisiúnta"Pobail a Choinneáil Sábháilte", a chur i bhfeidhm. Áireofar air sin pleananna breise a thabhairt chun críche lena n-áirítear Pleananna maidir le Sábháilteacht Dóiteáin Reachtúil agus Pobail.
- Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go leanfaidh na daoine go léir d'fhoireann a cuid Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint a fháil ag an leibhéal áitiúil de réir mar a tharla i mblianta roimhe seo. Oifigeach Dóiteáin
  Leanfar den oiliúint Oifigeach / Teagascóirí Dóiteáin leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandálaí. Cuirfear oiliúint i gcrích i gcomhréir leis an bPlean Bliantúil Oiliúna don bhliain 2021 faoi réir fhorálacha buiséadacha. Sa bhliain 2021, leanfaidh SOG-anna Náisiúnta de bheith ina gcuid lárnach den pleananna oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae i gcás gach duine den phearsanra dóiteáin. Cuirfear an chéad sraith eile SOGanna i bhfeidhm in 2021 agus tá Treoirlínte Oibríochta Caighdeánacha Náisiúnta ag leanúint de bheith ina mbonn taca do mheasúnuithe riosca cineálacha agus gníomhaíocht-bhunaithe mar chuid dár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta.
- In 2021, leanfaidh muid de chaighdeáin oiliúna a ascnamh chuig an gCreat QQI i gcomhpháirt leis an NDFEM.
- Bhí ráta seasmhach ann maidir líon na ndaoine a chuaigh ar scor/a d'éirigh as ó Sheirbhís Dóiteáin ar áirithíocht agus lánaimseartha i nGaillimh in 2020 agus beidh ardú mor ar fholúntais a thiocfaidh chun cinn le linn na bliana 2021. Leanfaidh ionduchtúchán na n-earcach ar áirithíocht trí LASNTG chuig an gcaighdeán QQI nua in 2020. Mar gheall ar chomhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha a earcú i ndeireadh na bliana 2020, déanfar líon suntasach pearsanra lánaimseartha a ionduchtú in 2021. Beidh costais oiliúna níos airde i gceist in 2021 mar thoradh ar an oiliúint earcach mhéadaithe.
- Leanfar de bhéim a chur ar phleananna réamh-eachtra in 2021 i gcomhpháirt leis an gClár do Dhaoine Soghonta a chuirfear i bhfeidhm i ngach stáisiún. Leanfaidh den bhéim a leathnú amach chuig foirgnimh ardstóracha agus meánstóracha agus foirgnimh ina bhfuil fadhbanna a bhaineanna leis an stair.
- In 2021, tá muid ag súil, le feabhsú inár mbonneagar, go mbeidh muid in ann leanúint d'fheabhas a chur lenár gcuid amanna agus freastail.
- Leanfar de thús áite a thabhairt do shábháilteacht le linn na bliana 2021 trínár gcruinnithe Grúpaí Stiúrtha Sábháilteachta agus Sábháilteachta Oibríochtúla a reáchtálfar ar bhonn míosúil. Déanfar iniúchadh ar GFRS arís gach sé mhí don chreidiúnú leanúnach ISO 45001.

**Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Iarthair (WRCC)**

Tá baint ag Údaráis Dóiteáin Chonnacht agus Dhún na nGall leis an tionscadal Lárnach glao amach agus cumarsáide trí Ionad Réigiúnach Cumarsáide an Iarthair (WRCC) i gCaisleán an Bharraigh, a reáchtálann Comhairle Chontae Mhaigh Eo mar Údarás Conarthach. Tugann comhpháirtithe ar fad na nÚdarás Áitiúil ranníocaíocht i ndáil le costas na seirbhíse seo agus méadófar na costais in 2021 nuair a bheidh na córais reatha a reáchtáil in éineacht leis an seanchóras. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an NDFEM ar an trí Ionad Cumarsáide Réigiúnach mar chuid den tionscadal nua CTRI.

Athscanaíodh GFRS, chomh maith le gach seirbhís Údaráis Áitiúil eile, chuig ardán seirbhíse Náisiúnta Raidió Digiteach nua a thugtar TETRA air. Cuireadh suiteáil an trealaimh slógaidh agus raidió nua i gcrích i Stáisiúin Dóiteáin agus sna fearais eile i lár na bliana 2019 mar chuid den tionscadal leanúnach CTRI.

Beidh impleachtaí airgeadais ag an athrú chuig córas TETRA do na Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil go léir ón mbliain 2020 ós rud é go mbeidh táille bhliantúil ann i leith gach feiste Tetra ar leith a úsáidtear agus beidh an táille sin le híoc le Tetra Ireland a ghnóthaigh an tionscadal náisiúnta cumarsáide digití do na Seirbhísí Éigeandála go léir in Éirinn. D'íoc NDFEM an costas ioncaim i ndáil le feistí nua TETRA don chéad bhliain oibríochta in 2019. D'fhill an costas ar gach Seirbhís Dóiteáin Údaráis Áitiúil in 2020 agus léireofar leis sin costas suntasach méadaithe thart ar €90,000 in aghaidh na bliana.

Tuigtear go ndéanfar múnla maoiniúcháin náisiúnta nua a bhunú de réir mar a dhéanann Camp an t-athrú ó mhúnla réigiúnach chuig múnla náisiúnta. D'fhéadfadh toradh chun sochair a bheith aige seo ar bhuiséad an Údaráis Áitiúil ón mbliain 2020 ar aghaidh.

## Tionscadal Réigiúnach maidir le Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM)

Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Conartha maidir leis an gcóras CISM a thabhairt i bhfeidhm i sé Údarás Dóiteáin Chúige Chonnacht agus Dhún na nGall. Tá socrú á dhéanamh i mbuiséad 2020 chun leanúint den tionscadal seo, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag gníomhú mar údarás conarthach ina leith. Bronnadh conradh maidir leis an na blianta 2017-2020 i réigiún an Iarthair ar Inspire Wellbeing as Tuaisceart Éireann. Bhain na húdaráis chonarthacha ar fad leas as an rogha chun an conradh a athnuachan i gcomhair bliana eile agus cuirfear comórtas tairisceana i gcrích in 2021 don tréimhse 2021-2024.

## Sábháilteacht Dóiteáin / Cosc Dóiteáin


**Gníomhaíochtaí Táscacha (bunaithe ar shonraí 2019):**

- I rith na bliana 2019, rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 309 beart cigireachta ar áitribh mar chuid den fheidhm maidir le dóiteán a chosc, méadú ó 241 in 2018, faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin (FSA) 1981 & 2003, na hAchtanna Ceadúnúcháin, na hAchtanna Pleanála agus an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha. Déantar scrúdú cigireachta freisin i ndáil le Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) a eisiúint faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990 (arna leasú). Go dtí seo agus anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2019, tá 325 scrúdú cigireachta ar fad déanta ag an Rannóg Coiscthe Dóiteáin.
- I rith na bliana 2019, dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 204 iarratas ar cheadúnas poiblí.
- I rith na bliana 2019, dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 306 Iarratas de gach cineál ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, tá líon foriomlán na n-iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin ina léiriú ar mhéadú 7% ar an mbliain 2018. Léirítear an obair mair leis an Teastas


Sábháilteachta Dóiteáin

i rith na mblianta ó 2008 go 2019 i Léaráid 4 thíos. Is comhartha an t-ardú ar líon na n-iarratas ar Dheimhniú FSC a tháinig i rith na bliana 2019 go bhfuil borradh faoin obair thógála sa Chontae agus sa Chathair agus an leibhéal ag teannadh le leibhéal na mbuaicbhlianta chomh maith le forbairt níos fairsinge agus níos casta á beartú i ndáil le forbraíocht thráchtála.

- Go dtí seo agus anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2020, dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin leis an 242 iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin de na cineálacha éagsúla a tháinig agus is dearfa dá réir sin gur leanúnach an t-ardú atá ar líon na n-iarratas. Bhí folúntas amháin maidir le hoifigeach coiscthe dóiteáin ar feadh cuid mhór den bhliain 2019 agus tá sin líonta faoi seo. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an ualach oibre, beidh gá go gairid le hoifigigh coiscthe dóiteáin breise ionas gur féidir an dualgas a leagtar orainn faoin reachtaíocht a chomhlíonadh.
- Rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin próiseáil ar 111 iarratas ar Dheimhniú maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) i rith na bliana 2019, ardú 8% ar líon na bliana Th 2018. Léirítear an t-ualach oibre maidir leis an deimhniú DAC ón mbliain 2010 anall go dtí an bhliain 2019 i Léaráid 5 thíos. Go dtí seo agus anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2020, tá déileáil déanta ag an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 71 iarratas a tháinig ar Dheimhniú maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) faoi na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta.




Léaráid 4 An Obair ar an Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) 2008- 2019




Léaráid 5 An Obair ar an Deimhniú maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2010-2019

***Tograí do 2021:***

- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den phróiseáil ar na hiarratais ar fad ar dheimhniú FSC thar ceann Chomhairle an Chontae agus Chomhairle na Cathrach agus ar na hiarratais ar dheimhniú DAC thar ceann na Comhairle Contae.
- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den phróiseáil maidir le hiarratais ar cheadúnais agus iarratais ar chead pleanála.
- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den chlár oibre maidir le scrúduithe cigireachta ar shiopaí miondíolacháin peitriliaim sa Chathair agus sa Chontae. Leanfar freisin den phróiseáil ar iarratais maidir le ceadúnais DSA na siopaí miondíolacháin peitriliaim sa Chathair agus sa Chontae de réir mar a thagann siad. Ba chóir a thabhairt chun aire go gcuirfidh na rialacháin nua atá beartaithe maidir leis an réimse seo go mór leis an ualach oibre ar an Rannóg agus go mbeidh acmhainní breise de dhíth san am atá romhainn.
- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den chlár oibre maidir le scrúduithe cigireachta i ndáil le sábháilteacht dóiteáin, le béim faoi leith ar árais altranais, ar áiseanna cúraim, ar bhrúnna agus ar óstáin ar fud na Cathrach agus an Chontae. Beidh béim á leagan freisin ar fhoirgnimh meánairde agus ardstórach agus ar fhoirgnimh a bhfuil deacrachtaí ag baint leo ón ré atá caite.
- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin de scrúduithe cigireachta a dhéanamh sa Chathair agus ar fud an Chontae mar gheall ar ghearáin a dhéantar agus iad á gur in ord tábhachta. Déanfar bearta forfheidhmiúcháin de réir mar is gá.

## Cosaint Shibhialta na Gaillimhe

***Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2020:***

- Bhí Cosaint Shibhialta na Gaillimhe, trína 5 ionad oiliúna, Cathair na Gaillimhe, Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe agus Cluain Bheirn, gnóthach sa

chéad chuid den bhliain 2020. Ar an drochuair, b'éigean cruinnithe agus oiliúint a chur ar fionraí i gcomhréir le treoir phoiblí. Níl ach athdheimhniú bunriachtanach curtha i gcrích. Chomh maith leis sin, cuireadh oiliúint lárnach ar fionraí ag Coláiste na Cosanta Sibhialta.

- Chuir comhaltaí clúdach otharchairr agus leighis ar fáil do na searmanais oscailte do Gaillimh 2020 sa Chlochán, sa Spidéal, i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, i bPort Omna agus i mBaile Átha an Rí. Cuireadh an phríomhócáid i nGaillimh ar ceal mar gheall ar Stoirm Ciara.
- Cuireadh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe ar fáil do HSE chun cuidiú leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus le Rannóga de chuid Chúram Sláinte Pobail an Iarthair le linn phaindéim Covid-19. D'aistrigh comhaltaí de chuid na Cosanta Sibhialta samplaí maipíneachta chuig an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris i mBaile Átha Cliath agus chuig Saotharlann Enfer sa Nás do Chúram Sláinte Pobail an Iarthair agus don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna. Cuireadh tús leis an tasc sin i ndeireadh mhí an Mhárta agus lean sé ar aghaidh go dtí tús mhí an Mheithimh 2020.
- Chuidigh comhaltaí le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag a gcuid clinicí a reáchtáladh i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe.
- Forbraíodh láithreán nua ríomhfhoghlama d'oibrithe deonacha. Is féidir teacht ar na modúil agus ar an ábhar oiliúna ar fad ar an láithreán sin.
- Tá clár oiliúna faoi Chéad-Fhreagairt ar Chásanna Cairdiacha, faoi Fhreagróir Garchabhrach agus faoi Chéad-Fhreagairt Éigeandála ar siúl go leanúnach via ár láithreán nua ríomhfoghlama i rith na bliana 2020 agus 2021.
- In 2020, thug na teagascóirí ar fad faoi athdheimhniú maidir le Céad-Fhreagairt ar Chásanna Cairdiacha, maidir le Freagróir Garchabhrach agus maidir le Céad-Fhreagairt Éigeandála. Beidh na teagascóirí bailí as seo go dtí 2022.
- Cuireadh oiliúint ar 1 Bhainisteoir Eolais MEM eile in 2020. Is é Coláiste na Cosanta Sibhialta a d'óstáil an cúrsa sin.
- Rinne Terrafirma dhá oiliúint easbhóthair 4x4 a chur ar fáil do thiománaithe i bhFeabhra 2020 d'fhonn réiteach don fhreagairt ar an drochaimsir. Cuireann sé sin le líon na dtiománaithe atá ar fáil dúinn.
- Chuir Brainse na Cosanta Sibhialta sa Roinn Cosanta feithicil breise de chineál 4x4 Ford Ranger ar fáil do Ghaillimh i Meitheamh 2020 le hairgead ó Chiste na gCuntas Díthmhaoin.
- Beidh gach aonad ag déileáil le hiarrataí ón bpobal ar chúnamh le linn imeachtaí pobail áitiúil, agus soláthróidh siad clúdach garchabhrach agus cúnamh eile a iarrfar nuair is féidir.
- Thug 3 Theagascóirí maidir le Freagróirí Tuile faoi athdheimhniú a fháil ó Rescue-3 UK i mí Feabhra 2020. Roghnaíodh Gaillimh le bheith ar an láthair chun Teagascóirí a athdheimhniú go náisiúnta.
- Ghlacadh páirt i bhFóram Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuireadh tascanna i gcrích do dhaoine leochaileacha a aithníodh sna grúpaí fóraim.
- Oiliúint ionduchtaithe maidir le Covid -19 do gach comhalta de réir mar atá leagtha amach i mbeartas na Comhairle Contae.

**Tograí do 2021:**

- Beidh cúrsaí oiliúna in 2021 dírithe ar an acmhainn Bainistíochta Cuardaigh a fhorbairt agus ar oiliúint Mhear-Tharrthála Uisce agus beidh na baill páirteach in oiliúint athdheimhnithe agus i mbun oiliúint go luath in 2021 faoi clár Tarrtháil 3.
- Further development of our e-learning site for members.
- Leathnófar an obair in Iarthar an Chontae in 2021 chun scóip na n-oibríochtaí a leathnú agus chun láithreacht Cosanta Sibhialta a sholáthar do cheantar Chonamara.
- A bheith páirteach i dtraenáil ath-dheimhniúcháin ag teacht le clár an Choláiste Cosanta Sibhialta le haghaidh 2021.
- Leanfaidh gach leibhéal cliniciúil de fhreagróirí ag forbairt a gcuid scileanna le linn na bliana oiliúna.
- Idirchaidreamh leanúnach leis na PRAanna chun Cosaint Shibhialta a fhorbairt agus a chur chun cinn mar eagraíocht tacaíochta.
- Bainfear leas as breis oiliúna maidir le Tacaíocht Comhchéime CISM faoi chlár oiliúna Bhrainse na Cosanta Sibhialta i rith na bliana 2021
- Leanfar de chúrsa ríomhfhoghlama ar líne Tusla, 'Tús Áite do Leanaí' a bheith á dhéanamh ag na baill uilig.
- Bíonn fáilte roimh bhaill nua ón bpobal i gcónaí agus déanfaidh ár lucht oiliúna oiliúint den chaighdeán is airde a thabhairt do gach ball.
- Cuidiú le gach LA i ndáil le clár na bliana 2021 de réir mar is féidir.

# AN CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2020 – 2022

## FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

**Athghiniúint, Forbairt Áineasa agus Taitneamhachtaí**

Tríd an bhfoireann um Athghiniúint a cheapadh in 2020, cuireadh le cumas na Comhairle tabhairt faoi thionscadail níos uaillmhianaí chun athghiniúint a spreagadh sna príomhbhailte tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) faoi Thionscadal Éireann 2040. Tríd an RRDF, tá sé beartaithe maoiniú a chur ar fáil d'fhonn tacú le hathnuachan na tuaithe, pobail tuaithe a láidriú agus acmhainneacht a fhorbairt chun cuidiú le hathghiniúint i mbailte agus sráidbhailte a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine iontu. Tríd an gciste, mar aon le hidirghabhálacha maoinithe eile a cuireadh ar fáil tríd an gClár Infheistíochta um Fhorbairt Tuaithe, ar nós Athnuachan Bailte & Sráidbhailte, CLÁR agus an Scéim um Bonneagar Áineasa faoin Aer, cuirtear le forbairt inbhuanaithe an chontae agus cuirtear deis ar fáil chun infheistíocht a theastaíonn go géar a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, cuirtear tacaíocht ar fáil ag an am céanna chun píosaí oibre barrthábhachtacha a fhorbairt.

D'éirigh thar barr le Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú a fháil ó ghlaonna iomaíocha de réir mar atá leagtha amach i dtuarascáil agus buiséad an Phríomhfheidhmeannaigh. Sna hinfheistíochtaí caipitil a dhéanfar sna trí bliana atá amach romhainn, díreofar ar thionscadail a chur i gcrích a ceadaíodh i leith maoinithe faoi bhabhtaí comhthráthacha den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe maidir le forbairt áineasa agus taitneamhachtaí, lena n-áirítear trí thacaíocht arna cur ar fáil tríd an Scéim um Bonneagar Áineasa faoin Aer agus trí fhoinsí náisiúnta eile. Baineann an buiséad a luaitear thíos le riachtanais maidir le tionscadail agus cistiú meaitseála do scéimeanna reatha a ceadaíodh go dtí seo. Maidir leis na tionscadail, táthar ag súil, ag céimeanna éagsúla ar an dul chun cinn atá déanta iontu, go bhfaighidh siad ceadú i leith maoiniú náisiúnta faoi Thionscadal Éireann 2040, mar aon le ceadú a fháil i leith maoiniú ó fhoinsí eile agus go mbeidh maoiniú suntasach breise ag teastáil ón gcuntas náisiúnta chun leanúint d'infheistíocht a dhéanamh inár mbailte, sráidbhailte agus pobail.

**<u>RRDF Bhaile Átha an Rí</u>**

Is é €3,554,000 an maoiniú atá ceadaithe do Bhaile Átha an Rí faoi Cat 1 & Cat 2 RRDF. Rinneadh an leithdháileadh ar Bhaile Átha an Rí agus ar Champas Nuálaithe BIA. Trí na tionscadail seo, cuirfear go mór le hathghiniúint i mBaile Átha an Rí agus sa réigiún máguaird ina mbainfear leas as Campas Nuálaithe BIA agus ina dtacófar go háirithe leis na hearnálacha Agraibhia, Fáilteachais agus Bia. Tá roinnt gnéithe ar tugadh maoiniú ina leith chun cuidiú le hathghiniúint, agus athbheochan lár an bhaile, lena n-áirítear:

- Uasghrádú ar Shráid na Croise
- Oibreacha Caomhnaithe ar Bhallaí Bhaile Átha an Rí/An Geata Thuaidh
- Plean Treochomharthaíochta & Léirmhínithe
- Páirc an Bhaile a Fheabhsú
- Éadain siopaí a Fheabhsú
- Athdhearadh Chearnóg an Mhargaidh

**An Clochán RRDF**

Is é €792,029 an maoiniú atá ceadaithe don Chlochán faoi Chatagóir 2 RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €264,010 i gceist leis. Tá sé i gceist leis an tionscadal Ríocht Phoiblí an Chlocháin a fheabhsú agus a athbheochan, Páirc Chuan an Chlocháin a athdhearadh agus idirghabhálacha ríochta poiblí a dhéanamh ag Cé Bhóthar na Trá mar aon le mol cianoibre a fhorbairt. Mar chuid de na hoibreacha, déanfar tionscadail reatha a fhorbairt ar nós an Bealach Glas agus infheistíochtaí eile atá déanta ag an gComhairle agus comhlachtaí eile agus cuirfear tacaíocht ar fáil chun an Clochán a fhorbairt le bheith ina mhol turasóireachta suntasach i gConamara agus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

**Baile Locha Riach RRDF**

Is é €1,628,879an maoiniú atá ceadaithe do Bhaile Locha Riach faoi Chatagóir 1 RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €542,960 i gceist leis. Tríd an maoiniú, cuideofar le Baile Locha Riach a athbheochan trí Halla an Bhaile a chur in úsáid arís a bhí as feidhm agus i ndrochbhail le tamall fada. Ceapadh comhairleoirí a oibreoidh leis an bhfoireann athghiniúna agus a dhéanfaidh maoirseacht ar oibreacha a dhéanfar ar Halla an Bhaile. Trí sin a dhéanamh cuirfear an Halla in úsáid arís mar spás ilfheidhme do chúrsaí cultúir, pobail agus fiontraíochta. Chomh maith leis sin, tríd an maoiniú, táthar in ann roinnt oibreacha ríochta poiblí a dhéanamh ar Shráid na Beairice.

**RRDF Phort Omna**

Is é €1,192,855 an maoiniú atá ceadaithe do Phort Omna faoi RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €397,618i gceist leis. Mar chuid den tionscadal, áirítear an Seanteach Cúirte a athnuachan, idirghabhálacha ríochta poiblí, páirc & conair dealbhóireachta/ealaíne poiblí a dhearadh, treochomharthaíocht agus léirmhíniú, mar aon le pleananna do lár an bhaile. Tá na tionscadail mar chuid den fhís Port Omna 2030 ina n-oibrítear le gníomhaireachtaí stáit eile atá ina bpáirtithe leasmhara agus ina n-úinéirí talún suntasacha sa bhaile. Trí na hidirghabhálacha comhordaithe, chuideofar le Port Omna a athbheochan agus mol turasóireachta suntasach a dhéanamh den bhaile i gCroíthailte Ceilte na hÉireann.

**Tuaim**

Is é €175,000an maoiniú atá ceadaithe do Thuaim faoi RRDFina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €43,750 i gceist leis. Mar chuid den mhaoiniú, áirítear Máistirphlean Athghiniúna Lár an Bhaile, ina n-aithnítear tionscadail a chuirfear chun cinn d'fhonn an baile a athbheochan. Sa Mháistirphlean, cuirfear treoir ar fáil maidir le sráid-dreach shaibhir Thuama, maidir le limistéir a d'fhéadfaí a athfhorbairt ar nós Ceantar an Stáisiúin agus cuirfear treoir ar fáil d'athghiniúint sa bhaile amach anseo agus cuirfear líon tionscadal tosaíochta san áireamh atá le cur chun cinn sna blianta amach romhainn.

Chomh maith leis sin, cuirfear ullmhúchán i gcrích maidir le plean gnó do Halla an Bhaile le go mbeadh sé mar spás ilúsáide lena n-áirítear an acmhainn le bheith ina spás do chultúr/taispeántais agus ina spás comhroinnte d'oifigí fiontair faoin maoiniú atá ceadaithe.

**Áineas & Taitneamhacht**

Leanfaidh an Chomhairle d'infheistíocht a dhéanamh i saoráidí áineasa agus taitneamhachta sa chontae lena n-áirítear uasghrádú agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar áiteanna súgartha, bealaí siúil agus taitneamhachtaí a fhorbairt. Cuirfear forbairtí chun cinn ar bhonn tras-eagraíochta agus i gcomhar le pobail agus páirtithe leasmhara eile le tacaíocht ó scéimeanna áitiúla maoinithe agus scéimeanna náisiúnta ar nós ORIS agus maoiniú atá ar fáil ón Roinn Leanaí

agus Gnóthaí Óige.

I measc roinnt de na tionscadail atá á gcur chun cinn faoi láthair, áirítear:

- Saoráidí Siúlóide agus Rothaíochta Loch Deirgeirt/Phort Omna
- Taitneamhacht Pháirc na mBó, Droichead an Chláirín, a fhorbairt
- Conair Cheapach Chuais
- Nuashonruithe a dhéanamh ar áiteanna súgartha

Leanfaidh an Chomhairle de mhórthionscadail a fhorbairt ar nós *Greenways* agus de thionscadail mórscála a fhorbairt chun tacú le turasóireacht mar aon le tionscadail níos lú chun cuidiú le pobail inbhuanaithe a fhorbairt agus cur le caighdeán na beatha.

**Seirbhísí Corparáideacha, Bainistiú Saoráidí & Infheistíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh**

De bhreis ar Chlár Cothabhála Ioncaim agus Sláinte agus Sábháilteachta, tá gá le hinfheistíocht chaipitiúil chun bainistíocht a dhéanamh ar Halla an Chontae, na hoifigí réigiúnacha agus líonra na leabharlann agus ar an gceanncheathrú le go gcothófar na sócmhainní sin agus lena chinntiú go ndéanfar athrú, le himeacht aimsire, chuig punann maoine atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

Tá Halla an Chontae oscailte le 20 bliain faoin tráth seo agus tá infheistíocht i gcomhdhéanamh an fhoirgnimh ag teastáil lena n-áirítear oibreacha a dhéanamh chun spás oifige breise a chur ar fáil, oibreacha riachtanacha a dhéanamh ar na fuinneoga, rochtain a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, dorais rochtana a uasghrádú, oibreacha maidir he héifeachtúlacht fuinnimh agus oibreacha sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh ar an mballa teorann ag Bóthar na mBan.

Chomh maith le Halla an Chontae, tá sé beartaithe líon tionscadal agus tionscadail eile a chur chun cinn le linn na tréimhse 2021-2023, faoi réir maoiniú a fháil, lena n-áirítear maoiniú deontais d'oibreacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus maoiniú faoin gClár Oibreacha Caipitil Mionscála do Leabharlanna Poiblí ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Leanfar d'oibreacha ar acmhainní stairiúla – agus ar iarratais eile ar mhaoiniú nuair is féidir – a chur san áireamh faoi RRDF, ach mar sin féin, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach roinnt oibreacha a theastaíonn i ndáil le cuspóirí maidir le Sláinte & Sábháilteacht agus/nó caomhnú bunriachtanach a chur i gcrích le maoiniú ón gcuntas caipitil.

## Tithíocht

Beidh soláthar tithíochta faoi Atógáil Éireann 2016 - 2021 mar phríomhthosaíocht don Chomhairle agus díreofar ar thithe ardchaighdeáin a sholáthar agus pobail inbhuanaithe a thógáil. Tá an Chomhairle tiomanta gach sruth cistithe caipitil atá ar fáil a úsáid chun soláthar tithíochta a uasmhéadú, lena n-áirítear tógáil, éadálacha, forbairtí eochróra, Cuid V agus Ceannaigh agus Athnuaigh. Tabharfaidh an Chomhairle tacaíocht ghníomhach freisin do Chomhlachtaí Tithíochta Faomhaithe chun leas a bhaint as an Scéim Cúnaimh Chaipitiúil chun tithíocht a sholáthar. Féachfaidh an Chomhairle chomh maith le cur leis an gcúlsoláthar talún i rith na mblianta seo chugainn d'fhonn leanúint d'aonaid tithíochta a thógáil san am atá romhainn.

Tá gach togra tionscadail faoi réir maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus faoi réir ceaduithe céime agus reachtúla ar leith de réir tionscadail agus go bhfuil siad ag brath ar chómhaoiniú a fháil nuair is gá.

| **Cur síos** | **2021** | **2022** | **2023** |
|---|---|---|---|
| **Príomhthógáil**<br>(an Clár maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil san áireamh) | €62M | €54M | €55M |
| **Clár Fála**<br>(Cuid V san áireamh) | €9M | €8.5M | €7 M |
| **Scéim Cúnaimh Chaipitiúil** | €10M | €3M | €1.5M |

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go gníomhach i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le moltaí breise do thionscadail tógála a bheidh le soláthar faoi Atógáil Éireann. Beidh clár suntasach tógála á thabhairt i gcrích sa bhliain 2020 agus tá a lorg sin ar an bpróifíl caiteachais. Tiocfaidh athrú béime i rith na bliana 2021, níos lú béime ar cheannach agus níos mó ar obair thógála mar gheall ar chlár oibre na Comhairle maidir le tógáil tithíochta, cé go meastar go leanfar de cheannachán faoi Chuid V, de réir na leibhéil atá ar bun faoi láthair ar a laghad. Mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe san earnáil tógála tá méadú tagtha ar chaidreamh an Aonaid Tithíochta le forbróirí i ndáil le Cuid V. Meastar go bhfágfaidh cead pleanála a thabhairt maidir le Forbraíocht Straitéiseach Tithíochta sa chontae go mbeidh líon níos mó aonad faoi Chuid V ar fáil ná mar a bhíodh go dtí seo.

Tá scéimeanna caipitil eile á gcur ar aghaidh ag an Aonad Tithíochta trí chéimeanna na dearthóireachta agus na pleanála a mbeadh i ndán leo go gcuirfí aonaid tithíochta ar fáil i rith na bliana 2021 agus na bliana 2022.

Beidh tionchar ag oiread na talún a bhíonn ar fáil maidir le tionscadail féintógála na Comhairle ar an gclár tógála díreach ón mbliain 2021 ar aghaidh. Féachfaidh an tAonad Tithíochta leis an ráta críochnaithe maidir leis an obair thógála a choinneáil mar atá nó a bhrostú i ndáil leis an mbliain 2021 agus ina dhiaidh sin. Fágfaidh clár tréan tógála gur lú an gá a bheidh le ceannach ach amháin trí chóras Chuid V.

D'iarr an Chomhairle cistí breise ag tráthanna éagsúla i rith na bliana 2020 chun obair fheabhsúcháin breise ar chóiríocht an lucht siúil a thabhairt chun críche agus fuarthas sin. Leanfaidh an tAonad Tithíochta de bhéim a leagan ar obair fheabhsúcháin ar chóiríocht an lucht siúil a thabhairt i gcrích, Grúpscéim Tithíochta Chreachmhaoile a thabhairt chun críche san áireamh – atá in ainm is críochnú ag tús na bliana 2021. Leanfaidh an tAonad de thograí cistíochta a chur faoi bhráid i rith na bliana 2021 maidir le hobair fheabhsúcháin ar chóiríocht an lucht siúil a thabhairt chun críche.

**<u>Iasachtaí chun Teach a Cheannach:</u>**

Eiseofar iasachtaí do cheannaitheoirí cáilithe, suas go dtí an teorainn atá ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, faoi na scéimeanna iasachta éagsúla atá á n-oibriú ag an gComhairle. Faightear an maoiniú trí iasachtaíocht agus déantar an fiachas a sheirbhísiú trí na haisíocaíochtaí a fhaightear ó na hiasachtaithe.

**<u>Infheistíocht Chaipitiúil i Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil</u>**

| Cur síos | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **An Clár Athfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh & Cothabhála Coisctheach** | €6M | €5M | €5M |
| **Clár na Láithreán Tréigthe –** | €2M | €2M | €1M |

Tá clár infheistíochta caipitiúil suntasach ag teastáil le haghaidh stoc tithíochta údaráis áitiúil atá ann cheana féin chun comhlíonadh na gcaighdeán íosta a bhaint amach, cómhaoiniú a dhéanamh ar oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh agus aonaid tithíochta thréighte a thabhairt ar ais agus clár cothabhála coisctheach a sholáthar.

Tá soláthar déanta maidir le hoibreacha faoin gClár Athfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) agus tá siad sin le déanamh ar an stoc tithíochta nach bhfuil áitithe faoi láthair. Tá tús curtha le clár píolótach trí Athfheistiú Fuinnimh DEEP a dhéanamh ar 72 teach faoin gclár Lár Tíre um Éifeachtúlacht Fuinnimh a Athfheistiú in Oirthear an Chontae. Tá tábhacht faoi leith leos sin i gcomhthéacs tuiscint níos fearr ar an athrú aeráide agus fonn a bheith ag brath níos lú ar bhreoslaí iontaise. Táthar ag súil cómhaoiniú a bheith ar fáil d’fhonn an clár seo a leathadh amach ar fud na tíre go ceann roinnt blianta eile.

Tá cistí á gcur ar fáil le háis iasachta don Chlár Cothabhála Pleanáilte maidir leis an stoc reatha ionas go sásaítear gach a n-éilítear faoin reachtaíocht, íoschaighdeáin san áireamh. Tá an tsuirbhéireacht ar stoc Tithíochta na Comhairle beagnach críochnaithe. Tá togra píolótach tugtha chun críche ar 54 teach i gCeantar Bardais Chonamara maidir le hobair ar an gcóras leictreachais agus ar an gcóras teasa a dhéanamh. I ndiaidh an togra píolótach sin a chur i gcrích go rathúil, tá tús curtha le hoibreacha chun é sin a leathadh amach ar fud na tíre ina mbeadh Scair tionscadal i ngach Ceantar Bardasach. Tá tairiscint curtha isteach cheana féin ar an 450 teach atá fanta i gCeantar Chonamara agus déanfar conradh ar an gceantar atá fanta sa bhliain 2021.

Chomh maith leis sin, faoin gClár Cothabhála Pleanáilte, cuireadh oibreacha feabhsúcháin i gcrích ar 12 uimh. dabhach shéarachais agus córas chóireála uisce áitribh aonair. Méadófar é sin sa bhliain 2021 agus táthar ag súil go ndéanfar 30 córas eile a uasghrádú.

Faoi chlár eile de chuid an Chláir Cothabhála Pleanáilte, cuireadh oibreacha feabhsúcháin i gcrích maidir le hastaíochtaí radóin i 31 áitreabh a aithníodh i ndiaidh suirbhéanna radóin. Tá sé beartaithe an Suirbhé Radóin deiridh a chur i gcrích ar gach áitreabh i gceantair íosmhinicíochta agus tabharfar faoi chlár feabhsúcháin ina dhiaidh sin má bhíonn sé ag teastáil.

Ina theannta sin, déanfar moltaí tionscadail maidir le hatógáil/athchóiriú stoc tithíochta tréigthe a chur chun cinn faoi réir ceadú agus maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Bronnadh conradh i mí na Samhna 2019 maidir le hobair dearthóireachta agus pleanála i ndáil le naoi gcinn d'aonaid thréigthe a chur ar ais i mbun úsáide faoi chlár caipitil na Comhairle. Leanfar den obair sin i rith na bliana 2021 agus meastar go mbeidh aonaid á gcur ar fáil sa bhliain 2021. Ina theannta sin, tá 5 uimh. réadmhaoin thréigthe leagtha amach go hinmheánach d’fhonn athchóiriú suntasach a dhéanamh orthu. I ndiaidh próiseas tairisceana rathúil, tá tús curtha le hoibreacha ar dhá cheann díobh sin sa bhliain 2020 agus tá tús le cur leis na trí cinn eile i dtús na bliana 2021. Beidh an 5 réadmhaoin ar fad ar fáil le lonnú iontu in 2021.

## Bonneagar agus Iompar

Tá mionsonraí thíos ar thionscadail chaipitil a bhaineann le Bóithre, Céanna agus Calafoirt, Scéimeanna Maolú Tuile, Gléasra a fháil agus Taisteal Níos Cliste (Glasbhealach).

Tagann críochnú na dtionscadal atá luaite thíos faoi réir ceaduithe cuí a fháil ón roinn, an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil agus na forálacha rialála agus reachtaíochta cuí go léir a chomhlíonadh.

### BÓITHRE NAISIÚNTA

De bhreis ar oibreacha ar Mhórbhealaí Idiruirbeacha, Leanfar de chlár iomlán Mionoibreacha Feabhsúcháin agus Pábhála, Beart Sábháilteachta agus Oibreacha Feabhsúcháin Droichid a chur i gcrích ar an nGréasán Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta. Tá an Clár seo ag brath ar leithroinntí bliantúla ó Bhonneagar Iompair Éireann agus, dá réir sin, déanfar clár na n-oibreacha a chur faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Chláir Bhliantúil Bóithre.

| Tionsca dal: | Stádas : |
|---|---|
| **Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe – Chuir An Bord Pleanála tús le hÉisteacht ó Bhéal an 18 Feabhra 2020 ach cuireadh stad leis mar gheall an shrianta Covid 19 i lár mhí an Mhárta. Cuireadh tús leis an éisteacht arís le cianrochtain do rannpháirtithe an 12 Deireadh Fómhair agus cuirfear deireadh leis an éisteacht an 4 Samhain 2020. |
| **N59 An Teach Dóite go hUachtar Ard** | Tá cead pleanála tugtha maidir leis an N59 an Teach Dóite go hUachtar Ard agus rachfar chun cinn leis in dhá chéim. Céim 1 – An Teach Dóite go dtí Bun an Choill– Roghnaíodh conraitheoir don stráice 5km sin den bhóthar i ndiaidh próiseas tairisceana agus cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Eanáir 2020.<br>Tá Céim 2, Bun an Choill go dtí An Clár Mór ina ábhar plé agus cumarsáide go fóill leis an NPWS. Tá ráiteas faoi mhodhanna oibre aontaithe leis an NPWS maidir le réamhchonradh fálta idir Bun an Choill agus an Clár Mór. Lorgaíodh tairiscintí i ndáil le hoibreacha fálaithe don stráice idir Bun an Choill agus Claremont agus ainmníodh an tairiscint a roghnaíodh i R1 2020. Tá sé i gceist tús a chur leis an obair falta i R4 2020. Tá dul chun cinn le ceannach talún ar an scéim ar an iomlán idir an Teacht Dóite – Claremont ag dul ar aghaidh fós. |
| **N59 Cuarbhóthar Mhaigh Cuilinn** | Tá Cáipéisí Conartha á n-ullmhú maidir le scéim an N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn. Tá talamh á fáil faoi láthair. Cuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana dhá chéim don príomhchonradh oibreacha in 2020. |
| **N63 Cnoc an Eanaigh go Mainistir Chnoc Muaidhe** | Críochnaithe den chuid is mó |

| | |
|---|---|
| **N67 Cinn Mhara go Baile an Doirín** | Athailíniú ar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara – Leanadh de na hoibreacha tógála ar Athailíniú Bhóthar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara i rith na bliana 2020 agus tá dul chun cinn maith déanta air. |
| **N63 Lios an Choirthe go Mainistir - Ailíniú** | Tá an scéim curtha chun cinn trí Chéim 2 agus trí Chéim 3 de Threoirlínte um Bhainistíocht Tionscadal TII |
| **N17 Milltown Gortnagunnard**<br><br>**N83 Claregalway Traffic Calming**<br><br>**N83 Carrowmunniagh** | Tá an leagan amach tosaigh críochnaithe. Tá sé beartaithe dul ar aghaidh chuig Próisis Reachtúla Pleanála in 2021.<br>Tá talamh á fáil faoi láthair. Cuirfear tús leis an tógáil in 2021.<br>Cuirfear tús leis an tógáil ag tús na bliana 2021. |
| **N84 Sruthair go hÁth Cinn** | Céim Dearthóireachta an Tionscadail á thabhairt chun críche 2019 |
| **Cuarbhóthar Bhaile Átha an Rí** | Táthar ag leanúint de thalamh a cheannach agus táthar ag tabhairt faoi shuirbhéanna topagrafacha. Táthar ag súil go gcuirfear tús le tógáil i R4 2021 ag brath ar thalamh a cheannach. |

Tá an dul chun cinn a dhéanfar ar na tionscadail thuas ag brath ar mhaoiniúchán a bheith ar fáil agus, de réir mar is gá, ar acmhainní inmheánacha riachtanacha chun na tionscadail a chur ar aghaidh a bheith ar fáil.

## GLÉASRA A FHÁIL/A ATHNUACHAN & CLÁIR COTHABHÁLA GEIMHRIDH:

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Athbhreithniú ar Oibriú an Fhlít Feithiclí agus an Chlós Innealra** | Tá gá le hinfheistíocht shuntasach maidir le feithiclí nua in áit flít feithiclí atá ag éirí sean agus ní mór athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh chun an modh oibre is fearr a leagan amach. Cuireadh méid suntasach oibre i gcrích in 2020 i ndáil leis an tionscadal seo. Ach cuireadh é ar fionraí mar sin féin mar gheall ar ghanntanas foirne. Tá sé beartaithe an t-athbhreithniú seo a chríochnú i R1 2021. Tá sé beartaithe go gceannófar dhá thrucail agus cúltochaltóir le linn críoch a chur leis an tuarascáil.<br><br>Cuirfear thart ar 15 fheithicil atá curtha den bhóthar ar ceant i mí na Samhna 2020. |

## SCEIMEANNA FAOISIMH/MAOLÚ TUILE:

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí tríd an gComhghrúpa Oibre agus leis an nGrúpa Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara eile chun scéimeanna faoisimh/maolú tuile cuí a chur chun cinn de réir na bhforálacha reachtúla agus rialála cuí agus laistigh de

theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Scéim Faoisimh Tuile Dhún Coillín/An Agaird** | Tá an scéim i bhfeidhm anois. Mionoibreacha cainéil ar an Agaird agus roinnt oibreacha cóiríochta le tabhairt chun críche i R1 2021. |
| **Scéim Faoisimh Tuile na Gaillimhe Theas (Isealchríocha an Ghoirt)** | Foilseofar Tuarascálacha maidir le hIndéantacht agus Roghanna don scéim Isealchríocha Ghaillimh Theas/An Ghoirt sa bhliain 2020. Tabharfar faoi chomhairliúchán poiblí i rith tréimhse na Nollag 2020 maidir leis na Roghanna. Tabharfar faoi EIAR in 2021 agus tá an Taispeántas Poiblí sceidealaithe do R3 2021. |
| **Scéim Faoiseamh ó Thuilte Bhéal Átha na Sluaighe** | Ceapadh comhairleoirí innealtóireachta (ARUP) i mí Dheireadh Fómhair 2019. Ceapadh comhairleoirí comhshaoil (Ryan Hanley) i R4 2019.<br>Meastar go mbeidh 15 mí, ó thosaítear i R1 2020, i gceist le forbairt agus dearadh na Scéime. Tá roghanna maidir le faoiseamh ó thuilte ag teacht chun cinn beartaithe faoi R2 2021. |
| **Scéim Faoiseamh ó Thuilte an Chlocháin** | Athbhreithniú agus nuashonrú á dhéanamh faoi láthair ag OPW agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an achoimre ar an tionscadal maidir le Comhairleoirí Innealtóireachta agus Comhshaoil a cheapadh.<br>Táthar ag súil le Comhairleoirí Innealtóireachta agus Timpeallachta a fhostú roimh dheireadh R1 2021. |

## CLÁR NA gCÉIBHEANNA AGUS NA gCUANTA STRAITÉISEACHA

Tá maoiniú le haghaidh oibreacha ar chéanna straitéiseacha ar na hoileáin á chur ar fáil tríd an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Feabhsuithe le Cé Inis Oírr – tonnchosc a thógáil agus síneadh a chur leis an gcé, dreideáil a dhéanamh agus beartlann bhreise a chur ar fáil** | Tá comhairleoir ceaptha chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an scéim agus tá na suirbhéireachtaí éagsúla a bhí de dhíth tugtha chun críche, lena n-áirítear na suirbhéireachtaí bataiméadracha agus topagrafacha. Rinneadh Cáipéisí Conartha agus cáipéisíocht Ordú Ceannaigh Éigeantach a chur chun cinn i rith na bliana 2019. Tá athmheastachán i leith an togra curtha faoi bhráid na Roinne agus súil le hathbhreithniú agus freagra ina leith. Costas athmheasta iomlán €16M.<br>Go dtí go dtarlaíonn cistí a cheadú, déanfar an éadáil talún i leith na scéime i gcomhréir leis an gclár oibre agus cuirfear tús leis an bPróiseas Tairisceana. |
| **Feabhsuithe le Cé Chaladh Mór, Inis Meáin** | Tá athbhreithniú déanta ar an scrúdú féidearthachta, tugadh deacrachtaí maidir leis an mbealach isteach sa chuan chun suntais trí phróiseas comhairliúcháin a rinneadh le hoibritheoirí Bád Farantóireachta agus Bán Lastais. D'fhonn soláthar do na deacrachtaí sin, tá Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun macasamhail na saoráide a chruthú a bheidh ina bhunábhar maidir leis an gcás gnó don Chaladh Mór Céim 3.<br><br>Tá na hoibreacha maidir le samhaltú a chruthú curtha i gcrích. Ta idirghníomhú ó pháirtithe leasmhara leis an tsamhail i leith roghanna dearaidh do Chéim 3 le cur ar bun de réir mar a cheadaítear faoi Threoirlínte Sláinte Poiblí.<br><br>An cás gnó maidir le Céim 3 le cur faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena cheadú. |

## CLÁR NA gCUANTA IASCAIREACHTA AGUS AN INFREASTRUCHTÚIR LE CÓSTA

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **Crumpáin, Carna**<br>**Droim Leitir Mór**<br>**Ard Thoir, Carna** | Faoi réir ag aontú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá i gceist obair feabhsúcháin a dhéanamh lena mbainfidh sleamhnáin nua sa Chrompán, sa Droim agus san Aird Thoir.<br>Tá scagthástáil curtha i gcrích don Chrompán agus An Droim ag JBA Consulting. Ba chóir go mbeadh tuarascáil scagthástála curtha i gcrích go luath don Aird Thoir, Carna |

| | |
|---|---|
| | Tá na láithreacha seo suite i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC). Tá NIS riachtanach i gcás gach ceadúnas urthrá sula gcuirtear iad ar aghaidh chuig an roinn, táthar ag súil é a chur ar bun i R1 2021.<br><br>Beidh an obair bheartaithe sa Chrompán ag brath ar aontú le húinéirí shuíomh atá ag síneadh leis an láthair a bhféadfadh cead isteach air a bheith de dhíth agus an obair thógála ar siúl.<br>Cuirfear roinnt oibreacha cumasaithe i gcrích ag an Droim faoi dheireadh 2020. |

## TAISTEAL NÍOS CLISTE:

| **Tionscadal:** | **Stádas:** |
|---|---|
| **Glasbhealach Chonamara** | An Clochán–Uachtar Ard– cead pleanála iomlán i leith52km. Tá 4km ón gClochán agus 9.5km ag Baile na hInse curtha i gcrích. Tá stráice 2000m idir an Clochán agus Baile na hInse á thógáil.<br>Aimsíodh ciste €2.6m sa bhliain 2019 le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an mBealach Glas ón gClochán go dtí an Sraith Salach. Tá stráice 2km idir an Clochán agus Baile na hInse á thógáil. Tá teagmháil le húinéirí talún ag dul ar aghaidh go fóill maidir le stráicí atá fós le cur i gcrích<br><br>Uachtar Ard – Gaillimh - céim na pleanála. Tá agranamaithe fostaithe ag CCG chun dul i mbun caidrimh le húinéirí talún agus an tionchar a bheidh ag an nGlasbhealach ar ghabháltais a dheimhniú. Tiocfaidh an próiseas pleanála maidir leis an gcuid seo den scéim faoi anáil thoradh na hoibre sin. Leanann cúrsaí éiceolaíochta ar aghaidh go fóill.<br><br>Beidh cothabháil a dhéanamh ar na bealaí atá curtha i gcrích riachtanach. |

## AN PLEAN NÁISIÚNTA LEATHANBHANDA & STRAITÉIS DHIGITEACH

| **Tionscadal:** | **Stádas:** |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **An Plean Náisiúnta Leathanbhanda** | Faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda cuirfear leathanbhanda snáithín ardluais ar fáil do bhreis is 544,000 áitreabh sa Stát agus tá 38,000 díbh sin i gContae na Gaillimhe agus is ionann an infheistíocht réamh-mheasta i gContae na Gaillimhe<br>agus €153 Milliún ar feadh shaol an tionscadail.<br>In 2020 chuir NBI tús leis an líonra a thógáil i ndáil le leathadh amach an tsnáithín. Táthar ag súil go mairfidh an clár tógála 5-7 mbliana. |

| | |
|---|---|
| | Feisteofar 7 bPointe Nasctha Leathanbhanda (BCP) le naisc leathanbhanda ardluais gan sreang mar chuid de na hoibreacha sin in 2020 chun tacú le pobail go dtí go ndéantar snáithín a leathadh amach ina gceantar féin. In 2021, táthar ag súil go méadófar líon na BCPnna.<br>Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe éascaíocht ar theileachumarsáid a leathadh amach sa chontae trí infheistíocht stáit agus infheistíocht phríobháideach araon.<br>Tá Oifigeach Leathanbhanda agus Oifigeach Tacaíochta Leathanbhanda fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cuidiú le héascaíocht a dhéanamh ar na tionscadail seo. |
| **Digital Strategy** | Trí Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe, beifear in ann láidreachtaí agus laigí sa Chontae a aithint ar bhealach níos fearr mar thoradh ar nascacht níos fearr a bheith ar fáil trí infheistíocht stáit agus infheistíocht phríobháideach i dteileachumarsáid sa tír. Tabharfaidh sé misneach dár bpobail ár láidreachtaí a fhorbairt agus dul i ngleic leis na laigí a thugaimid faoi deara.<br><br>Tá Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe ina léiriú intinne agus tacaíochta d'fhorbairt dhigiteach na tíre le linn tréimhse ina bhfuil méadú ag teacht ar nascacht agus ar an úsáid a bhaintear as seirbhís dhigiteach, teicneolaíochtaí agus bonneagar digiteach. Trí straitéis dhigiteach Chontae na Gaillimhe, cuirfear tacaíocht ar fáil do dhaonra Chontae na Gaillimhe leas a bhaint as na hathruithe seo.<br><br>Le foilsiú i R1/2021, le tacaíocht leanúnach. |

Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe (GFRS)

Is í Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe an Príomhsheirbhís Éigeandála (PES) ag Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Leagtar amach mar seo a leanas an Clár Caipitil táscach maidir le GFRS i rith na mblianta 2021-2023.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil gach tionscadail ar leith faoi réir maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil agus faoi réir ceadú sonrach a fháil do gach tionscadal ar leith.

**Fearais Dóiteáin**

- Tá an buiséad caipitiúil náisiúnta an-teoranta i dtaca le fearais/trealamh Seirbhíse Dóiteáin de. Tá iarratais éagsúla curtha faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le cistí/cúnamh caipiitil i leith na nithe seo a leanas sa bhliain 2021 agus aontú faighte maidir le roinnt acu go dtí seo:
  - Dhá fheithicil 4 x 4 maidir le bainistíocht tráchta i gcásanna éigeandála ar na mótarbhealaí
  - Dhá Aonad Bainistithe Básmhaireachta Soghluaiste

- Leithdháil an DHPCLG Fearas Aicme B nua ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de phlean náisiúnta Soláthair ó 2018-2020. Déanfar an fearas Aicme B seo a sholáthar go lárnach mar chuid de phróiseas soláthair náisiúnta ag OGP. Sidheain Teo sa Spidéal, Contae na Gaillimhe an soláthraí a roghnaíodh agus cuireadh an fearas ar fáil i mí na Samhna 2019.

- Cuirfear cás chun cinn sa bhliain 2020 maidir le fearas nua d'Aicme B agus déanfar iarrachtaí fearais éagsúla athláimhe d'Aicme B a fháil. Cuideoidh sin le meánaois na bhfearas éagsúil, atá ard faoi láthair, a ísliú. Déanfar iarrachtaí freisin taincéir uisce athláimhe a sholáthar do Stáisiún Dóiteáin Thuama.

**Stáisiúin Dóiteáin**

Leagtar amach tionscadail nua maidir le stáisiúin dóiteáin i gClár Caipitil Náisiúnta 2016-2020 na Roinne.

**Stáisiún Dóiteáin Thuama**

- Tháinig an Stáisiún Dóiteáin nua i dTuaim i bhfeidhm i ndeireadh mhí Mheán Fómhair 2018 agus d'oscail an tAire Stáit maidir le Forbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach, Seán Canney T.D. an stáisiún go hoifigiúil an 15 Aibreán 2019.
  Is é Carey Construction Ltd. a rinne an obair thógála ar an Stáisiún Dóiteáin ceithre bhá agus an tIonad Oiliúna.

**Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha an Rí**

- Tá suíomh maidir le Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha an Rí tugtha chun suntais i gceantar an bhaile agus táthar amach go maith san idirbheartaíocht maidir lena cheannach. Ceapadh foireann

deartha in 2020. Meastar go mbeifear i mbun feidhme sa stáisiún nua i dtús na bliana 2022.

Stáisiún Dóiteáin Bhaile Locha Riach

- Tá suíomhanna éagsúla a bheadh oiriúnach tugtha chun suntais agus idirbheartaíocht maidir le ceannach ar siúl. A luaithe a cheannaítear suíomh, faoi réir ag acmhainní airgid a bheith ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, cuirfear cás faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i ndáil le cead leanúint ar aghaidh le céim na dearthóireachta agus le Foireann Dearthóireachta a cheapadh.

**Stáisiún Dóiteáin Béal Átha na Sluaighe**

- Cuireadh measúnacht caipitil leasaithe faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2019 i ndáil le hathchóiriú ar Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe ar an láthair reatha.A luaithe a thagann aontú i bprionsabal, leanfar ar aghaidh le céim na dearthóireachta agus le Foireann Dearthóireachta a cheapadh.

**Stáisiún Dóiteáin Inis Mór**

- Rinneadh obair i rith na bliana 2019 maidir le riachtanais Stáisiún Dóiteáin Inis Mór san am atá romhainn a shonrú. Cuirfear measúnacht chaipitil faoi bhráid na Roinne i dtús na bliana 2021 maidir le hobair athchóiriúcháin agus fairsingithe ar an stáisiún reatha.

**Stáisiún Dóiteáin / Ceanncheathrú i gCathair na Gaillimhe**

- Tá obair fós ag dul ar aghaidh chun láithreán cuí a aimsiú agus a fháil. Tá léiriú tugtha ag DHPLG go gcuirfear maoiniú ar fáil i ndiaidh láithreán a bheith faighte. I bhfianaise mórscála an togra agus costas measta idir €7-9 milliún (ag brath ar an gcóras seirbhíse a roghnaítear (mar a leagtar amach i dtuarascáil GFRS na bliana 2017) tá sé i gceist measúnacht caipitil faoi bhráid na Roinne lena thabhairt san áireamh faoi Chlár Caipitil Náisiúnta 2020 – 2024.

**Ceardlann Meicneoireachta na Briogáide**

- Tá flít tuairim is seasca (60) feithicil á n-oibriú ag GFRS. Níl aon Cheardlann Meicneoireachta faoi leith ag an mBriogáid faoi láthair, rud a bhfuil riachtanas leis faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle. Cuirfear cás faoi bhráid na Roinne i dtús na bliana 2021 maidir le ceardlann nua speisialta chuige sin a thógáil.

**DEIMHNIÚ GLACTHA**

Deimhním leis seo gur ghlac an Chomhairle trí Rún ag cruinniú Buiséid de Chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe an 27ú lá seo de mhí na Samhna 2020 don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021 leis an mBuiséad atá leagtha amach i dTáblaí A go dtí F agus chinn trí Rún i gcomhréir leis an mBuiséad sin gurb é an Ráta atá leagtha amach i dTábla A an Ráta Bliantúil ar Luacháil a bheidh le gearradh ar an mbliain sin chun na críocha atá leagtha amach.

Sínithe ag: ______________________________________________

Cathaoirleach

Comhshínithe: ______________________________________________

Príomhfheidhmeannach

Arna dhátú an 27ú lá seo de mhí na Samhna 2020